




Plean Teanga LPT Chiarraí Thiar 2018-2025

AIBREÁN 2018

Clár

Focal ó Chathaoirleach Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne	3
Focal ó Chathaoirleach Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Thiar	4
Réamhrá – Achoimre Fheidhmeach	5
Liosta na n-acrainmneacha	7
Mír a haon: Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga	8
Mír a dó: An Cheanneagraíocht	10
Mír a trí: Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga	14
Mír a ceathair: Léargas ar Ullmhúan Phlean	32
Mír a cúig: Torthaí an Taighde	40
Mír a sé: Bearta an Phlean Teanga	55
Mír a seacht: Costais agus Maoiniú	130
Mír a hocht: Forbairt Feasachta agus Poiblíocht	136
Mír a naoi: Feidhmiú agus Monatóireacht	139
Foinsí Tánaisteacha	142
Gearrchoimre as Béarla	143
Aguisíní	149

Focal ó Chathaoirleach Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Is cúis áthais dom mar Chathaoirleach ar Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Plean Teanga LPT Chiarraí thiar a chur fé bhur mbráid. Is le pobal LPT Chiarraí Thiar an plean agus a bhfuil ann. Dar liom féin go bhfuil Mír 6 ar an Mír is tábhachtaí ar fad. Is anso atá bearta an phlean, bearta an phobail, a mianta agus a smaointe maidir le cén céim nach mór dúinn a thógaint lenár bhfís a bhaint amach, le forbairt pobail a chur chun cinn, lena chinntiú go mbeidh pobal beo teanga anseo againn do na glúnta atá le teacht.

Tá am na cinniúna buailte le pobal teanga Chorca Dhuibhne. Nuair a chuirtear Daonáireamh 2016 i gcomparáid le figiúirí 2011 tá ~~titim~~ 6.7% i líon na gcainteoirí Gaeilge go laethúil (taobh amuigh den gcóras oideachais).

I gcaitheamh na mblianta tá mórán infheistíochta déanta ag an Stát trí Roinn na Gaeltachta anseo i gCiarraí Thiar. Tá lárionad iontach – Áras Bhréanainn Chorca Dhuibhne – ar an bhfód anois ó 2014 agus mórán oibre ar bun ann ag Coláistí Chorca Dhuibhne, Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus ag Ionad Tacaíochta Teaghlaigh. Is le maoiniú ó Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta agus le hinfeistíocht ón gComharchumann a forbraíodh an tÁras agus mórán forbairtí eile ar fud an limistéir agus tá pobal Chorca Dhuibhne fíorbhuíoch as an tacaíocht leanúnach seo. Is gá leanúint ar aghaidh ag infheistiú ar bhonn níos cuimsithí ná riamh anois agus léiríonn an plean seo na réimsí oibre ar fad go bhféadfaí tógaint orthu sa phobal chun obair chomhtháite teanga a dhéanamh sna réimsí pleanála teanga ar fad sa limistéir seo.

Ar nós aon phlean, beidh gá le maoiniú chun bearta an Phlean seo a thabhairt chun críche agus tá sé sin soiléir sa cháipéis seo a leanas. Beidh mé agus foireann an Chomharchumainn/ Oidhreacht Chorca Dhuibhne ag súil le comhoibriú le foireann na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le foireann an Údaráis le caomhnú agus cur chun cinn na teanga a bhaint amach. I measc na mbeart tá sé molta go bhfostófaí Feidhmeannach Tacaíochta Teaghlaigh agus Feidhmeannach Óige. Is iad réimse an teaghlaigh agus réimse na hóige bunchlocha an phobail teanga. Tá súil agam go gcuirfear tús láidir le cur i bhfeidhm Phlean Teanga Chiarraí Thiar leis na ceapacháin seo sa bhliain atá amach romhainn.

Ba mhaith liom leis buíochas a ghabháil leis an Dr Muiris Ó Laoire agus le hAoife Ní Shéaghdha, saineolaithe sa Phleanáil Teanga a d'oibrigh go dlúth leis an bpobal, leis an Meitheal agus le foireann an Chomharchumainn agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne i dtabhairt chun críche an phlean seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill Mheitheal Pleanála Teanga Chiarraí Thiar fé Chathaoirleacht Bhreandáin Mhic Gearailt.

Ba mhaith liom leis buíochas a ghabháil le pobal Chorca Dhuibhne as a gcomhoibriú leanúnach agus as a suim san obair seo ón gcéad lá.

Tá Plean Teanga á ullmhú fé láthair ag An Lab do Dhaingean Uí Chúis – Baile Seirbhís Gaeltachta. Tá Daingean Uí Chúis ar an mbaile is mó anseo i gceantar Gaeltachta Chorca Dhuibhne agus dar liom go mbeidh gá le dlúthchomhoibriú eadrainn i gCiarraí Thiar agus pobal bhaile Sheirbhís Gaeltachta Dhaingean Uí Chúis, chun a chinntiú go mbainfimid amach ár spriocanna agus go gcuirfimid bearta phobal LPT Chiarraí Thiar agus Daingean Uí Chúis, Baile Seirbhís Gaeltachta, i bhfeidhm.



Micheál Ó Cinnéide

Cathaoirleach Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Focal ó Chathaoirleach Mheitheal Pleanála Teanga LPT Chiarraí Thiar

Is cúis áthais dom mar Chathaoirleach ar Mheitheal Pleanála Teanga LPT Chiarraí thiar Plean Teanga agus Forbartha pobail LPT Chiarraí thiar a chur fé bhur mbráid.


Tá an Plean bunaithe ar chur chuige comhtháite, ag tógaint ar obair gach eagraíochta, coiste, institiúide stáit agus pobail atá ag obair sna réimsí difriúla forbartha pobail (m.sh. fostaíocht; tithíocht) agus pleanála teanga (m.sh. an teaghlach; an óige; an t-oideachas) anseo i gCiarraí Thiar. Is Plean Teanga agus Forbartha Pobail atá i gceist i ndáiríre – tá gá le fostaíocht a chruthú, tá gá le tithíocht agus infreastruchtúr a sholáthar. Ní bheidh pobal teanga againn gan forbairt pobail .

Is í móraidhm an phlean teanga seo ná cur le dlús an phobail i gCiarraí Thiar agus tríd an aidhm seo ceatadán na gcainteoirí laethúla a árdú sa LPT ar fad trí chéile.

Is trí aitheantas a thabhairt do labhairt nádúrtha na teanga sa phobal agus gá a chruthú don teanga sa phobal atáimidne Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Thiar i gcomhar leis an bpobal, ag súil le cur le líon na gcainteoirí dúchais baile agus líon na gcainteoirí laethúla i gCiarraí Thiar.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill na Meithile agus leis na hionadaithe pobail a thug a gcuid ama go fial ar son an phobail le blianta anuas ag freastal ar chruinnithe agus ag soláthar tacaíochta don bhfoireann abhí ag obair ar an bPlean Teanga. Go deimhin, níor chás a lua go raibh an obair ar Phlean Teanga tosnaíthe ag pobal Chiarraí Thiar i bhfad sular fógraíodh Chiarraí Thiar mar Limistéar Pleanála Teanga in aon chor.

Beimid ag súil go mbeidh ardú ar líon na gcainteoirí Gaeilge go laethúil anseo i gCiarraí Thiar, lasmuigh den gcóras oideachais, sa chéad daonáireamh eile seachas an titim a bhí sa daonáireamh is déanaí in 2016. Tá ár bhfís dár bpobal leagtha amach i Mír 2.4. Níl le déanamh anois ach tacaíocht an Stáit a fháil agus a chinntiú go mbeimid ábalta bearta an phlean a chur i bhfeidhm céim ar chéim lenár sprioc a bhaint amach - cur le dlús na gcainteoirí Gaeilge nó le pobal labhartha na Gaeilge anseo i gCiarraí Thiar.



Breandán Mac Gearailt
Cathaoirleach

Plean Teanga do Ghaeltacht Chiarraí Thiar: Achoimre Fheidhmeach

Tá an Plean Teanga do Ghaeltacht Chiarraí Thiar ullamh anois le haghaidh a fhaofa ag Údarás na Gaeltachta agus ag An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.¹

Tá naoi mír sa phlean seo. Is i **Mír a Sé atá na pleananna (na bearta) difriúla teanga leagtha amach**. Tugtar míniú achomair anseo ar a bhfuil i ngach mír den phlean:

Mír 1: Cúlra An Phróisis Phleanála Teanga

Tugann an mhír seo léargas ar chúlra an phróisis agus an phlean, .i. Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 agus Acht na Gaeltachta 2012, a chuir bonn reáchtúil faoi fhorfheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Faoi Acht seo, cuireadh tús le próiseas pleanála teanga agus ullmháíodh Plean Teanga ag leibhéal an phobail do gach ceantar Gaeltachta. Roghnaíodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne mar Cheanneagraíocht do Phlean Teanga Ghaeltacht Chiarraí Thiar. Tar éis phróiseas fada comhairliúcháin poiblí agus taighde, tá an plean ullmhaithe anois. Beidh seacht mbliana ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne chun an plean a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh Roinn na Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta faoi athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm an phlean le linn na tréimhse seacht mbliana sin.

Mír 2: An Cheanneagraíocht

Tá eolas sa mhír seo faoin gCeanneagraíocht, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne agus leagtar amach mór-fhís an phlean sa mhír seo.

Mír 3: Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

Tugann an mhír seo léargas ginearálta ar staid reatha an limistéir, ag cuimsiú méid, dlús, próifíl aoise an daonra agus staid reatha na teanga. Cuimsítear an córas oideachais, seirbhísí luathoideachais, (seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh) seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile, deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais, an earnáil ghnó 7rl.

6,948 daonra iomlán an LPT ach díríonn ceist teanga Daonáireamh 2016 ar an bpobal os cionn trí bliana (sé sin 6,708 duine). Tá cumas sa Ghaeilge ag 4,775 acusan (71%), ach 2,927 a labhrann an teanga go laethúil. Maidir leis na daoine a labhrann an teanga go laethúil, tá líon suntasach daoine (999 nó 14.8% acu) a úsáideann an teanga laistigh den chóras oideachais amháin. Tá titim shuntasach le brath ar na figiúirí seo nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an bhfaisnéis chéanna a bailíodh i nDaonáireamh 2011. Taispeánann Tábla 3.2 thíos gur titim 6.7% a bhí i gcéatadán na gcainteoirí laethúla nádúrtha (lasmuigh den chóras oideachais) i nGaeltacht Chorca Dhuibhne (Límistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar agus Baile Seirbhíse Daingean Uí Chúis) sa tréimhse idir 2011 agus 2016 (35.4% go 28.7%), sin 451 duine níos lú ag labhairt Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais in 2016 ná mar a bhí in 2011.

Mír 4: Léargas ar Ullmhú an Phlean

Tugann an chuid seo cur síos gairid ar an tábhacht a bhain le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála agus taighde in ullmhú an phlean agus ar na modheolaíochtaí éagsúla a úsáideadh d'obair pháirce an phlean.

Mír 5: Torthaí an Taighde

Cuireann an mhír seo síos ar thaighde cainníochtúil agus cáilíochtúil a deineadh le linn ullmhú an phlean. Cuirtear síos ar úsáid na teanga agus ar dhearcadh an phobail ina leith. Ar aon dul le staidéir thaighde

¹ Roinn na Gaeltachta feasta

Ghaeltachta a deineadh go dtí seo, léiríonn an taighde seo go bhfuil dearcadh an-dearfach ag daoine i leith na Gaeilge, ach mar sin féin, léiríonn sé go bhfuil pleanáil phráinneach ag teastáil chun cosc a chur le meath na teanga mar ghnáth-theanga teaghlaigh agus a húsáid laethúil a dheimhniú sa chéad ghlúin eile.

Mír 6: Bearta an Phlean Teanga

Cuimsíonn an mhír seo na pleananna nó na (bearta) a mhol ag grúpaí pobail, coistí, eagraíochtaí agus daoine aonair le linn ullmhú an phlean. Tá an maoiniú cuí agus cur chuige úrnua ag teastáil chun na pleananna seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le dul i ngleic leis an dúshlán teanga, **a thabharfaidh cosaint do na cainteoirí dúchais Ghaeilge agus a ardóidh líon na gcainteoirí laethúla sa phobal.**

Táthar ag súil leis go mbeidh gach eagraíocht/institiúid pobail/stáit/deonach sa dúthaigh ag obair as lámha a chéile chun an sprioc chéanna seo a bhaint amach.

Beidh tacaíocht sa chur chuige seo don phobal Gaeltachta áitiúil. Táthar ag súil leis go rachaidh an próiseas i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil, go roghnóidh pobail nua an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail, go gcuirfidh an pobal áitiúil an teanga chun cinn san earnáil dheonach agus ghnó agus go n-éileoidh an pobal seirbhísí poiblí agus sóisialta trí Ghaeilge. Níos tábhachtaí fós, táthar ag súil leis go gcothóidh feidhmiú an phlean gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shaibhriú na teanga do na cainteoirí laethúla agus teaghlaigh Gaeilge atá sa Limistéar Pleanála Teanga seo cheana féin.

Tá na bearta seo leagtha amach de réir réimsí. Tá na réimsí ar fad atá tábhachtach chun tacú le pobal na Gaeltachta cosaint a thabhairt don teanga sa liosta seo a leanas:

- Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh agus Seirbhísí Cúram Leanai
- An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí Luathoideachais/Réamhscolaíochta)
- Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais
- Seirbhísí don Aos Óg agus Aoisghrúpaí eile (m.sh. Aosaigh an Phobail)
- An Earnáil Ghnó, Forbairtí Geilleagracha & Tionsclaíocha agus Turasóireacht Chultúrtha
- Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn
- Na Meáin Chumarsáide
- Seirbhísí poiblí (m.sh. Seirbhísí ó Eagraíochtaí Stáit) agus Seirbhísí Eaglasta
- Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach/ Rialtas Áitiúil
- Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Is féidir na bearta seo agus buneolas fúthu a léamh i Mír 6 den phlean

Mír 7: Costais agus Maoiniú

Tá anseo na costais iomlána mheasta a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart atá leagtha amach i Mír 6.

Mír 8: Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Léiríonn an mhír seo an leas atá agus a bheidh á bhaint as forbairt na feasachta agus as an bpoiblíocht chun an pobal a chur ar an eolas faoin bplean i dtreo is go nglacfaidh daoine úinéireacht air.

Mír 9: Feidhmiú agus Monatóireacht

Léiríonn an mhír seo conas a dhéanfaidh an Cheanneagraíocht monatóireacht ar fhorfheidhmiú an phlean i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le Roinn Gaeltachta.

Liosta na nAcrainmneacha

APTCT:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar
BOOCH:	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
CLG:	Cainteoirí laethúla Gaeilge
CFCD:	Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne
CNNG:	Comhar na Naíonraí Gaeltachta
COGG:	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
FSS:	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
ITT:	Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (Ionraithe in Áras Bhréanainn Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh)
KDYS:	Kerry Diocesan Youth Service
LPT:	Limistéar Pleanála Teanga
LPTCT:	Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar
MPT:	Meitheal Pleanála Teanga
OCD:	Oidhreacht Chorca Dhuibhne
RCB:	Ráta caighdeán beogachta
ROS:	An Roinn Oideachais agus Scileanna
POG:	Polasaí don Oideachas Gaeltachta
PT:	Plean Teanga
TEG:	Teastas Eorpach na Gaeilge

MÍR 1: CÚLRA AN PHRÓISIS PLEANÁLA TEANGA

An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (2007) agus An Straitéis 20 Bliain (2010)

Cuireadh Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar le chéile chun forálacha Acht na Gaeltachta 2012 a chomhlíonadh. Tháinig an tAcht seo mar aon leis An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ar an saol mar thoradh ar an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007).

Ba cheann de phríomhthátail an mhórstaidéir sin, *An Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin *et al.*) a foilsíodh sa bhliain 2007, go raibh an Ghaeilge tar éis cúlú léi chomh mór sin sna limistéir Ghaeltachta ar fud na tíre go raibh sí faoi mhórbhagairt agus i mórbhaol mar ghnáth-theanga chumarsáide sna pobail Ghaeltachta. Ag trácht dóibh ar a bhfuil i ndán do na pobail Ghaeltachta i bhfianaise a gcuid torthaí taighde, bhí an méid seo a leanas le rá ag na húdair (Ich. 25):

Is léir, mar sin, gurb é an cuspóir is cóir a bheith leis an bpleanáil teanga i limistéir Chatagóir A ná dlús na gcainteoirí Gaeilge a chosaint iontu agus tacaíocht a chur ar fáil a dhéanfaidh buanú ar úsáid na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh agus an phobail iontu. Beidh cuspóir eile i gceist leis an bpleanáil teanga i limistéir Chatagóirí B agus C² .i. na gréasáin aitheantais agus institiúideacha Gaeilge iontu a bhuanú agus a neartú. Ar ndóigh, agus an obair seo á déanamh, is é an príomhchuspóir a bheidh leis i ndeireadh an lae an chéad ghlúin eile agus na glúine tuismitheoirí óga Gaeltachta ina dhiaidh sin a spreagadh agus a chumasú lena gclann a thógáil le Gaeilge. Chuige sin, is gá breathnú ar na cúinsí a bhaineann le glúin reatha aos óg na Gaeltachta agus ar an acmhainn atá acu a leithéid a dhéanamh, féachaint an dtugann na cleachtais teanga atá acu faoi láthair léargas dúinn ar na cleachtais teanga is dóchúla a bheidh acu agus iad ina dtuismitheoirí óga amach anseo.

D'fhoilsigh an Rialtas an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (cáipéis nua) sa bhliain 2010. Ba í aidhm

DLús na gcainteoirí Gaeilge a chosaint d'fhonn an teanga a bhuanú agus gréasáin sna ceantair is láidre a chothú chun cur le húsáid agus leathnú na teanga, na príomhchuspóirí a luadh leis an bpleanáil teanga. Táthar ag súil mar singo gcothóidh feidhmiú an phlean teangaseo, *Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar* (PT LPTCH feasta) gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shaibhriú na teanga do na cainteoirí laethúla agus teaghlaigh Ghaeilge atá sa Limistéar Pleanála Teanga (LPT feasta) agus go spreagfar níos mó daoine chun leas a bhaint as na gréasáin seo chun a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge i gCorca Dhuibhne.

Is í móraidhm an phlean teanga seo ná **cur le dlús an phobail sa chroícheantar i gCiarraí Thiar** agus tríd an aidhm seo agus comhthreomhar leis an aidhm seo **céatadán na gcainteoirí laethúla a ardú sa LPT ar fad trí chéile** (mar atá leagtha amach i Mír 2.4).

na straitéise seo ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga an phobail ar bhonn céimnithe. Bhí sé ina dhlúthchuid de chomh maith go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith den teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise taighde an SCT a léirigh go raibh géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga an phobail agus an teaghlaigh (Ich. 3). Bhí sé i gceist, mar sin, go ndéanfaí tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thabharfadh aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga an phobail agus an teaghlaigh iontu (*ibid.*).

Acht na Gaeltachta, 2012

² Slat tomhais atá sna Catagóirí seo a chabhróidh le sláinte na teanga sa phobal a mheas. Is ionann Catagóir A agus ceantair ina bhfuil 67% nó níos mó den phobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Is ionann Catagóir B agus ceantair ina bhfuil 44% den phobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus is ionann Catagóir C agus ceantair ina bhfuil níos lú ná 44% den bpobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Ich 146-147 SCT).

Achtaíodh Acht na Gaeltachta sa bhliain 2012 chun gnéithe den Straitéis 20 Bliain do Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Ba é an tAcht seo a thug bonn reachtúil don phlean teanga agus do phróiseas na pleanála teanga sa Ghaeltacht. Tugadh aitheantas do 26 Limistéar Pleanála Teanga chun bunús a chur faoi phróiseas na pleanála. Faoi Acht déanfar athshainiú ar theorainneacha na Gaeltachta den chéad uair ó 1956 chun stádas Gaeltachta amach anseo a bhunú ar chritéir theangeolaíochta seachas ar chritéir thíreolaíochta.

Faoi Údarás na Gaeltachta a bhí sé ceanneagraíocht a roghnú i ngach limistéar pleanála teanga chun plean a ullmhú arbh é ba chuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an limistéir (Acht na Gaeltachta 2012, Alt 7 (6)). Tugadh tréimhse dhá bhliain don gceanneagraíocht chun an plean a ullmhú agus cuireadh an Plean Teanga faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthai Réigiúnacha, Tuaite agus Gaeltachta le faomhadh agus tabharfar seacht mbliana don cheanneagraíocht an Plean Teanga a chur i bhfeidhm sa LPT (2012: 11).

Mar chuid den phróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht de réir an Acht Gaeltachta 2012, ceapadh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne ina cheanneagraíocht chun plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar. Bhíothas ag obair ar an bpleanáil teanga roimhe sin áfach³ mar atá mínithe i Mír 4 thíos.

3 Féach cur síos ar an réamhobair a bhí déanta ar phróiseas na pleanála i nGaeltacht Chiarraí Thiar i Mír 4.2 den phlean seo.

MÍR 2: AN CHEANNEAGRAÍOCHT

2.1. Réamhrá

Roghnaíodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne mar Cheanneagraíocht do LPT Chiarraí Thiar mar thoradh ar phróiseas comhairliúchán poiblí de réir na dtreoracha atá leagtha síos in Acht na Gaeltachta 2012. Déantar cur síos sa mhír seo ar Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne.


2.2. Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne:

Is é seo a leanas miseanráitreas an Chomharchumainn:

“Eagras pobail Gaeltachta is ea Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne a dheineann saol pobail, cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta mhuintir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne a fhorbairt is a fheabhsú agus a dheineann cúram ar leith den nGaeilge agus de chearta teanga an phobail agus é i mbun na forbartha sin”.

Bunaíodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne sa bhliain 1967 chun go ndéanfaidh sé saol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha an cheantair Ghaeltachta máguaird a chur chun cinn. Ó shin i leith, bhí ról lárnach aige i bhforbairt gheilleagar na leithinse, ag feidhmiú thar ceann a scairshealbhóirí agus ag gníomhú ar son phobal Chorca Dhuibhne. Deineadh iarracht ó thús tógáil a dhéanamh ar na hacmhainní nadúrtha sa cheantar agus an oiread deiseanna ioncaim agus fostaíochta ab fhéidir a thapú.

Bhí an Comharchumann páirteach i dtionscnaimh éagsúla a bhain le feirmeoireacht, iascach, míntíriú talún agus cúrsaí oiliúna ríomhaireachta agus oideachais ó shin i leith. Ach tá scóip na heagraíochta leathnaithe amach an-mhór le blianta beaga anuas. Seo a leanas struchtúr na gcomhlachtaí atá faoi bhráid an Chomharchumainn. Tugtar míniú ar ghníomhachtaí na gcomhlachtaí i 2.2.1 go 2.2.5 (thíos):



Tá Príomhoifig an Chomharchumainn anois lonnaithe in Áras Bhréanainn Chorca Dhuibhne i mBaile an Fheirtéaraigh, ocht míle nó mar sin laistiar de bhaile Dhaingean Uí Chúis, i gCo. Chiarraí. Aistríodh isteach sa bhfoirgneamh nua seo i mí na Samhna 2014 agus osclaíodh an lárionad nua go hoifigiúil ar an 26 Meitheamh 2015.

Ó thaobh deontas agus fostaíochta de, tá deontas reáchtála bliantúil á fháil ag an gComharchumann ó Údarás na Gaeltachta agus faoi láthair, tá 13 fostaithe san eagraíocht. Is fiú €6 mhilliún sa bhliain teacht isteach CFCD Teo don leithinis.

2.2.1. Coláistí Chorca Dhuibhne

Reáchtálann Coláistí Chorca Dhuibhne cúrsaí samhraidh do dhéagóirí maraon le tréimhsí Gaeltachta d'ábhair oidí na gcoláistí oiliúna. Thosaigh na cúrsaí do dhéagóirí i 1969 agus tá siad ag dul ó neart go neart ó shin. Is léiriú é na cúrsaí seo ar an athrú béime ar na tionscail thraidisiúnta a bheith ag dul i léig i bhformhór na gceantar Gaeltachta, agus ar conas mar a d'éirigh leis an gComharchumann dul i ngleic leis na hathruithe go héifeachtach agus straitéisí forbartha a chur in oiriúint do na deiseanna agus do na riachtanais fhorbartha, de réir mar a bhí claochlú ag teacht ar shaol eacnamaíochta agus ar shaol sóisialta an cheantair. Le linn 2017, d'fhreastail 2,600 mac léinn ar chúrsaí de chuid Choláistí Chorca Dhuibhne. Tá triúr lánaimseartha agus beirt pháirt aimseartha fostaithe in oifigí Choláistí Chorca Dhuibhne agus bíonn suas le 220 duine eile fostaithe nuair a bhíonn na cúrsaí ar siúl.

2.2.2. SOLAS

Tá SOLAS mar chúram eile ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne le tamall de bhlianta - Scéim Fostaíochta Pobail d'Iarthar Dhuibhneach (SOLAS). Tá bainisteoir fostaithe go lán aimseartha ar an gclár seo agus bíonn idir 20 agus 28 duine cláraithe ar an scéim ó bhliain go bliain.

2.2.3. Dovinia

Deineadh go leor scannán suimiúla fiúntacha faoi choimirce an Chomharchumainn fad a bhí an comhlacht scannánaíochta Dovinia Teo. (a bunaíodh i 1993) ar an bhfód.

2.2.4. South West Gnó Skillnet

Comhlacht eile atá ag feidhmiú faoi choimirce an Chomharchumainn is ea South West Gnó Skillnet (2007), gréasán oiliúna do chomhlachtaí beaga atá ag feidhmiú laistigh de Ghaeltachtaí na Mumhan. Tá bainisteoir amháin lán aimseartha fostaithe anseo agus bíonn suas le 50 gnó rannpháirteach sa traenáil a chuirtear ar fáil.

2.2.5. Oidhreacht Chorca Dhuibhne⁴

Bunaíodh Oidhreacht Chorca Dhuibhne (1980) mar fho-chomhlacht ag an gComharchumann. Tionscnaimh chultúir, teanga, oideachais agus oidhreacht agus Clár Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta is mó a bhíonn á reáchtáil ag OCD. Tugtar an-éachtaint ar an oidhreacht sin, ar an stair agus ar sheandálaíocht cheantar Chorca Dhuibhne i Músaem Chorca Dhuibhne atá lonnaithe sa seanscoil i mBaile an Fheirtéaraigh. Tá caifé agus siopa leabhar sa Mhúsaem chomh maith. Tá deontas bliaintúil á fháil ag OCD ó ROS agus tá beirt fostaithe go lánaimseartha, beirt pháirtaimseartha mar aon le líon eile ar bhonn páirtaimseartha/séasúrtha (Cuntóirí Teanga; Cuairteoirí Baile; Múinteoirí) i láthair na huaire. Reáchtálann OCD an scéim Tús Maith agus an comhlúadar do theaghlaigh Scléip an tSathairn ar mhaithe leis an dteanga a chur chun cinn ina measc.

2.3. Ceanneagraíocht na Pleanála Teanga

Ainmníodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne mar cheanneagraíocht i 2014 le tabhairt faoi Phlean Teanga do LPT Chiarraí Thiar a chur le chéile i gcomhar le pobal an limistéir. Cuireadh €50,000 ar fáil don Cheanneagraíocht ó Údarás na Gaeltachta chun an plean a réiteach. Le comhoibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, ceapadh An tOllamh Muiris Ó Laoire le tabhairt faoin obair agus fostaíodh Aoife Ní Shéaghdha, Taighdeoir/Pleanálaí Teanga ar feadh tréimhsí chun tacaíocht a sholáthar maidir le míreanna áirithe den phlean teanga a chur ar pár.

4 Féach Aguisín B – Clár Oibre Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Bunaíodh Meitheal Pleanála Teanga, ar a bhfuil ionadaithe ó choistí pobail agus páirtithe leasmhara eile agus ag a bhfuil ról comhairleoireachta. Bhí Éamonn Ó Neachtain, iar-Bhainisteoir Réigiúnach Údarás na Gaeltachta, Gearóid Ó Brosnacháin, iar-Bhainisteoir Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Tomás Mac Gearailt, iar-Chathaoirleach CFCD agus Máire Uí Shíthigh, iar-Stiúrthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne lárnach i mbunú na Meithile.

Is iad seo a leanas na baill, Bealtaine 2017:

Breandán Mac Gearailt – Cathaoirleach
Micheál Ó Cinnéide – Cathaoirleach Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne
Pádraig Ó Sé – Bainisteoir CFCD
Caitríona Ní Churáin – Bainisteoir – Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh
Rachel Ní Riada – ag freastal ar chruinnithe thar cheann Údarás na Gaeltachta
Máire Uí Ghrifín – Coiste Pobail Lios Póil
Risteárd Mac Eoin – Coiste Pobail Lios Póil
Risteárd Mac Liam – Cumann Turasóireachta is Tráchtála Daingean Uí Chúis
Máirín Uí Chonchúir – Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne
Pádraig Firtéar – Coiste Forbartha Fionn Trá
Feargal Mac Amhlaoibh – Comharchumann Dhún Chaoin
Eoghan Ó Loingsigh – Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh
Caitríona Budhlaeir – Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/ Tuismitheoir
Máire Ní Scannláin – Riarthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne
Orlaith Ruiséal – Oifigeach Tús Maith, Scéim na gCuirteoirí Baile

Is léir go bhfuil an cheanneagraíocht i mbun pleanála teanga le fada an lá. Tá deis ann anois sa phlean teanga an obair a fhorbairt i réimsí pleanála teanga eile (réimsí áirithe nach raibh aon ionchur ag CFCD iontu go dtí seo) agus tógaint ar an obair go leanúnach ar bhonn comhtháite le coistí forbartha agus páirtithe leasmhara eile sa LPT. Tá deis ann anois an phleanáil chomhtháite seo a fheidhmiú ar mhaithe le príomh-sprioc an phróisis a bhaint amach, .i. gréasán tacaíochta níos láidre do na cainteoirí laethúla agus teaghlaigh Ghaeilge a chruthú agus níos mó daoine a spreagadh chun leas a bhaint as na gréasáin seo agus chun a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge i gCiarraí Thiar.

2.4 Aidhm agus mórfhís An Phlean Teanga do LPT CT

Tá aidhm an phlean teanga seo ag teacht leis an sprioc a míníodh i 2.3 (.i. gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shaibhriú na teanga a thógaint do chainteoirí laethúla agus teaghlaigh Ghaeilge sa limistéar agus dá réir a níos mó daoine a spreagadh chun leas a bhaint as na gréasáin seo agus a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge i gCiarraí Thiar).

Is í móraidhm an phlean ná **cur le dlús** an phobail i **gCiarraí Thiar** (Catagóir A na Gaeltachta) agus **céatadán na gcainteoirí laethúla a ardú sa LPT ar fad trí chéile**. Lena cois sin, tá go n-ardófaí céatadán na leanaí atá á dtógaint le Gaeilge ó **30%** (eolas bailithe ó na bunscoileanna mar chuid d'obair pháirce an taighde seo, féach mír 3) go **40 %** thar thréimhse c. 20 bliain go céimniúil (féach Tábla thíos) agus, comhnascithe leis sin, go n-ardófaí céatadán na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais sa LPT ar fad trí chéile ó 28.7% (Daonáireamh 2016, féach mír 3) faoi láthair go **40%** thar an tréimhse chéanna.

Sa tábla thíos, leagtar amach spriocanna maidir le céadatáin na gCainteoirí Gaeilge go gceann 23 bliain:

Mórfhís/aidhm	2017	2024	2031	2040
Leanaí i gcatagóir A gur Cainteoirí Dúchais/baile Gaeilge iad (eolas ó na bunscoileanna)	30%	33%	37%	40%
Cainteoirí Laethúla Gaeilge (lasmuigh den chóras oideachais) sa LPT trí chéile	28.7%	33%	37%	40%

Aithníonn treoirlínte an phróisis phleanála teanga an gá atá le próiseas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail ar fud na Gaeltachta agus mínítear gur próiseas é a thabharfaidh tacaíocht ar **bhealach córasach, comhtháite** don Ghaeilge mar teanga an phobail agus an teaghlaigh (Treoirlínte Pleanála Teanga, 2016, lch 6).

Tá an **An Plean Teanga** seo do **LPT CT** bunaithe ar **chur chuige comhtháite** mar seo. Beidh obair gach eagraíochta, coiste, institiúid stáit agus pobail atá ag obair sna **réimsí éagsúla pleanála teanga agus forbartha pobail ar fad** i gCiarraí Thiar san áireamh.


Tá móraidhm Phlean Teanga Chiarraí Thiar bunaithe ar **chomhoibriú idir páirtithe leasmhara** a chothú agus straitéisí oibre a leagan amach sna **na réimsí pleanála teanga agus forbartha pobail** chun tacú níos fearr le gréasán úsáide agus saibhríthe teanga do chainteoirí laethúla/dúchais Gaeilge agus chun cur le líon na gcainteoirí laethúla sa LPT trí chéile.

Tá an mhóraidhm seo ag brath ar obair chomhordaithe na hearnála pobail agus stáit; tá sé ag brath ar dheiseanna fostaíochta teanga lárnaithe sa phobal: tá sé ag brath ar dheiseanna lonnaithe agus tithíochta a bheith ar fáil ar phraghas réasúnta do phobal na Gaeltachta agus do lucht labhartha na Gaeilge; tá sé ag brath ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus raon leathan seirbhísí óige a bheith ar fáil trí Ghaeilge agus a thacaíonn le sóisialú na hóige trí Ghaeilge; ar chóras oideachais a thacaíonn le forbairt cainteoirí baile Gaeilge mar aon le foghlaimoirí na Gaeilge agus ar chóras sóisialta a thacaíonn le pobal na Gaeilge.

Is trí luach a chur air, nó aitheantas a thabhairt do labhairt nádúrtha na teanga sa phobal agus gá a chruthú don teanga sa phobal, mar a mholtar go hidirnáisiúnta chun phobal mionteanga a neartú (m.sh. Fishman 1991), a bhfuiltear ag súil le cur le líon na gcainteoirí dúchais/baile agus líon na gcainteoirí laethúla i gCiarraí Thiar.

Tá an mhóraidhm atá leagtha amach don phlean bunaithe ar fheidhmeannaigh a bheith ag obair sna **na réimsí pleanála teanga agus forbartha pobail** chun an móraidhm seo a bhaint amach. Míníonn Mír 6 go mbeidh seisear feidhmeannach ag teastáil chun bearta an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm. Gan an seisear seo a bheith tiomanta do réimsí éagsúla an phlean agus ag comhoibriú le heagraíochtaí agus institiúidí eile sa cheantar, na chontae agus ar leibhéal náisiúnta, ní chreidtear go mbeadh an mhóraidhm seo insroichte.

MÍR 3: LÉARGAS AR AN LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA



3.1 Léargas Ginearálta ar an gCeantar: Na príomhlonnaíochtaí i LPT Chiarraí Thiar

Áirítear Corca Dhuibhne (Limisteár Pleanála Teanga Chiarraí Thiar) mar ceann de na ceantair is áille in Éirinn. Tá tarraingt mhór ag áilleacht, ag seandálaíocht, ag litríocht agus ag cultúr na leithinse do na mílte turasóirí in aghaidh na bliana. De réir figiúirí Dhaonáireamh 2016, maireann 6.948 duine sa cheantar Gaeltachta seo.

Tugann an rannóg seo, rannóg 3.1, léargas ar na príomhlonnaíochtaí atá sa leithinis. 2. Níl príomhbhaile na leithinse, Daingean Uí Chúis, áirithe sa chur síos lonnaíochta anseo mar go bhfuil plean ann féin á ullmhú don bhaile. Is Baile Seirbhíse Gaeltachta é An Daingean/ Daingean Uí Chúis⁵ sa phróiseas pleanála teanga agus tá plean teanga ar leithligh á réiteach do bhaile an Daingin ina mbeidh cur síos cuimsitheach ar phríomhbhaile an limistéir.

- **Baile an Fheirtéaraigh agus Márthain:** Tá Baile an Fheirtéaraigh, nó “An Buailtín” mar is fearr aithne air, ar cheann de phríomhbhailte Chorca Dhuibhne, tá sé ar mhórchuaird Cheann Sléibhe agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá Baile an Fheirtéaraigh i dtoghcheantar Dhún Úrlann ach tá toghcheantar eile, Márthain, buailte leis. Is i mBaile an Fheirtéaraigh atá Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne lonnaithe. Tá 737 duine ag cur fúthu sa dá thoghcheantar seo de réir figiúirí Daonáireamh 2016. I measc na seirbhísí atá i mBaile an Fheirtéaraigh tá siopa, óstán, bunscoil, trí thigh tábhairne, naíonra, lóistín, galfchúrsa, tránna, séipéal, músaem, coláiste samhraidh fé scáth an Chomharchumainn, Naíolann agus Ionad Tacaíochta Teaghlaigh. Tá foirgneamh ag Údarás na Gaeltachta, áit a mbíodh Fíoruisce Chiarraí lonnaithe, suite míle go leith ó shráidbhaile an Bhuailltín.

5 An Daingean feasta

- **Ceann Trá** : Tá Ceann Trá ar cheann de príomhbhailte ar mhórchuard Cheann Sléibhe chomh maith le Slí an Atlantaigh Fhiáin. Tá Fionntrá i dtoghcheantar Cheann Trá. Is baile stairiúil é agus é luaite an-mhinic le scéalta Fiannaíochta. Tá 396 duine ag maireachtaint i dtoghcheantar Cheann Trá (Daonáireamh 2016). I measc na seirbhísí áitiúla ann tá dhá bhunscoil, siopa, oifig an phoist, dhá thigh tábhairne, seipéal, halla pobail, trá, naíonra, ionad lae, caife, bialann, potadóireacht agus tithe lóistín.
- **Dún Chaoin:** Is é Dún Chaoin an baile is sia siar san Eoraip. Tá sé ar cheann de na príomhbhailte ar mhórchuard Cheann Sléibhe agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá Dún Chaoin i dtoghcheantar Dhún Chaoin. Tá clú agus cáil ar na radharcanna timpeall ar Dhún Chaoin agus ar na Blascaodaí. Is ann a deineadh an scannán *Ryan's Daughter*. Tá 182 duine i dtoghcheantar Dhún Chaoin (Daonáireamh 2016). I measc na seirbhísí atá i nDún Chaoin tá bunscoil, seipéal, tigh tábhairne, Ionad an Bhlascoid Mhoir, brú óige, potadóireacht, caiféanna, tithe lóistín, trá agus cé óna dtéann bád farantóireachta go dtí na Blascaodaí.
- **An Fheothanach, An Mhuiríoch agus Baile na nGall:** Tá na bailte seo ar mhórchuard Cheann Sléibhe agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá an Fheothanach agus Baile na nGall i dtoghcheantar Cill Chuáin agus tá an Mhuiríoch i dtoghcheantar Cill Maoilchéadair. Tá daonra 915 duine sa dá thoghcheantar seo, Cill Chúáin agus Cill Maoilchéadair (Daonáireamh 2016). I measc na seirbhísí atá sna bailte seo tá dhá bhunscoil, seipéal, dhá shiopa, 3 tigh tábhairne, 2 halla pobail, naíonra, lóistín, cumann caide, cumann rugbaí, cumann sacair, cúirt leadóige, stiúideo Raidió na Gaeltachta, Teach Siamsa na Carraige (ionad siamsaíochta a bhíodh in úsáid ag Siamsa Tíre), eastáit thionsclaíochta Údarás na Gaeltachta (atá díomhaoin faoi láthair) agus tránna.
- **Clochán-Bhréanainn:** Tá Clochán-Bhréanainn lonnaithe idir an Daingean agus Trá Lí, i dTuaisceart Chorca Dhuibhne. Tá Clochán-Bréanainn ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá an Clochán i dtoghcheantar an Chlocháin. Tá trí thoghcheantar sa chuid seo den Ghaeltacht, An Clochán, Cé Bhréanainn agus an Baile Dubh agus tá cuid de thoghcheantar an tSráidbhaile sa Ghaeltacht. 546 duine atá sna toghcheantair Ghaeltachta seo (Daonáireamh 2016). I measc na seirbhísí atá sa cheantar seo tá naíonra, bunscoil, halla pobail, seipéal, comharchumann, siopa, bácús, cé, lóistín, ionad lae agus trá.
- **Lios Póil:** Tá Lios Póil lonnaithe ar an bpríomhbhóthar go Corca Dhuibhne, idir an Daingean agus Trá Lí. Tá Lios Póil i dtoghcheantar na Mine Airde. Tá dhá thoghcheantar sa chuid seo den Ghaeltacht, An Mhin Aird agus Cinn Aird agus tá daonra 715 duine (Daonáireamh 2016) iontu. I measc na seirbhísí atá sa cheantar seo tá naíonra, bunscoil, dhá shiopa, seipéal, halla pobail agus gort caide.

3.2. Gaeltacht Chorca Dhuibhne: Cúlra

Síneann an ceantar Gaeltachta seo (Corca Dhuibhne nó LPT CT agus Baile Seirbhíse an Daingin) ó Áth na Leac ar theorainn Lios Póil agus Abhainn an Scáil siar chomh fada le Dún Chaoin agus siar arís go dtí na Blascaodaí. Aniar arís ansan thar pharóiste an Fheirtéaraigh soir i dtreo Chnoc Bréannain agus síos thairis chun an Leith Triúigh agus paróiste an Chlocháin. Tá formhór an cheantair seo áirithe mar cheantar Gaeltachta ón gcéad iarracht a dhein Coimisiún na Gaeltachta sainiú a dhéanamh ar na ceantair Ghaeltachta i 1926, cé nár áiríodh paróiste Chlochán-Bhréanainn sa Ghaeltacht go dtí 1974. Bhí idirdhealú riamh (1926 i leith) sa

sainiú Gaeltachta (i gCorca Dhuibhne agus sna ceantair Ghaeltachta eile ar fud na tíre) idir ceantair ina raibh an Ghaeilge in uachtar iontu (fíor-Ghaeltacht) agus ceantair eile ina raibh an Béarla in uachtar iontu ach ar chainteoirí dúchais cuid bheag den phobal go fóill (Breac-Ghaeltacht) (Ó Riagáin, 1992: 75-100). Tá an t-idirdhealú san fós le brath go láidir sa cheantar Gaeltachta seo, idir na paróistí is faide siar sa leithinis ina bhfuil an pobal is láidre ó thaobh labhairt laethúil na Gaeilge de agus na ceantair timpeall ar agus lastoir de phríomhbhaile na leithinse, an Daingean, atá níos laige ó thaobh labhairt laethúil na Gaeilge de (anailís ar fhigiúirí Daonáireamh ó 1911 i leith, nó ar fhigiúirí SLG san am atá caite).

3.3. Gaeltacht Chorca Dhuibhne inniu: Próifíl Shochtheangeolaíoch

De réir Daonáireamh 2016, as an 6,708 duine os cionn 3 bliana atá ag maireachtaint i nGaeltacht Chorca Dhuibhne (LPT CT agus Baile Seirbhíse an Daingin), tá cumas sa Ghaeilge ag 4,775 duine (71.1%) agus tá 26% duine gan Ghaeilge. Níor fhreagair an 3% eile an cheist seo fé chumas Gaeilge.

Tuigtear, áfach, nuair atáthar ag plé le bisiúlacht aon teanga sa phobal gurb í an cheist chriticiúil ná cén céatadán den phobal a labhrann an teanga go laethúil mar theanga nádúrtha baile agus pobail. (Fishman: 1991: 4, Ó Giollagáin *et al*: 2007: 28). Ag féachaint ar LPT CT mar aonad amháin, is 28.7% den phobal os cionn 3 bliana d'aois a labhrann an Ghaeilge go nádúrtha mar theanga an phobail, sé sin daoine a labhrann an Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais móide lasmuigh agus laistigh den chóras.⁶ Tá an fháisnéis seo ó Dhaonáireamh 2016 le feiscint i dTábla 3.1.

TÁBLA 3.1: DAONRA LPT CT⁷ AGUS CAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE

² Daonra LPT CT agus Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG)	Líon agus %
Daonra iomlán	6,948
Daonra > 3 bl. d'aois	6,708 (100%)
Daoine > 3 bl. d'aois le cumas Gaeilge	4,775 (71.2%)
Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) (1+2+3)	2,927 (43.6%)
1 Laistigh den chóras oideachais amháin	999 (14.9%)
2 Lasmuigh den chóras oideachais amháin	1,541 (23.0%)
3 Laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais	387 (5.8%)
Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) lasmuigh den chóras oideachais	1,928 (28.7%)

(Foinse: Figiúirí Daonáireamh 2016).

6,948 daonra iomlán an LPT ach díríonn ceist teanga an daonáirimh ar an bpobal os cionn trí bliana (sé sin 6,708 duine). Tá cumas Gaeilge ag 4,775 acusan (71%), ach 2,927 (43.6%) a labhrann an teanga go laethúil. Maidir leis na daoine a labhrann an teanga go laethúil, tá líon suntasach daoine (999 nó 14.8% acu) a úsáideann an teanga laistigh den chóras oideachais amháin. Nuair a bhaintear na daoine seo ó na figiúirí, 1,928 (28.7%) a labhrann an Ghaeilge go laethúil sa Limistéar de réir Daonáireamh 2016.

6 Sa Daonáireamh ó 2006 i leith, cuirtear ceist, i gcás gach duine sa líon tí os cionn 3 bliana, cé chomh minic agus a labhartar an Ghaeilge. Bíonn deis ann a mhíniú an labhartar an Ghaeilge laistigh den chóras oideachais amháin, lasmuigh den chóras oideachais, nó laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais ar bhonn laethúil. Chun pictiúr cruinn a fháil ar úsáid nádúrtha na teanga sa phobal is gá na daoine a labhrann an Ghaeilge laistigh den chóras oideachais amháin a bhaint ó fhigiúr iomlán na gcainteoirí laethúla.

7 Tá an Daingean san áireamh sna figiúirí seo a bhaineann le ceist na teanga toisc nach dtabharfadh sé léargas iomlán ar chúinsí teanga an limistéir gan daonra an Daingin a bheith san áireamh.

Tá titim shuntasach le brath ar na figiúirí seo nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an bhfaisnéis chéanna a bailíodh i nDaonáireamh 2011. Taispeánann Tábla 3.2 thíos gur titim 6.7% a bhí i gcéatadán na gcainteoirí laethúla nádúrtha (lasmuigh den chóras oideachais) i nGaeltacht Chorca Dhuibhne (Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar agus Baile Seirbhíse an Daingin) sa tréimhse idir 2011 agus 2016 (ó 35.4% go 28.7%), sin 451 duine níos lú ag labhairt Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais i 2016 ná mar a bhí in 2011.

TÁBLA 3.2: DAONRA LPT CT & BAILE AN DAINGIN AGUS CAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE
(Daonáireamh 2016 vs Daonáireamh 2011)

Daonra LPT CT agus Cainteoirí Gaeilge (CLG)	Líon agus % 2011	Líon agus % 2016	An t-athrú laethúil ó 2011 go 2016
Daonra iomlán	6,934	6,948	+14
Daonra > 3bl. d'aois	6,714 (100%)	6,708 (100%)	-6
Daoine > 3 bl. d'aois	5,044 (75.1%)	4,775 (71.2%)	-269
Le cumas sa Ghaeilge			
Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) (1+2+3)	3,293 (49%)	2,927 (43.6%)	-366
1) Laistigh den chóras oideachais amháin	929 (13.8%)	999 (14.9%)	+70
2) Lasmuigh den chóras oideachais amháin	1,761 (26%)	1,541 (23%)	-220
3) Laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais	603 (9%)	387 (5.8%)	-216
Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) lasmuigh den chóras oideachais	2,364 (35.2%)	1,928 (28.7%)	-999 (-6.7%)

Feictear thuas, as an daonra 2011 atá 3bl. + sa limistéar (6,714 duine ar fad), go ndúirt 3,300 acu (49%) gur cainteoirí laethúla Gaeilge ab ea iad agus 2,379 duine (35% den daonra) a dúirt gur labhradar an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais, nó lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais. An rud is suntasaí anseo, ag cur na bhfigiúirí thuas i gcomparáid lena chéile, ná an titim 6.7% i líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den scoil ó 2011 go 2016. Tá sé suntasach chomh maith go bhfuil titim i gcéatadán an phobail a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge ó 75% in 2011 go 71% i 2016. Is léir go bhfuil an céatadán de phobal Chorca Dhuibhne atá gan aon chumas sa Ghaeilge tar éis ardú sa tréimhse seo.

Ní thugann an anailís seo ar an limistéar ina iomláine aon aitheantas d'éagsúlacht shochtheangeolaíoch na bpobal teanga i gCorca Dhuibhne, áfach. Má dhéantar scagadh ar na ceantair éagsúla sa LPT is féidir ceantair teanga dhifriúla a aithint i gCorca Dhuibhne a thagann le pátrún na gCatagóirí Gaeltachta de réir mar a leagadh amach iad i staidéir Ghaeltachta éagsúla le tamall de bhlianta anuas. Aithníodh trí chatagóir Gaeltachta, Catagóir A, Catagóir B agus Catagóir C (in *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*, 2005 agus *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*, 2007 (SCT feasta), bunaithe ar chéatadán an phobail a labhair an Ghaeilge go laethúil iontu agus ar chéatadán na dteaghlach a ghnóthaigh deontas faoi Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) (scéim rialtais ar cuireadh deireadh leis in 2011).⁸ An tábhacht is mó a bhain le leagan amach na gCatagóirí ná gur taispeánadh, nuair a thiteann dlús na gcainteoirí laethúla sa phobal faoi bhun dhá thrian den phobal, nach acmhainn don phobal iad féin a chruthú mar phobal teanga a thuilleadh (Ó Giollagáin *et al*, 2007: 28).

⁸ Cé go luaitear na Catagóirí anseo chun léargas a thabhairt ar phobail teanga, tuigtear gur cinneadh nach mbeidh feidhm leis na Catagóirí sin sa phróiseas pleanála teanga feasta.

De réir an SCT (2007), b' ionann ceantair Chatagóir A agus ceantair a raibh breis is 67% dá ndaonra iomlán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus 65% d'iomlán na dteaghlach i dteideal deontas SLG. Ceantair Chatagóir B is ea na ceantair a raibh idir 44-66% ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus 30% de na teaghlaigh ar a laghad i dteideal deontais SLG agus ceantair chatagóir C is ea na ceantair a raibh faoi bhun 44% ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus inar ghnóthaigh 10% -30% de na teaghlaigh SLG. Ní raibh aon cheist sa Daonáireamh an uair sin maidir le húsáid leathúil na Gaeilge a bheith laistigh nó lasmuigh den chóras oideachais.

De réir na gcritéar seo, de réir ráta beogachta an cheantair a leagadh amach i staidéar a thug an SCT suas chun dáta i 2015 (mínithe thíos) agus bunaithe ar fhiigiúirí Daonáireamh 2016 i leith labhairt laethúil na Gaeilge, tá 5 thoghcheantar Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar i gCatagóir A, 4 cinn i gCatagóir B agus 5 cinn eile i gCatagóir C. Tugtar na sonraí teangeolaíocha go léir a rangáionn na toghcheantair seo amhlaidh i dTáblaí 3.4, 3.5 agus 3.6 thíos.

Ar tús i dTábla 3.3, taispeántar mar atá an daonra sna ceantair go léir. Tá 6,708 duine ag maireachtaint sa Limistéar Pleanála Teanga ina iomláine, tá 1,752 duine atá ag maireachtaint i gceantair Chatagóir A, 1,117 duine eile ag maireachtaint i gceantair Chatagóir B agus tá an 3,839 duine eile ag maireachtaint i gceantair atá i gCatagóir C na Gaeltachta (é seo bunaithe ar an ndaonra 3 bl. + mar is fúthu sin amháin a bhailítear eolas faoi labhairt laethúil na Gaeilge sa Daonáireamh).

Tábla 3.3: Daonra 3 bl. + Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar de réir Catagóire

LPTCT le chéile 3 bl.+	Catagóir A	Catagóir B	Catagóir C
6,708	1,752 (26%)	1,117 (17%)	3,839 (57%)
		(Foinse: Daonáireamh 2016)	

Is léir ón dTábla seo go bhfuil formhór de dhaonra an LPT ag cur fúthu i gceantair ina bhfuil an Béarla in uachtar ar fad mar theanga an phobail agus an teaghlaigh. **An ceathrú cuid den daonra (26%) atá ag cur fúthu sa chuid den limistéar a bhfuil an Ghaeilge in uachtar inti mar theanga laethúil an phobail.**

Tugann Tábla 3.4 thíos eolas faoi na toghcheantair i gceantair Chatagóir A agus ar na critéir shochtheangeolaíocha a rangáigh na toghcheantair sin. Tá trí tháscaire thábhachtacha chun próifíl teanga na gceantar a mheas; dlús (%) na gcainteoirí laethúla Gaeilge: láidreacht na teanga mar theanga baile (thug gnóthachtáil SLG léargas éigin air cé gur taispeánadh go minic go raibh tionchar na scoile i gceist le ar a laghad leath de dheontas SLG) agus an ráta caighdeán beogachta (RCB) sa cheantar (An Nua-shonrú ar an SCT, 2015 a leag amach an RCB). Is scór atá sa RCB atá bunaithe ar ghnéithe teanga. Is comparáid atá ann idir na ceantair go léir ag cur na faisnéise teanga go léir san áireamh agus chomh maith leis sin deineann sé comparáid idir ceantair de réir aoisghrúpaí.

Tábla 3.4: Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Catagóir A

Toghcheantar	2011 Daonra 3bl. +	2011 CL%	2011 CL lasmuigh den chóras Oideachais	Nuashonrú RCB	% SLG 2010-11	Catagóir	2016 Daonra 3 bl.+	2016 CL	2016 CL lasmuigh den chóras oideachais
Cill Chuáin	434	353 (81.3%)	292 (67.3%)	233.8	36 (90%)	A	416 (72.8%)	303	233 (56%)
Cill Maoilchéadair	464	349 (75.2%)	281 (60.6%)	198.9	32 (65%)	A	463 (66.1%)	307	241 (52.1%)
Márthain	238	170 (71.4%)	136 (57.1%)	188.6	9 (50%)	A	249 (64.7%)	161	124 (49.8%)
Dún Urlann	422	313 (74.2%)	264 (62.6%)	173.1	34 (87%)	A	454 (75.8%)	320	252 (59.7%)
Dún Chaoin	169	118 (69.8%)	100 (59.2%)	149.1	10 (9 0.9%)	A	170 (74.1%)	126	102 (60%)
Iomlán	1,727	1,303 (75.4%)	1,073 (62.1%)				1,752	1,217	952 (69.5%) (54.3%)

(Fáisnéis ó Dhaonaireamh 2011, ón Nua-Shonrú ar an SCT 2015 agus ó Dhaonáireamh 2016)

1,752 duine 3bl. + atá ag maireachtaint sna toghcheantair is láidre ó thaobh na Gaeilge de (5 thoghcheantar, Cill Chuáin, Cill Maoilchéadair, Márthain, Dún Urlann agus Dún Chaoin) de réir Daonáireamh 2016. Seo ceantair ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga laethúil an phobail trí chéile, idir 65% agus 74% den phobal atá ina gcainteoirí laethúla Gaeilge ag brath ar an toghcheantar. Nuair a thógtar tionchar na scoileanna as an áireamh, áfach, níl labhairt laethúil na Gaeilge chomh mór sin in uachtar, is raon idir 50% agus 60% a labhrann an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais ag brath ar an toghcheantar. **Feictear thuas gur thit líon na gcainteoirí laethúla sa chuid seo de Chiarraí Thiar ó 75% in 2011 go 69% i 2016 nó ó 62% go 54% má thógtar na daoine a labhrann Gaeilge ar scoil amháin as an áireamh.** Is toghcheantair iad seo ina raibh deontas SLG á fháil ag tromlach na dteaghlach sular cuireadh deireadh leis an scéim i 2011, ach tuigtear ó fháisnéis eile (m.sh suirbhé a líon príomhoidí na mbunscoileanna mar chuid de réamhobair na pleanála teanga seo – féach Tábla 3.7 thall – agus taighde i measc na hóige mar chuid den SCT) go bhfuil cainteoirí baile Gaeilge sna haoisghrúpaí is óige sna ceantair seo sa bheagán anois agus gurb é an Béarla atá in uachtar ag an nglúin óg.

Tá an 4,956 eile de dhaonra Chorca Dhuibhne ag maireachtaint i gceantair nach bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga laethúil an phobail nó teaghlai (Cat B & Cat C). I gceantair Chatagóir B bíonn an Ghaeilge imithe ar gcúl iontu agus is i gcomhthéacs scoile is mó atá sí á húsáid ag daoine óga cé go mbíonn úsáid áirithe á baint as an nGaeilge mar ghnáthurlabhra sna pobail seo. I gceantair Chatagóir C bíonn an Ghaeilge fós in úsáid ag leibhéal éagsúla ar bhonn institiúideach (scoileanna/coistí/comharchumainn srl.) ach bíonn sí fíoriseal nó gan a bheith ann in aon chor ag leibhéal an teaghlai (Ó Giollagáin *et al*, 2007: 13)

Tugtar sonraí teangeolaíochta na gceantar seo i gcás LPT CT agus Baile an Daingin i dTábla 3.5 agus 3.6 thíos.

Maidir le ceantair Chatagóir B, feictear thíos gur titim a bhí i gceist i gcéatadán na gcainteoirí leathúla Gaeilge i ngach aon cheantar sa tréimhse atá i gceist agus ar an iomlán, titim ó 49% den phobal in 2011 go 44.6% den phobal in 2016 a dúirt gur cainteoirí laethúla Gaeilge a bhí iontu. Nuair a bhaintear amach na figiúirí a bhaineann le daoine a labhrann an teanga laistigh den chóras oideachais amháin sna ceantair seo, c. 29% den phobal seo a úsáideann an Ghaeilge go laethúil sa chuid seo den limistéar i 2016 i gcomparáid le 34% i 2011.

Tábla 3.5: Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Catagóir B

Toghcheantar	2011 Daonra 3 bl.+	2011 CLG mar %	2011 CLG lasmuigh CO	Nuashonrú RCB	% SLG 2010-11	Catagóir	2016 Daonra 3 bl.+	2016 CLG mar %	2016 CLG lasmuigh den CO
An Mhin Aird	370	181 (48.9%)	136 (36.8%)	132.6	18 (47.4%)	B	358	148 (41.3%)	88 (24.6%)
Ceann Trá	403	213 (52.9%)	140 (34.7%)	131.6	12 (36.4%)	B	383	194 (50.7%)	133 (34.7%)
Cé Bhréanainn	148	67 (45.3%)	46 (31.1%)	122.2	5 (31.3%)	B	153	57 (37.3%)	40 (26.1%)
An Clochán	291	135 (46.4%)	95 (32.6%)	121.2	11 (42.3%)	B	223	91 (40.8%)	64 (28.7%)
Iomlán	1,212	596 (49.2%)	415 (34.4%)				1117	490 (43.9%)	325 (29.1%)

(Fáisnéis ó Dhaonáireamh 2011, ón Nuashonrú ar an SCT 2015 agus ó Dhaonáireamh 2016)

Maidir le ceantair Chatagóir C trí chéile, ba titim ó 37% de chainteoirí laethúla go 32% de chainteoirí laethúla a bhí ann idir 2011 agus 2016. Ag féachaint ar na toghcheantair leo féin ceann ar cheann, is raon idir 24% agus 40% den phobal a dúirt go labhrann siad Gaeilge go laethúil i nDaonáireamh 2016 ach nuair a thógtar na daoine a labhrann an Ghaeilge laistigh den chóras oideachais amháin as an áireamh (an colún ar thaobh na láimhe deise), tá na figiúirí seo i bhfad níos ísle (raon idir 14% agus 20%). Sa chuid seo den limistéar trí chéile 17% den phobal a dúirt go labhrann siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais i 2016, i gcomparáid le 23% i 2011. Tá an fháisnéis seo go léir i dTábla 3.6.

Tábla 3.6: Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Catagóir C

Toghcheantar	2011 Daonra 3 bl+	2011 CLG mar %	2011 CLG (lasmuigh)	Nuashonrú RCB	% SLG 2010-11	Catagóir	2016 Daonra 3bl +	2016 % CL	2016 % CL(lasmuigh)
Cinn Aird	346	136 (39.3%)	101 (29.2%)	108	11 (39.3%)	C	333	103 (30.9%)	61 (18.3%)
Na Gleannta	1,762	790 (44.8%)	498 (28.3%)	104.7	28 (14.7%)	C	1,778	700 (39.4%)	358 (0%)
An Baile Dubh	128	36 (28.1%)	21 (16.4%)	75.9	0 (0%)	C	111	27 (24.3%)	18 (16.2%)
Sráidbhaile	41	9 (22%)	8 (19.5%)	74.6	0 (0%)	C	43	7 (16.3%)	0 (0%)
An Daingean	1,498	435 (29%)	262 (17.5%)	69.7	18 (17.5%)	C	1,574	383 (24.3%)	214 (13.6%)
Iomlán	3,775	1409 (37.3%)	890 (23.6%)				3,839	1,220 (32.8%)	651 (17%)

(Fáisnéis ó Dhaonáireamh 2011, ón Nua-Shonrú ar an SCT 2015 agus ó Dhaonáireamh 2016)

Tá an saghas seo idirdhealaithe idir catagóirí tábhachtach in aon phlean teanga toisc go bhfuil pleanáil teanga difriúil ag teastáil do cheantair atá an-éagsúil ó thaobh na teanga de. Tá bisiúlacht (láidreachta) na Gaeltachta ag brath ar dhlús an phobail teanga (nó líon na gcainteoirí laethúla gníomhacha mar chéatadán den phobal iomlán), rud atá fíor d'aon phobal ina bhfuil mionteanga á labhairt. Ní féidir le haon teanga maireachtaint go fadtéarmach gan pobal láidir chun í a labhairt mar ghnáth-theanga laethúil teaghlaigh, áit a mbíonn an teanga mar ghné eitneach dhúchasach den phobal (Fishman 1991: 4-6). Nuair a thiteann dlús na gcainteoirí gníomhacha faoi bhun tuairim is dhá thrían den mhórpobal, cailltear an cumas pobal teanga nádúrtha orgánach a chosaint (Ó Giollagáin *et al*, 2007: 28). Eascraíonn pobail ina dhiaidh san ina bhfuil an Béarla in uachtar, ach go mbíonn an Ghaeilge in úsáid ag leibhéal institiúideach (m.sh. scoileanna/comharchumainn/roinnt coistí) (Ó Giollagáin, *et al*, 2007:13)

Bheadh sé dodhéanta d'aon obair phleanála teanga tromlach an phobail a iompú ar an nGaeilge mar theanga an teaghlaigh/ an phobail sna ceantair Ghaeltachta i gCatagóir B nó C ach is féidir leis an bpleanáil teanga feidhm institiúideach na teanga a láidriú sna ceantair seo. Tharla a leithéid seo de láidriú in Oirthear Dhuibhneach sa tréimhse idir Daonáireamh 2002 agus Daonáireamh 2011 (féach torthaí an SCT agus arís torthaí an Nuashonraithe ar an SCT i 2015 i dtaca le hOirthear Dhuibhneach) ach is léir ó na comparáidí idir faisnéis Daonáireamh 2011 agus 2016 thuas go bhfuil titim ann arís sna toghcheantair seo i gCiarraí Thiar.

Sna ceantair Ghaeltachta is láidre (ceantair Chatagóirí A), cé go bhfuil seasmhacht sa phobalteanga sna haoisghrúpaí is sine agus seasmhacht áirithe in aoisghrúpaí na dtuismitheoirí, tá brú ollmhór ar shealbhú agus ar labhairt shóisialta na Gaeilge i measc óige na dúthaí (an chéad ghlúin eile). Tá sé aitheanta gur gá don phleanáil teanga gréasán úsaide agus saibhrithe teanga a chruthú agus a thógaint ar bhonn práinneach don aos óg sna ceantair seo in iarracht an pobal teanga a thabhairt ar aghaidh glúin eile. Tá an creimeadh atá á

dhéanamh ar na pobail teanga i gCatagóir A na Gaeltachta (Corca Dhuibhne san áireamh) ag titim amach ag ráta níos tapúla ná mar a bhí á thuair i 2007 sa SCT. (Féach figiúirí sa Nuashonrú ar an SCT, 2015 do Chatagóir A, agus féach an chomparáid idir figiúirí Daonáireamh 2011 agus Daonáireamh 2016 thuas).

Tá **dhá phríomhdhúshlán** ag an gcuid is láidre de limistéar pleanála teanga Chiarraí Thiar (Dún Chaoin, Baile an Fheirtéaraigh, An Mhuiríoch agus an Fheothanach) más í aidhm na pleanála teanga go mbeidh glúin eile de chainteoirí nádúrtha laethúla/dúchais/baile Gaeilge ag teacht chun cinn. Ar an gcéad dul síos, níl **dlús an phobail** láidir a dhóthain ag leibhéal na **hóige** sa cheantar .i. tá na cainteoirí dúchais/baile Gaeilge sa bheagán i measc a bpobail féin fiú (féach Tábla 3.7 thíos). Is ionann cainteoirí dúchais/baile Gaeilge agus 34% de dhaltaí na mbunscoileanna sna ceantair is láidre sa LPT - 4 bhunscoil i gceantair Chatagóir A, faoi mar a thaispeánann Tábla 3.7 aleanas.

Tábla 3.7: Cúlra / Cumas Teanga na nDaltaí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna Chatagóir A LPT Chiarraí Thiar

	Iomlán daltaí sna scoileanna	Cainteoir Baile (An Ghaeilge in uachtar ag baile)	Gaeilge mhaith	Gaeilge Chuíosach	Ar Bheagán Gaeilge	Gan aon Ghaeilge
Iomlán daltaí sna scoileanna 2016-2017	167	57 (34.1%)	29 (17.4%)	58 (34.7%)	14 (8.3%)	9 (5.4%)

(Eolas bailitithe ó na scoileanna don Phlean Teanga, Feabhra 2017: Suibhré líonta ag Príomhoidí Scoileanna Gaeltachta Chiarraí Thiar maidir le cúlra/cumas teanga na ndaltaí Meán Fómhair 2016-2017)⁹

Taispeántar thuas gur 34% de dhaltaí na mbunscoileanna seo atá sa chuid is láidre den LPT ag a bhfuil an *Ghaeilge in uachtar mar theanga an teaghlaigh*. Tá 17% eile a bhfuil *Gaeilge mhaith* acu. Tá 49% de na daltaí a bhfuil *Gaeilge chuíosach* acu, atá ar *bheagán Gaeilge* nó atá *gan aon Ghaeilge*. Ní féidir leis an bpobal an teanga a sheachadadh ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile gan cur leis an dlús teanga sa phobal, níos mó den phobal a bheith ina gcainteoirí baile Gaeilge.

Anuas ar an ndúshlán líonmhaireachta seo (easpa dlúis sa phobal), tá dúshlán mór eile i gceist – **dúshlán an chumais nó an tsealbhaithe**. Níl ag éirí le dóthain den bheagán cainteoirí dúchais/baile atá ann an Ghaeilge a thabhairt leo go dtí an leibhéal cumais sin le go mbeidh siad féin compordach á labhairt nuair a shroicheann siad aois dheireadh na bunscolaíochta/tús na hiarbhunscolaíochta (Ó Giollagáin *et al*, 2007, Lenoach, 2012, Péteráry *et al*, 2014). Tarlaíonn sé seo toisc go mbíonn brú sóisialta orthu Béarla a labhairt ag aois an-óg sula mbíonn an deis acu spriocanna tábhachtacha a bhaint amach agus iad ag sealbhú na Gaeilge (Lenoach, 2012, Péterváry *et al*: 2014). Iompaíonn na cainteoirí dúchais/baile Gaeilge ar an mBéarla eatarthu féin fiú, de bharr na heaspa inniúlachta seo sa Ghaeilge agus de bharr na taithí sóisialta Béarla a fhaigheann siad sa chóras/sa phobal .i. a bheith meascáithe le daoine nach bhfuil compordach ag labhairt na Gaeilge. Ó bhlianta

⁹ Líon Príomhoidí na mBunscoileanna ar fad sa LPT an ceistneoir seo i mí Feabhra 2017 mar chuid den obair pháirce a bhí ar siúl do réiteach an phlean teanga (féach mír 4 le cur síos a fháil ar an obair pháirce ar fad a deineadh). Tá eolas faoi chúla teanga na ndaltaí sna bunscoileanna sna catagóirí eile le fáil i rannóg 3.5.2)

deireanacha na bunscolaíochta ar aghaidh, labhrann formhór den óige atá líofa sa Ghaeilge, Béarla eatarthu féin mar ghnáth-theanga chun ábhair dhoimhne, mothúcháin, gnáthchumarsáid agus gnáthshaol an duine óig/an déagóra a phlé (Ó Giollagáin *et al*: 2007: 26).¹⁰ Tá impleachtaí tromchúiseacha ag an dá mhórdhúshlán seo do thodhchaí an phobail teanga sna cheantair Ghaeltachta. Tá gach ceantar Gaeltachta eile, ar imeall na gcroíphobal, ag brath ar a tarlaíonn sa chroícheantar. Mura féidir pleanáil teanga uileghabhálach comhtháite a chur i bhfeidhm sna croícheantair, ní bheidh aon rath ar an bpleanáil teanga atá le déanamh in aon saghas ceantair Gaeltachta eile (Ó Giollagáin *et al*, 2007:28-30, Norris, M. agus Jantzen, L., 2002)

3.4. Gaeltacht Chorca Dhuibhne: Próifíl Shocheacnamaíocht: An Daonra

Tá an phleanáil teanga fréamhaithe sa phleanáil forbartha pobail/socheacnamaíocht trí chéile. Ní féidir bonn seasmhach a chur fén teanga sa phobal mura bhfuil bonn socheacnamaíocht láidir fén bpobal ar tús. Maidir le próifíl shocheacnamaíocht Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar, seo na príomhláidreachtaí agus laigí a tháinig chun cinn faoi Chorca Dhuibhne in anailís shocheacnamaíocht a deineadh ar an leithinis i 2015 d'Údarás na Gaeltachta (Ní Shéaghdha, 2015 d'Údarás na Gaeltachta).

- Is ceantar mór turasóireachta é leithinis Chorca Dhuibhne. Ceaptar gur c. 500,000 turasóir a thagann chun na leithinse gach bliain. Tá an turasóireacht chultúrtha an-luachmhar sa limistéar chomh maith. Ceaptar gur fiú €6-7 milliún sa bhliain gnó na gColáistí Samhraidh amháin sa cheantar.
- Is ceantar tuaithe iargúlta é leithinis Chorca Dhuibhne. Tá níos lú ná 500 duine ag maireachtaint sna toghcheantair ar fad seachas timpeall ar bhaile an Daingin. Sna toghcheantair An Daingean agus Na Gleannta is mó atá dlús an daonra.
- Tá príomhbhaile na leithinse, An Daingean, 30 míle ó mhórbhaile Thrá Lí (baile a raibh ráta dífhostaíochta an-ard aige - 27.4% - i gcomparáid leis an ráta náisiúnta 19% i 2011). Is bóthar tánaisteach, an N86, a cheanglaíonn an dá bhaile. Cé go bhfuil obair tosnaíthe anois chun an bóthar seo a uasghrádú, beidh tamall de bhlianta ann sula mbeidh sé sin curtha i gcrích.
- Tá infreastruchtúr lag sa limistéar, bóithre tánaisteacha agus seanchóras IT analóg fós i bhfeidhm i gceantair laistiar den Daingean. Ní féidir luas idirlín níos tapúla ná 1 Mb a fháil i gceantair áirithe. Tá pócaí ann le clúdach fón-soghluaiste an-lag agus bíonn custaiméirí 3 agus *Vodafone* gan chlúdach ar feadh tréimhsí go rialta. Tá plean á chur i bhfeidhm ag *Eir* chun uasghrádú a dhéanamh ar luas an leathanbhanda do cheantair áirithe sa limistéar agus súil é sin a bheith i bhfeidhm roimh dheireadh 2018.
- Fás an-bheag (3%) a tháinig ar dhaonra Chorca Dhuibhne idir 2002 agus 2011. Tháinig fás i bhfad níos mó ar an daonra náisiúnta (16%) agus ar dhaonra na bpobal iargúlta (10%) in Éirinn sa tréimshé chéanna.
- Bhí próifíl aoise an daonra i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar beagán níos sine ná an phróifíl aoise náisiúnta nuair a deineadh an chomparáid seo. Bhí an líon daoine atá idir 20-30 bliain i gCorca Dhuibhne íseal i gcomparáid leis na haoisghrúpaí eile agus bhí titim mhór san aoisghrúpa 0-14 bliana anseo idir 2002-2011.

¹⁰ Eascaínn an t-eolas seo ó cheist a cuireadh ar aos óg na Gaeltachta mar chuid den suirbhé a rinneadh orthu don Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch. Ceist 23: Na Cúiseanna go labhrann cainteoirí dúchais/líofa Gaeilge Béarla le cainteoirí dúchais/líofa Gaeilge eile. Catagóirí eile le fáil thíos i rannóg 3.5.2)

-
- Saolaíodh 17% de phobal Chorca Dhuibhne lasmuigh d'Éirinn (2011) agus d'ardaigh an ceatadán daoine a saolaíodh lasmuigh den tír idir 2002-2011.

Bhí céatadán níos airde de phobal Chorca Dhuibhne sna grúpaí is airde de na haicmí sóisialta ná mar a bhí ag leibhéal an chontae, go náisiúnta ná i gceantair Ghaeltachta eile ar nós ceantar Gaeltachta Dhún na nGall.

- Ba iad an tríghrúpa gairme is mó i gCorca Dhuibhne ná *Oibrithe Seirbhísí* (19% den phobal oibre), *Oibrithe Proifisiúnta*, *Teicniúla agus Sláinte* (19% eile den phobal) (múinteoirí, dochtúirí agus altraí san áireamh anseo) agus *Oibrithe Talmhaíochta, Coillte agus Iascaireachta* (18%). Tá 11% eile ag plé le *Trádáil agus Tráchtáil*.

- Bhí na tríú cuid den lucht oibre (oibrithe seirbhísí & lucht trádála/tráchtála) ag brath go mór ar an turasóireacht. B'obair sheasúrach í seo a bhfuil pá íseal ag baint léi go minic.

Bhí an cheathrú cuid den phobal oibre ag brath ar a bheith soghluaiste nó a thaistealaíonn amach ón leithinis dá gcuid oibre.

- Tá oideachas maith ar óghobal Chorca Dhuibhne. Ba iad na hábhair staidéir is mó atá ag céimithe ollscoile i gCorca Dhuibhne ná na hEolaíochtaí Sóisialta, Gnó agus Dlí, Oideachas agus Oiliúint Mhúinteoireachta agus Cúrsaí Sláinte agus Leasa.

- Bhí cumas i labhairt na Gaeilge ag 80% den phobal (os cionn 15 bl.) an uair seo cé nárbh í teanga an phobail í ach amháin i gcás cuid bheag den phobal (Ceantair Chat. A i measc grúpaí meánaosta agus níos sine). Bhí an cumas is airde sa Ghaeilge i measc oibrithe feirme agus iascairí ach ba iad na hoibrithe proifisiúnta, teicniúla agus sláinte ba mhó a labhair an Ghaeilge go laethúil.

- Bhí teanga eile iasachta ag 8% de phobal Chorca Dhuibhne. Fraincis agus Gearmáinis an dá theanga is mó atá i gceist. Ba í an Liotuáinis an teanga baile is coitianta i gCorca Dhuibhne i ndiaidh an Bhéarla agus na Gaeilge.

- Bhí céatadán ard de thithe Chorca Dhuibhne ina dtithe saoire. Ag cur céatadán na dtithe saoire agus na dtithe folamha le chéile i gCorca Dhuibhne, is ionann é sin agus 42% den tithíocht iomlán atá sa limistéar.

3.5. Cur síos ar an Limistéar de réir na réimsí Pleanála Teanga/Forbartha Pobail: Na Tacaíochtaí

Ní mór don phleanáil teanga a bheith uileghabhálach sna réimsí pleanála teanga/forbartha pobail chun dul i ngleic leis an ndúshlán teanga/pobail atá mínithe i mír 3.3. Ní mór don phleanáil teanga díriú ar phleanáil shocheacnamaíoch chomh maith céanna chun deileáil leis na dúshláin atá sonraithe thuas in 3.4. Caithear deiseanna fostaíochta, tithíochta agus maireachtála a chur ar fáil do phobal Gaeltachta Chiarraí Thiar chun an pobal a bhuanú ar an gcéad dul síos.

Tá tacaíochtaí maithe i réimsí áirithe fobartha pobail/pleanála teanga i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar cheana féin gur féidir a fhorbairt agus tógaint orthu agus réimsí eile pleanála teanga/pobail gur gá a fhorbairt ó bhonn. Is gá an obair seo a dhéanamh ar bhonn comhtháite sa leithinis i gcomhpháirtíocht le coistí forbartha pobail eile agus leis na páirtithe leasmhara ar fad sna réimsí éagsúla pleanála teanga agus pobail.

3.5.1 Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh/Teanga agus Seirbhísí Cúraim Leanaí

Cuireann an **Scéim Tús Maith/Oidhreacht Chorca Dhuibhne** tacaíocht theangalárnaithe ar fáil i réimse tacaíochta teaghlaigh/teanga sa Limistéar. Reáchtálann Tús Maith Grúpaí Súgartha do thuismitheoirí

agus leanaí i mBaile an Fheirtéaraigh, An Fheothanach, An Daingean, Clochán-Bhréanainn agus i Lios Póil. Reáchtálar Scléip an tSathairn do chlanna atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge uair sa mhí i mBaile an Fheirtéaraigh agus an ceantar máguaird. Tá scéim **Cuairteoirí Baile** á reáchtáil chun tacú le clanna úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa bhaile agus déanfar athbhreithniú ar an scéim sin in ullmhú an phlean ghníomhaíochta a chuirfear le chéile chun an Plean Teanga a fheidhmiú. Bheadh sé i gceist na seirbhísí seo ar fad a fhorbairt ar bhonn níos leithne sa LPT agus a láidriú agus a mhéadú sna croícheantair le maoiniú ón bpróiseas pleanála teanga. Faigheann na seirbhísí seo maoiniú iomlán stáit i láthair na huaire mar a míníodh roimhe seo i Mír 2 agus is é mian láidir na hOidhreacht a cur leis na seirbhísí seo le breismaoinithe.

Tá roinnt mhaith **cúramóirí leanaí** ag feidhmiú sa LPT ag tabhairt aire do leanaí ina dtithe féin go príobháideach. Tá dhá sheirbhís cúram leanaí á reáchtáil i bhfoirgintí poiblí sa cheantar, ceann gur gnó príobháideach é i bhfoirgneamh Áiseanna na hÓige sa Daingean agus ceann eile atá á reáchtáil go hiomlán trí Ghaeilge ag **Comhar Naíonraí na Gaeltachta san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh** i mBaile an Fheirtéaraigh. Bheadh sé i gceist comhoibriú le riarthóirí na seirbhísí seo agus iad a fhorbairt ar mhaithe le spriocanna an phlean teanga a bhaint amach ar fud an LPT, le maoiniú ón bpróiseas pleanála teanga.

Tá **Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/Teanga** tógtha i mBaile an Fheirtéaraigh ó 2015 le maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hinfeistíocht ó Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne. Tá súil an t-ionad seo a fhorbairt chun réimse leathan seirbhísí tacaíochta teaghlaigh teangalárnaithe a chur ar fáil do phobal Iarthar Dhuibhneach má mhaoineáir an togra fén bpróiseas pleanála teanga. Is obair dheonach atá i gceist le roinnt mhaith den obair faoi láthair, rud a chuireann bac ar an bhforbairt ar na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh/teanga (féach Bearta 6.3)

Tá Ionad Príomhchúraim ag **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** sa Daingean. Cuireann siad seirbhísí príomhchúraim ar fáil do phobal an LPT – banaltraí pobail, teiripe urlabhra, oibrithe sóisialta, fisiteiripe, seirbhís dochtúirí teaghlaigh, fiacloirí agus seirbhís tástála forbartha do leanaí réamhscoile. Níl aon pholasaí ag an eagraíocht a chinntíonn go gcuirfear na seirbhísí seo ar fáil trí Ghaeilge ach triaileann siad seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge nuair a bhíonn éileamh orthu, d'aoisigh an phobail ach go háirithe. Maidir le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, is iad na banaltraí pobail is mó a bhíonn ag déileáil le clanna agus leanaí na dúthaí agus an teirpeoir urlabhra a dhéileálann le leanaí le deacrachtaí urlabhra. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil trí Ghaeilge más féidir nuair a dhéantar éileamh air. Tá Gaeilge ag roinnt de na dochtúirí teaghlaigh atá ag obair sa Daingean faoi láthair ach ní polasaí de chuid an FSS atá i gceist anseo.

3.5.2. An Córas Oideachais i gCorca Dhuibhne (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Tá sé sheirbhís réamhscolaíochta (Naíonra) lán-Ghaeilge á reáchtáil sa LPT ag **Comhar na Naíonraí Gaeltachta** (Baile an Fheirtéaraigh, An Fheothanach, Ceann Trá, An Daingean, Lios Póil agus An Clochán). Is seirbhísí teangalárnaithe iad seo a fhreastlaíonn ar leanaí réamhscolaíochta. Is 88 leanbh ar fad a bhí ag freastal ar na seirbhísí seo go léir i 2016 (Meán Fómhair 2016-7). Ag tosnú amach i 2016, is mar seo a bhí cúlra/cumas teanga na ndaltaí.

Tábla 3.7: Cúlra/Cumas teanga na ndaltaí a thosnaigh i Naíonraí Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar i Meán Fómhair 2016

Iomlán daltaí na Naíonraí 2016-2017	Cainteoirí Dúchais	Gaeilge mhaith	Ar Bheagán Gaeilge	Tuiscint ar an nGaeilge	Gan Tuiscint ar an nGaeilge
88	20%	6%	41%	17%	16%

(Eolas ó CNNG: 2017)

Tá dhá sheisiún Montessori (dátéangach/trí Bhéarla) á reáchtáil in Ionad Áiseanna na hÓige sa Daingean.

Tá **11 bhunscoil** Ghaeltachta lonnaithe i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (Baile Seirbhíse an Daingin san áireamh). Seo a leanas liosta na scoileanna.

Ceantair Chatagóir A

Scoil Naomh Gobnait, Dún Chaoin
Scoil Naomh Uinseann, Baile an Fheirtéaraigh
Scoil Naomh Eirc, An Fheothanach
Scoil Mhaoilcéadair, An Mhuiríoch

Ceantair Chatagóir B/C

Scoil Cheann Trá, Ceann Trá
Scoil Chaitlíona, Cill Mhic an Domhnaigh, Ceann Trá
Scoil Eoin Baiste, LiosPóil
Bunscoil an Chlocháin, An Clochán, An Leith Triúch
Scoil an Ghleanna, Na Gleannta, An Daingean
Scoil Iognáid Rís, An Daingean
Scoil an Chlochair, AnDaingean

558 dalta a bhí ag freastal ar na scoileanna seo ó Mheán Fómhair 2016 - Meitheamh 2017. Tá ceithre cinn acu lonnaithe i gceantair Chatagóir A, 4 bhunscoil lonnaithe i gcatagóir B agus 3 scoil eile i gCatagóir C LPTCT de réir Chatagóirí Daonáireamh 2016.

Tábla 3.8 Líon iomlán na mbunscoileanna agus na ndaltaí i LPTCT de réir Catagóire

Iomlán Scoileanna/Daltaí	Catagóir A	Catagóir B	Catagóir C
11 Scoil	4 scoil	4 Scoil	3 Scoil
558 dalta	167 dalta	220 dalta	171 dalta

(Eolas bailithe ó na scoileanna, ceistneoir ar Phríomhoidí Feabhra 2017)

Tá cumas agus cúlra teanga na ndaltaí ag brath ar an gceantar teanga ina bhfuil an scoil suite. Taispeánadh thuas i dTábla 3.7 gurb ionann na daltaí gur cainteoirí baile/dúchais Gaeilge iad agus an

tríú cuid d'iomlán na ndaltaí sna ceantair is láidre Gaeilge sa dúthaigh (Cat. A). I gcatagóir B, tá c.10% de na daltaí ina gcainteoirí laethúla baile agus i gcatagóir C tá níos lú ná 5% de na daltaí a bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga baile (eolas bailithe ó na scoileanna, Feabhra 2017).

- I measc na Scéimeanna Tacaíochta Teanga a riarann **Oidhreacht Chorca Dhuibhne/CFCD** sna bunscoileanna, tá Scéim na gCúntóirí Teanga sna bunscoileanna (le maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta). Scéim í seo a bunaíodh sa cheantar seo an chéad lá riamh chun tacú le daltaí nach raibh cúlra acu sa Ghaeilge. Beidh athbhreithniú iomlán á dhéanamh ar an scéim seo fén bPolasaí don Oideachais Gaeltachta (2016) agus táthar ag súil go mbeidh clár saibhrithe teanga i gceist chun tacú le cainteoirí baile chomh maith céanna le foghlaimoirí ar fud an LPT. Tá mórán scéimeanna tacaíochta eile ag OCD ag feidhmiú sa chóras oideachais – Scéimeanna Scéalaíochta/Amhránaíochta/ Scríbhneoireachta le maoiniú faoi scéimeanna Ealaín na Gaeltachta. Beifear ag súil tógaint ar na scéimeanna seo tríd an bpróiseas pleanála teanga agus tá mórán oibre pleanála teanga eile i réimse an oideachais gur mhaith le pobal Chorca Dhuibhne a bhaint amach mar chuid den phróiseas dá gcuirfí maoiniú ar fáil d'Feidhmeannach Oideachais (féach bearta 6.4.1 – 6.4.21).

- Tá **iarbhunscoil amháin** sa LPT atá ag freastal ar an bpobal áitiúil – Pobalscoil Chorca Dhuibhne agus tá iarbhunscoil chónaithe lán-Ghaeilge do chailíní i mBaile an Ghoilín, An Daingean. Téann formhór na ndaltaí ó bhunscoil an Chlocháin ar aghaidh go dtí Meánscoil an Leith Triúigh i gCaisleán Ghriaire (scoil atá lasmuigh den Ghaeltacht agus atá ag feidhmiú trí Bhéarla).

- Cuireann Pobalscoil Chorca Dhuibhne oideachas lán-Ghaeilge ar fáil do phobal Chorca Dhuibhne agus cuirtear clár tacaíochtaí ar fáil do dhaltaí a thosnaíonn ar bheagán Gaeilge – An Droichid. Tá na dúshlain chéanna ag Pobalscoil Chorca Dhuibhne sároideachas lán-Ghaeilge/Gaeltachta a chur ar fáil do dhaltaí iarbhunscoile agus atá ag iarbhunscoileanna Gaeltachta eile (Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta, 2005). Tá clár forbartha Gaeilge i bhfeidhm sa scoil, Comhordaitheoir Gaeilge fostaithe sa scoil, le tacaíocht ó Roinn na Gaeltachta, agus beifear ag súil forbairt a dhéanamh ar thacaíochtaí agus dul i ngleic le mórdhúshláin an oideachais iarbhunscoile Gaeltachta le tacaíocht ón bpróiseas pleanála teanga agus ón bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (féach bearta mír 6.4).

- Tá ionad ag **Ollscoil na hÉireann, Corcaigh** sa LPT (Dún Chíomháin, Baile an Fheirtéaraigh) agus iad ag oibriú i gcomhar leis an bpobal agus le Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne chun cúrsaí aosoideachais trí Ghaeilge a chur ar fáil sa dúthaigh. Bíonn mic léinn ó COC ag freastal ar chúrsaí Gaeilge/Cultúir i nDún Chíomháin gach deireadh seachtaine i rith na bliana acadúla. Tá mórán bearta forbartha eile agus pleanáil chomhtháite go bhféadfaí a fheidhmiú le tacaíocht ón bpróiseas pleanála teanga (Bearta 6.4).

3.5.3 Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais i gCorca Dhuibhne

- Cuireann **Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne/Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh** mórán deiseanna foghlama teanga ar fáil don phobal lasmuigh den chóras oideachais. Tá clár leathan Cúrsaí Gaeilge á reáchtáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne i mBaile an Fheirtéaraigh agus sa Daingean ar bhonn seachtainiúil. Bíonn ranganna rialta ann do thuismitheoirí chun an deis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim chomh maith. Cuireann Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh coláistí samhraidh trí Ghaeilge ar fáil don óige agus do dhaoine fásta. Reáchtálann **Comhairle Contae Chiarraí** i gcomhar le **hOidhreacht Chorca Dhuibhne, Dún Chíomháin** agus **Údarás na Gaeltachta, BOOCH** (Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí – Cúrsa

Gaeilge TEG sa Daingean ar bhonn seachtainiúil. Tá mórán forbartha ar obair oideachais na hOidhreachta go bhféadfaí a bhaint amach le maoiniú ón bpróiseas pleanála teanga (bearta 6.5)

- Reáchtálann CFCD gnó na **gColáistí Samhraidh** chun Gaeilge a mhúineadh do dhaltai iarbhunscoile sa samhradh agus d'ábhair oidí na gColáistí Oiliúna i rith na bliana. Is gnó é seo gur fiú 6 milliún é don gheilleagar áitiúil. Tá mórán bearta gur mhaith le Coláistí Chorca Dhuibhne a fhorbairt, le maoiniú ón bpróiseas pleanála teanga.

- Tá oifig agus foireann nua ag **Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí** sa Daingean agus cúrsaí nua san oideachais d'aoisigh agus don phobal á bhforbairt acu. Is é misean BOOCH, i gcomhair le gníomhaireachtaí oideachais agus oiliúna eile agus le comhlachtaí fobartha pobail, sochaí foghlama a chruthú agus a fhorbairt. Tá suim acu i réimse na hóige chomh maith agus tá mórán oibre gur mhaith le BOOCH a dhéanamh i gcomhpháirt le feidhmeannaigh pleanála teanga an limistéir i réimse an oideachais agus i réimse na hóige faoi mar atá léirithe i mBearta 6.4, 6.5 agus 6.6.

3.5.4 Seirbhísí Óige don Aos Óg agus d'aoisghrúpaí eile

- Níl aon tseirbhís/chlub óige sa LPT á reáchtáil ar bhonn leanúnach trí Ghaeilge d'óige an LPT. Is iad **KDYS** (Kerry Diocesan Youth Services) is mó a chuireann seirbhísí ar fáil don óige i gCorca Dhuibhne faoi láthair, lasmuigh de na cumainn spóirt agus caitheamh aimsire (ag brath ar obair dheonach don chuid is mó). Tá **Óige na Gaeltachta (Muintearas)** ag iarraidh stráitéis a chur chun cinn don óige sa cheantar faoi láthair i gcomhar leis an **mBord Oideachais agus Oiliúna/Oidhrecht Chorca Dhuibhne**. Níl aon pholasaí Gaeilge ag an eagraíocht KDYS a reáchtálann an t-aon Chlub Óige atá á reáchtáil sa LPT i gCeann Trá.

- Seirbhísí d'Aosaigh an Phobail – Cuireann **FSS** roinnt seirbhísí ar fáil as Gaeilge. Eagraíonn an **Ionad Tacaíochta Teaghlaigh** dinnéar/ócaid as Gaeilge uair sa choicís d'aoisigh i bparóiste an Fheirtéaraigh. Bíonn ócáid sheachtainiúil d'aoisigh in **Ionad Caitliona** i gCeann Trá. Tá súil ag CFCD forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí d'aoisigh an phobail sa dúthaigh le mórthacaíocht ón bpróiseas pleanála teanga chun freastal níos fearr agus níos forleithne a dhéanamh ar aosaigh an phobail ar fud an limistéir.

3.5.5 An Earnáil Gnó, forbairtí geilleagracha & tionsclaíocha agus an Turasóireacht Chultúrtha i gCorca Dhuibhne

- Is é **Údarás na Gaeltachta** an eagraíocht stáit atá freagrach as forbairt eacnamaíochta na Gaeltachta. Cothaíonn siad agus maoiníonn siad forbairtí fiontraíochta agus tionscnaimh cruthaithe fostaíochta sa Ghaeltacht. Tá oifigí réigiúnda na Mumhan acu i bpríomhbhaile an Limistéir Pleanála Teanga, An Daingean. Tá thart ar dharéag fostaíthe ann; cuid acusan daoine óga atá ar scoláireachtaí oibre chun cabhrú leo taithí oibre a bhaint amach, i réimse na forbairte pobail, fiontraíochta agus pleanála teanga. Tá 572 duine fostaíthe ar bhonn lánaimseartha i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Corca Dhuibhne (2016). Cheadaigh an eagraíocht €666,049 de thograí gnó agus pobail sa cheantar Gaeltachta seo i 2016. Bíonn coinníoll teanga le gach maoiniú a thugtar (urraíocht, léasanna, deontais fostaíochta srl.) ach bíonn dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha san uaireanta. Tá mórán bearta go bhféadfaí a fheidhmiú i réimse an ghnó/na fostaíochta/na turasóireachta cultúrtha chun spriocanna an phlean teanga agus forbartha pobail seo a bhaint amach (mír 6 thíos), bearta a bhraitheann ar obair chomhtháite na bpáirtithe leasmhara agus dóthain maoinithe.

- Tá earnáil mhór gnó príobháideach i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar. Tá an Ghaeilge lárnach

i ngnónna áirithe agus is é an Béarla atá in uachtar i ngnónna eile.

3.5.6 *Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumann i gCorca Dhuibhne*

- Tá struchtúr láidir forbartha pobail/eagraíochtaí pobail i gCorca Dhuibhne. Tá Comharchumann agus Coistí Forbartha i bhfeidhm i roinnt mhaith de na paróistí le fada agus mórán obair forbartha pobail, teanga agus sóisialta ar siúl acu. Tá Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Comharchumann Dhún Chaoin, Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh mar aon le Coistí Forbartha Fhionn Trá, Coiste Pobail Lios Póil, Coiste an Duinín, Coiste Forbartha Bhaile na nGall agus Cumann Tráchtála an Daingin i measc na ngrúpaí forbartha atá ag feidhmiú sa dúthaigh. Tá réimsí leathan gníomhaíochtaí ar siúl agus imeachtaí á reáchtáil acu, ó Choláistí Samhraidh Chorca Dhuibhne (Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne agus Cúrsaí Gaeilge/Samhraidh ag Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh) go féilte áitiúla sna paróistí éagsúla (Coiste Pobail Lios Póil, Comharchumann Dhún Chaoin, Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh, Coiste Forbartha Bhaile na nGall, Coiste an Duinín). Bíonn an Ghaeilge in uachtar ag formhór na n-imeachtaí/ngníomhaíochtaí a chuireann roinnt mhaith de na heagraíochtaí/coistí pobail seo ar bun. Tá pleananna forbartha ag formhór na gcoistí seo agus beidh sé mar aidhm ag PT LPTCT go mbeidh comhoibriú iomlán idir obair forbartha na gcoistí seo agus an próiseas pleanála teanga. Go deimhin, baineann formhór na mbearta i mír 6 le gníomhaíochtaí atá le feidhmiú ar fud an LPT agus a thacóidh le cur i bhfeidhm pleananna forbartha agus feasachta teanga na gcoistí éagsúla (m.sh Plean Forbartha Chlocháin-Bhréanainn, Plean Feasachta agus Forbartha teanga Choiste Pobail Lios Póil, plean forbartha Chomharchumann Dhún Chaoin, forbairtí Choiste an Duinín agus Choiste Forbartha Bhaile na nGall.)

- Bíonn go leor tacaíochtaí á gcur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta do na Coistí agus na Comharchumann seo idir deontais reachtála, urraíocht, tacaíocht faoin scéim Fiontair Pobail. Riarann an tÚdarás na scéimeanna fostaíochta sa leithinis –ag cur seirbhísí éagsúla ar fáil dos na Coistí Pobail. Cuireann Ealaín na Gaeltachta (fo-chomhlacht eile de chuid an Údaráis, ar nós Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Óige na Gaeltachta/Muintearas) an-chuid tacaíochtaí ar fáil do Fhéilte agus imeachtaí eile, ar nós Scoil Cheoil an Earraigh.

3.5.7. *Na Meáin Chumarsáide i gCorca Dhuibhne*

- Is é stiúideo Raidió na Gaeltachta i mBaile na nGall an t-ionad is mó atá i réimse na meán cumarsáide Gaeilge i gCorca Dhuibhne. Tá 12 fostaíthe go háitiúil ag RnaG agus is 3 mhilliún an caiteachas atá acu in aghaidh na bliana chun ionchur a bheith acu sa sceideal náisiúnta a chuireann Raidió na Gaeltachta amach. Bíonn clár beo irise á chraoladh acu in aghaidh an lae (An Saol Ó Dheas) ó Bhóthar na Léinsí agus seirbhís nuachta laethúil, mar aon le Clár na bhFógraí agus cláracha ceoil. Tá smaointe ag foireann an Raidió do thograí saibhríthe teanga d'óige an phobail gur mhaith leo a fhorbairt mar chuid den phróiseas pleanála teanga (Beart 6.9.2).

- Tá comhlacht nua léirithe teilifíse, Aniar TV Teo., bunaithe i gCorca Dhuibhne (Fómhar 2017), agus tá oifigí chomh maith acu i gCasla i gConamara agus i nGaoth Dobhair i dTír Chonaill. D'fhás an comhlacht seo as na hiarrachtaí atá ar siúl ag TG4 dlús a chur leis an earnáil léirithe i nGaeilge trí chonarthaí ollsoláthar ceithre mbliana a thabhairt do chomhlachtaí. Beidh Aniar ag díriú sna blianta tosaigh ar sholáthar cláracha ceoil traidisiúnta agus cláracha faisnéise do lucht féachana TG4. Táthar ag súil go mbeidh deiseanna oiliúna agus roinnt fostaíochta ag teacht ón bhfiontar seo, áit a bhfuil ceathrar ag obair i gCorca Dhuibhne faoi láthair. Is tré mheán na Gaeilge atá an gnó á reáchtáil agus tá polasáí láidir teanga ag an gcomhlacht. D'fhás Aniar as an gcomhlacht Sibéal Teo i gCorca Dhuibhne agus an comhlacht Mordán i gCarna, Co. na Gaillimhe.

-
- Tá iriseoir de chuid TG4 fostaithe go háitiúil chun nuacht áitiúil agus eile a chlúdach.

3.5.8 Seirbhísí Stáit/ Poiblí i gCorca Dhuibhne

- Tá morán seirbhísí stáit á gcur ar fáil sa Limistéar Pleanála Teanga seo ag eagraíochtaí/grúpaí stáit difriúla ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Garda Síochána, An Post, Teagasc (An Roinn Talmhaíochta), Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá seirbhísí eile ar nós Leabharlann an Daingin agus an tIonad Athchúrsála á riaradh ag an rialtas áitiúil, Comhairle Contae Chiarraí. Tá dualgas reáchtúil ar na heagraíochtaí stáit/rialtas áitiúil freastal ar an bpobal Gaeltachta trí Ghaeilge má bhíonn scéim teanga aontaithe acu le Roinn na Gaeltachta. Tá scéim teanga aontaithe ag Comhairle Contae Chiarraí leis an Roinn ach níl ag na heagraíochtaí stáit eile sa cheantar agus tá formhór na seirbhísí seo á gcur ar fáil as Béarla amháin. Tá sé mar aidhm ag an bplean teanga níos mó éilimh a chothú i measc an phobail ar na seirbhísí seo go léir a chur ar fáil trí Ghaeilge.
- Seirbhísí Eaglasta – Tá seirbhísí eaglasta (**An Chomhairle Tréadach**) laistair de Dhaingean ag feidhmiú trí Ghaeilge. Tá Ceann Trá nascaithe le paróiste an Daingin do shacraimintí áirithe, ar nós an chóineartaithe agus bíonn sé sin i mBéarla. Bíonn Aifreann as Gaeilge uair sa mhí ar a laghad i Lios Póil.

3.5.9 An Rialtas Áitiúil: Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach i gCorca Dhuibhne

- Is í **Comhairle Contae Chiarraí** atá freagrach as rialtas áitiúil, as an bpleanáil agus as an bhforbairt fhisiceach i gCorca Dhuibhne.
- Tá Plean Forbartha Contae 2015-2021 i bhfeidhm faoi láthair chun an phleanáil a rialú sa chontae. Is é príomhaidhm Gaeltachta an phlean forbartha ná oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na gceantar Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chosaint mar theanga phobail.
- Tá Oifig na Gaeilge sa Chomhairle Contae lárnach i gcur i bhfeidhm spriocanna teanga na Comhairle, spriocanna atá dírithe ar sheirbhísí na Comhairle a chur ar fáil trí Ghaeilge agus ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht i gCiarraí a neartú.
- Maidir leis an bpleanáil, tá dualgas reáchtúil ar an gComhairle de réir an Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 céatadán de thithíocht in eastátanna príobháideacha sa Ghaeltacht a chur ar leataobh do chainteoirí Gaeilge (ag teacht leis an gcéatadán de chainteoirí leathúla atá sa phobal de réir an daonáirimh). Níl an cás céanna ag baint leis an tithíocht shóisialta. Níl aon chlásal i bhfeidhm a thugann tús áite do dhaoine le Gaeilge cead pleanála a fháil do thithe aonair sa Ghaeltacht. Tá sé mar aidhm ag PT LPTCT comhoibriú le Comhairle Contae Chiarraí in iarracht a dhéanamh cead pleanála a éascú do mhuintir na Gaeltachta ag baile. Tháinig sé chun cinn le déanaí (Samhain 2017, FOI TG4) nach bhfuil an dualgas reáchtúil atá ar Chomhairle Contae Chiarraí maidir le coinníoll teanga ar thithíocht in eastátanna príobháideacha á chomhlíonadh acu sa limistéar (Tuairisc Nuachta TG4 Dé hAoine 10 Samhain 2017).

3.5.10 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Tá iliomad seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire ar fáil d'óige agus do phobal Chorca Dhuibhne. Braitheann teanga na n-imeachtaí seo ar an eagraíocht/club/cumann atá á reáchtáil. Tá réimse leathan seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire ar fáil trí Bhéarla i mbaile an Daingin. I measc na n-eagraíochtaí is mó a chuireann ócáidí caitheamh aimsire rialta ar fáil trí Ghaeilge, tá Oidhreacht

Chorca Dhuibhne, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Cumann Caide na Gaeltachta, Cumann Ban Chorca Dhuibhne, An Lab, agus Aisteoirí Bhréanainn.

- Maidir le spórt agus caitheamh aimsire d'óige na dúthaí, is ar bhonn deonach atá cuid mhaith de na clubanna seo ag feidhmiú agus is ag brath ar am daoine deonacha atá siad. Is i mBéarla a bhíonn a lán den spórt agus caitheamh aimsire rialta curtha ar fáil don óige (m.sh snámh, seoltóireacht, sacar, marcaíocht capall, karate, ballet, cispheil, rugbaí). Tá polasaí láidir Gaeilge ag Cumann Caide na Gaeltachta/ Cumann Ban Chorca Dhuibhne agus tá polasaí teanga ag Cumann Gailf Cheann Sibéal agus ag Cumann Rugbaí Chorca Dhuibhne. Bheadh sé mar aidhm ag an bplean teanga tacaíocht teangalárnaithe a sholáthar do na clubanna seo agus iarracht a dhéanamh níos mó roghanna caitheamh aimsire trí Ghaeilge agus traenáil a chur ar fáil d'óige an limistéir.
- Tá compántas láidir drámaíochta Gaeilge sa cheantar do dhaoine fásta, Áisteoirí Bhréanainn (eagraíocht dheonach). Tá compántas drámaíochta, an Beehive Theatre, lonnaithe sa Daingean a chuireann mórán imeachtaí drámaíochta, ceoil agus rince ar siúl, ranganna dramaíochta do leanaí san áireamh. Is trí Bhéarla a reáchtálar na ranganna drámaíochta seo. Tá An Lab, comhlacht amharclannaíochta Gaeilge (a fhaigheann tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta) ag feidhmiú sa Daingean a reáchtálann drámaí agus ócáidí chultúrtha agus ealaíne trí Ghaeilge go rialta.
- Is áis luachmhar í Teach Siamsa na Carraige ach úsáid cheart a bhaint as. Níl sé ag feidhmiú in aon chor faoi láthair (de bharr easpa maoinithe). Cuireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne seisiúin/tréimhsí drámaíochta (as Gaeilge) ar siúl do leanaí ar bhonn rialta ach ba bhreá leo é seo a fhorbairt mar chuid den phróiseas pleanála teanga agus oibriú leis na heagraíochta eile chun clár dramaíochta leanúnach a chur sa tsiúl d'óige na duthaí trí Ghaeilge (Beart 6.6.2).
- Níl aon struchtúr comhtháite ó thaobh mhúineadh an cheoil agus rince traidisiúnta trí Ghaeilge sa limistéar ar bhonn rialta. Reáchtálar féile mhór cheoil traidisiúnta, Scoil Cheoil an Earraigh (le tacaíocht ón gComhairle Ealaín, ó Ealaín na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, IMRO agus Comhairle Contae Chiarraí), le linn bhriseadh leath-théarma i mí Feabhra gach aon bhliain i mBaile an Fheirtéaraigh agus tá an fhéile seo ag dul ó neart go neart gach aon bhliain. Tá múinteoirí príobháideacha ceoil in áiteanna difriúla sa limistéar ach níl aon struchtúr ceoil mar atá i gceantair Ghaeltachta eile (m.sh. An Gaelacadamh i gConamara) a chuireann ranganna ceoil agus amhránaíochta ar siúl ar bhonn seachtainiúil trí Ghaeilge d'óige na dúthaí in aon scoil cheoil amháin. Bheadh suim ag an gceanneagraíocht é seo a fhorbairt mar chuid den phróiseas pleanála teanga.

MÍR 4: LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN TEANGA

4.1. Réamhrá

Tá dhá chuid sa mhír seo, Cuid A agus Cuid B:

I **gCuid A** cuirtear síos ar an réamhphleanáil a deineadh ó 2011 i leith maidir le plean teanga a ullmhú agus a chur le chéile do Ghaeltacht Chiarraí Thiar, sular fógraíodh an plean féin. Tá sé tábhachtach an obair réamhullmhúcháin seo a rianú mar tugann sé léargas ar conas a cuireadh síolta an phróisis phleanála agus ar an obair thathagach a deineadh. Le linn na hoibre seo fuarthas léargas ar dhearcadh agus ar mhianta na gcoistí, na n-eagraíochtaí agus na gcumann i leith inmharthanacht na teanga agus moladh roinnt spriocanna agus gníomhaíochtaí.

I **gCuid B** ansin deintear cur síos ar an obair ullmhúcháin ó 2015 ar aghaidh. Léirítear anseo conas a tugadh fén bplean féin a ullmhú, conas a deineadh an taighde, na páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa phróiseas agus bolscaireacht dá réir.

CUID A: RÉAMHPHLEANÁIL 2011-2015

4.2. Réamhphleanáil: Sular fógraíodh an próiseas pleanála teanga

Is trí chur chuige comhpháirtíochta idir an cheanneagraíocht, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, an pobal féin agus na coistí agus na heagraíochtaí pobail a cuireadh an próiseas pleanála teanga seo ar siúl agus a éascaíodh saothrú an phlean féin.

Toisc go bhfuil taithí na mblianta ag an gceanneagraíocht ar phleanáil don teanga, féachadh chuige go gcuirfí tús luath ceannrúdaíoch leis an obair réamhphleanála. Cuireadh tús leis an bpróiseas réamhphleanála teanga i nGaeltacht Chorca Dhuibhne mar sin chomh fada siar le 2011-2012. Deineadh obair thathagach ar phlean forbartha agus plean teanga don leithinis mar thoradh ar shraith cruinnithe poiblí a d'eagraigh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne in Iarthar Dhuibhneach chun suirbhé a dhéanamh ar mhianta an phobail áitiúil i leith phlean teanga don dúiche. I mí Feabhra 2013 chuaigh taighdeoir i mbun oibre ar phlean forbartha phobalteanga a ullmhú.

4.2.1. Cur chuige

Deineadh teagmháil le 33 eagraíocht/coiste/institiúid, agus 27 gnó áitiúil, in Iarthar Dhuibhneach atá ag plé le réimse na pleanála teanga. Lorgaíodh cruinniú leo chun cur i láthair gairid a dhéanamh dóibh ar na dúshláin teanga agus fiafraí díobh cén chuid dá gclár oibre a d'fhéadfaidís a chur in oiriúint chun tacú le príomhaidhm na pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Ag na cruinnithe seo, míníodh cén aidhm a bhí leis an bpróiseas seo agus fáiltíodh roimh a gcuid smaointe agus moltaí maidir le forbairt na dúthaí, Iarthar Dhuibhneach, agus maidir le cur chun cinn na teanga ina réimse oibre féin.

Reáchtáladh cruinniú le gach eagraíocht/coiste/institiúid a ghlac páirt (féach Tábla 4.1). Is mórchruinniú amháin a eagraíodh do na gnónna a ghlac páirt (10 as an 27 ar deineadh teagmháil leo). Bhí an príomhthaighdeoir agus oifigeach ó fhoireann Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne i láthair mar áisitheoir ag na cruinnithe. Mhair gach cruinniú tuairim is uair a chloig. Reáchtáladh 34 cruinniú

ar fad idir mí an Mhárta 2013 agus Eanáir 2014 agus tar éis na gcruinnithe tugadh cuireadh do na grúpaí go léir aiseolas a chur thar n-ais go dtí an taighdeoir lena gcuid smaointe faoi fhorbairt a gcuid seirbhísí féin, a gcuid smaointe forbartha teangalárnaithe ar mhaithe lena réimse féin a fhorbairt i slí teanga lárnaíthe, agus cur síos ar na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil uathu ón bpróiseas pleanála teanga agus forbartha pobail ar mhaithe lena gcuid smaointe a chur i gcrích. Léiríonn an tábla a leanas, Tábla 4.1. na heagraíochtaí/coistí/institiúidí ar fad in Iarthair Dhuibhneach a ghlac páirt sa togra.

4.2.2 Páirtithe leasmhara a ghlac páirt in ullmhú an phlean

Ba í aidhm an Phlean Forbartha Pobail agus Teanga d'Iarthar Dhuibhneach 2013-2020 próiseas a thosnú chun Iarthar Dhuibhneach a fhorbairt i slí teanga lárnaíthe ag iarraidh stádas Gaeltachta Catagóir A a dhaingniú .i. cur le líon na gcainteoirí baile Gaeilge sa dúiche (.i. níos mó den phobal a mhealladh) agus gréasán tacaíochta d'úsáid agus do shaibhriú na teanga a láidriú don óige. Ag cloí le haidhm Chatagóir A na Gaeltachta, ba í aidhm teanga an phlean ná céatadán an phobail a úsáideann an Ghaeilge mar ghnáthurlabhra (go háirithe teaghlaigh atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge) a ardú chun go mbeadh dóthain den bpobal ann chun an teanga a sheachadadh go dtí an chéad ghlúin eile.

Réimse Pleanála	Príomhpháirtithe Leasmhara
An Phleanáil Teanga	Raidió na Gaeltachta (Baile na Gall), Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne
An Phleanáil Oideachais	Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Naíonra an Fheirtéaraigh, Naíonra Cheann Trá, Naíonra na Feothanaí, Scoil Dhún Chaoin, Scoil Bhaile an Fheirtéaraigh, Scoil Chill Maoilchéadair, Scoil Naomh Eirc, Scoil Cheann Trá, Scoil Chill Mhic an Domhnaigh, Dún Chíomháin (Ollscoil Chorcaí)
Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh (cúram leanaí, seirbhísí réamhscoile, seirbhísí comhairleoireachta teanga do theaghlaigh, seirbhísí iarscoile, gréasáin do thuismitheoirí agus leanaí le Gaeilge, seirbhísí comhairleoireachta réamhphósta agus réamhbhreithe, feachtas teanga do theaghlaigh, seirbhísí teiripe cainte agus síceolaíochta, agus seirbhísí na mbanaltraí poiblí	Coiste Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach, Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Seirbhísí Óige	Óige na Gaeltachta, KDYS (Kerry Diocesan Youth Services) agus Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
Seirbhísí Rialtas Áitiúil	Comhairle Contae Chiarraí
An Phleanáil Fhisiciúil	Comhairle Contae Chiarraí
An Fhorbairt Pobail	Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Coiste Forbartha Cheann Trá, Comharchumann Forbartha Dhún Chaoin
An Phleanáil d'fhorbairtí geilleagracha, tionsclaíochta agus gnólachtaí áitiúla	Údarás na Gaeltachta, agus cruinniú gnó le gnóthaí áitiúla laistiar den Daingean
Forbairt na turasóireachta cultúrtha/oideachais	Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Comharchumann Turasóireachta Chorca Dhuibhne, Oifig Turasóireachta an Daingin

Seirbhísí Eaglasta	Comhairle Tréadach an Fheirtéaraigh
Cúram do sheandaoine	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Forbartha Fionn Trá
Cúram do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Seirbhísí Sláinte	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Dochtúirí Ionad Leighis an Daingin, Ospidéal an Daingin
Cúrsaí Spóirt agus Caitheamh Aimsire	Cumann Caide na Gaeltachta, Cumann Rugbaí Chorca Dhuibhne, Fánaithe Bhá an Daingin (Sacar), Cumann Gailf Ceann Sibéal

Tábla 4.1: Na páirtithe leasmhara de réir réimse a ghlac páirt sa réamhobair phleanála teanga in Iarthar Dhuibhneach

Tá torthaí na gcuinnithe sin agus léargas ar dhearcadh agus ar mhianta na gcoistí agus na n-eagraíochtaí agus na gcumann i leith inmharthanacht na teanga mar aon leis na spriocanna agus na gníomhaíochtaí a moladh le fáil sa tuarascáil *Plean Forbartha Pobail agus Teanga d'Iarthar Dhuibhneach 2013-2020 Réamhobair don bpróiseas Pleanála Teanga i Limistéar Chiarraí Thiar* (CFCD). Déanfar tagairtí do na gníomhaíochtaí sin atá mar chuid lárnach de na bearta teanga a bhfuil imlíniú déanta orthu i Mír 6 den phlean seo. **Tugadh na gníomhaíochtaí a luadh ag na cruinnithe sin suas chun dáta i mí Feabhra agus mí an Mhárta 2017 trí theagmháil a dhéanamh arís le mórán de na páirtithe leasmhara a bhí páirteach sna cruinnithe.**

Ullmhaíodh próifíl shocheacnamaíoch don cheantar chomh maith inar léiríodh na láidreachtaí agus laigí atá ann ar gá a chur san áireamh agus aon phleanáil ar siúl don dúthaigh. Tugadh léiriú sa phróifíl ar na dúshlán gheilleagracha agus infreastrúchtúir atá ag an bhforbairt shocheacnamaíoch ar gá dul i ngleic leo ar mhaithe le bonn inmharthanach eacnamaíochta a chur faoi phobal Chorca Dhuibhne agus faoi inmharthanacht na Gaeilge ann.

CUID B: AG ULLMHÚ PT Ó 2015 I LEITH

4.3 Fógairt an Phróisis Phleanála Teanga: Ag ullmhú don PT LPTCT

Nuair a fógraíodh an próiseas pleanála teanga, ceapadh Meitheal Pleanála Teanga i 2014 (féach Mír 2.2). Toisc gur deineadh obair na réamhphleanála in Iarthar Dhuibhneach, cinneadh go ndíreofaí ar obair lastoir den Daingean agus go ndéanfaí suirbhé ginearálta i measc an phobail ar dhearcadh agus ar úsáid na teanga sa LPT.

Tosaíodh ar phlean eile do na ceantair lastoir den Daingean, i bparóistí Lios Póil agus Chlochán-Bhréanainn i mí Aibreáin 2015. Tionóladh an chéad chruinniú de Choiste Forbartha Teanga Lios Póil ar an 6 Bealtaine 2015. Tá an Coiste Forbartha ionadaíoch ar eagrais agus ar chumainn dhifriúla an pharóiste sin. Cuireadh in iúl ag an gcuinniú sin go raibh fiche coiste ag feidhmiú sa pharóiste agus go bhféachfaí chuige go rachfaí i dteagmháil leis na coistí sin le go mbeadh ionchur acu sa phróiseas pleanála. Socraíodh go mbeadh cruinniú le hOifigigh na gcoistí go léir sa pharóiste ar an Luan an 25 Bealtaine chuige sin. Ag an gcuinniú sin, bhí ionadaithe ó na grúpaí pobail i láthair chun ceist na Gaeilge sa pharóiste a phlé mar chuid don phróiseas pleanála teanga. Ghlac ionadaí ó CFCD miontuairiscí. Leanadh le gnó na pleanála ina dhiaidh sin agus díríodh ar roinnt spriocanna agus bearta ar féidir a thabhairt chun críche agus bhí baill an Choiste Fhorbartha gníomhach ina mbun. Bhí cruinnithe ag an gCoiste Forbartha ar an 27 Feabhra, an 31 Bealtaine agus an 8 Deireadh Fómhair 2016 inar léiríodh an dul chun cinn chun na bearta pleanála a chomhaontú don phlean.

Tionóladh cruinniú pobail in Halla Le Chéile Chlochán-Bhréanainn ar an 21 Bealtaine 2015 faoi stiúir Chomharchumann Forbartha an Leith Triúigh chun tús a chur le próiseas na pleanála teanga. Le linn an chruinnithe sin a bhí ionadaíoch ar eagrais, ar chumainn agus ar choistí an pharóiste, léiríodh díograis agus suim maidir le stádas agus úsáid na teanga a neartú sa pharóiste.

In earrach na bliana 2016 cuireadh tús le plean forbartha do cheantar Chlocháin-Bhréanainn agus do Ghaeltacht an Leith Triúigh a chuimsigh taighde ar mhianta an phobail i leith na teanga. Foilsíodh an plean forbartha sin i mí na Bealtaine 2016 agus bunaíodh na bearta teanga atá sainithe i gcás Chlochán Bhréanainn ar thorthaí an phlean fhorbartha sin. Bhí cruinnithe ag an taighdeoir le hionadaithe ó Chomharchumann Forbartha an Leith Triúigh mí Aibreáin agus Meán Fómhair 2016 chun na bearta teanga a phlé agus a chomhaontú. Ina theannta san eagraíodh cruinnithe ionadaíocha le páirtithe leasmhara eile nach raibh curtha san áireamh sa réamhobair phleanála:

Comhar Creidmheasa an Daingin (Aibreán 2016)
Seirbhísí Óige (Deireadh Fómhair 2010/ Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí)
Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne (Eanáir 2017)
Mná Tí (Eanáir 2017)
Aisteoirí Bhréanainn (Eanáir 2017)
Seirbhísí Óige i gcomhar le KDYS and Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (Deireadh Fómhair 2016)
Ollscoil SHU (Sacred Heart University) Eanáir 2015
Muintearas (Cruinnithe 2016 agus 2017)
COGG (teagmhálacha agus cruinnithe 2017)
ROS – Aonad na Gaeltachta (téagmhálacha 2017)
Údarás na Gaeltachta (cruinnithe leanúnacha, teagmhálacha 2016-2017)
Oifig an Choimisinéara Teanga (teagmhálacha 2017)

Tábla 4.2. Páirtithe leasmhara 2016-2017

4.3.1. Conas a tugadh féin taighde

Cé go raibh bunachar sonraí i dtaobh cainteoirí Gaeilge sa LPT ar fáil cheana féin sa SCT (2007), Torthaí an Daonáirimh (2011) agus (2016) agus sa *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta* (2015), measadh, mar sin féin, go raibh gá leis na sonraí sin faoi úsáid na teanga a athnuachan agus a thabhairt suas chun dáta. Measadh mar sin go raibh gá le taighde príomha a dhéanamh.

Ó thaobh an taighde phríomhúla de, socraíodh go mbainfí úsáid as taighde cainníochtúil agus taighde cáilíochtúil araon chun teacht ar phictiúr ionadaíoch de na gnéithe seo a leanas a bhfuil fíorthábhacht ag baint leo i bpróiseas na pleanála teanga mar atá:

- [Dearcadh an phobail i leith na teanga;](#)
- [Cumas teanga phobal an limistéir;](#)
- [Nósmhaireacht an phobail maidir lena húsáid;](#)
- [Mianta an phobail ina leith.](#)

Tugadh faoi shonraí a bhailiú chomh maith a bhain leis na tacaíochtaí teanga a bhí ar fáil don phobal ó thaobh na teanga de.

4.3.1.1. Suirbhé ar líne

Mar sin ag druidim i dtreo thréimhse dheiridh an ullmhúcháin, cuireadh suirbhé ar fáil don phobal a bhí bunaithe ar an SCT. Úsáideadh an meán sóisialta *Facebook* chun an suirbhé sin a scaipeadh ar an bpobal. Cuireadh leagan Béarla agus leagan Gaeilge den suirbhé ar fáil. Cuireadh fógra faoi in iris fógraíochta *Corca Dhuibhne Beo* le linn mhí Eanáir chun eolas faoi a scaipeadh agus chun faisnéiseoirí a mhealladh. Ar deireadh líon níos mó ná ceithre chéad faisnéiseoir é.

4.3.1.2. Agallaimh leathstruchtúrtha

Toisc gurb é dlúthú na teanga sa phobal a labhrann í is móraidhm don phlean teanga sa LPT seo, socraíodh go gcuirfí agallaimh leathstruchtúrtha ar bhaill ionadaíoch a phobail seo chun tuiscint a fháil ar phróiseas seo an dlúthú teanga agus ar na cúiseanna atá leis agus ar na bearnaí atá le líonadh i gcaitheamh phróiseas na pleanála. Le cabhair agus ionchur agus treoir na ceanneagraíochta, deineadh áis-sampláil nó deis-sampláil chun teacht ar rannpháirtithe. Is éard is áis-sampláil ann ná roghnú faisnéiseoirí ionadaíoch a bhfuil teacht éasca ag an taighdeoir orthu le páirt a ghlacadh sa phróiseas taighde. Deineadh gach cúram de nach gcuirfeadh an áis-sampláil isteach ar an dtaighde ach go mbeadh na faisnéiseoirí a roghnaíodh oiriúnach agus ionadaíoch.

Chuir sin, díriodh ar na grúpaí seo ach go háirithe:

Teaghlaigh lán-Ghaeilge an LPT
Teaghlaigh Ghaeilge-Bhéarla an LPT
Teaghlaigh Bhéarla an LPT
Teaghlaigh ina bhfuil Gaeilge, Béarla agus teanga eile an LPT

Tábla 4.3. Agallaimh leathstruchtúrtha

Sna hagallaimh seo, tugadh deis do rannpháirtithe plé a dhéanamh ar a gcuid taithí agus tuairimí ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh, mar theanga pobail agus mar theanga scoile. Cuireadh fáilte roimh ábhair gan choinne a d'eascair ón bplé. Chuir an cur chuige seo go mór le saibhreas na faisnéise cáilíochtúla.

Shínigh na rannpháirtithe foirm eitice roimh ré a dhearbhaigh an toiliú feasach .i. gur chun críche taighde amháin an t-agallamh agus go rabhadar sásta páirt a ghlacadh ann ar choinníoll nach n-ainmneofaí iad ná a muintir ná aon duine ná aon áit a luafaí le linn an agallaimh sa tuarascáil ar an taighde. Stóráiltear na sonraí seo in áit shábháilte faoi láthair agus níl teacht ach ag an taighdeoir orthu agus scriosfar iad laistigh de bhliain. **Féachadh chuige nach luafaí aon fhíríc nó aon eolas bunaithe ar na hagallaimh a chuirfeadh an gheallúint seo a tugadh do na rannpháirtithe ó mhaith.**

Reáchtáladh na hagallaimh seo i dtithe cónaithe, i láthair oibre na rannpháirtithe féin, sa mheánscoil i gcás na scoláirí agus in oifig na ceanneagraíochta. Mhair gach agallamh idir 20-30 nóiméad agus deineadh clos-taifead orthu.

Tugadh liosta leideanna nó príomhphointí plé do na rannpháirtithe a stiúraigh an t-agallamh agus a thug scóip do na rannpháirtithe a gcuid scéalta a insint agus a gcuid taithí a roinnt.

Díríodh ar na mórcheistean seo le linn an agallaimh:

- Rogha an tuismitheora/na dtuismitheoirí a leanbh/a gcuid leanaí a thógaint le Gaeilge, cúiseanna agus cúinsí iomadúla an rogha sin
- Taithí na rannpháirtithe ar thógáil na leanaí le Gaeilge sa teaghlach agus sa phobal — na buanna agus na bagairtí a bhain leis an taithí sin.
- Tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus dúshlán reatha atá rompu

4.3.1.3. *Suirbhé agus agallaimh le daoine óga*

I mí na Nollag 2016, deineadh suirbhé i measc scoláirí Phobalscoil Chorca Dhuibhne faoina gcúlra teanga sa bhaile. Is í an scoil féin a dhein an suirbhé a dhearadh agus a riaradh. Deineadh dhá shuirbhé, ceann amháin i measc scoláirí bhlianta 1-3, (**Suirbhé A** - 113 dalta ar fad) agus ceann eile, **Suirbhé B** i measc blianta 4-6 (idirbhliain agus an tsraith shinsearach-), 130 dalta ar fad).

Ina theannta san reáchtáladh dhá ghrúpa fócais le linn gnáthlá scoile ag deireadh mhí Eanáir 2017 le:

Scoláirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Gaeilge;
Scoláirí (15 go 16 bliana d'aois) atá á dtógáil le Béarla.

Mhair an grúpa fócais 19-21 nóiméad. Bhí cúigear i ngach grúpa ón gcúigiú bliain. Shínigh na rannpháirtithe foirm eitice roimh ré, a dhearbhaigh gur do chríche taighde amháin an t-agallamh agus go rabhadar sásta páirt a ghlacadh ann ar choinníoll nach n-ainmneofaí iad ná a muintir ná aon duine ná aon áit a luafaí le linn an agallaimh, sa tuarascáil ar an taighde.

4.4 **Bolscaireacht, poiblíocht agus feasacht**

4.4.1. *Cruinnithe poiblí*

Mar a míníodh thuas, ba le linn na tréimhse réamhphleanála a cuireadh tús i ndáiríre le cothú na feasachta i leith an ghá a bhí le planáil teanga a thosnú sa LPT. Eagraíodh sraith cruinnithe poiblí chun suirbhé a dhéanamh ar mhianta an phobail áitiúil i leith phlean teanga don dúthaigh. Mar a luadh, tionóladh cruinnithe poiblí sa chaoi chéanna i Lios Póil i gcomhar le Coiste Forbartha Lios Póil agus i gClochán-Bhréanainn faoi stiúir Chomharchumann Forbartha an Leith Triúigh i samhradh na bliana 2015. **D'fheidhmigh na cruinnithe seo mar fhóraim fheasachta teanga agus poiblíochta** mar ag na cruinnithe seo, míníodh cén aidhm a bhí leis an bpróiseas planála teanga agus scaipeadh eolas ar an bpobal faoina raibh i gceist le próiseas na planála agus leis an bplean féin.

4.4.2. *Pleanáil ar leithligh i gcomhair na feasachta*

De bharr na gcruinnithe ar tagraíodh dóibh thuas, bhí an scéal scaipthe i measc an phobail go rabhthas ag ullmhú plan teanga. I dtreo is go mbeadh tuiscint níos iomláine ag an bpobal ar phróiseas na planála féin agus ar a lárnaí is a bhí a rannpháirtíocht ghníomhach féin ann, leagadh amach plan feasachta teanga don gceanneagraíocht a dhírigh ar aird an phobail a dhíriú ar a thábhachtaí is a bhí a rannpháirtíocht ghníomhach d'éifeacht an phlean. Sainíodh trí thréimhse san fheachtas feasachta agus poiblíochta seo:

An tréimhse roimh fhoilsiú an dréachtphean
An tréimhse le linn foilsiú an dréachtphean agus le linn an chomhairliúcháin phoiblí
Tréimhse an fhorfheidhmithe

Ba iad seo a leanas na haidhmeanna a bhain leis an bpoiblíocht le linn na tréimhse roimh fhoilsiú an phlean:

1. Muintir na leithinse a chur ar an eolas faoi cad is plean teanga ann
2. Cur ina luí ar dhaoine seachtain i ndiaidh seachtaine gur ón bpobal a tháinig/ a thagann/ a thiocfaidh an plean — gur leosan an plean
3. Cur ar a súile don phobal riachtanais agus seasamh páirtithe leasmhara éagsúla — scéalta ón seomra ranga, scéalta ón naíolann, scéalta ón bhfeirm, scéalta idirnáisiúnta, cásanna staidéir, scéal ón gcistin etc.
4. Leanúnachas na teachtaireachta céanna (is leat an plean agus an teanga) a chur abhaile ar dhaoine seachtain i ndiaidh seachtaine

Mar an chéad chuid den phlean feasachta agus poiblíochta seo díriodh ar:

Ailt rialta i gCorca Dhuibhne Beo
Suíomh idirlín Tobar Dhuibhne
Físeán ar an bplean teanga

4.4.3. Corca Dhuibhne Beo

Is nuachtiris fógraíochta saor in aisce í *West Kerry Live/ Corca Dhuibhne Beo* a bhíonn ar fáil sna siopaí agus sna gnónna ar fud an LPT. Foilsítear ailt as Gaeilge agus as Béarla inti go seachtainiúil. Foilsíodh na hait seo a leanas ann le linn na tréimhse ullmhúcháin:

Seo alt amháin a foilsíodh ann, cuir i gcás:



Cad is plean teanga ann?

Tá cloiste ag gach duine ag an bpointe seo fén bplean teanga don Ghaeilge sa dúiche seo. Eisíodfar an plean teanga ag deireadh na bliana seo, mar sin, tá sé tábhachtach tuiscint chruinn bheith againn ar cad is plean teanga ann. Anseo tugtar freagra arhomair ar an gceist sin: Cad is plean teanga ann?


Bionn orainn go léir pleanáil a dhéanamh gach lá, ó phleanáil do bhóilí, do lachta saire go pleanáil do oideachas ár gnuid leanaí. Ní mór pleanáil a dhéanamh do theangacha choenb maitha céanna. Fiú i gcás na mórtheangacha domhanda ar nós an Bhéarla agus na Spáinnise, bíonn pleanáil leanúnach ar siúl maidir le téarmaí nua a chumadh do réimsí mar theicneolaíocht, ríomhaireacht agus leighas nuair a chruthaítear rud nua.

I gcás teangacha atá timpeallaithe ag mórtheangacha domhanda agus i gcás teangacha atá faoi bhagairt a mbáis, bíonn gá le sáorpleanáil chun úsáid na theangacha sin a neartú, a leathnú agus a bhuanú.

Sin atá ag tarlú i gcás na Gaeilge anseo. Tá gá le plean a chur le chéile chun go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail agus i dtreo is go mboidh líon na daoine a úsáideann go laethúil i ag fás de shíor. Sin an chúis gur leag Acht na Gaeilge 2012 próiseas pleanála teanga amach don Ghaeltacht. Faoi Acht seo, tá na ceantair Ghaeltachta ag cur plean teanga le chéile.

Tá an próiseas seo ar siúl i gCorca Dhuibhne le tamall anuas. Reachtladh fócasghrúpaí le páirtithe leasmhara agus sainíodh spriocanna atá le baint amach tríd an bplean. Beidh tréimhse cuíosach fada chun na spriocanna sin a chur i bhfeidhm agus muna bhfuil ag éirí linn an spríoc a bhaint amach, beidh deis againn an spríoc a athrú nó spríoc eile a chur ina háit. Murab ionann agus pleananna eile a scríobhadh go dtí seo, is é an pobal féin atá ag cur an plean seo le chéile. Níl ann do theanga ná do phlean gan phobal. Déan deimhin de breis eolais a fháil fén bplean agus bíodh ionchur agat ann más suim toibcheáil na teanga.

Cé gur deineadh iarracht sna hailt an teachtaireacht a bheith gonta agus inléite agus gur cuireadh leagan aistrithe i mBéarla i gcónaí ina theannta, measadh chomh maith go raibh gá leis an teachtaireacht a chur i bhfriotal físeach le dul i bhfeidhm ar dhaoine nach léann fiú ailt ghearra. Ar an ábhar sin, foilsíodh cartúin le teachtaireachtaí follasacha iontu ó thaobh na teanga de agus ó thaobh na feasachta de i *West Kerry Live/Corca Dhuibhne Beo* chomh maith. Bhí sé mar aidhm ag na cartúin seo a dhear Dómhnaí Ó Bric i gcomhar leis an gceanneagraíocht dul i bhfeidhm ar an tsúil láithreach agus daoine a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna a bhain leis an rogha pearsanta a dheintear chun an teanga a úsáid nó gan í a úsáid. Tá sampla den dá chartún a úsáideadh anseo:



Fíor 4.1. Cartúin a foilsíodh i gCorca Dhuibhne Beo.

Tá cur síos i Mír 8 ar an obair leanúnach atá á déanamh chun feasacht PT a mhúscailt i measc phobal an LPT.

MÍR 5: TORTHAÍ AN TAIGHDE

5.1. Réamhrá

Cuirtear síos sa mhír seo ar phríomhthorthaí an taighde a deineadh leis agus ar na tátail a bhaineann leis maidir leis an bpleanáil teanga.

Tá torthaí an taighde leagtha amach mar seo a leanas:

An suirbhé ar líne	Mír 5.2
Na hagallaimh le tuismitheoirí	Mír 5.3
An suirbhé agus na hagallaimh le daoine óga	Mír 5.4

5.2. Torthaí an tsuirbhé ar líne

5.2.1. Eolas faoi chúlra na bhfaisnéiseoirí

Líon 432 faisnéiseoir an ceistneoir: Líon 208 (48%) faisnéiseoir as Gaeilge é agus 224 (52%) duine as Béarla é. Bhí freagra ar gach aon cheist i gcás 68.26% (142) na bhfaisnéiseoirí a líon as Gaeilge é agus bhí freagra ar gach aon cheist 50% (112) acu siúd a líon as Béarla é. Ba dhíol suntais nár thuairiscigh ach 52% d'fhaisnéiseoirí, beagnach a leath ar fad acu, go raibh a fhios acu go raibh plean teanga á ullmhu sa LPT. Bhí an céatadán seo i bhfad níos airde (67%) áfach i measc na bhfaisnéiseoirí a dhearbhaigh go raibh Gaeilge líofa acu. Is i measc na gcainteoirí líofa seo, (cainteoirí dúchais san áireamh is dócha) is mó atá an cur amach ar an bplean teanga.

Cuireann Tábla 5.1. síos ar phróifíl aoise na bhfaisnéiseoirí:

Aoisghrúpa	Líon na bhFaisnéiseoirí	Céatadán
17-25	42	9.66%
26-40	133	30.57%
41-55	150	34.48%
56-67	87	20.00%
67+	23	5.29%

Tábla 5.1. Próifíl na bhfaisnéiseoirí

Is léir gur daoine fásta den chuid is mó a líon an suirbhé seo; a bhformhór acu (65.95%) idir 25 agus 55 bliain, rud a chiallaíonn, leis an gcóhórt aoise sin ach go háirithe, gur beag tionchar a bheadh ag úsáid na teanga sa chóras oideachais ar na torthaí. Mná den gcuid is mó a líon an suirbhé; fuarthas ceistneoirí comhlánaithe - 39.58% ó fhir agus 60.42% ó mhná.

5.2.2. Úsáid agus cumas teanga

1. Chuir 9.5% d'fhaisnéiseoirí in iúl gur Gaeilge amháin a bhíonn á labhairt sa bhaile acu.
2. Thuairiscigh 17.2% go mbíonn níos mó Gaeilge ná Béarla in úsáid acu agus dúirt beagnach a leath díobh (48.1%) go n-úsáideann siad níos mó Béarla ná Gaeilge.
3. Béarla amháin a bhí á labhairt ag 23.3% d'fhaisnéiseoirí. Fágann sin go bhfuil thart ar deich faoin

gcéad de dhaoine a labhrann Gaeilge amháin sa bhaile agus is toradh tábhachtach é seo i gcás na pleanála teanga.

4. Anuas air sin, tá fianaise anseo chomh maith go bhfuil, ar an iomlán, an Ghaeilge á húsáid go minic nó go han-mhinic sa bhaile ag níos mó ná an ceathrú cuid (26.7%) de dhaoine a líon an suirbhé. Arís, is fíric inspéise í seo i gcomhthéacs phlean teanga a ullmhú mar léiríonn sé go bhfuiltear ag díriú ar thart ar cheathrú den daonra a bhfuil Gaeilge amháin nó níos mó Gaeilge ná Béarla acu.

5. Ó thaobh cumas teanga de, bhí céatadán suntasach ard (45.37%) d'fhaisnéiseoirí (194 as an 428 a d'fhreagair an cheist) a chuir in iúl go rabhadar líofa nó ina gcainteoirí dúchais, céatadán atá ag teacht leis an líon faisnéiseoirí a líon an suirbhé as Gaeilge agus a chuir in iúl go raibh a fhios acu faoin bplean teanga. Ba chainteoirí maithe iad 96 as 428 (22.42%) a d'fhreagair an cheist agus chuir 21.96% (94 as 428) in iúl go dtuigeann siad codanna de chomhráite. Ní raibh ach 5.67% nach dtuigeann ach cúpla abairt agus 3.27% nach bhfuil acu ach an focal fánach. Ní raibh ach seisear nó 1.40% i gceist nach raibh aon Ghaeilge in aon chor acu.

6. Dhearbhaigh 74.02% d'fhaisnéiseoirí, nó 302 as 408 a líon an suirbhé, gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Is cruthú é seo ar an dearcadh dearfach a bhí ag a bhformhór acu i leith na teanga. Bhí líon i bhfad níos lú, 13.48%, nó 55 as an 408, a chuir in iúl nach dteastaíonn a leithéid uathu. Ar an gcéad léamh d'fhéadfaí a áiteamh nach bhfuil an toradh comhsheasmhach leis an gceann a chuaigh roimhe .i. an céatadán ard 45.37% a chuir in iúl gur cainteoirí dúchais /líofa a bhí iontu. Nuair a bhíonn feabhsú teanga i gceist áfach, bíonn claonadh i bhféintuairisciú ar chumas teanga, fiú i gcás cainteoirí líofa, béim a chur ar an ngá le breis cruinnis agus saibhris. Ní gá gur léiriú ar easpa cumais atá sa toradh seo, mar sin.

5.2.3. Béarla á labhairt le cainteoirí Gaeilge eile

Ceistíodh faisnéiseoirí faoi cé chomh minic is a labharfaidís Béarla le duine a mbeadh a fhios acu go raibh Gaeilge ar a thoil aige/aici.

D'fhreagair 383 (88.65%) faisnéiseoir an cheist seo. Glactar leis gur cainteoirí líofa a bhíonn i gceist anseo. Labhraíonn líon an-ard acu (50.81%) Béarla le cainteoirí Gaeilge eile go laethúil nó go minic.

Go minic	35.76%
Ní chomh minic sin	15.05%
Riamh	7.29%
Níl aon aithne agam ar éinne i measc na ndaoine a mheascaim leo	0.7%

Tábla 5.2. Céatadáin a labhrann Béarla le cainteoirí Gaeilge.

Nuair a fiafraíodh díobh i dtaobh na gcúiseanna go labhróidís Béarla le duine a mbeadh a fhios acu go raibh Gaeilge aige/aici tugadh na freagraí seo a leanas (feic Tábla 5.3):

Chuireamar aithne ar a chéile imBéarla	21.14%
Níl muinín ag an duine eile Gaeilge a labhairt liom	12.01%
Níl muinín agam Gaeilge a labhairt leis/léi	34.20%
Is nós anois é	24.28%

Tábla 5.3. Céatadáin agus cúiseanna a labhartar Béarla le cainteoirí Gaeilge.

I gcás gur cainteoirí líofa Gaeilge a d'fhreagair seo, d'fhéadfadh, gur saghas traidisiún agus gnáth-nósmhaireacht fhadhbhunaithe atá i gceist san iompú seo ar Bhéarla i measc cainteoirí líofa. Baineann sé le ceist féinmhuiníne chomh maith. Bhí an cheist féinmhuiníne níos láidre i gcás na bhfreagróirí Béarla

Éilíonn an toradh seo feachtas feasachta le dul i bhfeidhm ar na cainteoirí chun an nósmhaireacht seo a bhriseadh agus a athrú i dtreo na Gaeilge. Tuigtear áfach nach n-athraíonn an fheasacht teanga féin mórán go minic ó thaobh patrúin úsáide teanga de. Ní gan dua a bhainfear a leithéid amach.

Ní leor an fheasacht inti féin. Caithfear “gá” a chothú d’úsáid na Gaeilge anuas ar an bhfeasacht agus sa bhreis uirthi. Tá sé fíordheacair iompar teanga a athrú nuair a bhíonn sé fadhbhunaithe. Tugann sé seo le fios, b’fhéidir go gcaithfear tosú leis an gcéad ghlúin eile chun an nósmhaireacht sin a chothú. É sin ráite, tá fianaise ann sa taighde seo áfach, go bhfuil nósmhaireacht an Bhéarla tar éis dul i gcion go mór cheana féin ar an nglúin óg. Tá gá chomh maith le feasacht ar leithligh a mhúscailt i measc daoine nach bhfuil dóthain misnigh acu an teanga a labhairt le daoine eile. Is dúshlán an-chasta é seo a bhfuil cúinsí pearsantachta, timpeallachta agus síceolaíochta laistiar de chomh maith le hinniúlachtaí teanga.

5.2.4. Minicíocht úsáide sna réimsí éagsúla

Ceistíodh na faisnéiseoirí i gceist a naoi an tsuirbhé i dtaobh cé chomh minic is a úsáideann siad an teanga sna réimsí seo leanas: ag baile, sa chóras oideachais, ar an láthair oibre, sa chomharsanacht, le cairde, sna siopaí agus i ngnóthaí, ag plé le seirbhísí, ag plé le seirbhísí sláinte agus ag plé le seirbhísí stáit. Úsáideadh scála Likert (cúig scála) anseo chun rogha na bhfaisnéiseoirí a chur in iúl ó thaobh minicíochta de: i gcónaí, go han-mhinic, anois is arís agus go hannamh. Deineadh “riamh” a chumasc le “go hannamh” in anailísiú na dtorthaí. Feictear na torthaí ar iomlán freagraí na bhfaisnéiseoirí i dTábla 5.4 anseo:

Cé chomh minic is a labhrann tú Gaeilge sna háiteanna seo?		I gcónaí		go minic		Anois is arís		Go hannamh		Riamh a chumascadh le "go hannamh"	%
	207	60		85		49		13			
Sa bhaile	214	14	17.58%	45	30.88%	70	28.27%	85	23.28%		100.00%
	175	85		39		27		24			0
Sa chóras oideachais	183	32	32.68%	36	20.95%	37	17.88%	78	28.49%		100.00%
	187	61		58		39		29			0
Ar an láthair oibre	204	21	20.97%	30	22.51%	57	24.55%	96	31.97%		100.00%
	203	34		85		60		24			0
Sa chomharsanacht	207	11	10.98%	33	28.78%	77	33.41%	86	26.83%		100.00%
	206	24		81		72		29			0
Le cairde	210	6	7.21%	27	25.96%	83	37.26%	94	29.57%		100.00%
	206	13		64		90		39			0
Sna siopaí/ag gnó	212	4	4.07%	27	21.77%	87	42.34%	94	31.82%		100.00%
	204	10		75		84		35			0
Go sóisialta	211	5	3.61%	29	25.06%	74	38.07%	103	33.25%		100.00%
	206	11		69		71		55			0
Seirbhísí áitiúla	208	9	4.83%	21	21.74%	65	32.85%	113	40.58%		100.00%
	206	5		32		56		113			0
Seirbhísí sláinte	207	4	2.18%	7	9.44%	23	19.13%	173	89.25%		100.00%
	206	5		33		55		113			0
Ag plé le seirbhísí	207	4	2.18%	4	8.98%	15	18.95%	184	71.91%		100.00%

Tábla 5.4 Minicíocht úsáide sna réimsí difriúla

1. Anseo bhí léiriú ar chéatadán níos airde maidir le húsáid na teanga i gcónaí sa bhaile (17.58%) ná an 9.5% a thug ceist a ceathair chun solais (Cén teanga atá in úsáid go laethúil agat sa bhaile?)
2. Tá léiriú anseo chomh maith ar líon ard faisnéiseoirí (51.55%) nach n-úsáideann an teanga ach go hannamh nó anois is arís. Úsáideann 43.48% díobh an teanga i gcónaí nó go minic (dá réir féin) sa láthair oibre. Tá an céatadán seo i bhfad níos ísle nuair a thagann sé chomh fada le síormhinicíocht úsáide na teanga sa chomharsanacht nó le cairde.
3. Dhearbhaigh 10.98% go n-úsáideann siad an teanga i gcónaí sa chomharsanacht agus dhearbhaigh níos lú acu arís (7.21%) go n-úsáideann siad an teanga le cairde agus níos lú arís fós (3.61%) agus iad ag sóisialú.
4. Má fhéachtar ar cholún an scála “go minic” tá pictiúr níos dearfaí le feiceáil agus minicíocht áirithe le tabhairt faoi deara. Úsáidtear an teanga go minic (28.78%) sa chomharsanacht agus (25.96%) le cairde agus 25.06% go sóisialta. Cé nach n-úsáideann ach 4.07% agus 4.83% an teanga i gcónaí i siopaí agus ag plé le seirbhísí áitiúla 3.61% agus 4.83% faoi seach, bíonn céatadán níos airde i gceist maidir le húsáid mhinic: 21.77% agus 21.74% faoi seach.

Tagann pictiúr chun solais faoi mhórmhinicíocht úsáide an Bhéarla maidir le teanga na siopadóireachta agus an ghnó agus teanga an phlé le seirbhísí áitiúla agus sláinte.

- Nuair a thagann sé go cúrsaí gnó, agus go háirithe go cúrsaí plé le seirbhísí sláinte agus seirbhísí stáit tagann méadú suntasach ar chéatadán na bhfaisnéiseoirí a chuireann in iúl nach n-úsáideann an teanga riamh nó go hannamh sna réimsí seo. Chuir 69.25% in iúl nach n-úsáideann siad Gaeilge riamh nó go hannamh ag plé le seirbhísí sláinte agus 71.91% agus iad ag plé le seirbhísí stáit.
- Léiríonn na céatadán seo fíric thábhachtach eile i gcás na pleanála teanga .i. a laghad úsáide na Gaeilge sna réimsí sin de bharr easpa seirbhísí Gaeilge iontu. Is fiú na céatadán anseo a bhaineann le húsáid na teanga a thabhairt faoi deara. Ní úsáideann 26.83% d'fhaisnéiseoirí an teanga riamh nó go hannamh le cairde agus tá líon níos airde 33.25% nach n-úsáideann riamh go sóisialta í.

5.2.5. Dearcadh i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge

Iarradh ar fhaisnéiseoirí i gceist a deich a gcuid tuairimí a nochtadh maidir le ráitis áirithe a bhain leis an nGaeilge féin, le hinmharthanacht na Gaeltachta agus a gcuid tiomantais féin don teanga agus do phróiseas na pleanála. Úsáideadh scála Likert (ceithre scála) anseo chun tuairimí a mhealladh ó fhaisnéiseoirí i leith aontaithe agus easaontaithe maidir le ráitis áirithe. Tá an cur chuige seo agus an cineál trialach seo fadbhunaithe agus á thriail go hidirnáisiúnta maidir le meon agus dearcadh a thomhas ó lár na n-ochtóidí ar aghaidh.

1. Bhí léiriú an-soiléir anseo ar an iomlán ar mheon a bhí thar a bheith dearfach i leith na teanga agus cosantach fúithi. D'aontaigh 64.59% (ag cur faisnéiseoirí a d'aontaigh go láidir nó a d'aontaigh le chéile) d'fhaisnéiseoirí gurbh fhearr leo an Ghaeilge ná teanga ar bith eile.
2. D'aontaigh 96.95% leis an ráiteas a chuir in iúl go raibh sé tábhachtach go mairfeadh an Ghaeilge sa Gaeltacht.

-
3. D'aontaigh 79.63% (idir aontú go láidir agus aontú) go raibh sé tábhachtach go mairfeadh an LPT mar Ghaeltacht.
 4. Níor bhraith 65.79% go raibh brú ar bith orthu Gaeilge a labhairt, cé gur aontaigh 39.25% go mbíonn brú orthu maidir le Béarla.
 5. Dhearbhaigh 68.25% d'fhaisnéiseoirí go raibh muinín acu as a gcuid Gaeilge, céatadán ard nach bhfuil ag teacht leis an líon ard a chuir in iúl nach mbeadh misneach acu maidir lena gcumas Gaeilge féin chun labhairt as Gaeilge le duine a mbeadh aithne acu air mar chainteoir Gaeilge (Ceist 8).
 6. Ba mhaith le 49.41% acu go labhródh gach duine Gaeilge leo i gcónaí, cé gur easaontaigh a thrían (33.3%) d'fhaisnéiseoirí leis an ráiteas sin. D'aontaigh 92.27% leis an ráiteas gur mhaith leo go mbeadh pobal láidir Gaeilge i gCorca Duibhne amach anseo.

Ní leor an dea-thoil amháin, cé gur an-mhaith ann í. Ní mór, mar sin féin, go dtógfaí na chéad chéimeanna eile chun an mhian seo a bhaint amach. Seo ceann de na dúshláin is mó sa phleanáil teanga i gcás mionteangacha uile timpeall na cruinne .i. conas is féidir an dea-thoil agus an meon dearfach a bhfuil léiriú an-soiléir orthu anseo a aistriú go húsáid ghníomhach.

5.3. Torthaí na n-agallamh le tuismitheoirí

5.3.1. Agallaimh le tuismitheoirí atá ag tógáil a gcuid leanaí le Gaeilge

Seo a leanas achoimre ar na **príomhphointí** a tháinig chun solais le linn na n-agallamh seo a leagadh amach de réir na bpríomhthéamaí ar deineadh anailís orthu:

Príomhphointe 1: Socrú tuismitheoirí leanaí a thógaint le Gaeilge

Ba shocrú é seo a bhí réamhphleanáilte agus a raibh machnamh déanta air.

Dúirt rannpháirtí amháin ina leith seo, cuir i gcás:

“Bhíomar an-siúráilte de. Dúirt go daingean go ndéanfaimis é, gan díospóireacht ar bith.”

Dúirt rannpháirtí eile:

“Ní fhéadfainn é a dhéanamh in aon tslí eile...Ní bheadh sé nádúrtha Béarla a labhairt....”

Ní raibh imní ar bith ann maidir leis an socrú. I gcás faisnéiseora amháin, bhí imní nach mbeadh a dhóthain chumais teanga ag an bhfaisnéiseoir chuige. Sa chás sin, áfach bhí duine “de mhuintir na háite” ina tuismitheoir eile agus bhí tuismitheoirí críonna in aice láimhe agus mhaolaigh sé sin aon imní a bhí i gceist.

Tuigeadh chomh maith nach aon mhíbhuntáiste a bheadh ann go deo don leanbh/do na leanaí a bheith tógtha le Gaeilge. Bhí misneach agus tiomantas i gceist taobh thiar den rogha:

“Bhí a fhios agam mar chainteoir dúchais nach leagfaí chomh fuirist mé is a leagtar daoine eile b'fhéidir. Uaireanta chím daoine báite agus casann siad ar Bhéarla”

Ba shocrú é a bhí tomhaiste agus réamhdhearbhaithe. I gcás tuismitheora amháin luadh nach raibh

cúlra na Gaeilge ag na tuismitheoirí ar aon taobh ach fós gur deineadh an cinneadh toisc go raibh cónaí ar an lánúin phósta sa Ghaeltacht. Ba chabhair é chomh maith maidir leis an gcinneadh a dhéanamh go raibh seirbhísí oideachais le Gaeilge ar fáil sa cheantar.

I gcás na dtuismitheoirí ar fad, tuigeadh dóibh agus an cinneadh seo á dhéanamh acu **go raibh rud an-tábhachtach agus buntáiste mór á mbronnadh acu ar a gcuid leanaí iad a thógáil le Gaeilge**, faoi mar a luaigh tuismitheoir amháin:

“Tuigeadh dúinn go rabhamar ag tabhairt rud éigin an-luachmhar ar fad dóibh (:) agus go mbeadh an Ghaeilge go nádúrtha acu.”

Dúirt tuismitheoir eile an rud céanna:

“Bhí a fhios agam riamh (:::) mar is cainteoir dúchais mé féin nach mbeadh ach buntáistí riamh ann don leanbh.”

Arís, bhain an cinneadh leis an leanúnachas oidhreachta agus teanga atá sa Ghaeltacht. Luadh go raibh ceangal á dhéanamh tríd an teanga leis na glúinte ar fad a raibh cónaí orthu sa dúthaigh agus a labhair an teanga ar feadh a saoil. Goilleann sé ar thuismitheoirí nach bhfuil an luach agus an buntáiste sin á mbronnadh ar gach leanbh sa Ghaeltacht mar go bhfuil leanaí áirithe sna comharsanachtaí a bhfuil tuismitheoir(i) le Gaeilge acu ach nach labhrann ach Béarla le leanaí sa teaghlach. Ní chionn na tuismitheoirí seo an tairbhe a bhaineann le leanaí a thógáil le Gaeilge. Baineann sé seo le cúrsaí meoin agus is próiseas casta é an meon sin a athrú. Ní mór é a athrú, mar sin féin. Baineann oideachas leis an scéal. Má bhíonn oideachas áirithe ar thuismitheoirí, tuigfidh siad an scéal, muna mbíonn, ní thuigfidh.

Cé go bhfuil na tuismitheoirí ar fad breá sásta leis an gcinneadh a dheineadar a gcuid leanaí a thógaint le Gaeilge, ní hionann sin is a rá nach mbaineann dúshlán leis.

Príomhphointe 2: Dúshlán a bhaineann le tógáil leanaí le Gaeilge

Tháinig caint ar dhúshlán aníos nuair a ceistíodh na faisnéiseoirí faoina gcuid taithí ar thógáil a gcuid leanaí le Gaeilge. Cé go bhfuil na leanaí seo á dtógáil trí Ghaeilge sa bhaile, níl a gcuid Gaeilge chomh saibhir agus a bhí an Ghaeilge uair amháin. I bhfocail tuismitheora amháin:

“Ní chímse go mbeidh (:) [Gaeilge a linbh] chomh saibhir le mo chuid Gaeilge féin. Is mór an trua é (:::) Sin é an dúshlán is mó — an saghas Gaeilge atá ag na leanaí anois, níl an saibhreas ceart ann.”

Chuir sé isteach ar thuismitheoir eile nach bhfuil foghraíocht níos cruinne ag leanaí - a leanaí féin go háirithe. Ní thuigeann an tuismitheoir seo cá bpiocann leanaí suas an fhoghraíocht mhíchruinn, mar nach gcloistear ach foghraíocht chruinn an t-am ar fad ag baile. Téann sé dian ar thuismitheoirí bheith ag síorcheartú teanga a gcuid leanaí. Chreid tuismitheoir amháin go bhfuil sé deacair an saibhreas sin a thabhairt ar ais nuair atá sé imithe cuid mhaith sa bheochaint.

Ní móide go gcabhraíonn na leabhair scoile ach oiread leis an saibhreas. Bíonn meascán rómhór iontu idir na canúintí. Tá gá, mar sin, le tuilleadh béime a chur ar an saibhreas agus ar chanúint Chorca Dhuibhne sna leabhair scoile agus sna hacmhainní foghlama a mbíonn na leanaí ag gabháil dóibh ar scoil.

Cé go bhfuil ócáidí sóisialta ann go rialta do leanaí óga faoi bhun a hocht, ní bhíonn an oiread sin ar siúl dóibh, nach comórtais iad, agus iad ag druidim le naoi nó le deich mbliana d'aois. Ní mór breis imeachtaí a réachtáil do leanaí san aoisghrúpa sin, cé go bhfuil “cúrsaí anois ag dul sa treo sin.”

Príomhphointe 3: Leanaí agus Béarla

Aithníonn na leanaí seo agus iad an-óg go labhrann leanaí eile Béarla. Tá ar a gcumas agus iad an-óg leanbh amháin a shamhlú le Béarla agus leanbh eile a shamhlú le Gaeilge gan aon dua. Aithníonn siad go mbíonn Béarla á labhairt ag leanaí áirithe agus iad an-óg agus bíonn siad míchompordach leis. Insíodh scéal faoi leanbh óg atá ag freastal ar naíonra ag rá nach mbeadh cead ag leanbh eile sa naíonra teacht go dtí an tigh mar nach raibh aon Ghaeilge aige/aici. Fásann a gcuid compoird le Béarla de réir mar a éiríonn siad níos sine.

Tá sé an-deacair iad a choimeád ón mBéarla. Luaigh tuismitheoir amháin, mar shampla faoina leanbh san aoisghrúpa sin agus an leanbh sin i gcomhlúadar leanaí san aoisghrúpa céanna: “Iompaíonn siad ar Bhéarla nuair a bhíonn siad le chéile”. Má cheartaítear iad, filléann siad ar an nGaeilge ar feadh tamaill ach casfaidh siad ar Bhéarla arís mar “...ní féidir leis na leanaí eile an comhrá a choimeád suas”.

Tuigeann na tuismitheoirí go léir an dúshlán atá rompu nuair a bheidh na leanaí seo ina ndéagóirí agus ag freastal ar an meánscoil. Bhí tuismitheoir amháin dearfach ina leith seo. Tá níos mó measa ar Ghaeilge i measc an phobail i gcoitinne anois ná mar a bhí agus tá níos mó aitheantais á thabhairt don teanga. Cloistear an teanga i bhfad níos minicí i siopaí an Daingin anois ná mar a chloistí agus tá níos mó Gaeilge á labhairt ná mar a bhí. Is i nDaingean Uí Chúis a bhíonn cuid mhaith de scléipeanna agus de chaitheamh aimsire do dhéagóirí mar sin bhí ceisteanna faoin rogha teanga a bheadh acu ann.

Príomhphointe 4: Tacaíochtaí

Tá fuilleach áiseanna agus tacaíochtaí curtha ar fáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne do thuismitheoirí. Bhí ionadh ar thuismitheoir amháin faoi mhéid na tacaíochta agus an pacáiste acmhainní ar fad a cuireadh ar fáil di.

Príomhphointe 5: Gá le feachtas teanga i measc tuismitheoirí

An dúshlán is mó atá ann ná conas dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí áirithe atá líofa sa Ghaeilge an teanga a labhairt lena gcuid leanaí sa bhaile. De réir tuismitheora amháin, bíonn cuid de na tuismitheoirí seo cinnte de “go bpiocfaidh siad suas an Ghaeilge ar scoil”; mar sin, labhrann siad Béarla ag baile. Ní easpa measa ar an dteanga is cúis leis. Is ceist eolais agus tuisceana í.

Beidh géarghá le feachtas feachtas chun dul i bhfeidhm ar na tuismitheoirí d’fhonn a meon agus an t-iompar teanga seo a athrú i dtreo úsáid na Gaeilge sa teaghlach.

5.3.2. Agallaimh le tuismitheoirí atá ag tógáil a gcuid leanaí le Gaeilge

Cuireadh agallamh ar thuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht ach nach bhfuil an Ghaeilge líofa acu dar leo féin agus atá ag tógáil a gcuid leanaí le Béarla. Féachadh le heolas a bhailiú uathu faoin rogha teanga a dheineadar agus faoin taithí agus faoin dearcadh a bhí acu i leith bheith ina gcónaí sa Ghaeltacht. Tá daoine a bhfuil an cúla teangeolaíochta sin acu sa Ghaeltacht - Éireannaigh a d’fhoghlaim Gaeilge ar scoil agus tá rannpháirtithe an taighde seo ionadaíoch go maith orthusan. Cuireadh agallamh ar bheirt thuismitheoirí a bhog isteach sa LPT mar sin, agus duine acu pósta le cainteoir dúchais. Ba as Béarla a deineadh na hagallaimh seo.

Seo iad na príomhphointí:

1. Bhí Gaeilge na hArdteiste ag na tuismitheoirí ach fuairadar amach ar shocrú síos sa Ghaeltacht dóibh nach ionann í Gaeilge na scoile agus Gaeilge na Gaeltachta. Ar scoil, bhíodar in ann í a thuiscint ach sa Ghaeltacht, labhair gach éinne chomh tapaidh sin agus bhí an chaint á cailliúint go minic acu, rud a d'fhág go raibh sé dothuigthe don duine fiú le honóracha sa Ghaeilge i dtreo is nár fhéadadar í a thuiscint. Tá siad ag streachailt mar sin Gaeilge na Gaeltachta a phiocadh suas in ainneoin gur fhreastalaíodar ar ranganna.
2. Ní bheadh a gcuid Gaeilge maith a dóthain chun comhrá a thosú agus a choimeád suas le cainteoir dúchais. Ní bhacann cainteoirí dúchais áirithe leo agus is i mBéarla amháin a bhíonn aon chumarsáid acu leo i gcónaí. Tá mar a bheadh deighilt teanga iomlán idir iad agus cainteoirí dúchais agus ní fheictear dóibh go ndeineann siad mórán iarrachta iad a yjabhairt isteach sa phobal teanga.
3. Ní raibh baint mhór acu le Gaeilge ina saol go dtí gur chuir siad a gcuid leanaí ar bhunscoil Ghaeltachta. Bhí deacrachtaí móra acu ansin le nótaí, teachtaireachtaí agus téacsanna a bhí ag teacht ón mbunscoil, a léamh agus a thuiscint agus cruinnithe a bheith acu le múinteoirí. Bhí práinn go minic ag baint le tuiscint a bhaint as na téacsanna ón scoil agus chuir sé sin as go mór do dhuine acu. Léirigh an t-agallamh leis an tuismitheoir san go mbíonn baint láithreach ag na tuismitheoirí leis an teanga, pé acu an dtaitníonn sé nó nach dtaitníonn sé sin leo. Is ansan a bhraith siad an teanga uathu agus bhí a n-easpa Gaeilge ina mhíbhuntáiste mór acu don chéad uair ina saol ag an bpointe sin, dar leo. Cé go bhfuair duine acu cabhair mhór agus tacaíocht láidir ó na cuairteoirí baile agus ó OCD, fós féin, níor bhraitheadar go maith mar gheall ar a n-easpa tuisceana agus a n-easpa inniúlachtaí i labhairt na Gaeilge.

Léiríonn scéalta na ndaoine seo nádúr agus dúshlán an cheangal teanga a bhíonn ag tuismitheoir leis an scoil Ghaeltachta. Is féidir le tuismitheoir cónaí sa Ghaeltacht gan máistreacht a fháil ar an dteanga, gan fiú baint dá laghad a bheith aige leis an teanga ach chomh luath is a chuireann sé a leanbh/leanaí ar scoil, bíonn baint aige láithreach leis an teanga. Ní raibh aon tuiscint ag tuismitheoir amháin ar a leithéid agus ní raibh mórán réamh-mhachnaimh déanta ag an tuismitheoir sin ar an scéal go dtí go raibh an leanbh tosaithe sa scoil.

Tá sé suimiúil go ndúirt duine acu: “ I want to be part of the language community and not separated from it.” Ní mór, mar sin, **plé cuimsitheach a chur sa tsiúl faoi na straitéisí a tharraingeoidh an pobal teanga chuige féin chun daoine ón “taobh amuigh” a thabhairt isteach sa phobal teanga, más áil leo é.** Is ceist an-chasta í mar tá céimeanna le tógaint ag an bpobal teanga agus ag an duine ar mhaith leis fáil isteach ann. Tá gá mar sin le feachtas teanga ina leith seo.

5.3.2. *Agallaimh le tuismitheoirí atá tar éis bogadh isteach sa LPT*

Tá daoine tar éis bogadh isteach sa LPT ó thíortha eile a thugann faoi Ghaeilge a fhoghlaim. Is cuid den phobal teanga iad. Féachadh le heolas a bhailiú ó dhuine amháin faoin taithí agus faoin dearcadh a bhí ag an duine sin i leith bheith lonnaithe sa Ghaeltacht. Táthar ag tabhairt A ar an bhfaisnéiseoir seo chun rúndacht sonraí an agallaimh a dheimhniú.

1. Bhí an dara teanga sealbhaithe cheana ag A agus bhí mar a bheadh buntáiste i gceist mar go raibh na straitéisí foghlama aige/aici.

-
2. Bhí A ag éisteacht go géar agus shealbhaigh sé/sí an blas. Toisc go raibh teanga eile sealbhaithe cheana féin, seans gur chuir sé sin le fonn A tabhairt faoin nGaeilge.
 3. Tá an-tábhacht ag roinnt le fuaimeanna na teanga don bhfoghlaim a tiomanta d'fhoghlaim éifeachtach na teanga agus a bhfuil an spreagadh aige an teanga a úsáid sa phobal teanga.
 4. Arís ba mhaith le A a bheith sa phobal teanga. Chabhraigh ranganna ach níor leor iad.

Ní mór aghaidh a thabhairt sa phlean teanga ar bhearta a chabhródh le daoine “ón taobh amuigh” a mhealladh isteach sa phobal teanga agus chun daoine a thabhairt isteach sa phobal teanga. Is ceist an-chasta í mar tá céimeanna le tógaint ag an bpobal teanga agus ag an duine ar mhaith leis fáil isteach ann.

5.4. Torthaí suirbhéanna agus na n-agallamh ar dhaoine óga

5.4.1. Suirbhéanna

Is díol suntais iad cuid de na torthaí a tháinig chun solais sa suirbhé seo. Ní mór a chur san áireamh go bhfreastalaíonn an mheánscoil seo ar scoláirí Gaeltachta agus scoláirí uile an Daingin agus an cheantair mháguaird.

Suirbhé A: Blianta 1, 2, 3

Suirbhé B: Daltaí idirbhliana agus na sraithe sinsearaí

I suirbhé B, thuairiscigh 7.69% acu go labhrann siad Gaeilge ag baile agus dhearbhaigh 12.31% go n-úsáideann siad minic go leor í.

I suirbhé A thuairiscigh 5.31% acu go labhrann siad Gaeilge lena gcomhdhaltaí i gcónaí agus dúirt 15.93% acu go labhrann siad go minic í.

Bhí titim shuntasach sna figiúirí sin i mblianta 3-6 áfach. Anseo, níor thuairiscigh ach beirt as 130 nó 1.55% go n-úsáideann siad an teanga i gcónaí le daltaí eile sa rang agus tá 8.53% a úsáideann go minic í. Dúirt 32.56% acu anseo nach n-úsáideann siad an teanga riamh lena gcomhdhaltaí. **Tugtar faoi deara anseo go bhfuil líon na ndaltaí sna ranganna sinsearaacha a úsáideann an teanga i gcónaí nó go minic lena gcomhdhaltaí i dtimpeallacht an ranga an-íseal. Bheifí ag súil go mbeadh sé seo níos airde toisc iad bheith i dtimpeallacht tumoideachais sa rang.**

Maidir le húsáid na teanga lena gcairde, iarradh orthu breithmheas a thabhairt ar na cúiseanna a labhrann siad Gaeilge lena gcairde.

Labhraíonn siad an teanga lena chéile sa chás gur cainteoirí dúchais eile atá ann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara anseo go labhrann siad an teanga lena gcairde nuair a bhíonn a fhios acu gur daoine iad ar mhaith leo bheith ag labhairt na Gaeilge.

Tá sé suntasach gur dhearbhaigh a bhformhór mór acu go labhródís Gaeilge lena chéile dá mbeadh gach éinne eile á labhairt; 78.57% i gcás blianta 1-3 agus 78.91% i gcás blianta 3-6. Is léiriú é seo, d'fhéadfaí a áiteamh ar an bpiarbhrú a bhaineann le labhairt na Gaeilge i measc déagóirí. Ní theastaíonn uathu go minic seasamh amach nó bheith difriúil ón slua.

Mheas 81.25% de dhaltáí bhlianta 4-6 go bhfuil sé ina bhuntáiste dóibh Gaeilge líofa a bheith acu nuair a fhágann siad an scoil agus 74.11% i mblianta 1-3, rud a léiríonn meon dearfach i leith na teanga.

I measc na rudaí a spreagfadh iad chun níos mó Gaeilge a labhairt, fuarthas amach, ó thorthaí an dá shuirbhé, ná riail na Gaeilge a bheith á cur i bhfeidhm sa scoil mar aon le meon dearfa na ndaltaí eile i leith na teanga. Léiríonn sé seo go bhfuil polasaí teanga ag teastáil. Teastaíonn ó na daltaí féin go mbeadh riail na Gaeilge á cur i bhfeidhm. **Seo pointe criticiúil don phleanáil teanga. Tá dearcadh na ndaltaí seo an-dearfach ach teastaíonn uathu an teanga a labhairt ach ní bhraitheann siad ag an am céanna nach bhfuil an teanga á normálú sa scoil. Tá sé an-tábhachtach gur thugadar le fios gur chabhair mhór í chomh maith dá mbeadh a gcuid Gaeilge féin níos fearr. Tá impleachtaí aige seo don phleanáil teanga.**

Bhí léiriú inspéise i dtorthaí an tsuirbhé sin ar dhearcadh scoláirí i leith tábhacht a húsáide agus tairbhe na teanga. Toisc gur chuimsigh an suirbhé seo scoláirí Gaeltachta a labhrann agus nach labhrann Gaeilge ag baile, cinneadh grúpa fócais a réachtáil sa scoil le dhá ghrúpa dhifriúla bunaithe ar a gcúlra teanga:

5.4.2. Grúpaí Fócais

Féachtar ar dtús ar na príomhthorthaí a tháinig chun cinn le linn an ghrúpa fócais le scoláirí ó theaghlaigh a tógadh le Gaeilge.

Triúr cailíní agus beirt bhuachaillí a bhí ann. Tugadh leideanna nó spreagadh dóibh chun a gcuid tuairimí a mhealladh uathu i dtaobh na dtéamaí seo:

- A gcúlra teanga féin
- An bhrí phearsanta a bhaineann siad as an téarma ‘An Ghaeltacht’
- An teanga a labhrann siad le cairde ar scoil agus lasmuigh di
- An áit/ról ag an nGaeilge ina saol, dar leo féin, i gceann deich mbliana eile
- Cad a spreagann iad le Gaeilge nó le Béarla a úsáid le daoine eile?

Seo iad na príomhphointí a tháinig chun solais:

1. Gaeilge ab ea a dteanga dúchais agus Gaeilge a labhrann siad ag baile. Béarla a labhrann siad lena gcairde don chuid is mó ach amháin go labhrann siad Gaeilge lena gcol ceathracha nó lena ndeirfiúracha nó lena ndeartháireacha. Labhrann siad Gaeilge chomh maith lena gcomhscoláirí a bhíonn páirteach in imeachtaí Gaeilge:

“I rudaí Gaeilge acu ar scoil (:) daoine a bhíonn ar fhoireann díospóireachta nó rudaí eile Gaeilge.”

D’fhreagair duine acu:

“Béarla den chuid is mó le mo chairde agus Gaeilge le mo chlann.”

2. Maidir leis an bhfianaise seo go labhrann siad Béarla is mó lena gcairde, ní mór a mheabhrú gurb í seo an chéad ghlúin eile a bheidh ag maireachtaint le chéile mar phobal agus is é an Béarla is nadúrtha agus is compordaí acu.

3. Cuireadh an cheist ansin orthu; má bhíonn a fhios acu go bhfuil Gaeilge ag cara cad 'na thaobh go

labhraidís Béarla leis nó léi. **Ba é an freagra a tugadh anseo ná nach mbeadh formhór “compordach lena gcuid Gaeilge” agus, ar an gcúis sin, iompaítear ar Bhéarla. Níor theastaigh uathu cairde a chur faoi bhrú.** Is toradh tábhachtach é seo. Maítear anseo, murab ionann agus Gaeilge, go bhfuil siad cumasach agus compordach a ndóthain sa Bhéarla agus iad i gcomhluadar a gcairde. B’fhéidir nach mbeadh ar a gcumas an rud a theastódh uathu a rá a chur i nGaeilge. “Ní choimeádfaidís suas le Gaeilge agus labhram Béarla leo mar go mbeadh sé i bhfad níos compordaí.” **Is ionann míchompord anseo agus easpa inniúlachta ar ghnáthchaint laethúil na cumarsáide ar ghnáthluas.** Cuirtear an easpa inniúlachta i leith an chainteora Bhéarla seachas ina leith féin. Ach é sin ráite, ní raibh aon fhianaise ar aon easpa inniúlachta teanga labhartha i measc na rannpháirtithe le linn an ghrúpa fócais.

4. Bhíodar go léir cinnte go mbeadh ról ag an nGaeilge ina saol i gceann deich mbliana eile. Labhróidh siad Gaeilge lena muintir i gcónaí. Dúirt duine amháin, mar shampla:
“Chím go mbeadh sé tábhachtach i gcónaí i mo shaol, ach d’fhéadfadh sé sin athrú.”
Dúirt duine eile acu: “Braitheann sé ar cá mbeidh mé ag maireachtaint.”
5. Cé gur thugadar le fios go mbeadh an Ghaeilge lárnach ina saol, bhí amhras áirithe faoin áit ina socródís síos mar go raibh sé sin ag brath ar chúinsí eile mar phost agus cá mbeidís lonnaithe. Ní raibh cinnteacht go bhfanfaidís sa Ghaeltacht ach bhíodar go léir deimhin de gur Ghaeilge a bheadh á labhairt acu le baill a dteaghlai ar feadh a saoil. Arís is pointe fíorthábhachtach é seo a thugann dúshlán na pleanála teanga agus na forbartha pobail de. Ní mór an cheist a chur: cad táthar ag déanamh chun na daoine óga seo a choimeád sa phobal? Ní mór mar sin an phleanáil gheilleagrach a dhéanamh chun go mbeidh an ghlúin óg seo á choimeád ag baile.
6. Chiallaigh Gaeltacht dóibh fhoghlaim trí Ghaeilge ar scoil. Bhí baint, nach beag, ag an teanga le cúrsaí scoile. Bhíothas ag tagairt don Ghaeilge go minic laistigh den gcomhthéacs scoile: ábhair, ranganna, riail na Gaeilge agus imeachtaí scoile.
Níl easpa cainteoirí ann dar le duine amháin: “Tá fuilleach daoine má théann tú siar gur féidir Gaeilge a labhairt leo.”
7. Cé go bhfuilid dóchasach, chuirfeadh sé brón orthu dá dtiocfadh deireadh leis an nGaeltacht. Tá an toradh seo ag teacht go hiomlán le toradh gach suirbhé Gaeltachta a deineadh le daichead go caoga bliain anuas .i. an dearcadh fíordhearfach i leith na teanga. Bheadh díomá orthu dá stopfadh daoine ag teacht chun na Gaeltachta chun Gaeilge a fhoghlaim cé nach mbíonn mórán baint acu leis na scoláirí a thagann sa samhradh agus níl aon taithí acu ar bheith ag plé leo ná ag caint leo.
8. Luadar an club óige a bhí thiar i gCeann Trá do dhaoine sa “chéad agus sa dara bliain” ach seachas sin, **níl aon infreastruchtúr acu le haghaidh sóisialaithe a chabhródh leo an teanga a úsáid go nádúrtha lena chéile lasmuigh den scoil.** Is áis luachmhar é Aisteoirí Bhréanainn mar go dtugann sé deis thábhachtach dóibh bheith ag déanamh rudaí le chéile as Gaeilge. Ach ní bhíonn gach déagóir Gaeltachta páirteach ann.
9. Mar angcéanna le traenáil caide, dar le duine acu, margo mbíonn an traenálaí ag caint as Gaeilge. Ach arís, dúradh: “labhrófá Gaeilge leis an duine sin ach cosúil le bheith ar scoil, (: ::), labhrófá le do chairde as Béarla”. Tá léiriú criticiúil sa toradh seo ar phríomhról an Bhéarla i saol na ndaoine óga seo. Is é Béarla teanga an chomhchaidrimh san aoisghrúpa seo. Le linn imeachtaí scoile d’fhéadfadh sé tarlú go labhróidís as Gaeilge, mar shampla, ag taisteal sa bhus go dtí díospóireachtaí Gaeilge.

Féachtar anois ar thorthaí shonraí an ghrúpa fócais le scoláirí ó theaghlaigh Bhéarla sa Ghaeltacht. Anseo arís bhí cúigear sa ghrúpa agus mhair an grúpa fócais seo thart ar fiche nóiméad. Ba as Béarla a reáchtáladh an grúpa fócais seo agus iompaíodh ar an nGaeilge de réir a chéile. Bhí baill an ghrúpa seo líofa sa Ghaeilge chomh maith.

1. Béarla a labhartar sa bhaile don chuid is mó. Tá post páirtaimseartha ag duine acu agus bíonn gá le Gaeilge a labhairt le daoine ón nGhaeltacht a mbítear ag plé leo. Labhartar Gaeilge nuair a bhíonn siad thar lear ar laethanta saoire i dtreo is nach gceapfaí gur Sasanaigh nó Meiriceánaigh iad.
2. D'fhreastail an chuid is mó acu ar bhunscoil lán-Ghaeilge; mar sin, ní mór dhúshlán a bhí ann dóibh teacht ar mheánscoil lán-Ghaeilge. Dheineadar tagairt do na deacrachtaí a bhíonn ag scoláirí áirithe nach mbíonn cúlra na bunscolaíochta trí Ghaeilge acu ach, ina dtuairim siúd cabhraíonn cúrsa an Droichid go mórleo.
3. Usáideann siad aistriúchán Bhéarla uaireanta mar nach bhfuil na cinn Ghaeilge inléite dar leo. Deineann siad aistriú mar sin ar na cinn Bhéarla, go Gaeilge agus tugann na múinteoirí nótaí as Gaeilge. Tá dúshlán ag baint le hábhair eolaíochta ach go háirithe mar go bhfuil an téarmaíocht teicniúil go leor. Tá ábhair mar Spáinnis dúshlánach uaireanta mar go mbíonn orthu éisteacht le Spáinnis, é a aistriú go Béarla (seo an teanga smaointeoireachta) agus é a aistriú ansin go Gaeilge. Tá siad buartha go mbeidh orthu iompú go hiomlán ar Bhéarla ar pé cúrsa a roghnóidh siad ag an tríú leibhéal agus nach mbeidh an foclóir acu chun an cúrsa a leanúint. Ach is buntáiste acu é, dar leo, go bhfuil cuid de na téacsleabhair as Béarla dá bharr. Leantar téacsleabhair Ghaeilge sa Mhatamaitic agus san Fhisic. Ní labhrann siad riamh Gaeilge lena chéile ná lena gcairde le linn an lá scoile nó lasmuigh den scoil seachas an focal fánach.
4. Ní dhéanfadh éinne labhairt as Gaeilge le linn lóin dá rachaidís suas faoin mbaile, mar shampla. **“Irish is a school thing” mar a luaigh duine acu. An chúis atá leis seo ná nach mbraithfidís ar a gcompord le Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge.**
5. Aithníonn siad áfach go bhfuil Gaeilge mhaith acu agus stór leathan focal ó bheith ag gabháil do na hábhair ar fad trí Ghaeilge. Ach ba mhaith leo mar sin féin an Ghaeilge a úsáid le linn a saoil agus í a úsáid lena gcuid leanaí féin amach anseo.
6. Nuair a ceistíodh iad faoin rogha seo a dhéanfaidís a gcuid leanaí a thógáil le Gaeilge, dúradar gur buntáiste mór é ag leanaí Gaeilge bheith acu. Arís ar aon dul leis na daltaí atá á dtógaint le Gaeilge, samhlaíonn siad go mbeidh siad ina gcainteoirí Gaeilge “amach anseo”. Is í íoróin an scéil áfach nach bhfuil siad ag úsáid na teanga anois.
7. Fiafraíodh díobh an bhféadfaí cabhrú le daoine óga in aon tslí chun an teanga a labhairt lasmuigh den scoil. D'aithin siad gur rud an-deacair a bhí ansin agus ní raibh aon tuairim láidir acu ina thaobh: “Everyone thinks it's just a school thing and....you don't want to use it outside school”. Seo tuairim an-shuimiúil ó ghrúpa scoláirí a bhfuil Gaeilge mhaith acu. Tá roinnt caitheamh aimsire – caid, badmantan, agus rugbaí as Gaeilge – ar fáil dóibh.
8. Comhaontaíonn an Ghaeltacht daoine “It brings people together”. **Tuigeann siad go bhfuil cath tréan le troid chun an Ghaeltacht a thabhairt slán.** Dúirt duine acu, “Twelve or twenty years ago

Abhainn an Scáil used be a Gaeltacht [seo braistint an fhaisnéiseora], look at it now; it's getting smaller and smaller.”

9. **Tuigean siad chomh maith go bhfuil baint ag tréigean na háite lena leithéid:** “You see eighteen year olds, they finish their Leaving Cert like and they're off to college in Dublin or Cork, Limerick or Galway or whatever, they (:) get a job in the big city and then (:) eventually the population goes down.”
10. Chabhródh sé leo breis Gaeilge a labhairt lasmuigh den scoil dá mbeadh an Ghaeilge le clos níos forleithne agus dá mbeadh sí níos feiceálaí sa timpeallacht. Tá gá le breis cláracha ar an raidió agus ar an dteilifís don aoisghrúpa seo.

5.5 Na mórthátail agus impleachtaí don phleanáil teanga

Dhírigh an taighde seo ar fhianaise i leith úsáid na teanga sa teaghlach, a húsáid i measc déagóirí agus dearcadh agus meon daoine ina leith. Tá tátail agus impleachtaí tábhachtacha a d'fhéadfaí a bhaint as an taighde seo don phleanáil teanga sa LPT. Tugtar liosta anseo de na mórthátail atá foilsithe ag torthaí an taighde seo agus deintear plé achomair ar na himpleachtaí don phleanáil teanga.

1. Is í an chéad chloch atá ar phaidrín an phlean teanga seo ar ndóigh ná an Ghaeilge a neartú agus a húsáid a dhaingniú i réimse an teaghlaigh féin. Maidir le teaghlaigh atá ag tógáil a gcuid leanaí le Gaeilge, tá gá le gréasán úsáide agus saibhríthe teanga a chothú agus bearta sa phlean teanga a chabhróidh leo an teanga a neartú. Tá gá, mar sin le gréasán láidir tacaíochta ag an leibhéal institiúideach (m.sh. go dtacódh an naíonra, an bhunscoil agus an mheánscoil) chuige seo.
2. Tá gá le beart teanga a chabhróidh le feasacht a mhúscailt i measc tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge líofa acu chun a chur ina luí orthu a thábhachtaí is atá sé an Ghaeilge a labhairt lena gcuid leanaí agus an teanga a sheachadadh sa teaghlach. Seo an dúshlán is mó a léirigh an taighde seo. Beidh géarghá le feachtas feasachta chun dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí d'fhonn a meon agus a n-iompar teanga a athrú i dtreo úsáid na Gaeilge sa teaghlach. An rud is mó a athraíonn iompar teanga, mar atá cruthaithe go hidirnáisiúnta, ná gá aitheantas a thabhairt do lucht a labhartha, luach a chur uirthi, freastal ar na daoine a labhrann an teanga, agus ar an tslí sin a thuilleadh daoine a mhealladh isteach sa phobal teanga.
3. Beidh gá le pleanáil chun cabhrú le tuismitheoirí a gcuid leanaí a shóisialú trí Ghaeilge a oiread agus is féidir. Chuige sin, beidh gá le beart a chabhróidh le himeachtaí a reáchtáil do leanaí os cionn 10 mbliana agus do dhéagóirí. Faoi láthair, is léir ón taighde leis na déagóirí nach bhfuil aon infreastruchtúr le haghaidh sóisialaithe as Gaeilge acu a chabhródh leo an teanga a úsáid go nádúrtha lena chéile lasmuigh den scoil. Tá úsáid na teanga lasmuigh den scoil ina dúshlán mór sa phleanáil teanga.
4. Is léir ó thorthaí an taighde go dtuigean na tuismitheoirí an brú atá ar dhéagóirí ó theaghlaigh Ghaeilge casadh ar Bhéarla mar go n-éireoidís “míchompordach” ag úsáid Gaeilge lena chéile. D'fhéadfaí an bhrí a bhaint as an míchompord seo nach mbeadh dóthain teanga ag déagóirí chun comhrá a choimeád sa tsiúl. Beidh gá le pleanáil ar leithligh chun dul i ngleic leis an ndúshlán seo agus úsáid na Gaeilge a normalú ina measc trí na déagóirí sin a chumasú níos fearr mar chainteoirí Gaeilge. Chuige seo, beidh gá le timpeallacht Ghaeilge a chothú. Chabhródh sé le daoine óga an teanga a úsáid, dar leo, dá mbeadh sí níos sofheicthe sa cheantar.

-
5. Is léir go bhfuil meon an-dearfach ag déagóirí agus ag an bpobal i gcoitinne i leith na teanga. Ní theastaíonn ó éinne go gcaillfeadh an LPT a stádas Gaeltachta. Tá na daoine óga tiomanta don teanga agus iad meáite ar í a úsáid ina saol féin, an fhadhb ná fuaireadar taithí shóisialta ar an teanga a úsáid agus gur fhorbair a gcuid Béarla níos fearr ná a gcuid Gaeilge. Tuigeanann na déagóirí chomh maith go bhfuil an Ghaeltacht faoi bhagairt agus go mbeidh gá le cath tréan chun í a shábháil. Tá gá le síorphleanáil (cumasú na Gaeilge agus sóisialú trí Ghaeilge) mar sin, a aistreoidh an dea-thoil seo i leith na teanga go húsáid ghníomhach. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an córas faoi láthair ag teip ar an nglúin óg seo. Tá fianaise ann mar shampla gurb é an Béarla is mó a bhíonn in uachtar go sóisialta fiú ina gcuid ranganna. Ní chumasaítear daltaí le Gaeilge scileanna ardoird smaointeoireachta a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ní mór polasaí ina leith seo a bheith á fheidhmiú i measc múinteoirí meánscoile ach go háirithe.
 6. Dúshlán eile a léirigh an taighde seo (mar a léirigh staidéir Ghaeltachta eile thar na blianta) ná an nós agus an t-iompar teanga fadhbunaithe atá ag cainteoirí líofa agus ag cainteoirí dúchais Gaeilge, Béarla a labhairt le cainteoirí dúchais/líofa eile. Tá fianaise láidir ann go n-úsáideann cainteoirí líofa Gaeilge Béarla le cainteoirí líofa Gaeilge eile. Mar a luadh thuas, is nós agus cleachtas/ iompar teanga fadhbunaithe é seo agus beidh sé deacair dul i ngleic leis mura rachfar i ngleic le cumas agus forbairt teanga na hóige mar aon le timpeallacht *shóisialta* Gaeilge a thógaint dóibh. Éilíonn sé feachtas feasachta, ar an gcéad dul síos, le dul i bhfeidhm ar na páirtithe leasmhara ar fad (institiúidí/eagraíochtaí) a bhíonn ag deileáil leis na daione óga chun an nósmaireacht seo a bhriseadh agus a athrú i dtreo na Gaeilge. Caithfear dul níos faide ná leibhéal na feasachta áfach. Ní mór gá a chruthú sa phobal agus córas aitheantais a chruthú do chainteoirí Gaeilge chun iad a chumasú agus timpeallacht úsáide agus saibhrithe a chruthú dóibh. Ní gan dua agus gan síorphleanáil chúramach a bhainfear a leithéid amach.
 7. Chuir 69.25% d'fhaisnéiseoirí sa suirbhé in iúl nach n-úsáideann siad Gaeilge riamh nó ach go hannamh ag plé le seirbhísí sláinte agus 71.91% a úsáideann Gaeilge agus iad ag plé le seirbhísí stáit. Bíonn ráta íseal úsáide i gceist nuair a bhítear ag le plé le cúrsaí gnó agus ag sóisialú. Ní mór bearta teanga a cheapadh, mar sin, a mbeadh sé de thoradh orthu breis deiseanna úsáide teanga a chur ar fáil i seirbhísí pobail agus i seirbhísí stáit chun an tacaíocht agus an t-infreastruchtúr institiúideach a chur ar fáil.
 8. Tá gá chomh maith le feasacht ar leithligh a mhúscailt i measc daoine nach bhfuil dóthain misnigh acu an teanga a labhairt le daoine eile. Tá gá le gréasáin a chothú agus a láidriú chun go bhféadfadh foghlaimeoirí meascadh le cainteoirí líofa ag ócáidí sóisialta. Is dúshlán an-chasta é seo don phleanáil teanga a bhfuil cúinsí pearsantachta, timpeallachta agus síceolaíochta laistiar de chomh maith le hinniúlacht teanga féin.
 9. Ní mór planáil a chur sa tsiúl maidir leis na straitéisí a tharraingeoidh an pobal teanga chuige féin chun daoine ón "taobh amuigh", más áil leo é, a thabhairt isteach sa phobal teanga. Is ceist an-chasta í mar tá céimeanna le tógaint ag an bpobal teanga agus ag an duine ar mhaith leis fáil isteach ann. Mar sin, ní mór don phobal (na cumhachtaí pobail, institiúidí, eagraíochtaí, coistí) feidhmiú i slí dhifriúil chun córas pobail nua a bhunú a thugann aitheantas do na cainteoirí dúchais/líofa Gaeilge. Má chionn daoine eile nach cainteoirí dúchais/líofa iad go bhfuil buntáiste cinnte ann dóibh iad a bheith ina gcainteoirí dúchais/ líofa, (tá grúpaí agus gréasáin ann cheana féin agus tá sé soiléir go gcaithfidh Gaeilge a bheith ag daoine chun páirt a ghlacadh iontu) spreagfaidh sé sin iad chun úsáide.
-

Seo iad príomha an taighde phríomhúla seo agus a n-impleachtaí don phleanáil teanga. Cuireadh príomthorthaí an taighde seo san áireamh in ullmhú na mbearta. Sa chéad mhír eile cuirtear síos ar na bearta teanga sin atá ag teastáil chun tús a chur leis an PT i LPTCT.

MÍR 6: BEARTA AN PHLEAN TEANGA

6.1. Réamhrá

Braithfidh rath an phróisis phleanála teanga sa Ghaeltacht ar cé chomh maith agus a éireoidh leis na háisíneachtaí tacaíochta Gaeltachta duli bhfeidhm ar an bpobal áitiúil agus ar an stát. Tá **dóthain maoinithe** agus **cur chuige úrnua** ag teastáil chun na haidhmeanna a bhaineann leis an bpróiseas a bhaint amach le dul i ngleic leis an ndúshlán teanga. Tá gá le ceannaireacht láidir stáit, idirghníomhaíocht na n-áisíneachtaí Gaeltachta (ceanneagraíocht na pleanála teanga go príomha) agus rannpháirtíocht ghníomhach dhearfach an phobail áitiúil chun cur chuige nua, **a thabharfaidh cosaint do na cainteoirí baile/dúchais Gaeilge agus a ardóidh líon na gcainteoirí laethúla i gcoitinne sa phobal**, a chur chun cinn i gCorca Dhuibhne. Mar a míníodh i Mír 3, is é an líon beag cainteoirí dúchais/baile Gaeilge i measc na hóige, mar aon leis an sealbhú easnamhach atá á dhéanamh acu seo ar an dteanga, príomhdhúshlán an phobail Ghaeltachta ar fad. **Gan tosaíocht a thabhairt don phríomhdhúshlán seo atá sna ceantair Ghaeltachta atá i gCatagóir A na Gaeltachta, is beag is fiú aon phlean teanga a fheidhmiú in aon cheantar eile.**

Bíonn an-tionchar ag an tslí a fheidhmíonn eagrais agus institiúidí stáit/pobail, eagraíochtaí deonacha, cumainn spóirt is caitheamh aimsire agus gnónna áitiúla/stáit ó thaobh na Gaeilge de, ar an dóigh a fheidhmíonn an pobal áitiúil ó thaobh úsáid na teanga de. Tá tuairimí agus nósmaireacht daoine aonair agus grúpaí pobail an-tábhachtach chomh maith i réimse na pleanála teanga. Mar chuid den phróiseas seo chun an phlean teanga/forbartha pobail a réiteach, reáchtáladh cruinnithe le coistí na n-eagraíochtaí seo go léir i gCorca Dhuibhne (féach Mír 4) mar aon le hiliomad agallamh, grúpaí fócais agus suirbhé pobail chun **bearta teanga** a bhailiú a thacóidh ar shlite éagsúla leis an gcur chuige nua seo – **cosaint a thabhairt do na cainteoirí baile/dúchais Gaeilge agus líon na gcainteoirí laethúla i gcoitinne sa limistéar pleanála teanga seo a ardú** (a thagann le mórfhís an phlean i Mír 2.4). Tá cur síos anois sa mhír seo ó 6.2 ar aghaidh ar na bearta go léir a bailíodh mar chuid d'obair pháirce an phlean seo. *D'fhéadfaí tosnú ag cur na mbeartha seo i bhfeidhm dá maoineofaí an phlean teanga agus forbartha pobail seo.*

Táthar ag súil go mbeidh gach eagraíocht/institiúid pobail/stáit/deonach sa dúthaigh ag feidhmiú ar bhonn comhtháite chun an sprioc chéanna seo a bhaint amach agus chun mórfhís an phlean seo a shroichint (féach mír 2.4). Beidh tacaíocht don phobal áitiúil Gaeltachta ag teastáil sa chur chuige seo. Táthar ag súil go rachaidh an próiseas (bearta a chur i bhfeidhm sna réimsí pleanála teanga/forbartha pobail agus feacht an phróisis a scaipeadh) i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil, go roghnóidh daoine nua an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail, go gcuirfidh an pobal áitiúil an teanga chun cinn san earnáil dheonach agus ghnó agus go n-éileoidh an pobal seirbhísí poiblí agus sóisialta trí Ghaeilge. Níos tábhachtaí fós, táthar ag súil go gcothóidh feidhmiú an phlean **gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shuibhriú na teanga do na cainteoirí laethúla agus teaghlaigh Ghaeilge** atá sa Limistéar Pleanála Teanga seo cheana féin agus go mbeidh gach beart ag obair i dtreo na mórfhíse – líon na gcainteoirí baile sa chroícheantar a ardú ó 30% go 40% thar thréimhse 3 phlean agus go dtiocfadh an t-ardú céanna ar chéatadán na gcainteoirí laethúla sa limistéar trí chéile sa thréimhse chéanna (féach mír 2.4).

6.2. Bearta an Phlean do Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (LPTCT), na Réimsí Pleanála Teanga agus Struchtúr Chur i bhFeidhm an Phlean Teanga

Na Bearta:


Mar thoradh ar mhórán cruinnithe agus agallamh le páirtithe leasmhara sna réimsí éagsúla forbartha pobail agus teanga go mbíonn baint ag an bpobal leo in Iarthar agus in Oirthear Dhuibhneach, aithníodh 58 bearta chuimsíonn bearta Phlean Teanga Limistéar Chiarraí Thiar. Tá próiseas den tsórt céanna tosnaíthe i mBaile an Daingin le déanaí agus as san eascróidh Plean Teanga Bhaile an Daingin (Baile Seirbhíse na Gaeltachta). Beidh comhoibriú idir foireann feidhmithe an dá phlean chun comhtháthú na pleanála teanga sa Limistéar trí chéile a chinntiú. Baineann na bearta le gníomhaíochtaí sna réimsí pleanála teanga a thacóidh le príomhspríoc na Gaeltachta – **cosaint agus gréasán a chothú do na cainteoirí dúchais/laethúla Gaeilge agus an pobal a láidriú trí líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge ar fud an LPT a ardú ar mhaithe le mórfhís an phlean atá sonraithe i mír 2.4 a bhaint amach.**

Na Réimsí:

Tá sé aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta maidir le teangacha atá i mbaol gurb í réimse an teaghlaigh an réimse is tábhachtaí chun an teanga a sheachadadh nó a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Nádúrthacht na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh ag baile bunchloch an phobail teanga, ní féidir an pobal a thógaint gan an bhunchloch seo (Fishman, 1991). Ní leor an bhunchloch seo leis féin, áfach, chun an teanga a shábháil, is gá mórán réimsí tacaíochtaí eile. Tar éis réimse an teaghlaigh, is é an córas oideachais (réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht) an réimse is criticiúla chun tacú le pobal a dteanga a chosaint. Tá na réimsí **ar fad** atá tábhachtach chun tacú le pobal na Gaeltachta cosaint a thabhairt don dteanga áirithe sa liosta seo a leanas:

- Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh/Teanga agus Seirbhísí Cúram Leanaí
- An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais/réamhscolaíochta)
- Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais (oideachas pobail agus aosach san áireamh)
- Seirbhísí don Aos Óg agus Aoisghrupaí eile (m.sh. Aosaigh an Phobail)
- An Earnáil Ghnó, Forbairtí Geilleagracha & Tionsclaíocha agus Turasóireacht Chultúrtha
- Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn
- Na Meáin Chumarsáide
- Seirbhísí Pobail (m.sh. Seirbhísí ó Eagraíochtaí Stáit agus Seirbhísí Eaglasta)
- Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach/ Rialtas Áitiúil
- Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Deineann léaráid 6.1 iarracht na réimsí seo a léiriú mar struchtúr tacaíochta an phobail, go gcaithfidh bearta teanga a bheith i bhfeidhm sna réimsí seo chun an pobal Gaeltachta a chosaint (nó chun tigh láidir a thógaint). Gan bearta ag feidhmiú sna réimsí seo, ní bheidh struchtúr láidir pobal teanga i bhfeidhm.



Léaráid 6.1 Na Réimsí Pleanála Teanga – léirithe i bhFoirm Tí

Struchtúr Chur i bhfeidhm: Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar agus na Feidhmeannaigh

Tá roinnt mhaith tagairtí sna bearta a leanas do na feidhmeannaigh éagsúla a bheidh ag teastáil chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tugann Mír 9 cur síos iomlán ar fheidhmiú an phlean agus ar an struchtúr atá á mholadh chun plean teanga agus forbartha pobail Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a chur i bhfeidhm.

Soiléiríonn Léaráid 9.1a (i mír 9, lch 140) an gaol a bheidh idir an obair nua phleanála teanga agus an obair atá ar siúl sa limistéar ag an gceanneagraíocht cheana féin. Is iad seo a leanas na feidhmeannaigh nua a luaitear sna bearta thíos (ó 6.2 go 6.12) a bheidh le fostú in Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APTCT) fé scáth Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne/Oidhreacht Chorca Dhuibhne chun an obair thábhachtach seo a dhéanamh ar fud an limistéir phleanála teanga.

- Feidhmeannach/Stiúrthóir Cúnta Pleanála Teanga an Aonaid (Post 1)
- Comhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh & an Aonaid (Post 2)
- Oifigeach Óige an Aonaid (Post 3 – Comh-mhaoiniú ó fhoinsí eile á fhiosrú – Muintearas, féach litreacha tacaíochta ó Mhuintearas in Aguisín C)
- Feidhmeannach Oideachais an Aonaid (Post 4 – Comh-mhaoiniú ó fhoinsí eile – ROS/COGG á fhiosrú, comhráití tosnaíthe – féach litreacha in Aguisín C)
- Feidhmeannach Aosoideachais/Forbróir Cúrsaí (Post 5)
- Feidhmeannach Gnó & Turasóireachta (Post 6 – Comh-mhaoiniú ó fhoinsí eile – Údarás na Gaeltachta – le fiosrú)

Is i gcomhar le foireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne (2 Fheidhmeannach lánaimseartha atá ann cheana féin) agus i gcomhar leis na heagraíochtaí pobalbhunaithe eile ar fud an LPT a d'oibreodh na feidhmeannaigh nua seo chun bearta Phlean Teanga agus Forbatha Pobail Chiarraí Thiar a fheidhmiú. Cuireann roinnt de na bearta sa mhír seo síos ar fhorbairtí a dhéanfar ar obair phleanála teanga/ forbairtí pobail atá ar siúl *cheana féin* sa LPT (**bearta/obair atá aibhsithe i mbuí**) agus is obair phleanála teanga *nua* atá i gceist le roinnt mhaith bearta eile (**bearta/obair aibhsithe in uaine**).

Tá briseadh síos iomlán i mír 7 ar an gcostas a bhaineann le feidhmiú gach birt. I gcás cuid de na bearta i mír 6, is obair an Fheidhmeannaigh a bheadh le fostú chun an obair a dhéanamh an t-aon chostas atá leis an mbeart ach i gcás bearta eile tá costas breise sonraithe anuas ar fhostú an Fheidhmeannaigh (costaisí tríú páirtí). Tá 5 beart i mír 6 gur forbairtí fisiciúla caipitil iad agus tá teideal na mbeart sin **i gcló dearg**.

Le maoiniú an phlean teanga seo, is é an chéad bheart a bheidh le feidhmiú ná struchtúr an Aonaid a leagan amach agus **Stiúrthóir Cúnta Pleanála Teanga** a fhostú. D'eascair an beart seo, Beart 6.2.1, as plé agus cíoradh le foireann na ceanneagraíochta agus le baill na Meithile Pleanála Teanga a bhí ag stiúradh obair na pleanála teanga i limistéar pleanála teanga Chiarraí Thiar.

Beart 6.2.1 Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a bhunú agus Stiúrthóir Cúnta Pleanála Teanga a fhostú

Réimsí	K	Critéir Phleanála Teanga	1, 19
Eolas Breise	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a bhunú agus Stiúrthóir Cúnta Pleanála Teanga a fhostú Moltar Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a bhunú fé scáth Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne/Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Beidh foireann an Aonaid seo ag obair i dteannta fhoireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne fé stiúir Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne agus i gcomhpháirtíocht leis na heagrais phobalbhunaithe eile sa Limistéar. Is seisear Feidhmeannach nua a bheidh ag teastáil chun bearta iomlán an phlean teanga seo a fheidhmiú. Beidh maoiniú iomlán á lorg ó Roinn na Gaeltachta (An Rannóg Pleanála Teanga) chun triúr de na feidhmeannaigh seo a fhostú agus páirt-mhaoiniú don triúr eile. Táthar ag súil leis gur comh-mhaoiniú ó roinnt eagrais difriúla a bheidh i gceist le maoiniú post an Fheidhmeannaigh Oideachais, An Oifigigh Óige agus an Fheidhmeannaigh Ghnó. Beidh Coiste Stiúrtha ag an Aonad seo (forbairt ar choiste na Meithile Pleanála Teanga atá ann faoi láthair) ar a mbeidh ionadaíocht ó na coistí forbairtí pobail ar fud an LPT. Leagfaidh an Coiste Stiúrtha plean gnímh an phlean teanga amach ag cinntiú go bhfuil clár oibre sásúil i ngach ceantar sa LPT ag teacht le móraidhm an phlean i mír 2.4 agus comhoibreo far le foireann feidhmiúcháin Plean Teanga Bhaile Seirbhíse an Daingin nuair a bheidh an plean sin ullamh. Is iad an Stiúrthóir Cúnta Pleanála Teanga agus an		

	Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile an chéad dá phost eile a bheidh le líonadh san Aonad. Ag céim a dó beidh an tOifigeach Óige agus an Feidhmeannach Oideachais le fostú agus céim a trí is ea fostú an Fheidhmeannaigh Aos- Oideachais/Dearthóir Cúrsaí agus an Fheidhmeannaigh Ghnó. Is é an Stiúrthóir/ Stiúrthóir Cúnta Pleanála Teanga a dhéanfaidh comhordnú ar chur i bhfeidhm an phlean teanga sna réimsí agus a ghlacfaidh le freagracht as chur i bhfeidhm na mbearta sa phlean nach bhfuil idir lámha ag aon fheidhmeannach eile (m.sh Bearta 6.9 – Na Meáin Chumarsáide, 6.10 – Seirbhísí Stáit/Poiblí, 6.11 – Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach agus 6.12 – Spórt is Caitheamh Aimsire). Glacfaidh an Stiúrthóir Pleanála teanga le ról láidir feasachta i dtaca leis an bpleanáil teanga mar aon le ról cumarsáide i dtaca le gach gné d'fheidhmiú an phlean.		
Aidhm	Tús ceart a chur le feidhmiú Phlean Teanga Chiarraí Thiar		
Príomhúinéir an bhirt:	An Cheanneagraíocht: Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Thiar atá fé scáth CFCD		
Páirtithe leasmhara/ról:	Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus Ullmhúchán		Bliain 1
	Feidhmiú		Bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana	POST 1 Iomlán	Costas measta €65,000 X 7	€50,000 -
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Dúshlán mhaoinithe a chinntiú agus dáiríreacht agus comhtháthú an phróiséis a chur ina luí ar an státchóras.		
Réiteach an Dúshláin	Stocaireacht comhtháite pleanála teanga a dhéanamh ar an stát.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Coiste Stiúrtha Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar		

6.3. Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh/Teanga agus Seirbhísí Cúraim Leanaí

Ag leibhéal an teaghlaigh a thosnaítear ag tógaint pobaltheanga, mar a míníodh in 6.2 thuas. Taispeánann an taighde dúinn (féach siar go Mír 3) nach bhfuil dóthain clanna sa LPT seo ag tógaint a leanaí le Gaeilge chun go mbeadh pobal Gaeilge fós againn nuair a bheidh na daoine óga seo ag tógaint a gclann féin amach anseo. Ní hamháin nach bhfuil dóthain clannaibh ag tógaint a gclann le Gaeilge anois, tá sé fíordheacair orthu siúd atá ag iarraidh an sprioc sin a chomhlíonadh. Tá roinnt mhaith cur síos againn ó thuismitheoirí ar na dúshláin a bhaineann leis agus na constaicí a thagann ina dtreo (m.sh. Ó Giollagáin, 2007, Nic Cionnaith, 2008, Ní Dhoimhín, 2015, Mír 5 sa phlean seo). Is léir go bhfuil bearta ag teastáil sa réimse seo chun cur le líon na dteaghlach atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge agus chun tacú níos fearr leo siúd atá á dhéanamh cheana féin.

D'eascair na bearta seo a leanas sa rannóg seo ó chruinnithe a reáchtáladh mar chuid den phróiseas seo le coistí agus le heagraíochtaí tacaíochta teaghlaigh sa dúthaigh - le Coiste Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach, le Stiúrthóir na Scéime Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh, le Coiste Pobail Lios Póil, le Coiste Chomharchumann Dhún Chaoin agus as grúpaí fócais a reáchtáladh le tuismitheoirí mar chuid den phlean seo . Tá cúig bheart sa rannóg seo agus tá siad sonraithe thíos i dTáblaí 6.3.1 go dtí 6.3.5. *Is bearta iad seo a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm dá bhfostófaí Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile mar chuid d'fheidhmiú an phlean seo agus má thacaíonn an stát leis an éileamh pobail chun seirbhísí sláinte/teaghlaigh a sholáthar as Gaeilge. Ní tharlóidh na bearta seo gan an saghas sin tacaíochta/struchtúr maoinithe.*

Beart 6.3.1 Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach a bhuanú: Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile a fhostú

Réimsí	B, C, D, H, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 9, 10, 11,12
Eolas Breise/Cur Síos	Seirbhísí Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach a bhuanú agus a fhorbairt san ITT i mBaile an Fheirtéaraigh agus ar fud an LPT Is gá forbairt a dhéanamh ar Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach a tógadh in 2014 mar thoradh ar obair dheonach an Choiste ITT atá ar an bhfód ó 2000. Is gá maoiniú a fháil chun Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile a fhostú ann go lánaímseartha chun seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus iarscoile a chur chun cinn ann. Beidh na seirbhísí seo ag feidhmiú i gcomhar leis na seirbhísí réamhscoile agus cúram leanaí atá sa bhfoirgneamh cheana féin faoi choimirce Chomhar na Naíonraí Gaeltachta. Reáchtálfar seisiúin eolais do tuismitheoirí an LPT faoi sheirbhísí an Ionaid agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh chun níos mó Gaeilge a úsáid ag baile nó chun saibhriú Gaeilge a leanaí a chur chun cinn. Tabharfar gach tacaíocht agus comhairle do tuismitheoirí chun a gclann a thógaint le Gaeilge, ranganna Gaeilge dírithe ar tuismitheoirí agus ar obair bhaile a dhéanamh le leanaí san áireamh. Beidh cúrsaí tuismitheoireachta rialta ar siúl san Ionad faoi gach gné den tuismitheoireacht, cúrsaí teanga san áireamh. Spreagfar an deis cainte agus comhoibrithe idir tuismitheoirí chun go mbeidh comhthuiscint idir tuismitheoirí atá agus nach bhfuil ag tógaint a leanaí le Gaeilge. Forbrófar na seirbhísí eile atá ar na bioráin don Ionad – seirbhísí iarscoile le réimsí leathan gníomhaíochtaí cultúrtha teanga-lárnaithe, club obair bhaile, club léitheoireachta do leanaí, drámaíocht/amhránaíocht/rince/ceol (i gcomhar le OCD). Leanfar ar aghaidh ag forbairt ócáid na nAosach san ITT agus déanfar a thuilleadh nascanna idir ócáidí na nAosach agus imeachtaí na hóige – deiseanna chun óige agus aosach an phobail a thabhairt le chéile agus saibhriú na Gaeilge a chur		

	chun cinn i measc na hóige/na dteaghlach. Fiosrófar an deis aosaigh nach bhfuil clann orthu a chur i dteagmháil le leanaí óga mar chuid de thogra saibhrithe teanga. Tosnófar ag riaradh agus ag bainistiú an bus pobail atá ceannaithe ag an gcoiste ITT. Úsáidfear an bus seo chun tacú leis na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh ar fad a bheidh á reáchtáil san Ionad agus ón Ionad i gceantair eile. Tosnófar ag comhoibriú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cuid dá seirbhísí a thacaíonn leis an teaghlach agus leis na haosaigh a chur ar fáil trí Ghaeilge san ITT. Déanfar comhordnú ar an bpolasaí teanga agus ar bhainistiú teanga imeachtaí an Ionaid trí chomhthuiscint a chinntiú idir na páirtithe leasmhara go léir a mbeidh baint acu le seirbhísí an Ionaid a sholáthar. Cé go mbeidh an Comhordaitheoir lonnaithe san ITT i mBaile an Fheirtéaraigh, beidh an tacaíocht agus na seirbhísí a chuirfear ar fáil san Ionad á dtairiscint do phobal an LPT go léir (trí nasc leis na grúpaí pobail/comharchumannn eile) agus beidh comhairle/comhoibriú/tacaíocht maidir le seirbhísí den tsórt céanna a chur ar fáil i gceantair/paróistí eile sa LPT ar bhonn rialta, m.sh. Lios Póil, An Fheothanach, An Clochán, Ceann Trá, Dún Chaoin, Baile na nGall, Baile an Fheirtéaraigh.		
Aidhm:	Réimse leathan seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus cúram leanaí a chur ar fáil faoi aon dhíon amháin agus aon pholasaí teanga amháin – ag tacú le clannaibh atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge agus a thuilleadh clannaibh a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Tacú/comhairle maidir le seirbhísí den sórt céanna ar fud an LPT i gcomhar le coistí pobail/comharchumannn eile.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad nua na Pleanála Teanga (APTCT): Comhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile an ITT		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comhoibriú le Comhar Naíonraí na Gaeltachta (soláthar seirbhísí), Scéim Tús Maith /OCD (soláthar seirbhísí), FSS (soláthar seirbhísí), Coiste ITT (bainistiú agus soláthar seirbhísí), Comharchumannn Forbartha Chorca Dhuibhne (tacaíocht agus bainistiú), An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha Tuaithe agus Gaeltachta (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), tuismitheoirí agus leanaí (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 1-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	POST 2 & BUISEAD €45,000 + €20,000 + €10,000 (bus)	Costas measta iomlán	€75,000 X 7

Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)
Dúshlán an bhirt	Maoiniú cuí chun an duine ceart a fhostú agus an buiséad ceart a bheith ar fáil chun na seirbhísí/tacaíochtaí go léir a reáchtáil.
Réiteach an Dúshláin	Tábhacht an bhirt a dheimhniú arís agus arís eile.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar an gComhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile tuairisciú go rialta do Stiúrthóir na Pleanála Teanga maidir le héifeacht na hoibre agus comhlíonadh na haidhme.

Beart 6.3.2: Scéim Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) a Fhorbairt

Réimsí	B, C, D, J, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 9, 10, 11, 12
Breis eolais/Cur Síos	Forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Tús Maith a reáchtálann Oidhreacht Chorca Dhuibhne Cuirfear leis na grúpaí súgartha Gaeilge do thuismitheoirí agus leanaí trí iad a reáchtáil in áiteanna difriúla sa LPT ó am go ham (m.sh. Lios Póil, Dún Chaoin, An Fheothanach, Clochán Bréanainn, Ceann Trá). Leanfar ag mealladh agus ag spreagadh tuismitheoirí chun an Ghaeilge a úsáid mar theanga bhaile. Leanfar ag reáchtáil grúpaí súgartha agus imeachtaí do leanaí arb í an Ghaeilge a dteanga baile m.sh. Scléip an tSathairn. Méadófar ar mhinicíocht Scléip an tSathairn chun go mbeidh gréasán tacaíochta d'úsáid na Gaeilge ar fáil do theaghlaigh arb í an Ghaeilge a dteanga baile ar bhonn níos rialta. Tosnófar ag forbairt Scléip an tSathairn do leanaí níos sine chomh maith (8-12 bl.). Comhoibreofar le seirbhísí/tacaíochtaí an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh agus leanfar ag soláthar seirbhísí san Ionad. Déanfar fógraíocht ar sheirbhísí Tús Maith i gcomhar le seirbhísí an ITT ar mhaithe le feachtas teanga a chothú agus ar mhaithe le breis clannaibh a mhealladh go dtí ócáidí Thús Maith/ITT. Forbrófar an scéim Cuairteanna Baile trí rannpháirtíocht a fháil ó na teaghlaigh a úsáideann an scéim. Lorgófar moltaí uathu chun an scéim a fhorbairt agus triailfear breis teaghlach a mhealladh chun an scéim a úsáid. Cuirfear cláracha oiliúna riachtanacha ar siúl do na Cuairteoirí Baile. Forbrófar agus foilseofar a thuilleadh áiseanna tacaíochta do chlanna atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge – m.sh. CDanna, Cluichí Ríomhaireachta, Stair agus Dinnseanachas Chorca Dhuibhne.		
Aidhm	Cur leis an ngréasán tacaíochta d'úsáid agus do shaibhriú na Gaeilge atá ar fáil sa LPT do theaghlaigh Ghaeilge agus do theaghlaigh ar mhaithe leo a thuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile.		
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann Tús Maith, Oidhreacht Chorca Dhuibhne		

Páirtithe leasmhara/ról:	Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile ITT (comhoibriú), Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne (tacaíocht), Coiste Forbartha Lios Póil (tacaíocht), Comharchumann an Leith Triúigh (tacaíocht), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Comhoibriú agus Tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (Tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 1-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas Clúdaithe ag deontas reachtála Oidhreacht Chorca Dhuibhne	Costas measta Iomlán	Costas Clúdaithe ag deontas reachtála Oidhreacht Chorca Dhuibhne
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Easpa maoinithe (Post páirtaimseartha atá ann faoi láthair). Easpa feasachta teanga		
Réiteach an Dúshláin	Breis maoinithe. Breis feasacht teanga chomhtháite mar thoradh ar an bpróiseas pleanála teanga.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Coimeádfaidh Foireann Tús Maith cuntas/taifead ar fhorbairt imeachtaí na scéime agus ar rannpháirtíocht na dteaghlach agus cuirfear tuairisc rialta ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.3.3: Oibrithe Naíolainne & Cúramóirí Leanaí: Struchtúr Feasachta Teanga, Oiliúint agus Dea-Chleachtais a fhorbairt

Réimsí	B, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 9
Eolas Breise	Reáchtálfar cruinniú/seisiún eolais agus comhoibrithe d'oibrithe agus lucht bainistíochta naíolainne agus do chúramóirí/feighlithe leanaí an LPT ag tús agus deireadh gach scoilbhliana. Míneofar tábhacht na réimse seo don phleanáil teanga. Pléifear cumas teanga na leanaí, cleachtas teanga na seirbhísí, an timpeallacht teanga (áiseanna agus acmhainní), deacrachtaí agus tacaíochtaí atá ann maidir le bainistiú teanga na leanaí. Bunófar struchtúr tacaíochta/comhoibrithe idir na cúramóirí seo ar mhaithe le dea-chleachtais a scaipeadh san earnáil. Cuirfear eolas teagmhála ar fáil do thuismitheoirí (tríd an ITT/Scéim Tús Maith agus ar shuíomh idirlín LPTCT- Tobar Dhuibhne) do na feighlithe leanaí/cúramóirí leanaí a fheidhmíonn trí Gaeilge. Spreagfar thuismitheoirí chun cúramóirí leanaí a úsáid a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus a dheinean bainistíocht ar theanga na seirbhíse, féachfar ar shlite chun tacú leis an iarracht seo trí méid áirithe lacáistí/deontais a bhronnadh ar thuismitheoirí a úsáideann seirbhísí a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus a bhainistíonn teanga na leanaí.		
Aidhm	Feasacht Teanga maidir leis an réimse thábhachtach seo a		

	scaipeadh. Dea-chleachtas a roinnt maidir le cúram leanaí trí Ghaeilge agus bainistiú teanga na leanaí sna seirbhísí seo. Cleachtas agus timpeallacht teanga na seirbhísí a mheas agus bearta a cheapadh dá réir. An líon tuismitheoirí a úsáideann seirbhísí cúram leanaí trí Ghaeilge a ardú.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad nua na Pleanála Teanga (APTCT): Comhordaitheoir Teaghlaigh/ Iarscoile an ITT		
Páirtithe leasmhara/ról:	Bainisteoir agus Foireann Naíolainne Chomhar na Naíonraí Gaeltachta (CNNG) (tacaíocht agus rannpháirtíocht), foireann Naíolainne Áiseanna na hÓige (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Cúramóirí leanaí príobháideacha an LPT (rannpháirtíocht), Tús Maith (tacaíocht), TUSLA (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), tuismitheoirí (rannpháirtíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT.		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 1-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	POST 2 & BUISÉAD	Costas measta Iomlán	€2,000 sa bhliain X7 = €14,000
Foinsí maoinithe	Buiséad an ITT agus Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Na Feighlithe Leanaí/Cúramóirí a thabhairt go dtí na cruinnithe.		
Réiteach an Dúshláin	Na cruinnithe a reáchtáil tríd an eagraíocht TUSLA nuair a bheidh ar na cúramóirí/feighlithe leanaí go léir a bheith cláraithe le TUSLA.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Ceapfar cathaoirleach/rúnaí ar an ngrúpa seo – oibrithe & lucht bainistíochta Naíolainne agus cúramóirí leanaí - agus iarrfar orthu tuairisc a chur ar fáil don gComhordaitheoir Teaghlaigh/ Iarscoile/ Stiúrthóirí na Pleanála Teanga gach bliain.		

Beart 6.3.4 Seirbhísí Teaghlaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a fhorbairt as Gaeilge

Réimsí	B, H, K	Critéir Phleanála Teanga	3, 7, 13, 18
Eolas Breise	Spreagfar comhoibriú idir an FSS agus Tús Maith chun an scéim “Community Moms” a reáchtáil an FSS a chur ar fáil sa LPT as Gaeilge. Faoi láthair tá an tseirbhís seo, ina dtéann oibrithe an FSS amach go dtí máithreacha nua chun tacaíocht tuismitheoireachta a chur ar fáil dóibh, á dhéanamh as Béarla. Comhoibreoidh an Comhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile (ITT) leis an FSS chun roinnt seirbhísí a chuireann siad ar fáil do thuismitheoirí agus a leanaí – m.sh. tástálacha ag pointí éagsúla roimh aois scoile, seirbhísí teiripe urlabhra, tástálacha riachtanais		

	speisialta, clinic dochtúirí do leanaí – a chur ar fáil as Gaeilge san ITT agus i gceantair eile sa LPT ar bhonn rialta. Forbrófar réimse cúrsaí tuismitheoireachta as Gaeilge idir an ITT/FSS agus Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí (BOOCH)		
Aidhm	Cur leis na seirbhísí teaghlaigh atá ar fáil as Gaeilge. Seirbhísí tábhachtacha poiblí do leanaí agus a dtuismitheoirí (agus aoisghrúpaí eile) a chur ar fáil as Gaeilge do chainteoirí laethúla Gaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad na Pleanála Teanga (APTCT): Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile an ITT		
Páirtithe leasmhara/ról:	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus soláthróirí seirbhísí sláinte an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Oifig an Choimisinéara Teanga (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 1-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	POST 2 + Buiséad breise chun cúrsaí a réachtáil	Costas measta Iomlán	€5,000 X 7 = €35,000 (dearadh/aistriúchán/ réachtáil cúrsaí tuismitheoireachta)
Foinsí maoinithe	Buiséad an ITT agus FSS		
Dúshlán an bhirt	Easpa Gaeilge i measc na bhFeidhmeannach - FSS		
Réiteach an Dúshláin	Ranganna Gaeilge spriocdhírthe a thairiscint do Fheidhmeannaigh an FSS		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Comhoibreoidh an Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile leis an FSS chun na seirbhísí seo a sholáthar as Gaeilge, san ITT agus in áiteanna eile sa LPT chomh maith. Coimeádfar taifead agus déanfar fógairt ar na seirbhísí seo i measc an phobail. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.3.5 Struchtúr Tacaíochta agus Feasachta a fhorbairt do ghrúpaí éagsúla Tuismitheoirí

Réimsí	B, D, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 11, 12
Eolas Breise	Forbrófar straitéis feasachta teanga maidir le tábhacht na teanga ag leibhéal an teaghlaigh do thuismitheoirí. Déanfar é seo i gcomhar leis na seirbhísí réamhscolaíochta (CNNG), agus na scoileanna áitiúla. Cuirfear an t-eolas céanna seo i láthair tuismitheoirí ag gach pointe den luathchóras – an tseirbhís náiolainne/cúram leanaí, an réamhscolaíocht agus an scoil. Cuirfear seirbhís chomhairliúcháin ar fáil do thuismitheoirí maidir le slite chun úsáid na Gaeilge ag baile a chur chun cinn. Reáchtálfar ranganna/ceardlanna teanga do thuismitheoirí ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus cuirfear slite		

	cruthaitheacha os a gcomhair maidir le Gaeilge a thabhairt isteach sa tigh agus tacú lena leanaí. Forbrófar clár teanga dóibh a bheidh úsáideach ag gach leibhéal/bliain réamhscolaíochta agus scolaíochta a gcuid leanaí (m.sh. bileog a scaipeadh ar thuismitheoirí le réamheolas ar an saghas teanga a bheidh in úsáid sa Naíonra, sna naíonáin, i Rang a hAon, Rang a Dó srl.). Leanfar ag cothú líonraí agus gréasán úsáide agus saibhrithe do thuismitheoirí atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge cheana féin. Méadófar ar líon na n-ócáidí a chuirfear ar fáil dóibh (m.sh. cúrsaí tuismitheoireachta agus gnéithe teanga san áireamh) agus cuirfear iad i dteagmháil le grúpaí tuismitheoirí/struchtúr tacaíochta eile ar bhonn náisiúnta, m.sh. Tuismitheoirí na Gaeltachta i gConamara agus Gaeltacht Dhún na nGall chun dea-chleachtais a roinnt agus chun na dúshláin a bhaineann le leanaí a thógaint le Gaeilge a phlé.		
Aidhm	Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge agus a thuilleadh tuismitheoirí sa phobal a spreagadh chun é sin a dhéanamh		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad na Pleanála Teanga (APTCT): Comhordaitheoir Teaghlaigh/ Iarscoile an ITT		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comhar Naíonraí na Gaeltachta (tacaíocht), Cúramóirí Leanai (tacaíocht), Bunscoileanna áitiúla (tacaíocht), Iarbhunscoil PCD (tacaíocht), Comharchumainn agus Coistí Forbartha Pobail i gceantair an LPT (tacaíocht), Tús Maith (tacaíocht), Stiúrtóir na Pleanála Teanga (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (tacaíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€800	Costas measta Iomlán	€800 X 7 (bileoga agus fograíocht)
Foinsí maoinithe	Buiséad an ITT, Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Tuismitheoirí a mhealladh chun freastal ar ranganna agus ar chruinnithe agus chun níos mó Gaeilge a úsáid ag baile.		
Réiteach an Dúshláin	Cur chuige comhtháite idir an ITT/ Comhar Naíonraí na Gaeltachta/Tús Maith/OCD/ na bunscoileanna agus an iarbhunscoil chun an teachtaireacht chéanna agus an tacaíocht chomhtháite chéanna a sholáthar do gach seirbhís.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Coimeádfaidh an Comhordaitheoir Teaghlaigh/ Iarscoile cuntas ar líon na dtuismitheoirí a úsáidfidh na seirbhísí seo agus oibreofar leis na rannpháirtithe go léir atá sonraithe faoin mbeart seo chun cur le líon na dtuismitheoirí a bheidh rannpháirteach gach bliain.		

6.4. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais/ réamhscolaíochta)

Tá an córas oideachais thar a bheith tábhachtach ó thaobh na pleanála teanga mar thacaíocht don réimse bhunaidh teaghlaigh. Tá oideachas lán-Ghaeilge ag teastáil ó leanaí gurb í an Ghaeilge a dteanga baile chun go dtiocfaidh forbairt ar theanga na ndaltaí agus chun go leanfaidh siad ar aghaidh ag sealbhú na Gaeilge. Tá rithábacht ag baint leis an sóisialú (imirt agus spraoi) trí Ghaeilge chomh maith mar chuid den bhforbairt teanga agus chun nádúrthacht na teanga a chothú don gcéad ghlúin eile. Tá oideachas lán-Ghaeilge an-éifeachtach mar chóras d'fhoghlaimoirí na teanga chomh maith, mar a léiríonn an fás thar cuimse atá tagtha ar an earnáil seo lasmuigh den Ghaeltacht in Éirinn (i measc gach saghas pobail, cúlraí socheacnamaíocha éagsúla). Tá dúshlán shuntasacha ag baint leis an oideachas Gaeltachta, áfach, mar atá léirithe i mórán tuarascálacha taighde le blianta fada anuas (m.sh. easpa polasaithe ag leibhéal an stáit, easpa sainoiliúna ar fáil do mhúinteoirí, éagsúlacht mhór i gcumas teanga na ndaltaí, caighdeán Gaeilge na múinteoirí gan a bheith sásúil i gcónaí, easpa tacaíochta ó roinnt tuismitheoirí/gan rogha ar oideachas trí Bhéarla a bheith ar fáil uaireanta, easpa acmhainní agus áiseanna teagaisc don teagasc trí Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal ach go háirithe). Don chéad uair riamh tá Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2016) forbartha anois ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun dul i ngleic leis na dúshlán seo. Tosnadh ar an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2017. Tá sé sonraithe sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go mbeidh comhoibriú iomlán ag teastáil maidir le cur i bhfeidhm an pholasaithe sin agus cur i bhfeidhm bearta oideachais agus teaghlaigh na pleanála teanga (POG: 45).

Mar chuid den obair chun an plean teanga seo a réiteach, reáchtáladh cruinnithe leis na hinstiúidí oideachais agus réamhscolaíochta sa cheantar maidir leis na bearta oideachais a bheadh ag teastáil, dar leo, chun tacú le príomhspríoc na Gaeltachta (**gréasán úsáide agus saibhríthe Gaeilge a láidriú do chainteoirí dúchais/baile agus líon na gcainteoirí laethúla sa phobal a ardú – féach siar go mír 2.4 don mhórfhís**). D'eascair na bearta seo as cruinnithe le coistí stiúrtha Naíonraí, le boird bhainistíochta na mbunscoileanna agus na hiarbhunscoile, le foireann oideachais Oidhreacht Chorca Dhuibhne/Choláistí Chorca Dhuibhne agus le bainisteoir Dhún Chiomhain, Ionad Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, i mBaile an Fheirtéaraigh. Leanann na bearta oideachais a tháinig chun cinn a gcríochnú sin i rannóg 6.4 thíos (Bearta 6.4.1–6.4.20). *Is bearta iad seo a d'fhéadfai a chur i bhfeidhm dá gcuirfí struchtúr maoinithe ar fáil chun foireann pleanála teanga (Feidhmeannach Oideachais) a cheapadh agus chun buiséad a chur ar fáil don bhfoireann sin. Ní chuirfear na bearta seo i gcrích gan Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga a bheith fostaíthe san Aonad nua Pleanála Teanga.* Tagann na bearta seo leis an gcur chuige agus an fócas nua atá sonraithe sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (2016).

Beart Comhtháite an Oideachais

Beart 6.4.1: Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga a fhostú

BEARTA RÉAMHSCOLAÍOCHTA

Réimsí	A, B, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 6, 7, 8
Eolas Breise	Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga do LPTCT a fhostú Is gá Feidhmeannach Oideachais a fhostú chun bearta oideachais an phlean teanga a chur i gcrích. Beidh an Feidhmeannach seo mar thacaíocht do na bunscoileanna agus don iarbhunscoil sa LPT ó thaobh chur i bhfeidhm an pholasaithe oideachais Ghaeltachta agus maidir leis an nasc idir scoileanna agus an pobal Gaeltachta a láidriú.		
Aidhm	Tacaíocht a sholáthar i gcomhair le cur i bhfeidhm an pholasaithe		

	don Oideachas Gaeltachta, comhtháthú a chothú i réimse an oideachais Ghaeltachta sa LPT, na bearta oideachais sa phlean a chur i bhfeidhm.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar – Stiúrthóir/Coiste Stiúrtha an Aonaid		
Páirtithe leasmhara/ról:	COGG (tacaíocht), ROS (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	€50,000 - €70,000 Tuarastal	Costas measta iomlán	€60,000 x 6 (féach mír 6)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (Buiséad na Pleanála Teanga) i gcomhpháirtíocht le ROS.		
Dúshlán an bhirt	Comhoibriú a thionscnamh idir an ROS agus Roinn na Gaeltachta chun an post seo a chruthú		
Réiteach an Dúshláin	Tábhacht an chomhoibrithe seo a shoiléiriú		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Stiúrthóir agus Coiste Stiúrtha an Aonaid Phleanála Teanga freagrach as an bhFeidhmeannach seo a fhostú.		

Beart 6.4.2 Fóram Comhoibrithe idir Naíonraí agus arís idir Naíonraí agus Bunscoileanna

Réimsí	A, B, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 5, 6, 7, 8, 9
Eolas Breise	Fóram Feasachta/Comhoibrithe agus Oiliúna a fhorbairt idir Naíonraí an LPT agus arís idir Bunscoileanna agus Naíonraí Forbrófar fóram chun go bhféadfaidh Stiúrthóirí/Oibrithe Naíonraí/réamhscolaíochta teacht le chéile chun dea-chleachtais agus tuairimí a roinnt maidir leis na slite is fearr chun déileáil leis na dúshláin a bhíonn rompu. Eagrófar cruinniú/seisiún oiliúna le hoibrithe agus lucht bainistíochta na Naíonraí dhá bhabhta sa bhliain mar chuid den phróiseas pleanála teanga agus cruthófar slí gur féidir teagmháil le chéile idir cruinnithe (ar shuíomh idirlín na pleanála teanga – fóram idirghníomhach) chun comhairle agus acmhainní a roinnt. Tacófar le nascanna a chruthú idir naíonraí atá suite i gceantair atá cosúil lena chéile ó thaobh na teanga, fiú más gá bogadh amach ón LPT chun teacht ar Naíonra eile atá oiriúnach don nascadh. Forbrófar an saghas céanna comhtháthú idir Naíonraí agus na Bunscoileanna áitiúla in aice leo trí mhórchruinniú amháin in aghaidh na bliana sa LPT a eagrú do phríomhoidí na mbunscoileanna agus na stiúrthóirí Naíonraí. Cinnteofar comhtháthú idir polasaithe teanga, roinnfear dea-chleachtais maidir le múineadh na Gaeilge d'fhoghlaimeoirí agus saibhriú/forbairt teanga na gcainteoirí dúchais.		

	Tacófar le cur i bhfeidhm an pholasaí oideachais Ghaeltachta sa chur chuige comhtháite seo, ag cinntiú go bhfuil soláthar maith réamhscolaíochta ar fáil trí Ghaeilge sa LPT ar fad agus go bhfuil struchtúr aitheantais agus tacaíochta do leanaí arb í an Ghaeilge a dteanga baile chomh maith céanna le leanaí atá ag foghlaim na Gaeilge.		
Aidhm	Tacú leis an bPolasaí Oideachas Gaeltachta. Comhtháthú a chothú san earnáil réamhscolaíochta agus idir an réamhscolaíocht agus an bhunscolaíocht.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad na Pleanála Teanga (APTCT) – Feidhmeannach Oideachais		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comhar Naíonraí na Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Múinteoirí agus Príomhoidí na mbunscoileanna áitiúla (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Stiúrthóirí agus Oibrithe na Naíonraí (rannpháirtíocht agus tacaíocht). Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), An Roinn Oideachais agus Scileanna (tacaíocht), Coiste Forbartha Pobail eile sa LPT.		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-6	
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	Costas measta iomlán	€5,000 x 7 (féach Mír 7 do bhriseadh síos ar chostas an bhirt seo)
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Easpa ama ag stiúrthóirí/oibrithe Naíonraí agus príomhoidí/múinteoirí páirt a ghlacadh.		
Réiteach an Dúshláin	Na buntáistí a bhaineann lena leithéid seo de chomhoibriú/comhtháthú a phlé leis na páirtithe leasmhara		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Feidhmeannach Oideachais an Aonaid freagrach as éifeacht an bhirt a mheas trí aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.4.3: Feasacht/Tacaíocht Teanga Chomhtháite do Thuismitheoirí

Réimsí	A, B, K	Critéir Phleanála Teanga	2, 6, 7, 8
Eolas Breise	Feasacht/Tacaíocht Teanga Chomhtháite do Thuismitheoirí (Ról lárnach ag na Naíonraí i mbeart 6.3.5 – Feasacht Teanga do Thuismitheoirí) Beidh ról lárnach ag na seirbhísí réamhscolaíochta sa straitéis feasachta (ar cuireadh síos air i réimse an teaghlaigh – 6.3.5) chun tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí ó thaobh na teanga de. Rachfar i dteagmháil le tuismitheoirí ar bhonn comhtháite (comhoibriú idir seirbhísí cúraim leanaí/réamhscolaíocht agus bunscoileanna) nuair a thosnaíonn tuismitheoirí ag úsáid seirbhísí cúraim leanaí nó nuair a chláraíonn siad leis an tseirbhís réamhscolaíochta chun na tacaíochtaí teanga go léir atá ar fáil a chur faoin mbráid.		

	Míneofar agus soiléireofar do thuismitheoirí atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh sin sa chóras chomh maith.		
Aidhm	Tacaíocht a léiriú do thuismitheoirí agus iad a spreagadh chun Gaeilge a fhoghlaim agus tacaíocht a léiriú do thuismitheoirí atá ag tógaint a leanaí le Gaeilge cheana féin.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Feidhmeannach Oideachais & Comhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile an ITT		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comhar Naíonraí na Gaeltachta (tacaíocht), Cúramóirí leanaí (tacaíocht), Oibrithe Naíolainne (tacaíocht), Bunscoileanna (tacaíocht), Tuismitheoirí (rannpháirtíocht), Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas sonraithe cheana i mír 6.3.5	Costas measta iomlán	Costas sonraithe cheana i mír 6.3.5
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (Buiséad na Pleanála Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Rochtain ar thuismitheoirí luath go leor, tuismitheoirí a spreagadh chun glacadh leis an tacaíocht.		
Réiteach an Dúshláin	Teagmháil le tuismitheoirí bliain nó dhó sula dtagann na leanaí go dtí an tseirbhís réamhscolaíochta (nuair a chuireann siad a n-ainmneacha ar an liosta). Feasacht Teanga i measc tuismitheoirí a fhorbrófar de bharr an phlean teanga.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Feidhmeannach Oideachais an Aonaid ag comhoibriú leis an gComhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile chun taifead a choimeád ar líon na dtuismitheoirí a ghlacann leis an tacaíocht faoin mbeart seo. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

BEARTA BUNSCOLAÍOCHTA

Beart 6.4.4: Tacú le bunscoileanna an LPT aitheantas mar Scoil Ghaeltachta a bhaint amach faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	4, 6
Eolas Breise	Tacú leis na bunscoileanna sa LPT cur isteach ar aitheantas Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (POG) agus tacú le rannpháirtíocht leanúnach sa Pholasaí Comhoibriú/Tacaíocht a chur ar fáil do na scoileanna sa LPT ag soiléiriú cad atá le déanamh chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a fháil. Na dea-chleachtais atá á lorg ón bPolasaí a shoiléiriú do na scoileanna chun tacú le soláthar oideachais lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán i ngach bunscoil, mar shampla luath-thumadh sna naíonáin, forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do mhúinteoirí maidir le teagasc trí Ghaeilge, dea-chleachtais a		

	roinnt idir scoileanna, curaclam idir-dhealaithe agus clár cinnte chun tacú le cainteoirí dúchais chomh maith céanna le foghlaimeoirí na Gaeilge. Gheobhaidh an tAonad Pleanála Teanga comhairle ón ROS/COGG faoi na slite is éifeachtaí chun tacú leis na scoileanna tríd an bpróiseas pleanála teanga chun aitheantas Gaeltachta a bhaint amach. Cuirfear comhairle agus tacaíocht ar fáil do na scoileanna maidir le réiteach a bpleananna gnímh don bpolasaí oideachais Gaeltachta nua. Comhoibireofar agus tacófar go leanúnach leis na scoileanna chun rannpháirtíocht leanúnach sa pholasaí (POG) a chinntiú agus déanfar stocaireacht le cinntiú go dtiocfaidh na tacaíochtaí go dtí na scoileanna faoi mar atá geallta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.		
Aidhm	Go mbainfeadh céatadán ard/na scoileanna ar fad sa LPT stádas Gaeltachta amach faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus go mbeidh soláthar oideachais Ghaeltachta ar ardchaighdeán ar fáil i mbunscoileanna an LPT.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD): An Feidhmeannach Oideachais i gcomhar le hAonad na Gaeltachta (ROS) & COGG		
Páirtithe leasmhara/ról:	Na bunscoileanna áitiúla – foireann agus boird bhainistíochta(rannpháirtíocht), An Roinn Oideachais agus Scoileanna (tacaíocht), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Próiseas Pleanála Teanga) agus ROS (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Bord Bainistíochta, foirne agus pobal na scoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa pholasaí i gcás scoileanna áirithe		
Réiteach an Dúshláin	Cúlra agus cúis an pholasaithe a mhíniú do na scoileanna agus a chinntiú go mbeidh breis tacaíochtaí agus acmhainní ag teacht ón stát chun an polasaí a chur i bhfeidhm.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an ROS, COGG agus an cheanneagraíocht (Feidhmeannach Oideachais an Aonaid Phleanála Teanga) freagrach as tuairisc a fháil ó na príomhoidí/scoileanna ar éifeacht an bhirt.		

Beart 6.4.5: Fóram Dea-Chleachtais do Mhúinteoirí agus do Phríomhoidí Bunscoile

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	4, 5, 6
Eolas Breise	Fóram teagmhála a chruthú do phríomhoidí agus múinteoirí bunscoile an LPT (taobh leis an bhfóram réamhscolaíochta - beart 6.4.1) Cruthóidh an fóram deis do phríomhoidí agus do mhúinteoirí teagmháil rialta a choimeád chun smaointe agus dea-chleachtais a roinnt, chun eolas a scaipeadh faoi acmhainní agus chun dúshlán a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Cruthófar an fóram seo taobh leis an bhfóram réamhscolaíochta ar shuíomh idirlín na pleanála teanga.		
Aidhm	Dea-Chleachtais an Oideachais Ghaeltachta a roinnt idir bunscoileanna an LPT		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (Feidhmeannach Oideachais) i gcomhar le COGG/ROS		
Páirtithe leasmhara/ról:	Príomhoidí agus múinteoirí na mbunscoileanna sa LPT (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais/Costas an Fhórait clúdaithe i mBeart 6.4.2	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais/Costas an Fhórait clúdaithe i mBeart 6.4.2
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)/ ROS (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Na múinteoirí agus na príomhoidí a spreagadh chun a bheith rannpháirteach.		
Réiteach an Dúshláin	An Fóram a úsáid chun eolas tábhachtach faoin oideachas Gaeltachta a scaipeadh ar na scoileanna agus a chinntiú go bhfuil an tseirbhís tairbheach do na scoileanna.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar COGG/ ROS agus ar fhoireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais) aiseolas a bhailiú ó na scoileanna maidir le héifeacht an bhirt trí aiseolas a fháil ó na scoileanna.		

Beart 6.4.6: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach na múinteoirí bunscoile sa LPT a chothú

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	3, 4, 5, 6
Eolas Breise	Deiseanna d'fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na múinteoirí a chothú sa LPT Comhoibreachas leis na múinteoirí (Ionad na Múinteoirí), leis na heagrais náisiúnta oideachais Ghaeltachta (COGG & Gaeloideachas) agus leis an ROS (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) chun seisiún/seimineár oiliúna bliantúil a eagrú go háitiúil maidir le dea-chleachtais an oideachais Ghaeltachta do mhúinteoirí/phríomhoidí an LPT. Cuirfear béim ar ghnéithe den Pholasáí don Oideachas Gaeltachta, m.sh. an luath-thumadh iomlán sna naíonáin, difreáil sa seomra ranga idir foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchais, an teagasc comhtháite ábhar agus teanga, an tumoideachas, an tumoideachas agus riachtanais speisialta, úsáid shóisialta na Gaeilge a chothú, forbairt agus saibhriú teanga.		
Aidhm	Oiliúint leanúnach ar bhonn áitiúil a chur ar fáil d'fhoireann na scoileanna i dtaca leis na mórcheistean i réimse an oideachais Ghaeltachta		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Feidhmeannach Oideachais an Aonaid i gcomhar le hAonad na Gaeltachta (ROS), An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do mhúinteoirí (ROS), agus COGG.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Múinteoirí agus príomhoidí na mbunscoileanna (rannpháirtíocht), saineolaithe an oideachais Ghaeltachta agus múinteoirí ó scoileanna i gceantair Ghaeltachta eile (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000 sa bhliain	Costas measta iomlán	€2,000 X 6
Foinsí maoinithe	ROS, COGG, Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Bheadh ar na múinteoirí/príomhoidí lá saor/inseirbhíse a bheith acu chun freastal ar a leithéid de sheimineár uair sa bhliain		
Réiteach an Dúshláin	Comhoibriú leis an ROS chun an lá inseirbhíse seo a cheadú mar chomhoibriú idir an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Phleanáil Teanga		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar ROS/COGG aiseolas a fháil ó na scoileanna maidir le héifeacht an bhirt agus tuairisciú go dtí Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.4.7: Polasaithe Saibhrithe Gaeilge do chainteoirí dúchais/baile Gaeilge

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2, 4, 5, 6
Eolas Breise	Tacú leis na bunscoileanna polasaithe/cleachtais a chur i bhfeidhm agus áiseanna áitiúla (ábhar dílis) a bhailiú/a chruthú atá oiriúnach do chainteoirí dúchais/baile Gaeilge. Bunófar Meitheal Oibre i measc na múinteoirí bunscoileanna chun na dea-chleachtais chun freastal ar chainteoirí baile/dúchais ina gcuid ranganna a shonrú. Fiosrófar cén úsáid a bhaintear as an gclár comhtháite do scoileanna T1 – Séideán Sí – agus cé chomh héifeachtach agus atá sé. Scaipfear toradh na hoibre seo ar na scoileanna agus cuirfear é ar shuíomh an fhóiraim. Cuirfear le hobair na Meithle trí theagmháil a dhéanamh le múinteoirí i gceantair Ghaeltachta eile más gá. Gheofar moltaí ón Meitheal maidir le clár/curaclam níos cuimsithí do chainteoirí dúchais a fhorbairt. Beifear ag súil go mbeidh sé seo mar thacaíocht don Pholasáí Oideachais Gaeltachta. Baileofar ábhar dílis/áiseanna eile sa chanúint áitiúil a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do mhúinteoirí agus iad ag plé le cainteoirí dúchais agus cruthófar comhad ábhar le scaipeadh ar na scoileanna. Ag teacht le beart 6.4.9, comhairleofar do scoileanna Scéim na gCúntóirí Teanga a úsáid do chainteoirí dúchais chomh maith céanna le foghlaimeoirí na Gaeilge. Comhoibreoidh an tAonad Pleanála Teanga leis na heagrais Oideachais Ghaeltachta náisiúnta chun feidhmiú an Pholasáí Oideachas Gaeltachta a éascu.		
Aidhm	An tacaíocht chéanna a thabhairt do chainteoirí baile/dúchais Gaeilge sa chóras agus atá á tabhairt d'foghlaimeoirí na Gaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt:	An tAonad Gaeltachta (ROS), COGG, i gcomhar leis an Aonad Pleanála Teanga (CFCD): Feidhmeannach Oideachais an Aonaid.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Múinteoirí na mbunscoileanna (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Oidhreacht Chorca Dhuibhne (tacaíocht), An ROS (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Maoiniú ó COGG d'fhoilsiúcháin/ Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta Iomlán	Maoiniú ó COGG d'fhoilsiúcháin/ Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), ROS (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Easpa ama ag múinteoirí a bheith rannpháirteach. Deacair aon treoir a thabhairt do scoileanna i dtaca le Scéim na gCúntóirí Teanga nó go mbeidh an t-athbhreithniú atá le déanamh ar an scéim faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta déanta.		

Réiteach an Dúshláin	Buntáistí na Meithle a mhíniú go maith do mhúinteoirí. Comhoibriú maith agus tacaíocht láidir a léiriú do na scoileanna. Tábhacht an bhirt a shoiléiriú do na múinteoirí.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Dualgas ar an Aonad Gaeltachta (ROS), COGG i gcomhar le Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais an Aonaid) aiseolas a fháil ó na scoileanna.

Beart 6.4.8: Feachtas/Comórtas nua do labhairt na Gaeilge go sóisialta

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2, 4, 5, 6, 8, 10
Eolas Breise	Feachtas/Comórtas nua do labhairt shóisialta na Gaeilge lasmuigh de na ranganna do scoileanna an LPT Reáchtálfar comórtas nua labhairt na Gaeilge (go sóisialta i measc na ndaltaí ar scoil) do bhunscoileanna an LPT. Iarrfar ar ardranganna na scoileanna polasaí/feachtas nua ó thaobh labhairt na Gaeilge go sóisialta a dhréachtadh don scoil agus a chur i bhfeidhm sa scoil gach bliain, ag athrú nó ag athdhréachtadh an pholasaí ó bhliain go bliain. Faoi na daltaí (rang 5 agus 6) a bheidh sé an feachtas a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Déanfaidh Coiste Pleanála Teanga an Aonaid nua breithiúnas ar an bpolasaí scríofa agus monatóireacht ar a chur i bhfeidhm trí chuairteanna a thabhairt ar an scoil ag amanta difriúla i rith na bliana. Bronnfar duais shuntasach ar an scoil bhuacach gach bliain – Turas eagraithe 3-4 lá do na hArdranganna agus an múinteoir go bunscoil i gceantar Gaeltachta eile.		
Aidhm	Labhairt Shóisialta na Gaeilge a spreagadh i measc daltaí i mbunscoileanna an LPT		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD): Feidhmeannach Oideachais an Aonaid.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Bunscoileanna an LPT (rannpháirtíocht), daltaí (rannpháirtíocht), eagraíocht a bhronnfadh duais (leithéid Glór na nGael), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	€10,000	Costas measta iomlán	€10,000 x 5
Foinsí maoinithe	Táthar ag súil le comh-mhaoiniú idir Glór na nGael, Foras na Gaeilge, Roinn na Gaeltachta (An Próiseas Pleanála Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Maoiniú a fháil chun turas a eagrú go bliantúil do thart ar 20 duine, na scoileanna a mhealladh chun a bheith rannpháirteach		
Réiteach an Dúshláin	Foinsí éagsúla maoinithe a aimsiú		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar an Aonad Pleanála Teanga (CFCD/OCD): Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga éifeacht an bhirt a mheas trí aiseolas a fháil ó na scoileanna.		

Beart 6.4.9: Scéim mhalartaithe/nasc idir bunscoileanna Gaeltachta

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2, 4, 5, 6, 8, 10, 11
Eolas Breise	Scéim mhalartaithe/nasc idir bunscoileanna Gaeltachta i gceantair Ghaeltachta eile Tacófar le bunscoileanna gur mhaith leo nasc a dhéanamh le scoileanna i gceantair Ghaeltachta eile nó Gaelscoileanna i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht. Scéim chleamhnais idir scoileanna chun go bhfaigheadh múinteoirí agus daltaí aithne agus taithí ar chleachtais i scoileanna Gaeltachta/Gaelscoileanna eile. Spreagfar na daltaí chun bheith i dteagmháil le chéile trí sheisiúin Skype ar scoil, trí r-phoist a sheoladh, trí Snapchat nó trí litreacha a scríobh as Gaeilge. Eagrófar turasanna idir an dá scoil gach bliain – bliain amháin, an scoil eile ag teacht go Corca Dhuibhne agus, an chéad bhliain eile, an scoil Duibhneach ag taisteal go dtí an scoil Ghaeltachta/Gaelscoil eile.		
Aidhm	Aithne a chur ar dhaltaí scoile ó cheantar eile as Gaeilge. Foghlaim faoi cheantar eile. Forbairt scileanna teanga/ teanga shóisialta.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD): Feidhmeannach Oideachais an Aonaid.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Múinteoirí agus daltaí na mbunscoileanna áitiúla (rannpháirtíocht), múinteoirí agus daltaí scoileanna eile (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais + €2,000 sa bhliain	Costas measta Iomlán	€2,000 x 5 = €10,000 (féach Mír 7)
Foinsí maoinithe	Eagraíochtaí Gaeilge – Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Na scoileanna go léir a spreagadh chun spéis a léiriú sa bheart má bhíonn obair bhreise i gceist do na scoileanna. Maoiniú a fháil chun na cleamhnais scoile seo a fhorbairt.		
Réiteach an Dúshláin	An tacaíocht/obair ar fad a dhéanamh do na scoileanna faoin bpróiseas pleanála teanga chun an cleamhnas a chur ar bun. Foinsí éagsúla maoinithe a aimsiú.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar fhoireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais an Aonaid) rathúlacht an bhirt a mheas trí aiseolas a fháil ó na scoileanna.		

Oidhreacht Chorca Dhuibhne – Réimse an Oideachais

Beart 6.4.10: Tacú le hathbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga (Bunscolaíocht agus Iarbhunscolaíocht)

Réimsí	A, B	Critéir Phleanála Teanga	2, 4, 5, 6, 7, 8, 9
Eolas Breise	Tacú leis an athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga (ag teacht leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta) Tá athbhreithniú ar an scéim seo molta (POG) ar mhaithe le tionchar na scéime ar fhoghlaim teanga a mheas, rannpháirtíocht na scéime a fhiosrú agus fiosrú ar cén tslí an scéim a láidriú chun tacú le cainteoirí dúchais/baile Gaeilge. Tacóidh Oidhreacht Chorca Dhuibhne (CFCD), a riarann an scéim i gCúige Mumhan, leis an athbhreithniú seo agus comhoibreofar leis an bhfoireann/institiúid a bheidh i mbun an athbhreithnithe seo. Comhoibreofar leis an taighde agus soláthrófar eolas agus teagmhálacha maidir leis an scéim i gCúige Mumhan don bhfoireann taighde. Beidh cruinnithe rialta le foireann an taighde agus cuirfear moltaí i dtaca leis an scéim ar aghaidh, faoi na bealaí go bhféadfaí é a láidriú chun tacú le cainteoirí dúchais/baile Gaeilge agus na féidearthachtaí maidir leis an scéim a leathnú amach go dtí an réamhscolaíocht a fhiosrú. Déanfar moltaí maidir le curaclam ceart saibhrithe teanga do na cúntóirí/múinteoirí saibhrithe teanga agus maidir le córas measúnaithe a fhorbairt a bheadh oiriúnach chun caighdeán Gaeilge na gcainteoirí dúchais a mheas, sna bunscoileanna agus san iarbhunscoil.		
Aidhm	Tacaíocht a sholáthar don athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga chun go mbeidh tacaíocht struchtúrtha teanga ar fáil ón scéim do dhaltaí ó gach cúlra teanga (foghlaiméoirí & cainteoirí dúchais).		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Stiúrthóirí Pleanála Teanga agus an Feidhmeannach Oideachais.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Foireann Taighde le ceapadh ag COGG (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht), na cúntóirí teanga, múinteoirí na mbunscoileanna/n-iarbhunscoileanna áitiúla, daltaí na mbunscoileanna/n-iarbhunscoileanna áitiúla (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), An Roinn Oideachais agus Scileanna (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Líon na n-eagraíochtaí páirteach sabheart		
Réiteach an Dúshláin	Cumarsáid an-soiléir faoi ról gach éinne san obair.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Foireann an Aonaid Phleanála Teanga a bheidh freagrach as éifeacht an bhirt seo amheas.		

Beart 6.4.11 Scéimeanna Saibhrithe Teanga eile a fhorbairt (Bunscolaíocht agus Iarbhunscolaíocht)

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2 ,4, 6 ,8, 11
Eolas Breise	Cur leis na scéimeanna saibhrithe teanga i mbunscoileanna agus in iarbhunscoil an LPT Cuirfear leis na scéimeanna amhránaíochta/ scéalaíochta/scríbhneoireachta atá á riaradh ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne trí aiseolas a fháil ó na múinteoirí/daltaí maidir lena bhforbairt. Cuirfear pacáiste nua le chéile do chlár saibhrithe teanga a chuimseoidh sár-chainteoirí áitiúla ón bpobal ag dul isteach i scoileanna ar bhonn míosúil ag labhairt leis na daltaí ar ábhair éagsúla agus iad a chur i mbun tionscadail saibhrithe teanga (m.sh. agallaimh le comharsain agus gaolta -tuismitheoirí críonna - éisteacht le míreanna áitiúla ar Raidió na Gaeltachta srl.). Cuirfear an scéim seo ar fáil d'aon scoil a mbeidh suim aici ann.		
Aidhm	Cur le saibhreas Gaeilge na ndaltaí, an seans a thabhairt dóibh oibriú le agus am a chaitheamh le daoine níos sine sa phobal, labhairt shóisialta na Gaeilge aspreagadh.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD): An Feidhmeannach Oideachais i gcomhar le foireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne		
Páirtithe leasmhara/ról:	Na haoichainteoirí (tacaíocht), Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga (tacaíocht), na bunscoileanna agus iarbhunscoileanna áitiúla (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain $\frac{1}{2}$ Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	Costas measta iomlán	€5,000 X 5= €25,000
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Clár oibre lán sna bunscoileanna cheana féin, teacht ar rannpháirtithe /aoí-chainteoirí.		
Réiteach an Dúshláin	Buntáiste an bhirt a shoiléiriú dos na scoileanna, an clár seo a shníomh isteach leis an gcuraclam, painéal aoí-chainteoirí a chur le chéile. An scéim a thairiscint d'aon scoil a bhfuil suim acu ann.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh foireann an Aonaid Phleanála Teanga freagrach as rathúlacht an bhirt seo a chinntiú trí oibriú go dlúth leis na rannpháirtithe (aoichainteoirí) agus trí aiseolas a bhailiú ó na scoileanna.		

Beart 6.4.12 Áiseanna/acmhainní teagaisc i gcanúint Chorca Dhuibhne a fhorbairt do na scoileanna

Réimsí	A, B, D	Critéir Phleanála Teanga	2, 4, 6, 8, 9, 10, 11
Eolas Breise	Forbairt ar áiseanna agus acmhainní teagaisc i gcanúint Chorca Dhuibhne do dhaltai scoile/réamhscoile Leanfar leis an obair a dhéantar chun cur le háiseanna agus acmhainní teagaisc i gcanúint Chorca Dhuibhne do na scoileanna. Rachfar i gcomhar leis na scoileanna chun clár tograí foilsitheoireachta oiriúnacha a leagan amach gach bliain a bheidh ag tacú leis na scoileanna/réamhscoileanna. Cuirfear tús le togra staire áitiúla/dinnseanchais chun acmhainn teagaisc (leabhar agus CD) do leanaí ar dhinnseanachas/stair áitiúil Chorca Dhuibhne a fhoilsiú. Athfhoilseofar Dúil sa Léamh le hait nua agus féachfar ar dheiseanna eile foilseacháin i réimsí eile (m.sh. CD le téarmaí agus teanga na caide d'imreoirí óga caide). Forbrófar clár tograí teicneolaíochta (áiseanna teicneolaíochta – cluichí ríomhaireachta, aipeanna, gréasán idirghníomhach) áis teicneolaíochta amháin in aghaidh na bliana le linn an phlean.		
Aidhm	Cur leis na háiseanna/acmhainní teagaisc atá ar fáil do leanaí scoile/réamhscoile as Gaeilge		
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne (CFCD)		
Páirtithe leasmhara/ról:	Na bunscoileanna áitiúla (tacaíocht), saineolaithe áitiúla (scéalaithe, staraithe srl.)(tacaíocht) Na Coláistí Oiliúna (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Oifigigh Oideachais + maoiniú ó Bhord na Leabhar Gaeilge/COGG	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais + maoiniú ó Bhord na Leabhar Gaeilge/COGG
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Na Coláistí Oiliúna, COGG (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Easpamaoinithe, an t-ualach oibre a bhaineann le foilseacháin a chur i gcrích		
Réiteach an Dúshláin	Maoiniú a chinntiú ón bpróiseas pleanála teanga		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar Stiúrthóirí na Pleanála Teanga éifeacht an bhirt seo a mheas trí chomhoibriú leis na scoileanna agus na Coláistí Oiliúna agus a chinntiú go mbeidh díol maith ar na foilseacháin.		

Beart 6.4.13: Comhoibriú idir Aonad na Gaeltachta (ROS), COGG, agus Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD) chun an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm i bPobalscoil Chorca Dhuibhne

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 4, 5, 6, 8,
Eolas Breise	Comhoibreoidh an tAonad Pleanála Teanga (CFCD) le ROS agus COGG chun tacaíocht a sholáthar don bPobalscoil le haitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta (An Polasaí don Oideachas Gaeltachta) agus chun an polasaí sin a chur i bhfeidhm. Comhoibreofar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta (ROS), le COGG agus le bainistíocht agus Comhordaitheoir Gaeilge PCD chun cur i bhfeidhm an pholasaí oideachais Ghaeltachta a éascu. Eagrófar seisiún eolais i gCorca Dhuibhne chun go dtabharfaidh ROS/COGG treoir agus tacaíocht do scoileanna maidir leis an bplean gnímh a réiteach i dtaca leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. Lorgófar comhairle/tacaíocht ón ROS agus COGG maidir le slite le gur féidir tacú leis an scoil dea-chleachtais an oideachais lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm go héifeachtach (m.sh. an teagasc ar fad agus obair bhaile ar siúl as Gaeilge, téacsleabhair agus áiseanna Gaeilge in úsáid nuair atáid ar fáil/oiriúnach, obair na gcoistí as Gaeilge [Bord Bainistíochta, Coistí na dTuismitheoirí agus Coistí eile] polasaí láidir ó thaobh labhairt na Gaeilge i measc na foirne agus i measc na ndaltaí, forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí agus tacaíocht teanga a bheith ar fáil dóibh). Déanfaidh Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar stocaireacht i dteannta na scoileanna le cinntiú go gcuirfear na tacaíochtaí atá geallta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta ar fáil don Phobalscoil agus do na bunscoileanna áitiúla. Baineann na tacaíochtaí seo le: hoiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí (ag cinntiú go bhfaighidh múinteoirí na scoile oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar ghnéithe ar nós cad is oideachas lán-Ghaeilge ann, ar conas ábhar agus teanga a mhúineadh go comhtháite, ar conas múineadh tríd an gcéad/dara teanga etc.); le híoschaighdeán Gaeilge na múinteoirí a chinntiú (nasc le hoiliúint TEG); le líonraí/gréasáin oibre idir múinteoirí iarbhunscoile lán-Ghaeilge a chothú chun dea-chleachtais agus ábhair teagaisc a roinnt/a chruthú; le feabhas a chur ar an gcuraclam chun go mbeidh freastal ar chainteoirí dúchais mar aon le foghlaimoirí na Gaeilge agus le feabhas a chur ar acmhainní agus tacaíocht teanga don oideachas lán-Ghaeilge. Tacóidh Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar go sonrach le cur i bhfeidhm feachtas labhairt na Gaeilge go sóisialta i measc dhaltaí na Pobalscoile tríd an gcomórtas atá sonraithe i mBeart		

	6.4.7 a oscailt do PCD chomh maith. Spreagfar nasc idir an Phobalscoil agus iarbhunscoileanna Gaeltachta i mórcheantair Ghaeltachta eile trí bheart 6.4.8 a thairiscint sa Phobalscoil chomh maith.		
Aidhm	A chinntiú go bhfuil oideachas iarbhunscoile ar ardchaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do scoláirí an Limistéir Pleanála Teanga seo.		
Príomhúinéir an bhirt:	Príomhúinéir an bhirt: Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Feidhmeannach Oideachais an Aonaid i gcomhar le hAonad na Gaeltachta (ROS), COGG & Pobalscoil Chorca Dhuibhne.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Páirtithe leasmhara/ról: An Roinn Oideachais agus Scileanna/Aonad an Oideachais Ghaeltachta (tacaíocht), COGG (tacaíocht), Gaeloideachas (tacaíocht) Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga) Bainistíocht, Foireann agus daltaí na Pobalscoile (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	An Roinn Oideachais agus Scileanna (Polasaí don Oideachas Gaeltachta), Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Easpa maoinithe ón Roinn Oideachais chun an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm. Easpa maoinithe ó Roinn na Gaeltachta chun an phleanáil teanga a chur i bhfeidhm go críochnúil.		
Réiteach an Dúshláin	Stocaireacht leanúnach ó na hinstitiúidí oideachais, ó na scoileanna agus ó na háisíneachtaí Gaeltachta chun na pleananna/polasaí a chur i bhfeidhm.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh comhoibriú idir ROS/COGG/Aonad na Pleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais an Aonaid) le Bainistíocht/Comhordaitheoir Gaeilge PCD chun a chinntiú go bhfuil éifeacht leis an mbeart seo.		

Beart 6.4.14: Na Tacaíochtaí Teanga atá i PCD a bhuanú agus a fhorbairt

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 4, 6
Eolas Breise	Tacaíochtaí teanga na Pobalscoile a bhuanú agus a fhorbairt Leanfaidh foireann agus bainistíocht na pobalscoile ag tógaint ar an dea-obair, ag soláthar réimse leathan tacaíochtaí teanga sa scoil agus ag forbairt na dtacaíochtaí sin. Leanfar agus forbrófar - na tacaíochtaí don chlár Droichid/timthriall sinsearach a bhaineann leis an Socrú Ard-Chúirte - an Clár Aistrithe Scoile a thacaíonn le daltaí Rang a Sé sna bunscoileanna ag aistriú isteach go dtí an Phobalscoil - an cúrsa meantóireachta/ceannaireachta do dhaltaí na hidirbhliana - An Tasc Teanga/Saibhrithe teanga do dhaltaí na hidirbhliana - Obair Choiste Gaeilge na ndaltaí/ an comórtas Gaelbhratach - Cairde ar an bPeann i gcomhar le BOOCH chun nascanna a chothú idir daltaí ó iarbhunscoileanna eile i gCiarraí - Togra Ceoil a chuireann béim ar an nGaeilge - i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí - Scéimeanna teanga na hOidhreacht, Scéim na gCúntóirí Teanga san áireamh - Feachtas labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí - Taighde leanúnach ar riachtanais teanga na ndaltaí sa scoil - Tacaíocht do mhúinteoirí – ranganna i gcruinneas na Gaeilge á dtairscint gach bliain		
Aidhm	Réimse leathan tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil sa Phobalscoil chun oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil do dhaltaí an LPT.		
Príomhúinéir an bhirt:	Bainistíocht agus Foireann PCD/Comhordaitheoir Gaeilge na scoile		
Páirtithe leasmhara/ról:	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (tacaíocht), Aonad na Pleanála Teanga (CFCD)(tacaíocht) Oidhreacht Chorca Dhuibhne (tacaíocht), foireann agus daltaí na Pobalscoile (rannpháirtíocht),		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 1-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta, BOOCH, OCD		
Dúshlán an bhirt	An maoiniú/foireann a chinntiú chuige seo		
Réiteach an Dúshláin	A chinntiú gur maoiniú/post leanúnach atá i bpost an Chomhordaitheora Gaeilge		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Déanfaidh PCD meastóireacht ar éifeacht an bhirt seo.		

Beart 6.4.15: Réimse tacaíochtaí breise do chainteoirí baile/dúchais Gaeilge

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2,3,4,6
Eolas Breise	Tacaíochtaí Breise do chainteoirí baile/dúchais Gaeilge sa Phobalscoil Tacófar le bainistíocht, le foireann agus le comhordaitheoir Gaeilge na Pobalscoile breis tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaltai arb í an Ghaeilge a dteanga baile/dúchais agus do dhaltai eile a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu. Cuirfear Scéim tacaíochta ar fáil (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) a spreagfaidh, a thacóidh agus a ullmhóidh an líon is mó de na daltaí seo le páirt a ghlacadh i gcomórtais éagsúla Oireachtais gach bliain (Scéalaíocht, Amhránaíocht, Lúibíní, Agallamh Beirte, Aithriseoireacht). Oibreofar ar chlár drámaíochta Gaeilge a fhorbairt sa Phobalscoil ina gcuirfear ceardlann drámaíochta ar siúl sa Phobalscoil ar bhonn rialta agus ina léireofar dráma Gaeilge leis na daltaí uair sa bhliain. Cuirfear an scéim saibhrithe teanga ar cuireadh síos air i mbeart 6.4.10 ar fáil sa Phobalscoil chomh maith. Oibreofar le PCD chun líon na seisiún a chaitheann cainteoirí baile/dúchais/líofa Gaeilge leis an gCúntóir Teanga a mhéadú ar mhaithe le saibhreas agus forbairt teanga a chinntiú agus cíorfar na féidearthachtaí maidir le rang Gaeilge ar leithligh a bheith ann in aon scoilbhliain go bhfuil sé praiticiúil do na cainteoirí dúchais/baile/líofa Gaeilge.		
Aidhm	Gréasán úsáide agus saibhrithe teanga a chothú do chainteoirí baile/dúchais/líofa Gaeilge sa chóras oideachais. Saibhriú agus Forbairt Teanga. Sóisialú trí Ghaeilge a chothú.		
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais/Stiúrthóirí an Aonaid) i gcomhar le bainistíocht/Comhordaitheoir Gaeilge PCD		
Páirtithe leasmhara/ról:	Oidhreacht Chorca Dhuibhne (tacaíocht), foireann agus daltaí na Pobalscoile (rannpháirtíocht), aoi-chainteoirí/saineolaithe (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	€10,000	Costas measta Iomlán	€10,000 x 5= €50,000 (féach Mír 7 don mbriseadh síos ar chostais an bhirt seo)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	An t-am a fháil ar an gclár scoile, na daltaí a mhealladh chun a bheith rannpháirteach.		
Réiteach an Dúshláin	Imeachtaí áirithe a eagrú tar éis am scoile, imeachtaí eile a nascadh isteach leis an gcuraclam agus an clár ama.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Déanfaidh Foireann an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar le PCD meastóireacht ar éifeacht an bhirt i gcomhar lena chéile.		

Beart 6.4.16: Comhpholasaí teanga a thionscnamh idir Pobalscoil Chorca Dhuibhne agus Cumainn Spóirt/Caitheamh Aimsire agus Clubanna Óige an LPT

Réimsí	A, C	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 4, 6, 8, 10, 11.
Eolas Breise	Comhtháthú idir Polasaí Teanga na Pobalscoile agus na hinstitiúidí/cumainn/eagrais/Clubanna Óige, spóirt agus caitheamh aimsire eile sa LPT Tosnófar ar obair nua chomhtháite idir an Phobalscoil agus na cumainn spóirt, clubanna óige agus eagraíochtaí caitheamh aimsire go mbíonn daltaí na Pobalscoile ag glacadh páirte iontu chun comhpholasaí teanga a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm iontu. Eagrófar cruinniú tosaigh chun an polasaí Gaeilge (labhairt na Gaeilge i measc na hóige) a dhréachtadh agus cur i bhfeidhm an pholasaithe a phlé. Leanfar le dhá chruinniú in aghaidh na bliana chun éifeacht agus cur i bhfeidhm an pholasaithe a phlé agus chun moltaí nua a dhéanamh.		
Aidhm	Comhtháthú sa pholasaí teanga a chothú sna hinstitiúidí oideachais/eagraíochtaí/cumainn óige agus spóirt go mbíonn déagóirí an LPT ag glacadh páirte iontu. Sóisialú na Gaeilge a chur chun cinn i measc nandéagóirí.		
Príomhúinéir an bhirt:	Oifigeach Óige an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar leis an bPobalscoil		
Páirtithe leasmhara/ról:	Na Cumainn Spóirt agus Caitheamh Aimsire (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Na Clubanna Óige (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Na Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 2 Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais agus an Oifigigh Óige	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais agus an Oifigigh Óige
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Muintearas/Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (Struchtúr Óige)		
Dúshlán an bhirt	Deacracht cuid de na heagraíochtaí/cumainn a spreagadh le bheith rannpháirteach. Thar a bheith dúshlánach aidhm an bhirt a bhaint amach.		
Réiteach an Dúshláin	Caidreamh maith a bhunú leis na heagraíochtaí/cumainn/clubanna, tábhacht an bhirt a mhíniú. Iarracht dul i bhfeidhm ar na déagóirí ar bhonn comhtháite trí pholasaithe na n-eagraíochtaí seo agus trí fheasacht a scaipeadh mar chuid den phróiseas pleanála teanga.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Oifigeach Óige an Aonaid freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas i gcomhar leis an bPobalscoil. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.4.17: Comhoibriú idir bunscoileanna agus iarbhunscóil maidir le Dea-Chleachtais an Oideachais Ghaeltachta

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Comhoibriú idir bunscoileanna agus iarbhunscóil(eanna) an LPT maidir le dea-chleachtais an Oideachais Ghaeltachta Eagrófar mórchruinniú amháin in aghaidh na bliana do mhúinteoirí/príomhoidí na mbunscoileanna agus do mhúinteoirí/príomhoidí na n-iarbhunscóileanna chun dea-chleachtais an Oideachais Ghaeltachta a phlé. Cothóidh sé seo cinnteacht agus comhtháthú maidir leis an gcur chuige san oideachas ag an dá leibhéal agus cabhróidh sé leis na bunscoileanna a gcuid daltaí a ullmhú don iarbhunscólaíocht lán-Ghaeilge. Beidh seans ag na bunscoileanna an cur chuige atá i bhfeidhm acusan a mhíniú agus cinnteacht a fháil go dtógfar ar an gcur chuige ag an iarbhunleibhéal. Beidh seans ag an iarbhunscóil an cur chuige atá acusan a chur i láthair agus a chinntiú go mbeidh an cur chuige céanna i bhfeidhm ag an mbunleibhéal.		
Aidhm	Leanúnachas sa soláthar oideachais lán-Ghaeilge ón mbunleibhéal go dtí an iarbhunleibhéal a chinntiú		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar: Feidhmeannach Oideachais an Aonaid		
Páirtithe leasmhara/ról:	Múinteoirí agus príomhoidí na mbunscoileanna agus na hiarbhunscóile (rannpháirtíocht agus tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), An Roinn Oideachais agus Scileanna (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Múinteoirí/príomhoidí a spreagadh chun bheith rannpháirteach		
Réiteach an Dúshláin	Cumarsáid mhaith agus tacaíocht a léiriú do na scoileanna, tábhacht an bhirt a mhíniú go soiléir.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Déanfaidh foireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga) monatóireacht ar éifeacht an bhirt seo trí aiseolas a bhailiú ó na múinteoirí/príomhoidí. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.4.18: Nasc a láidriú idir daltaí Choláiste Íde agus Pobal Chorca Dhuibhne

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	4, 5, 6
Eolas Breise	Nasc a láidriú idir daltaí Choláiste Íde agus Pobal Chorca Dhuibhne Tacófar le bainistíocht Choláiste Íde ceangal níos láidre a chothú idir a gcuid daltaí agus Pobal Chorca Dhuibhne. Ar an gcéad dul síos tacófar le nasc níos láidre a chothú idir daltaí Phobalscoil Chorca Dhuibhne agus daltaí Choláiste Íde chun úsáid shóisialta na Gaeilge a spreagadh i measc daltaí an dá scoil. Tacófar le bunú Chlub Gaeilge idir daltaí an dá scoil. Forbrófar comhoibrú idir daltaí Choláiste Íde agus an struchtúr nua Óige a eascróidh as Plean Teanga Chiarraí Thiar. Tabharfar deis do dhaltaí Choláiste Íde tacú leis an struchtúr nua óige – freastal ar chlubanna Óige lán Ghaeilge agus páirt a ghlacadh i gcúrsaí meantóireachta/ceannaireachta do na clubanna óige. Déanfar an ceangal atá ag daltaí Choláiste Íde leis an bpobal Gaeilge a láidriú trí bhreis teagmhála le haosaigh an phobail (m.sh cuairteanna go hionaid seanóirí) a chothú. Tacófar le bainistíocht Choláiste Íde aitheantas a bhaint amach mar an fostóir is mó i gCorca Dhuibhne. Lorgófar tacaíocht stáit chun gur féidir caighdeán na fostaíochta teanga lárnaithe seo a ardú trí choinníollacha oibre agus pá níos fearr a cheangal leis an obair. Tacófar le bainistíocht Choláiste Íde an suíomh agus gáirdíní an Choláiste a fhobairt mar láthair turasóireachta agus phobail.		
Aidhm	Daltaí Choláiste Íde a nascadh le pobal Gaeilge Chorca Dhuibhne/ Daltaí Phobalscoil Chorca Dhuibhne a spreagadh ó thaobh labhairt na Gaeilge/Aitheantas a fháil don bhfostaíocht teanga lárnaithe a sholáthraíonn Coláiste Íde do mhná tí Chorca Dhuibhne.		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (Feidhmeannach Oideachais) i gcomhar le bainistíocht Choláiste Íde		
Páirtithe leasmhara/ról:	Oifigeach Óige APTCT (tacaíocht) Údarás na Gaeltachta (tacaíocht) Roinn na Gaeltachta (tacaíocht) An Roinn Oideachais (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)/ An Roinn Oideachais (Polasaí don Oideachas Gaeltachta)		
Dúshlán an bhirt	Easpa ama ag múinteoirí nasc mar seo a chur chun cinn, easpa aitheantais ón stát.		
Réiteach an Dúshláin	Tacú le foireann an dá scoil (Oifigeach Oideachais na Pleanála Teanga/ Oifigeach Óige) na nascanna seo a chothú		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar Fheidhmeannach Oideachais APTCT aiseolas a bhailiú ó na daltaí maidir le héifeacht an bhirt.		

OIDEACHAS TRÍÚ LEIBHÉAL

Coláiste na hOllscoile Corcaigh (Dún Chíomhain, Baile an Fheirtéaraigh)

Beart 6.4.19: Comhoibriú le CFCD/CCC/BOOCH agus eile chun cúrsaí faofa Ollscoile a bhunú i gCorca Dhuibhne (cúrsaí litríochta agus cultúrtha, seimeastar Gaeltachta)

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 4, 10, 11
Eolas Breise	Tacú le comhoibriú idir Ionad na hOllscoile i mBaile an Fheirtéaraigh, Dún Chíomhain agus CFCD (OCD), Comhairle Contae Chiarraí agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí chun cúrsaí faofa Ollscoile agus cúrsaí aosoideachais a leathnú i gCorca Dhuibhne. Cuirfidh an próiseas pleanála teanga tacaíocht ar fáil do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh chun comhoibriú leis na heagrais eile thuasluaite chun breis cúrsaí creidiúnaithe agus faofa Ollscoile a fhorbairt trí Ghaeilge do phobal an LPT. Leagfar síos aidhmeanna agus spriocanna an chomhoibrithe agus cinnteofar go mbeidh clár cúrsaí á dtairiscint gach bliain le linn tréimhse an phlean don phobal áitiúil. Comhoibreofar leis an Ollscoil chomh maith chun an clár teagaisc a chuirtear ar fáil dá gcuid mic léinn féin a thagann ar ghearrchúrsaí deireadh seachtaine go hIonad na hOllscoile i mBaile an Fheirtéaraigh a fhorbairt.		
Aidhm	Cur leis an soláthar cúrsaí faofa/creidiúnaithe Ollscoile atá ar fáil do phobal an LPT trí Ghaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt:	Bainisteoir Dhún Chíomhain, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh i gcomhar le foireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais an Aonaid)		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne/OCD (tacaíocht), Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (tacaíocht), an pobal áitiúil (rannpháirtíocht), céimithe na hOllscoile (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (tacaíocht)		
Dúshlán an bhirt	Éileamh a chothú do na cúrsaí faofa go háitiúil.		
Réiteach an Dúshláin	Dul i gcomhair leis an bpobal maidir lena rogha cúrsaí faofa.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar Bhainisteoir Dhún Chíomhain i gcomhar le foireann an Aonaid Phleanála Teanga (Feidhmeannach Oideachais an Aonaid) éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ó na rannpháirtithe áitiúla agus ó na mic léinn ollscoile. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí an Aonaid Phleanála Teanga.		

Beart 6.4.20 : Plean Teanga agus Nasc leis an nGaeltacht le forbairt ag SHU

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Plean Teanga agus Nasc leis an nGaeltacht a fhorbairt Forbrófar an bhéim a chuirtear ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht le linn cúrsaí SHU sa Daingean. Faoi láthair reáchtálar cúrsaí d'fhochéimithe na hOllscoile SHU sna hábhair seo a leanas: Altranas, Béaloideas, Ceol agus Rince Traidisiúnta, Litríocht. Ar feadh tamaill ní raibh aon bhéim ar ranganna Gaeilge ach tá tús curtha le ranganna Gaeilge arís le tamall anuas. Rachfar i gcomhairle le hÚdarás SHU chun plean teanga a fhorbairt ina mbeidh níos mó ceangal leis an bpobalteanga sa Ghaeltacht. Cuirfear béim ar an nGaeilge le linn cúrsaí na n-altraí. Beidh sé seo ina chabhair mhór dóibh má théann siad ar thaithí oibre go dtí Ospidéal an Daingin, beidh siad ábalta cumarsáid bhunúsach a dhéanamh leis an hothair trí Ghaeilge.		
Aidhm	Béim a chur ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht le linn cúrsaí tríú leibhéal do mhic léinn SHU sa Daingean.		
Príomhúinéir an bhirt	Bainisteoir SHU sa Daingean		
Páirtithe leasmhara/ról	Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), An Díseart (tacaíocht), foireann agus daltaí SHU (rannpháirtíocht agus tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 3 Bliain 4-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Faoin Díseart an costas	Costas measta iomlán	n/a
Foinsí maoinithe	Ollscoil Sacred Heart		
Dúshlán an bhirt	Easpa úsáide don Ghaeilge atá ag mic léinn SHU		
Réiteach an Dúshláin	Na mic léinn a cheangal isteach le saol na Gaeltachta, ócáidí Gaelacha a reáchtáil dóibh, iad a nascadh isteach le hócáidí eile atá ar siúl sa Ghaeltacht.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar fhoireann SHU sa Daingean éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ó mhic léinn na gcúrsaí maidir leis an teagmháil a bhíonn acu le teanga agus pobal na Gaeltachta. Cuirfear tuairisc ar fáil do Fheidhmeannach/Stiúrthóir na Pleanála Teanga.		

6.5. Deiseanna Foghlama Teanga lasmuigh den gcóras oideachais

Tá an soláthar a dheintear d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge in aon phobal Gaeltachta an-tábhachtach. Nuair is í príomhspríoc an phlean teanga seo an **gréasán úsáide agus saibhríthe teanga a láidriú do chainteoirí dúchais/baile na Gaeilge agus líon na gainteoirí laethúla a ardú sa LPT (ar mhaithe leis an mórfhís atá i 2.4 a bhaint amach)**, tá sé soiléir go mbeadh struchtúr maith d'fhoghlaim na teanga ag teastáil. Tá sé tábhachtach chomh maith go nascann an struchtúr seo na foghlaimeoirí isteach leis an bpobalteanga tar éis dóibh ranganna/cúrsaí struchtúrtha a dhéanamh.

Más féidir gá d'úsáid na Gaeilge sa phobal a chruthú mar chuid den phróiseas pleanála teanga (rud a chruthaítear de ghnáth i bpobal trí chóras tacaíochta/aitheantais do chainteoirí baile a bhunú), cruthófar a thuilleadh éilimh i measc an phobail ar ranganna Gaeilge agus ar fhoghlaim na teanga. Tá an tábhacht a bhaineann le ranganna tarraingteacha agus ábhartha a bheith ar fáil do thuismitheoirí sonraithe i rannóg 6.3 thuas. Sa rannóg seo, déileálann bearta (6.5.1 agus 6.5.2) le struchtúr foghlama céimnithe a bheith ar fáil do dhaoine fásta eile sa phobal agus le forbairt clár cúrsaí aosoideachais trí Ghaeilge a fheidhmíonn mar ghréasán foghlama chomh maith. Bailíodh na bearta seo trí theagmháil a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara na réimse seo, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Comhairle Contae Chiarraí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Dún Chíomháin) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Tá an tábhacht a bhaineann le ranganna Gaeilge do dhaoine atá i gceannas ar imeachtaí spóirt agus caitheamh aimsire le hóige Chorca Dhuibhne léirithe i rannóg 6.12 thíos.

Na Coláistí Oiliúna - Coláistí Chorca Dhuibhne - Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Beart 6.5.1 : Cur le caighdeán na gcúrsaí agus le fad na dtréimhsí Gaeltachta do na hábhair oidí, Fostú Feidhmeannach Aosoideachais/Dearthóir Cúrsaí

Réimsí	A	Critéir Phleanála Teanga
Eolas Breise	Comhoibriú leis na Coláistí Oiliúna chun cur le caighdeán na gcúrsaí agus le fad na dtréimhsí Gaeltachta do na hábhair oidí, fostú feidhmeannach Aosoideachais/Dearthóir Cúrsaí Fostófar Feidhmeannach Aosoideachais/ Dearthóir cúrsaí chun cur le caighdeán agus soláthar na gcúrsaí a reáchtálann Coláistí Chorca Dhuibhne/Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Leanfar ag cur le caighdeán na gcúrsaí a sholáthraítear do na hábhair Oidí le linn na dtréimhsí Gaeltachta trí chomhoibriú leis na Coláistí Oiliúna éagsúla (trí fhóram CONCOS). Oibreofar ar leanúnachas/comhtháthú foghlama na gcúrsaí trí mholtaí a chur chun cinn maidir le réamhullmhú don tréimhse Gaeltachta a bheith déanta sula dtagann na mic léinn chun na Gaeltachta agus déanfar iarracht a chinntiú go bhfuil an tréimhse Ghaeltachta mar chuid leanúnach chéimnithe d'fhoghlaim teanga na n-ábhar oidí sna Coláistí Oiliúna. Tacófar leis na Coláistí Oiliúna chun aitheantas creidiúnaithe a thabhairt don tréimhse Gaeltachta seo chun go mbeidh na foghlaimeoirí/ábhair oidí níos dírithe ar an bhfoghlaim. Molfar cur le fad na dtréimhsí foghlama sa Ghaeltacht chun deis a thabhairt do na hábhair oidí máistreacht níos fearr a fháil ar an teanga sula dtugann siad faoin dteanga a mhúineadh iad féin.	

	Forbrófar cúrsa na nÁbhar Oidí trí mheitheal oibre múinteoirí agus an Feidhmeannach Aosoideachais/dearthóir cúrsaí a chur ag obair ar an gcúrsa. Leanfar ag cur oiliúna agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do na múinteoirí a theagascann an cúrsa seo chun an caighdeán is airde a bhaint amach. Dréachtófar polasaí nua maidir le labhairt na Gaeilge i measc na n-ábhar oidí nuair a bhíonn siad anseo agus cinnteofar go mbeidh na múinteoirí agus na mná tí á chur i bhfeidhm. Forbrófar clár teagaisc do sheimeastar Gaeltachta do mhic léinn Ghaeilge in Ollscoileanna difriúla – clár a thabharfadh grúpaí céimithe Gaeilge go Corca Dhuibhne ar feadh tréimhse 3 mhí le linn a gcúrsa céime san Ollscoil.		
Aidhm	Caighdeán na gcúrsaí/tréimhsí Gaeltachta do na hábhair oidí a fhorbairt. Cur le heacnamaíocht/fostaíocht sa cheantar agus stádas Gaeilge a ardú sa LPT. Cúrsa Seimeastar Gaeltachta a fhorbairt sa cheantar do mhic léinn ollscoile (céimithe Gaeilge) – caighdeán Gaeilge na mac léinn a fheabhsú agus fostaíocht teagálárnaithe a chruthú sa LPT.		
Príomhúinéir an bhirt:	Feidhmeannach Aosoideachais/Dearthóir Cúrsaí /Coláistí Chorca Dhuibhne i gcomhar leis na Coláistí Oiliúna agus Ollscoileanna eile.		
Páirtithe leasmhara/ról:	Na múinteoirí (tacaíocht), meitheal oibre/comhairleoir/dearthóir cúrsaí (tacaíocht), na mná tí (tacaíocht).		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 2 Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Post 5 €50,000	Costas measta iomlán	€50,000 X6 (bliain 2-7) = €300,000 (féach mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Coláistí Chorca Dhuibhne agus na Coláistí Oiliúna.		
Dúshlán an bhirt	Dul i bhfeidhm ar na Coláistí Oideachais na forbairtí seo a dhéanamh, easpa maoinithe chun saineolaí/dearthóir cúrsaí a fhostú.		
Réiteach an Dúshláin	Tábhacht na bhforbairtí a mhíniú do na Coláistí Oideachais, maoiniú tríd an bpróiseas pleanála teanga comhairleoir/dearthóir cúrsaí a fhostú chun na cúrsaí a fhorbairt.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar Fheidhmeannach Aosoideachais/Dearthóir Cúrsaí an Aonaid agus ar Choláistí Chorca Dhuibhne éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ó na hábhair oidí maidir le caighdeán an chúrsa agus caighdeán a gcuid Gaeilge tar éis an chúrsa.		

Beart 6.5.2: Deiseanna Foghlama Gaeilge struchtúrtha céimnithe (m.sh. TEG) a fhorbairt ar fud an LPT

Réimsí	D	Critéir Phleanála Teanga	11, 12
Eolas Breise	Struchtúr tacúil céimnithe (TEG nó comhionann) a fhorbairt d'fhoghlaim na Gaeilge ar fud an LPT Leanfar ag forbairt cúrsaí Gaeilge ar ardchaighdeán ar bhonn struchtúrtha céimnithe (nasctha le TEG nó a chomhionann). Cuirfear córas céimnithe tarraingteach ar bun go mbeidh foghlaimeoirí ábalta clárú gan Ghaeilge/ ar bheagán Gaeilge don gcúrsa ag an mbunleibhéal. Beifear ábalta bogadh ar aghaidh ar an gcóras céimniúil gach bliain nó go mbeidh an cúrsa ag an leibhéal is airde oiriúnach. Déanfar pacáistiú agus margaíocht mhaith ar an struchtúr seo chun rang foghlaimeoirí nua a mhealladh gach bliain. Mar ghné lárnach den bhfoghlaim seo, beidh struchtúr tacaíochta agus imeachtaí sóisialta (m.sh. club léitheoireachta, oíche cheoil, club cócaireachta) ar bhonn rialta chun tacú le foghlaimeoirí a gcuid Gaeilge a úsáid i measc an phobail. Beifear ábalta na cúrsaí seo a thairiscint in áiteanna éagsúla sa Limistéar Pleanála Teanga ag brath ar éileamh.		
Aidhm	Córas foghlama céimnithe agus struchtúrtha a fhorbairt d'fhoghlaim na Gaeilge sa phobal agus na foghlaimeoirí a spreagadh i dtreo úsáid na Gaeilge sa phobal. Breis daoine a spreagadh chun na cúrsaí seo a dhéanamh.		
Príomhúinéir an bhirt:	Feidhmeannach Aosoideachais an Aonaid Phleanála Teanga i gComhar le Comhairle Contae Chiarraí agus COC		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comhairle Contae Chiarraí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Dún Chíomháin) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain $\frac{1}{2}$ Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Buiséad Phost 5 €3,000 sa bhliain	Costas measta Iomlán	€3,000 X 6 = €18,000 (féach mír 7 do bhriseadh síos)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Easpa foirne chun cúrsaí a dhearadh agus a scríobh		
Réiteach an Dúshláin	Maoiniú ón bpróiseas pleanála teanga chun comhairleoir a fhostú chuige seo		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Feidhmeannach Aosoideachais an Aonaid freagrach as cúrsaí a dhearadh agus a fhorbairt agus as aiseolas a fháil ó na foghlaimeoirí maidir le héifeacht an bhirt.		

Beart 6.5.3: Forbairt ar chlár cúrsaí Aosoideachais don phobal áitiúil trí Ghaeilge

Réimsí	D	Critéir Phleanála Teanga	11, 12
Eolas Breise	Forbairt ar chlár cúrsaí Aosoideachais trí Ghaeilge sa LPT Leanfar ag forbairt clár leathan cúrsaí aosoideachais trí Ghaeilge in áiteanna difriúla sa LPT. Tugann cúrsaí mar seo, leithéidí cúrsaí litríochta, cúrsaí Béaloidis, cúrsaí sa stair áitiúil, cúrsaí grianghrafadóireachta, cúrsaí tuismitheoireachta, cúrsaí garraíodóireachta, seans do dhaoine ag gach leibhéal cumais sa Ghaeilge teacht le chéile agus a gcuid Gaeilge a fhorbairt, cé nach í an fhoghlaím teanga príomhspríoc an chúrsa. Tosnófar ag forbairt cúrsa teastais sa Phleanáil Teanga go háitiúil agus rachfar i mbun feachtais chun feidhmeannaigh sna hinstiúidí oideachais, stáit, pobail agus teanga a spreagadh i mbun cúrsaí Dioplóma sa Phleanáil Teanga ar líne a reáchtálann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tacófar le forbairt agus buanú an chláir aosoideachais a chuireann Pobalscoil Chorca Dhuibhne ar fáil agus cinnteofar go bhfuil réimse cúrsaí á dtairiscint as Gaeilge gach bliain. Cúrsaí Aosoideachais trí Ghaeilge a fhorbairt ar mhaithe le		
Aidhm	timpeallacht foghlama nádúrtha pléisiúrtha Gaeilge a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge. Oiliúint sa Phleanáil Teanga a chur ar fáil.		
Príomhúinéir an bhirt	Feidhmeannach Aosoideachais an Aonaid Phleanála Teanga		
Páirtithe leasmhara/ról	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Dún Chiomháin) (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), Pobalscoil Chorca Dhuibhne (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain $\frac{2}{3}$ Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€10,000	Costas measta Iomlán	€50,000 (briseadh síos ar an gcostas seo i mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Rannpháirtithe na gcúrsaí		
Dúshlán an bhirt	Dóthain rannpháirtithe a mhealladh ar na cúrsaí.		
Réiteach an Dúshláin	Fógraíocht a dhéanamh ar fud an limistéir agus na cúrsaí a lonnú go lárnach/gar don éileamh		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Feidhmeannach Aosoideachais APTCT freagrach as éifeacht an bhirt a mheas trí aiseolas a fháil ó na rannpháirtithe.		

6.6. Seirbhísí don Aos Óg agus Aoisghrúpaí eile

Tá na seirbhísí agus na tacaíochtaí teanga atá ar fáil don Aos Óg in aon cheantar Gaeltachta thar a bheith tábhachtach. Mura bhfuil an struchtúr agus an deis ann don aos óg bualadh le chéile go sóisialta trí Ghaeilge lasmuigh don scoil, ní bheidh a dteanga shóisialta ag forbairt, ní bheidh timpeallacht shóisialta Gaeilge ar fáil dóibh agus is féidir a bheith cinnte gur i mBéarla ar fad a bheidh an sóisialú ag tarlú. Mura bhfuil aon taithí shóisialta á fáil ag an óige trí Ghaeilge, is é an Béarla an teanga caidrimh a bheidh in uachtar agus is é an Béarla an teanga pobail a bheidh in uachtar don chéad ghlúin eile.

Tá an bhearna sa réimse tacaíochta seo aitheanta i gCorca Dhuibhne le fada an lá ag na heagraíochtaí teanga agus ag na scoileanna. Míníonn foireann na scoileanna cé chomh deacair agus atá sé orthu an Ghaeilge a chur chun cinn ar scoil nuair nach bhfuil tacaíochtaí sóisialta láidir a dhóthain ar fáil lasmuigh den scoil chun tacú leo.

Tá sé riachtanach go mbeadh tacaíochtaí teanga ar fáil sna haoisghrúpaí eile chomh maith, go mbeadh an gréasán sóisialta d'úsáid agus do shaibhriú na Gaeilge á láidriú do gach aoisghrúpa sa phobal agus go ndéanfaí soláthar maith do sheirbhísí d'aoisghrúpaí an phobail trí Ghaeilge leis.

Tá na bearta don óige sa rannóg seo sonraithe thíos ó 6.6.1 go dtí 6.6.3. Eascraíonn siad ó chruinnithe le Muintearas, le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus ó mholtaí a tháinig ó scoileanna maidir le tacaíocht don óige sa phobal. *Ní chuirfear na bearta seo i bhfeidhm gan struchtúr maoinithe nua chun oifigeach Óige a cheapadh agus gan buiséad a bheith ar fáil chun bearta an réimse seo a chur chun cinn.*

Déileálann bearta 6.6.4 agus 6.6.5 le forbairtí a d'fhéadfaí a chur chun cinn d'aoisghrúpaí an phobail, dá gceapfaí an Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile ar cuireadh síos air i rannóg 6.3 agus dá mbeadh maoiniú substaintiúil ar fáil.

Beart 6.6.1: Struchtúr nua Comhtháite don Óige/ Oifigeach Óige á fhostú don LPT

Réimsí	C	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 8, 10, 11, 12
Eolas Breise		Struchtúr nua comhtháite don Óige a fhorbairt – Oifigeach Óige le fostú Fostófar Oifigeach Óige do Chorca Dhuibhne mar chuid d'fheidhmiú an phlean teanga chun clár cuimsitheach Gaeilge a fhorbairt d'óige na leithinse. Oibreofar go dlúth leis na coistí/comharchumainn eile sa LPT le cinntiú go bhfuil soláthar á dhéanamh don óige ina gceantar féin (m.sh. Lios Póil, An Clochán, An Fheothanach, AnDaingean) Bunófar Clubanna Óige nua trí Ghaeilge - ceann do leanaí 7-11 bliana, ceann do leanaí 12-14 bliana agus ceann do leanaí 15-18 bliana. Eagrófar imeachtaí eile nasctha leis na clubanna óige m.sh. dioscónna, tráth na gceist, comórtais/féilte idir clubanna spóirt agus caitheamh aimsire, ócáidí ceoil agus ealaíne. Déanfar nascanna le Clubanna Óige i gceantair Ghaeltachta eile , agus cuirfear aithne ar dhéagóirí ó cheantair eile trí Ghaeilge.	

	Cuirfear béim ar chúrsaí teicneolaíochta/cumarsáide trí Ghaeilge agus eagrófar campaí/cúrsaí cumarsáide agus teicneolaíochta trí Ghaeilge do dhéagóirí. Forbrófar cúrsaí traenála/ oiliúna/ agus ceannaireachta do thuismitheoirí agus daoine eile ón bpobal chun tacú leis an obair óige sa dúthaigh.		
Aidhm	Struchtúr ceart don Óige a fhorbairt trí Ghaeilge, deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil d'Óige Chorca Dhuibhne		
Príomhúinéir an bhirt	Príomhúinéir an bhirt: Oifigeach Óige an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar le Muintearas agus BOOCH		
Páirtithe leasmhara/ról	Na scoileanna (tacaíocht), an óige (rannpháirtíocht), an óige i gceantair eile (rannpháirtíocht), na thuismitheoirí (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	€50, 000 + buiséad €10,000	Costas measta Iomlán	€60,000 X 6 = €360,000 (briseadh síos ar an gcostas seo i mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Leanaí (Gnóthaí Óige), Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Comhtháthú cheart idir na heagraíochtaí ar fad agus maoiniú a aimsiú		
Réiteach an Dúshláin	Comhtháthú a chothú trí mhórán oibre roimhré agus tábhacht an bhirt a shoiléiriú do na ranna stáit cuí		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Oibreofar i gcomhar le Muintearas/BOOCH agus Oifigeach Óige an Aonaid Phleanála Teanga comhtháthú a chothú agus oibriú go dlúth leis na heagrais eile chun an beart seo a chur i gcrích.		

Beart 6.6.2: Compántas Drámaíochta & Ceoil don Óige a bhunú as Gaeilge

Réimsí	C	Critéir Phleanála Teanga	2, 10, 11, 12
Eolas Breise	Eolas Breise Compántas Drámaíochta & Ceoil don Óige Bunófar meitheal oibre idir na feidhmeannaigh pleanála teanga agus Aisteoirí Bhréanainn chun compántas drámaíochta/ceoil don óige a bhunú. Fostófar saineolaí drámaíochta/ceoil chun clár drámaíochta/ceoil a leagan amach agus reáchtálfar ceardlanna drámaíochta/ceoil/rince seachtainiúla d'óige na dúthaí – ceardlanna do leanaí bunscoile agus iarbhunscoile. Bronnfar sparántacht scríbhneoireachta ar scríbhneoirí áitiúla uairsabhliain chun dráma nua do leanaí a scríobh i gcanúint Chorca Dhuibhne nó chun dráma a aistriú ón mBéarla. Léireofar dráma/seó amháin in aghaidh na bliana i gcomhar le hAisteoirí Bhréanainn agus glacfar páirt in imeachtaí drámaíochta náisiúnta Gaeilge agus Gaeltachta		
Aidhm	Drámaíocht Ghaeilge a chur chun cinn sa dúthaigh ar mhaithe le saibhriú agus sóisialú teanga na hóige.		
Príomhúinéir an bhirt	Oifigeach Óige an Aonaid Phleanála Teanga/ Foireann Tús Maith i gcomhar le hAisteoirí Bhréanainn		
Páirtithe leasmhara/ról	Ealaín na Gaeltachta (tacaíocht), Siamsa Tíre (tacaíocht), na bunscoileanna (tacaíocht), na hiarbhunscoileanna (tacaíocht), an óige (rannpháirtíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€20,000	Costas measta iomlán	€20,000 x 6 = €120,000 (cur síos ar chostas an bhirt seo i mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Ealaín na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Easpa maoinithe		
Réiteach an Dúshláin	Ríthábhacht an bhirt seo a shoiléiriú do na ranna stáit éagsúla		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Déanfaidh foireann pleanála teanga APTCT monatóireacht ar éifeacht an bhirt seo trí aiseolas a bhailiú ó Aisteoirí Bhréanainn agus ó na rannpháirtithe óga.		

Beart 6.6.3 Seomra caidrimh Gaeilge agus gréasán/fóram idirlín Gaeilge a bhunú do dhéagóirí na dúthaí

Réimsí	C	Critéir Phleanála Teanga	2, 10, 11, 12
Eolas Breise	Seomra caidrimh agus Gréasán/Fóram Idirlín trí Ghaeilge a fhorbairt do dhéagóirí		
Aidhm	Áit a chur ar fáil do dhéagóirí chun bualadh le chéile trí Ghaeilge ar bhonn rialta agus fóram teagmhála trí Ghaeilge a chruthú ar ghréasán idirlín na pleanála teanga chun iad a choimeád i dteagmháil lena chéile trí Ghaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt	Oifigeach Óige an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar le Muintearas/BOOCH.		
Páirtithe leasmhara/ról	Tuismitheoirí/Oibrithe deonacha (tacaíocht) an Óige (rannpháirtithe), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht), Coiste feidhme Phlean Teanga an Daingin		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Foinsí le haimsiú ag an Oifigeach Óige	Costas measta Iomlán	Foinsí maoinithe le haimsiú ag an Oifigeach Óige (féach mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge		
Dúshlán an bhirt	Foirgneamh a fháil a bheadh oiriúnach, tuismitheoirí a fháil chun é a stiúradh, rannpháirtithe/óige a spreagadh chun na seirbhísí seo a úsáid.		
Réiteach an Dúshláin	Foirgneamh tarraingteach a aimsiú ar cíós ar phraghas réasúnta chun tacú leis an bpleanáil teanga, tuismitheoirí a spreagadh trí thábhacht an bhirt a shoiléiriú, na seirbhísí a dhéanamh an-tarraingteach do dhéagóirí		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar an Oifigeach Óige an beart seo a chur i bhfeidhm agus a éifeacht a mheas trí aiseolas a fháil ó na déagóirí. Cuirfear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Aosaigh an Phobail

Beart 6.6.4: Forbairt ar sheirbhísí d'Aosaigh an Limistéar Pleanála Teanga

Réimsí	C	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 10, 12
Eolas Breise	Eolas Breise Forbairt ar sheirbhísí d'Aosaigh an phobail sa LPT Cinntear go dtiocfaidh forbairt ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil d'aoisigh an phobail trí Ghaeilge ar fud an LPT. Leathnófar ar an gclár imeachtaí sóisialta a chuirtear ar fáil dóibh in ionaid/áiteanna éagsúla – m.sh. san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh i mBaile an Fheirtéaraigh, in Ionad Chaitlíona i gCeann Trá, agus cuirtear tús le seirbhísí nua i Lios Póil, ar an bhFeothanaigh agus i gClochán-Bhréanainn. Oibreofar i gcomhar leis na coistí pobail/comharchumann sna ceantair éagsúla chun na seirbhísí seo a fhorbairt. Comhoibreofar leis an FSS chun réimsí seirbhísí níos leithne a thairiscint d'aoisigh an phobail trí Ghaeilge, m.sh. dochtúir na gcos, clinic le dochtúirí, ar bhonn rialta sna hionaid éagsúla.		
Aidhm	Cur leis na seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil d'aoisigh an phobail sa cheantar		
Príomhúinéir an bhirt	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD): Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile an ITT		
Páirtithe leasmhara/ról	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (tacaíocht), Udarás na Gaeltachta (tacaíocht scéimeanna), Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne (tacaíocht ó scéimeanna), Coistí forbartha pobail eile an LPT – m.sh Coiste Forbartha Fionn Trá, Coiste Pobail Lios Póil, Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Chomhordaitheora Teaghlaigh/larscoile Beart 6.3.1	Costas measta Iomlán	Obair an Chomhordaitheora Teaghlaigh/larscoile Beart 6.3.1
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), FSS		
Dúshlán an bhirt	Daoine oiriúnacha ar scéimeanna chun tacú leis na seirbhísí, easpa foirne le Gaeilge ag an FSS		
Réiteach an Dúshláin	Na daoine le Gaeilge ar na scéimeanna a mhealladh i dtreo na hoibre seo, ranganna Gaeilge spriocdhírthe a chur ar fáil d'fheidhmeannaigh an FSS		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh foireann an Aonaid Phleanála Teanga (Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile) freagrach as cur i bhfeidhm an bhirt seo agus baileofar aiseolas maidir le héifeacht na hoibre ó na haosaigh a úsáidfí na seirbhísí. Cuirtear tuairisc ar fáil do Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		

Beart 6.6.5: Seirbhísí Baile d'Aosaigh an Phobail a fhorbairt

Réimsí	C	Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 10, 12
Eolas Breise	Struchtúr Seirbhísí Baile d'Aosaigh an Phobail a fhorbairt i gCorca Dhuibhne, Macasamhail Théarmainn Éanna, Cois Fharraige Comhoibrefar leis na pobail sna mórcheantair Ghaeltachta eile (comhoibriú le Comharchumann Shailearna agus Comharchumann Ghaoth Dobhair) in iarracht maoiniú ceart a fháil ón stát chun Ionad agus Seirbhísí buana d'Aosaigh – Ionad Lae a bheadh ag feidhmiú trí Ghaeilge - a bhunú i gCorca Dhuibhne. Forbrófar Ionad Lae d'aoisigh an phobail laistiar de Dhaingean. Dhéanfadh an t-ionad seo cúram d'aoisigh an phobail trí réimse leathan seirbhísí agus cúram baile a sholáthar dóibh – béilte ar rothaí, cúram baile, ionad aclaíochta, feirm churadóireachta, cúrsaí oideachais fad saoil srl. Mar chuid den struchtúr seo, d'fhéadfaí tithíocht d'aoisigh a chur ar fáil chomh maith. Thabharfadh an struchtúr tacaíochta seo seans d'aoisigh an phobail fanacht ag baile ina dtithe féin, i measc a bpobail Ghaeltachta féin, gan brú a bheith orthu dul go Tithe Altranais nó go dtí na hospidéal ar bhonn rialta.		
Aidhm	Aosaigh Chorca Dhuibhne a choimeád ag baile ina dtithe/pobal Gaeltachta féin agus cúram a chur ar fáil dóibh trí mhórán seirbhíse a sholáthar dóibh ina dtithe féin agus iad ag dul san aos.		
Príomhúinéir an bhirt	Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne i gcomhar le comharchumann Ghaeltachta eile..		
Páirtithe leasmhara/ról	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), aosaigh an phobail (rannpháirtíocht).		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€25,000 Caipiteal	Costas measta Iomlán	€25,000 X 6 = €150,000 (féach mír 7 don mbriseadh síos)
Foinsí maoinithe	An Roinn Sláinte, Údarás na Gaeltachta, An Stát		
Dúshlán an bhirt	Easpa maoinithe ón státchóras		
Réiteach an Dúshláin	An tsábháil airgid, a bheadh i gceist ar deireadh don stát dá gcruthófaí struchtúr mar seo agus dá dtabharfaí aire d'aoisigh an phobail ag baile, a mhíniú don státchóras.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne agus Údarás na Gaeltachta i dteannta a chéile freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ó aosaigh an phobail.		

6.7. An Earnáil Ghnó, Forbairt Gheilleagracha agus Thionsclaíoch agus An Turasóireacht Chultúrtha i gCorca Dhuibhne

Gnó, Forbairtí Geilleagracha & Tionsclaíocha

Comhthreomhar leis an bpleanáil is gá a dhéanamh don teanga i gCorca Dhuibhne, tá géarghá leis an bpleanáil gheilleagrach. Mar a léiríodh i Mír 3.3, tá mórán dúshlán geilleagrach áitiúil agus dúshlán infreastruchtúir gur gá dul i ngleic leo ar mhaithe le bonn inmharthanach eacnamaíoch a chur faoi phobal Chorca Dhuibhne. Gan díriú ar na fadhbanna a bhaineann le laghdú i ndaonra an phobail (i gcomparáid le fás náisiúnta), le titim i líon na leanaí bunscoile/meánscoile, le tréigean na ndaoine óga, leis an easpa tuismitheoirí chun pobal a ath-ghiniúint, le an nádúr séasúrachna fostaíochta, leis an am a thógann sé taisteal go haon lárionad forbartha (cathair nó baile forbartha), agus an easpa príomhbhealach iompair (mótar-bhealaigh) a bheith sa chontae, is deacair a bheith ag trácht ar bhisiúlacht na teanga in aon chor.

Tá gá le fostaíocht inmharthanach, le deiseanna gnó, le hinfreastruchtúr fisiciúil agus sóisialta sásúil agus le soláthar tithíochta ar phraghas réasúnta chun an pobal a choimeád anseo ar an gcéad dul síos. Mura bhfuil an teanga lárnach sa phleanáil gheilleagrach/fhisiciúil seo, áfach, ní bheidh rath ar an bpróiseas pleanála teanga.

Tá ról lárnach ag Údarás na Gaeltachta i bhforbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Pléann an eagraíocht le forbairt fiontraíochta agus tionscnaimh cruthaithe fostaíochta sa Ghaeltacht trí chéile. Tugann Údarás na Gaeltachta mórthacaíocht gnó agus fostaíochta i gCorca Dhuibhne trí scéimeanna éagsúla cúnamh do ghnónna seanbhunaithe agus gnónna nua chun fás agus forbairt a dhéanamh. San áireamh anseo, tá deontas caipitil, fostaíochta, margaíochta, staidéar féidearthachta, taighde agus forbairt, cúrsaí oiliúna agus meantóireachta. Ceadaíodh €666,049 do thograí gnó agus pobail i nGaeltachtaí Chorca Dhuibhne le linn 2016 agus sa bhliain chéanna is 572 duine a bhí fostaíochta i nGaeltacht Chorca Dhuibhne go lánaimseartha i gcomhlachtaí agus i ngnónna a fuair tacaíocht ón Údarás. Cuireann Údarás na Gaeltachta comhairle agus treoracha ar fáil do chomhlachtaí maidir le pleananna teanga a fhorbairt agus a réiteach. Bíonn coinníoll teanga le gach maoiniú a thugtar ach bíonn dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar scéim/feachtais chun úsáid na Gaeilge sna comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht a spreagadh.

Tá a lán gnónna beaga príobháideacha ar fud Chorca Dhuibhne agus go háirithe i mbaile an Daingin. Is féidir seirbhís trí Ghaeilge a fháil i ngnónna áirithe ach tá a lán gnónna eile nach bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil iontu.

Turasóireacht Chultúrtha/Turasóireacht (Gnó) na Gaeilge

Ceantar mór turasóireachta is é Corca Dhuibhne agus is turasóireacht chultúrtha cuid mhaith de. Is fiú c.€7 milliún don cheantar in aghaidh na bliana an turasóireacht chultúrtha a chruthaíonn CFCD de bharr na gcúrsaí a sholáthraíonn Coláistí Chorca Dhuibhne agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Tagann a lán cuairteoirí eile don dúthaigh a deir go meallann an Ghaeilge/an ceantar Gaeltachta iad de réir suirbhé a dhein Údarás na Gaeltachta ar thurasóirí (*Suirbhé Turasóireachta Chorca Dhuibhne 2010*).

Bailíodh na bearta sa réimse seo mar thoradh ar chruinnithe le gnónna áitiúla, le cruinnithe agus comhfheagras le feidhmeannaigh Údarás na Gaeltachta, le cruinniú le CFCD a riarann an scéim traenála gnó Skillnet i gCúige Mumhan, agus le páirtithe leasmhara éagsúla atá tábhachtach i réimse na Turasóireachta Chultúrtha i gCorca Dhuibhne (Coláistí Chorca Dhuibhne/OCD/Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne). Baineann cuid de na bearta seo le gníomhaíochtaí go bhféadfaí a bhaint amach laistigh de chlár oibre na bpáirtithe leasmhara éagsúla, baineann bearta eile sa réimse seo le gníomhachtaí a tharlódh dá gcuirfí struchtúr maoinithe nua agus buiséad ar fáil. Ní bheifear ábalta bearta 6.7.1, 6.7.2 & 6.7.5 a fheidhmiú gan feidhmeannach a cheapadh don réimse seo agus an buiséad cuí a bheith ar fáil.

Gnónna áitiúla

Beart 6.7.1. Feachtas Gnó as Gaeilge a chur ar bun – Corca Dhuibhne ag Caint a Athbheochaint agus a fhorbairt/ Feidhmeannach Gnó/Turasóireacht Chultúrtha a fhostú

Réimsí	E	Critéir Phleanála Teanga	13, 14
Eolas Breise	Scéim Gnó le Gaeilge/Corca Dhuibhne ag Caint a fhorbairt, Feidhmeannach Gnó/Turasóireacht Chultúrtha a fhostú Moltar athbheochan agus forbairt a dhéanamh ar scéim <i>Corca Dhuibhne ag Caint</i> a bhí i bhfeidhm sa Daingean chun gnónna agus fostaithe i ngnónna le Gaeilge a aithint. Meallfar gnónna chun a gcuid Gaeilge a úsáid agus chun daoine a fhostú le Gaeilge chun go bhféadfaidís páirt a ghlacadh i scéim cosúil leis an scéim thuasluaite a bhí á riaradh ag OCD/ i gcomhar le húdarás na Gaeltachta sa Daingean. Forbrófar an scéim seo le comhairle ó na gnónna áitiúla agus cuirfear i bhfeidhm é ar fud an LPT. Cuirfear gach tacaíocht ar fáil do na gnónna chun a gcuid seirbhísí a fhorbairt trí Ghaeilge, m.sh. aistriúchán ar fhógraíocht, biachláir, sainranganna Gaeilge gnóbhunaithe a thairiscint, tacú le suíomh idirlín Ghaeilge. Reáchtálfar fóram chun go bhféadfaidh na gnónna seo a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge teacht le chéile ar bhonn rialta chun a gcuid riachtanas a phlé. Coimeádfar ar an eolas iad chomh maith maidir le clár ama na gcúrsaí Gaeilge a bheidh ag teacht go dtí an dúthaigh chun go mbeidh na gnónna ullamh a gcuid seirbhísí a thairiscint as Gaeilge. Cuireadh deireadh leis an bhfeachtas Corca Dhuibhne ag Caint cheana cheal maoinithe agus oibrithe oiriúnacha, beidh gá leis an maoiniú cuí anois chun an beart seo fheidhmiú.		
Aidhm	Athbheochaint agus forbairt a dhéanamh ar fheachtas Chorca Dhuibhne ag Caint sa cheantar ar fad		
Príomhúinéir an bhirt	Feidhmeannach Gnó an Aonaid Phleanála Teanga (CFCD)/ÚnaG		
Páirtithe leasmhara/ról	Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne (tacaíocht), na gnónna áitiúla (rannpháirtíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht), Plean Teanga anDaigin		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1-2 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€40,000 (tuarastal) €15,000 (scéim)	Costas measta Iomlán	€55,000 X 5 (féach mír 7 don bhriseadh síos seo) €275,000 (féach mír 7 don bhriseadh síos)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga) agus Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	An maoiniú ceart a aimsiú, gnónna a spreagadh chun a bheith rannpháirteach		
Réiteach an Dúshláin	Post lánaimseartha mar Fheidhmeannach Gnó a cheadú tríd an bpróiseas pleanála teanga, luach na Gaeilge don ghnó a shoiléiriú don earnáil ghnó		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an Cheanneagraíocht i gcomhar leis an Údarás freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirt seo.		

Beart 6.7.2 Aip fón póca a chruthú ag soláthar eolais don turasóir faoi sheirbhísí/gnónna as Gaeilge

Réimsí	E	Critéir Phleanála Teanga	13, 14
Eolas Breise	Aip fón póca a chruthú ag soláthar eolais don turasóir faoi sheirbhísí/gnónna as Gaeilge. Cruthófar aip fón póca do ghnónna atá ag soláthar seirbhísí as Gaeilge nó ag cur imeachtaí/seirbhísí as Gaeilge ar fáil chun gur féidir le turasóirí (nó an pobal áitiúil) teacht ar eolas saoráideach maidir le gnónna a úsáideann Gaeilge nó imeachtaí a bheidh ar siúl as Gaeilge gach mí.		
Aidhm	Tacaíocht a sholáthar do ghnónna a sholáthraíonn seirbhísí as Gaeilge agus eolas a sholáthar do thurasóirí.		
Príomhúinéir an bhirt	Feidhmeannach Gnó an Aonaid/ Údarás na Gaeltachta		
Páirtithe leasmhara/ról	Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Gnónna áitiúla (rannpháirtíocht), Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne, Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana		Costas measta Iomlán	€10,000 (féach mír 7 don mbriseadh síos)
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	An t-eolas faoi na gnónna/imeachtaí as Gaeilge a choimeád suas chun dáta ar an aip		
Réiteach an Dúshláin	An tseirbhís a bheith tarraingteach a dhóthain chun go gcoimeádfaidh na gnónna ag soláthar eolais nua		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an fhreagracht ar ÚnaG i gcomhar leis an bhFeidhmeannach Gnó éifeacht an bhirt seo a mheas trí theagmháil rialta a choimeád leis na gnónna.		

Beart 6.7.3.: Skillnet : Cúrsaí Oiliúna do lucht Gnó as Gaeilge

Réimsí	E	Critéir Phleanála Teanga	13, 14
Eolas Breise	Oiliúint do Ghnónna a thairiscint as Gaeilge i gCorca Dhuibhne Tairgfear cúrsaí traenála/oiliúna do ghnónna cheantar Gaeltachta Chorca Dhuibhne as Gaeilge nuair is féidir. Cuirfear liosta le chéile do dhaoine le Gaeilge atá oile chun a leithéid d'oiliúint a thabhairt agus molfar do ghnónna aon traenáil atá ar fáil as Gaeilge a chur i bhfeidhm ina gcuid gnónna, spreagfar iad chuige seo trí lacáiste a chur ar fáil don chomhlacht má dhéantar an oiliúint as Gaeilge. Cuirfear modúl/cúrsa ar fáil do ghnónna a thabharfadh feasacht teanga d'oibrithe na gcomhlachtaí		
Aidhm	Breis cúrsaí traenála/oiliúna a chur ar fáil as Gaeilge do ghnónna Chorca Dhuibhne nuair a bhíonn oiliúint ghnó á lorg acu.		
Príomhúinéir an bhirt	Skillnet, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 3 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	Costas measta Iomlán	€25,000 (féach mír 7 don mbriseadh síos)
Foinsí maoinithe	Skillnet		
Dúshlán an bhirt	Daoine a aimsiú le Gaeilge chun oiliúint a chur ar an lucht oibre trí Ghaeilge		
Réiteach an Dúshláin	Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta chun daoine le Gaeilge a aimsiú ar bhonn náisiúnta a chuireann a leithéid d'oiliúint, a thuilleadh tacaíochta airgid do ghnólachtaí a reáchtálann cúrsaí oiliúna as Gaeilge.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an fhreagracht ar Skillnet (CFCD) éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a bhailiú ó na comhlachtaí/gnónna.		

Beart 6.7.4: Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne – a fhorbairt mar ghnó eiseamláireach trí Ghaeilge sa Daingean

Réimsí	E	Critéir Phleanála Teanga	13, 14
Eolas Breise	Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne – Gnó eiseamláireach trí Ghaeilge sa Daingean Leanfar ag cur polasaí teanga Chomhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne i bhfeidhm sa Daingean agus á fhorbairt. Beidh béim láidir ar an nGaeilge i gcónaí ag freastal ar chustaiméirí agus labharfar Gaeilge le haon chustaiméir atá ag lorg seirbhíse trí Ghaeilge. Beidh líofacht sa Ghaeilge riachtanach do phost an bhainisteora agus líofacht sa Ghaeilge ina bhuntáiste in earcú foirne eile. Cuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil don bhfoireann má tá éileamh air. Déanfar fógraíocht dhátheangach agus cuirfear leaganacha dátheangacha d'fhoirmeacha an Chomhair Creidmheasa ar fáil. Beidh comharthaíocht an chomhlachta dhátheangach agus feidhmeoidh cruinnithe boird go dátheangach. Déileálfar le ranna stáit trí Ghaeilge. Déileálfar leis na scoileanna áitiúla as Gaeilge amháin. Tacóidh cur i bhfeidhm an phlean teanga sa limistéar phleanála teangaseo leis an bpolasaí teangaseo agus cuirfear gach cabhair ar fáil don Chomhar Creidmheasa an polasaí a fhorbairt mar pholasaí eiseamláireach do ghnónna an Daingin.		
Aidhm	Leanúint ag forbairt polasaí teanga láidir Chomhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne, é a bheith mar eiseamláir do ghnónna eile an Daingin		
Príomhúinéir an bhirt	Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne i gcomhar le Feidhmeannach Gnó an Aonaid Phleanála Teanga		
Páirtithe leasmhara/ról	Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (LPTCT agus Plean Teanga an Daingin) (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Gnónna an Daingin (rannpháirtíocht), custaiméirí an Chomhair Chreidmheasa (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 2 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Ghnó: Níl costas	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Ghnó: Níl costas
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Údarás na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Gnónna eile a mhealladh chun a leithéid de pholasaí a fhorbairt		
Réiteach an Dúshláin	Luach na Gaeilge a shoiléiriú do na gnónna, pobal na Gaeltachta a spreagadh chun seirbhísí trí Ghaeilge a éileamh		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh bainistíocht an Chomhair Chreidmheasa mar aon le foireann an Aonaid Phleanála Teanga freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt an pholasaithe agus trí aiseolas a fháil ó ghnónna eile sa Daingean.		

Turasóireacht Chultúrtha

Beart 6.7.5 Taighde Proifisiúnta ar bhuntáiste Geilleagrach na Gaeilge

Réimsí	E	Critéir Phleanála Teanga	3, 13, 14, 18
Eolas Breise	Taighde chun luach a chur le buntáiste Geilleagrach na Gaeilge Déanfar coimisiúnú ar thaighde a dhéanfaidh staidéar ar bhuntáistí geilleagracha na turasóireachta cultúrtha – An Ghaeilge – do cheantar Chorca Dhuibhne. Cuirfear torthaí an taighde i láthair do lucht gnó agus turasóireachta na leithinse ag seimineár a chuirfidh béim ar thábhacht na turasóireachta don gceantar agus ar an mbuntáiste breise atá ag an nGaeilge don turasóireacht. Iarrfar ar an gComhairle Contae agus ar Fháilte Éireann margaíocht speisialta a dhéanamh ar an nGaeilge mar fhócas na turasóireachta sa cheantar agus tacófar le Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne leanúint ar aghaidh ag cur béime ar an nGaeilge ina gcuid margaíochta.		
Aidhm	Tábhacht na Gaeilge don earnáil gnó agus turasóireachta i gCorca Dhuibhne a shoiléiriú don phobal gnó agus don bpobal i gcoitinne, an Ghaeilge i réimse na seirbhísí a chur chun cinn		
Príomhúinéir an bhirt	Feidhmeannach Gnó agus Turasóireachta an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar le hÚnaG/ Comhairle Contae Chiarraí		
Páirtithe leasmhara/ról	Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Rannóg na Turasóireachta (tacaíocht), Fáilte Éireann (tacaíocht), Comhairle Contae Chiarraí (Turasóireacht)(tacaíocht), Feidhmeannach Gnó na Pleanála Teanga (tacaíocht) Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne (tacaíocht), gnónna an LPT (rannpháirtíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 3 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€20,000	Costas measta iomlán	€20,000
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí, Roinn na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Ní bheidh aon dúshlán ach an maoiniú a bheith ar fáil		
Réiteach an Dúshláin	Maoiniú a chinntiú		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Déanfaidh APTCT agus ÚnaG stiúradh ar an bpróiseas taighde le cinntiú go gcomhlíonfar é go héifeachtach.		

Beart 6.7.6 Turasóireacht Chultúrtha CFCD a fhorbairt.

An Músaem/Coláistí Chorca Dhuibhne (Na Coláistí Samhaidh) agus Cúrsaí Oidhreachta agus Teanga Chorca Dhuibhne a fhorbairt

Réimsí	E	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	An Músaem/Coláistí Chorca Dhuibhne (Na Coláistí Samhaidh) agus Cúrsaí Oidhreachta agus Teanga Oidhrecht Chorca Dhuibhne a fhorbairt An Músaem Forbrófar Músaem Bhaile an Fheirtéaraigh trí roinnt beart nua a thabhairt chun críche, ina measc: creidiúnú iomlán a bhaint amach don Músaem; An Músaem a bheith ar fáil ar bhonn rialta do chuariteoirí agus é a bheith ina ionad taighde agus seimineáir agus féilte a eagrú ann trí Ghaeilge. Cúrsaí Oidhreachta/teanga do dhaoine fásta Cuirfear barra feabhais ar raon agus ar chaighdeán na gcúrsaí ag Oidhrecht Chorca Dhuibhne chun breis rannpháirtithe a mhealladh anseo. Forbrófar breis cúrsaí do dhaoine in aoisghrúpaí éagsúla agus sainchúrsaí ina measc (m.sh. cúrsa Gaeilge do mhúinteoirí óga nua-cháilithe, cúrsaí Gaeilge do lucht gnó, ranganna Gaeilge gearrthréimhseacha i rith an tsamhraidh do dhaoine atá ar saoire i gCorca Dhuibhne). Coláistí Samhraidh/Coláistí Chorca Dhuibhne Cuirfear barra feabhas ar chaighdeán na gcúrsaí trí oibriú ar an gcuraclam agus réimse níos leithne imeachtaí a reáchtáil mar chuid de na cúrsaí. Spreagfar breis ban tí agus cuirfear cúrsa feasachta teanga ar fáil do na mná tí. Cinnteofar go mbeidh polasaí teanga láidir i bhfeidhm do dhaltáí na gcúrsaí ag an gcoláiste agus sna tithe. Fiosrófar na féidearthachtaí maidir le cúrsa nua a bhunú do dhaltáí Gaeltachta – Coláiste Samhraidh do dhaltáí Gaeltachta a bheadh ar siúl i gceantair Ghaeltachta dhifriúla gach bliain agus a chuirfeadh béim ar chúrsaí eachtraíochta agus cultúir as Gaeilge seachas ar ranganna teanga. Forbairt Ionaí CFCD – Airgead Caipiteal ag teastáil d'ionad teagaisc, chun sean-Oifigí CFCD a athchóiriú agus chun Brú na Gráige a tógaint ar lámh.		
Aidhm	Leanúint ag forbairt gnó na Gaeilge/na hOidhreachta trína thuilleadh cúrsaí a fhorbairt agus a thuilleadh turasóirí Gaeilge a mhealladh go Corca Dhuibhne		
Príomhúinéir an bhirt	Coláistí Chorca Dhuibhne / Oidhrecht Chorca Dhuibhne i gcomhar le Feidhmeannach Gnó & Turasóireachta an Aonaid Phleanála Teanga		
Páirtithe leasmhara/ról	Feidhmeannach Aosoideachais/Dearthóir Cúrsaí an Aonaid (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 3-7	

Costas measta in aghaidh na bliana	Caipiteal 50,000 (Músaem) Caipiteal 35,000 (ionaid CFCD a fhorbairt) Coláistí Chorca Dhuibhne Feasacht do Mhná Tí – €3,000 Staidéar Féidearthachta Coláiste Samhraidh do Chainteoirí Dúchais €10,000 Sean-Oifigí CFCD €300,000 thar 2 bliain Brú na Gráige €300,000 thar 2 bliain	Costas measta iomlán	Caipiteal 50,000(Músaem) Caipiteal 35,000 X 7 (Ionaid CFCD a fhorbairt) €3,000 X 5 =€15,000 €10,000 (briseadh síos ar an gcostas i mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Dóthain foirne chun oibriú ar na forbairtí seo		
Réiteach an Dúshláin	Feidhmeannach Forbartha/Margaíochta a fhostú		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh foireann Choláistí Chorca Dhuibhne agus foireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne freagrach as éifeacht an bhirt a mheas i gcomhar le feidhmeannach Gnó/Turasóireachta an Aonaid Phleanála Teanga trína chinntiú go dtarlaíonn na forbairtí thuas.		

6.8. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

In aon phlean teanga, tá an-tábhacht ag baint le hobair chomhtháite na bpáirtithe leasmhara ar fad, ag leibhéal an phobail agus leibhéal an stáit. Tá géarghá le rannpháirtíocht an phobail áitiúil chun go bhféadfar an plean teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá ról lárnach ag na heagraíochtaí/na coistí pobail agus na comharchumainn ar fad sa cheantar i ngríosadh an phobail ina gceantar féin le páirt a ghlacadh. Is gá struchtúr ceart a bhunú le cinntiú go dtarlóidh a leithéid de rannpháirtíocht sa phlean ar fud an cheantair.

Tháinig an moladh/an beart sa rannóg seo chun cinn mar thoradh ar chruinnithe a reáchtáladh agus teagmháil a deineadh leis na coistí pobail sa leithinis, m.sh. Coiste Forbartha Lios Póil, Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh, Comharchumann Dhún Chaoin, Coiste Forbartha Fionntrá, Coiste Forbartha Bhaile na nGall. Is gá struchtúr foirmeálta a bhunú chun go mbeidh ionadaíocht ag na heagraíochtaí pobail seo ar Choiste Feidhme na Pleanála Teanga faoi scáth na ceanneagraíochta. Tá léargas air seo i mbeart 6.8.1 thíos.

Beart 6.8.1 Struchtúr nua comhoibrithe idir an Ceanneagraíocht, eagraíochtaí pobail/comharchumainn i gceantair an LPT chun an plean teanga agus pleananna forbartha na gCoistí a chur i bhfeidhm

Réimsí	Critéir Phleanála Teanga
Eolas Breise	Struchtúr nua comhoibrithe idir an ceanneagraíocht, eagraíochtaí pobail/comharchumainn i gceantair an LPT chun an plean teanga a chur i bhfeidhm – Aonad nua Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APTCT) Bunófar Coiste Stiúrtha Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APTCT) faoi scáth na ceanneagraíochta (Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne) chun rannpháirtíocht leathan an limistéir sa phlean a spreagadh. Beidh ionadaíocht ar an gcoiste seo ag na heagraíochtaí/coistí pobail sa LPT, cinnteofar rannpháirtíocht iomlán agus cuirfear na coistí pobail sna paróistí éagsúla i mbun gnímh. Féachfar ar aon bhearnaí ó thaobh coistí pobail, m.sh i gcás Bhaile an Fheirtéaraigh, tabharfar faoi choiste nua forbartha pobail a bhunú don pharóiste sin. Beidh ionadaíocht ó Comharchumann Forbartha Dhún Chaoin, Coiste Forbartha Fionntrá, Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh, Coiste Pobail Lios Póil, Coiste Forbartha Bhaile na nGall, Coiste an Duinín agus aon choiste forbartha nua a d'fhéadfaí a mhealladh i mbun gnímh i mBaile an Fheirtéaraigh. Moltar chomh maith go mbeadh ionadaíocht ó Phlean Teanga Bhaile Seirbhíse an Daingin ar an gcoiste seo. Cinnteofar comhoibriú chun bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm mar aon le pleananna forbartha na gcoistí éagsúla a fheidhmiú.
Aidhm	Rannpháirtíocht na bpobal áitiúil sa phlean teanga a spreagadh
Príomhúinéir an bhirt	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar faoi scáth CFCD
Páirtithe leasmhara/ról	Comharchumann Dhún Chaoin (rannpháirtíocht), Coiste Forbartha Fionntrá (rannpháirtíocht), Coiste Pobail Lios Póil (rannpháirtíocht), Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh (rannpháirtíocht), Coiste Forbartha Bhaile na nGall (rannpháirtíocht), Coiste Forbartha an Duinín (rannpháirtíocht)

Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Phleanála Teanga (Post 1)	Costas measta iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Phleanála Teanga (Post 1)
Foinsí maoinithe	Roinn an Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán		
Réiteach an Dúshláin	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an cheanneagraíocht (CFCD) freagrach as feidhmiú an bhirt seo agus a rathúlacht a chinntiú.		

6.9. Na Meáin Chumarsáide

Na meáin chumarsáide agus an phleanáil teanga

Tá áit na Gaeilge sna meáin chumarsáide ríthábhachtach mar réimse tacaíochta don teanga. Tá an tacaíocht/seirbhís atá ar fáil sna meáin chumarsáide don mhionteanga chomh tábhachtach céanna leis an soláthar oideachais agus na tacaíochtaí rialtais atá ar fáil don mhionteanga dar le Fishman, 1991:357.

Na meáin chumarsáide i gCorca Dhuibhne

Tá an Ghaeilge tar éis deis a thabhairt do roinnt d'óige Chorca Dhuibhne poist ar ardchaighdeán a bhaint amach sna meáin chumarsáide Ghaeilge agus Bhéarla sa Ghaillimh agus i mBaile Átha Cliath – le TG4, Raidió na Gaeltachta, Tuairisc.ie agus RTÉ.

Tá iriseoir amháin fostaithe ag TG4 i gCorca Dhuibhne agus tá comhlacht neamhspleách teilifíse lonnaithe sa Daingean ag déanamh cláracha ceoil agus faisnéise do TG4. Tá stiúideo ag Raidió na Gaeltachta i mBaile na Gall agus 12 fostaithe ann.

Tá BOOCH tosnaíthe ag forbairtampaí samhraidh cumarsáide do dhéagóirí óga sa dúthaigh.

Bailíodh bearta sa réimse seo trí chruinnithe a reáchtáil leis na páirtithe leasmhara thuas. Baineann beart 6.9.1 le hoiliúint na hóige sa chumarsáid/caitheamh aimsire don óige a fhorbairt i gCorca Dhuibhne agus baineann beart 6.9.2 le togra saibhrithe teanga idir Raidió na Gaeltachta; agus daltaí bunscoile/iarbhunscoile. *Tá beart 6.9.2 agus a chur i bhfeidhm ag brath go hiomlán ar an bpróiseas pleanála.*

Beart 6.9.1 Campaí Cumarsáide d'Óige an Cheantair a fhorbairt

Réimsí	G	Critéir Phleanála Teanga	10, 11, 12
Eolas Breise	Campaí cumarsáide d'óige an cheantair a fhorbairt go bliantúil agu club teicneolaíochta/cumarsáide a bhunú don aoisghrúpa 10-14 bliain. Reáchtálfar campa cumarsáide do dhéagóirí óga/daltaí Rang a Sé i rith an tsamhaidh. Tabharfar blaiseadh don óige de dhéanamh cláracha teilifíse, de scéalta nuachta a scríobh don raidió agus don teilifís agus de chartúin a dhéanamh ar an ríomhaire. Déanfar forbairt ar an gcúrsa seo ar bhonn bliantúil. Cruthófar gréasán maith sóisialta trí Ghaeilge do chainteoirí óga Gaeilge na dúthaí. Tabharfar taithí dóibh ar réimse tábhachtach d'obair na Gaeilge, na meáin chumarsáide, agus beifear ag súil feasacht na hóige a ardú i dtaca le deiseanna saoil/oibre as Gaeilge. Láidreofar an gréasán sóisialaithe trí Ghaeilge don aoisghrúpa seo.		
Aidhm	Gréasán sóisialta agus caitheamh aimsire trí Ghaeilge a láidriú do chainteoirí óga Gaeilge, oiliúnt theangalárnaithe a chur ar fáil don óige i réimse na cumarsáide, buntáiste na Gaeilge don bhfostaíocht a mheabhrú d'óige ancheantair.		
Príomhúinéir an bhirt	Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí i gcomhar le hAonad na Pleanála Teanga, CFCD		
Páirtithe leasmhara/ról	Muintearas (tacaíocht), Oidhreacht Chorca Dhuibhne (tacaíocht), na bunscoileanna (rannpháirtíocht), na hiarbhunscoileanna (rannpháirtíocht amach anseo), iriseoirí/léiritheoirí teilifíse áitiúla (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€10,000	Costas measta iomlán	€10,000 X 7 = €70,000 (féach mír 7 don bhriseadh síos)
Foinsí maoinithe	Muintearas, BOOCH, Oidhreacht Chorca Dhuibhne/ Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne		
Dúshlán an bhirt	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán leis an mbeart seo		
Réiteach an Dúshláin	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán leis an mbeart seo		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh BOOCH freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ó na rannpháirtithe óga agus ó thraenálaithé/iriseoirí an chúrsa.		

Beart 6.9.2 Raidió na Gaeltachta – Freastal ar an Óige trí chomórtais Raidió idir bunscoileanna a fhorbairt

Réimsí	G	Critéir Phleanála Teanga	2, 6, 8, 10, 12, 16 (?)
Eolas Breise/Cur Síos	Freastal ar Óige Chorca Dhuibhne trí chomórtais éagsúla idir scoileanna a fhorbairt Díreofar ar shraith nua cláracha a mheallfaidh an óige agus a chabhróidh go mór le saibhreas Gaeilge na ndaltaí a chur chun cinn. Déanfar sraith díospóireachta idir scoileanna – scoileanna Chiarraí Thiar ar dtús agus ansin é a leathnú amach go scoileanna Gaeltachta na Mumhan agus idir Gaeltachtaí ina dhiaidh sin. Beidh an díospóireacht bunaithe ar ábhair a mbeidh suim ag daoine óga iontu. Beidh duais ann don scoil agus don duine aonair is fearr. Cuirfidh sé seo go mór le saibhreas teanga na ndaltaí agus tabharfaidh sé deis do dhaoine óga Gaeltachta bualadh le chéile go sóisialta trí Ghaeilge. Déanfar sraith eile a bhunú ar chomórtas idir scoileanna ar Shaibhreas Teanga, brí focal agus nathanna cainte. Úsáidfear cóip de chláracha cartlainne agus cuirfear na leanaí ag plé agus i mbun díospóireachta ag plé nathanna agus focail nach bhfuil acu cheana féin ag iarraidh orthu teacht ar an mbrí. Arís, beidh duais don scoil is fearr agus don dalta is fearr.		
Aidhm	An Óige a cheangal leis an Raidió, saibhreas teanga daoine óga a spreagadh		
Príomhúinéir an bhirt	Raidió na Gaeltachta i gcomhar le foireann APTCT		
Páirtithe leasmhara/ról	An Cheanneagraíocht – Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (tacaíocht), daltaí na mbunscoileanna (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 2 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	Costas measta Iomlán	€5,000 X 6 = €30,000
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga) agus Raidió na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Dóthain daltaí leis an gcaighdeán Gaeilge a bheadh ag teastáil a aimsiú		
Réiteach an Dúshláin	Dóthain ama a thabhairt do na scoileanna réamhobair a dhéanamh do na comórtais		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Raidió na Gaeltachta agus foireann an Aonaid Phleanála Teanga freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirt trí aiseolas a fháil ó na scoileanna agus na daltaí.		

6.10. Seirbhísí Stáit/Poiblí

Mura bhfuil an stát ag soláthar a gcuid seirbhísí as Gaeilge do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, beidh drochmheas ar an bpobalteanga agus laghdófar stádas oifigiúil na teanga (ní bhíonn aon díon ar an dtigh pleanála teanga – léaráid 6.1). Faoi láthair, tá an státchóras ag iarraidh ar phobal na Gaeltachta pleananna teanga a réiteach chun an teanga a tharrtháil sa Ghaeltacht ach ag an am céanna tá mórán seirbhísí stáit á soláthar acu féin don phobal as Béarla amháin. Le déanaí, chuir pobal na Gaeltachta a ndíomá in iúl maidir leis an leibhéal íseal inniúlachta sa Ghaeilge atá sa státchóras trí chéile mar aon leis an leibhéal íseal feasachta i dtaca le cearta agus mianta an phobail agus iad ag éileamh seirbhísí pobail as Gaeilge (tuarascáil Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge bunaithe ar chruinnithe poiblí sa Ghaeltacht www.tuairisc.ie Dé Céadaoin 1 Márta 2017).

Moltar straitéis earcaíochta a thabhairt isteach a rachadh i ngleic níos fearr leis na heasnaimh reatha maidir le soláthar seirbhís Ghaeilge ar fud an státchórais, ag díriú orthu siúd a bhfuil cumas sa Ghaeilge cheana féin (www.tuairisc.ie Dé Céadaoin 1 Márta 2017). Le linn an obair pháirce don phlean teanga seo, is iad na seirbhísí stáit/poiblí is mó a bhí ag dó na geirbe ag muintir Chorca Dhuibhne nuair a luadh an réimse seo ag cruinnithe éagsúla na Seirbhíse Sláinte (FSS), seirbhísí na Roinne Talamhaíochta (Teagasc), Seirbhísí Oifig na nOibreacha Poiblí, An Garda Síochána, An Post agus Seirbhísí Eaglasta in áiteanna áirithe sa LPT. *Baineann na bearta atá sa réimse seo le slite go bhféadfadh an próiseas pleanála teanga (le maoiniú) tacú le pobal Chorca Dhuibhne éileamh a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge ón stát agus ó pháirtithe leasmhara na seirbhísí poiblí éagsúla. Gan foireann a fhostú don APTCT, ní fhéadfadh an tacaíocht seo a chur ar fáil.*

Beart 6.10.1 Seirbhísí Stáit a éileamh as Gaeilge

Réimsí	H	Critéir Phleanála Teanga	3, 13, 18
Eolas Breise/Cur Síos	Seirbhísí Stáit a éileamh trí Ghaeilge Tosnófar ar fheachtas pobail chun a chur ina luí ar an bpobal go bhfuil cearta teanga acu agus gur ceart dóibh a bheith ag éileamh seirbhísí stáit áirithe (na seirbhísí atá in ainm is a bheith ar fáil) as Gaeilge. Míneofar an tábhacht a bhaineann leis na seirbhísí seo a éileamh agus an tábhacht a bhaineann le stocaireacht a dhéanamh chun brú a chur ar an stát na seirbhísí seo a sholáthar. Eagrófar go dtabharfaidh an Coimisinéir Teanga cuairt ar an gceantar arís chun an pobal a spreagadh. Lorgófar tacaíocht ó Roinn na Gaeltachta, ó Údarás na Gaeltachta agus ó Chomhairle Contae Chiarraí chun dul i bhfeidhm ar na heagrais stáit agus na ranna rialtais go háitiúil (m.sh. Teagasc, Oifig na nOibreacha Poiblí, An Garda Síochána, An Post)(agus ar bhonn náisiúnta) maidir le seirbhísí as Gaeilge a sholáthar do phobal Chorca Dhuibhne. Tacófar le hiarratas an phobail stocaireacht a dhéanamh chun go dtabharfar liúntas d'fhostaithe stáit chun feidhmiú trí Ghaeilge i gCorca Dhuibhne, go háirithe feidhmeannaigh/oibrithe atá ag obair i réimse na seirbhísí sláinte, m.sh Ospidéal an Daingin agus South Doc.		
Aidhm	Cur ina luí ar an bpobal seirbhísí stáit a éileamh as Gaeilge agus cur leis na seirbhísí stáit a chuirtear ar fáil as Gaeilge don bpobal.		
Príomhúinéir an bhirt	Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (CFCD) – Stiúrthóirí na Pleanála Teanga.		
Páirtithe leasmhara/ról	Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), Oifig an Choimisinéara Teanga (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht), Na coistí forbartha pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga	Costas measta Iomlán	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Daoine a spreagadh chun seirbhísí Gaeilge a éileamh		
Réiteach an Dúshláin	An buntáiste a mhíniú, na cearta teanga a shoiléiriú agus na deiseanna fostaíochta a bheadh ann do dhaoine le Gaeilge dá n-éileofaí na seirbhísí seo, a mhíniú.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	An cheanneagraíocht a bheidh freagrach as éifeacht an bhirt a mheas. Déanfar teagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga chun fáil amach cé chomh sásta agus atá pobal Chorca Dhuibhne leis na seirbhísí stáit atá á soláthar as Gaeilge.		

Beart 6.10.2 Seirbhísí Sláinte FSS as Gaeilge

Réimsí	H	Critéir Phleanála Teanga	3, 13,18
Eolas Breise/Cur Síos	Seirbhíse Sláinte FSS i gCorca Dhuibhne a sholáthar trí Ghaeilge Cuirfear liosta eolais le chéile de na Seirbhíse Sláinte (FSS) atá ar fáil as Gaeilge sa cheantar agus dáilfear é ar thuismitheoirí a úsáideann seirbhísí an ITT agus ar na coistí/eagraíochtaí pobail eile sa cheantar (trí choiste APTCT). Cuirfear an t-eolas seo ar fáil ar shuíomh idirlín na pleanála teanga (Tobar Dhuibhne) chomh maith. Oibreofar i gcomhar le FSS (beart 6.3.4) chun seirbhísí teaghlaigh a sholáthar don ITT as Gaeilge. Lorgófar tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta chun dul i bhfeidhm ar an FSS maidir lena polasaí teanga ag comhoibriú leo i soláthar seirbhísí iomlána a bheith ar fáil as Gaeilge do phobal Chorca Dhuibhne (agus ar bhonn náisiúnta Gaeltachta).		
Aidhm	Eolas a scaipeadh ar an bpobal faoi sheirbhísí atá á gcur ar fáil ag FSS as Gaeilge. Stocaireacht a chur sa tsiúl chun go mbeidh polasaí teanga éifeachtach á chur i bhfeidhm ag an FSS sa cheantar agus go mbeidh níos mó de sheirbhísí na heagraíochta ar fáil as Gaeilge.		
Príomhúinéir an bhirt	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD): Comhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile an ITT agus Stiúrthóirí Pleanála Teanga.		
Páirtithe leasmhara/ról	Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (rannpháirtíocht), na Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga	Costas measta Iomlán	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Easpa Gaeilge ag foireann an FSS		
Réiteach an Dúshláin	Ranganna Gaeilge spriocdhírithe (sa láthair oibre) a thairiscint d'fhoireann an FSS.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh dualgas ar fhoireann an Aonaid Phleanála Teanga (comhordaitheoir teaghlaigh/iarscoile agus stiúrthóirí na pleanála teanga) éifeacht an bhirt a mheas trí chuntas a choimeád ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag FSS as Gaeilge agus trí aiseolas a fháil ó na daoine a úsáideann na seirbhísí.		

Beart 6.10.3 Seirbhísí Eaglasta as Gaeilge ar fud an LPT

Réimsí	H, J, K	Critéir Phleanála Teanga	2 ,3, 8, 10, 12, 18
Eolas Breise	Seirbhísí Eaglasta as Gaeilge ar fud an LPT a fhorbairt Tacófar leis na heagraíochtaí pobail/comharchumainn lastoir den Daingean ina n-éileamh ar sheirbhísí eaglasta as Gaeilge. Is i mBéarla a bhíonn an tAifreann sa Daingean agus sa Chlochán faoi láthair agus bíonn Aifreann as Gaeilge uair sa mhí i Lios Póil. Cuirfear tacaíocht ar fáil do Chomhairle Tréadach an Pharóiste laistiar den Daingean chun an teanga san eaglais a láidriú trí: - forbairt a dhéanamh ar phobal na hEaglaise (a thuilleadh daoine a mhealladh amach go dtí an tAifreann) trí bhreis ócáidí sóisialta a bheith acu tar éis an aifrinn (m.sh. maidineacha caife) - nasc níos fearr a dhéanamh le leanaí na scoile CD Gaeilge a dhéanamh dírithe ar leanaí óga le paidreacha agus ceol ón aifreann mar aon le suíomh idirlín a fhorbairt le paidreacha agus eolas faoi chúrsaí eaglasta in Iarthar Dhuibhneach. - Tús a chur le féile bheag chun Lá Naomh Uinseann a cheiliúradh i mBaile an Fheirtéaraigh i Meán Fómhair gach bliain.		
Aidhm	Tacú le seirbhísí poiblí (Eaglasta) as Gaeilge i gCorca Dhuibhne		
Príomhúinéir an bhirt	Coiste Pobail Lios Póil/Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh agus Comhairle Tréadach an Pharóiste i gcomhar le APTCT		
Páirtithe leasmhara/ról	Foireann APTCT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 2 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga	Costas measta Iomlán	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (an Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Sagart nua gan Ghaeilge bheith ceaptha		
Réiteach an Dúshláin	A chur ina luí ar an stát gur togra mór ilghnéitheach an plean teanga seo gur fiú amhaoiniú		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an fhreagracht ar an gcoiste pobail/comharchumainn agus ar an gcomhairle tréadach éifeacht an bhirt seo a mheas.		

6.11. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach

Is í Comhairle Contae Chiarraí a chuireann seirbhísí rialtais áitiúil ar fáil do Chontae Chiarraí (pobal Gaeltachta san áireamh) agus a fheidhmíonn mar údarás pleanála don Chontae.

Bíonn dualgas orthu Plean Forbartha (Pleanála) don Chontae a réiteach agus athbhreithniú a dhéanamh air gach sé bliana. Tá Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015- 2021 i bhfeidhm faoi láthair chun pleanáil agus forbairt fhisiceach an chontae athreorú.

Tá Oifig na Gaeilge sa Chomhairle Contae lárnach i gcur i bhfeidhm spriocanna teanga na Comhairle. Tá na spriocanna seo dírithe ar sheirbhísí na Comhairle a chur ar fáil trí Ghaeilge agus ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht i gCiarraí a láidriú. De réir cruinnithe a reáchtáladh leis an mBainisteoir Contae, le Coiste Polasaí Straitéiseach agus le hOifig na Gaeilge sa Chomhairle, is iad na tacaíochtaí pleanála / seirbhísí rialtais áitiúil is mó go bhféadfadh Comhairle Contae Chiarraí a fhorbairt chun tacú leis na ceantair Ghaeltachta ná: clásail a cheangail le tithíocht (féach thíos beart 6.11.1) ; an Ghaeilge a chur chun cinn mar ghné lárnach den turasóireacht chultúrtha (féach siar go beart 6.7.7); timpeallacht shóisialta Gaeilge a chruthú d'aos óg na Gaeltachta (féach thíos beart 6.11.2) agus tógaint ar na tacaíochtaí teanga atá ar fáil d'fhoghlaím na Gaeilge sa Ghaeltacht (féach siar go Beart 6.5.1). *Bheadh gá le stocaireacht agus tacú ón bpróiseas pleanála teanga chun go dtarlódh na bearta sa réimse seo.*

Beart 6.11.1 Clásail teanga d'Eastáit Tithíochta Príobháideacha agus Sóisialta sa Ghaeltacht

Réimsí	I	Critéir Phleanála Teanga	2, 17
Eolas Breise	Clásail teanga d'eastáit tithíochta príobháideacha agus sóisialta Tacóidh an próiseas pleanála teanga le cur i bhfeidhm chlásail tithíochta sa Ghaeltacht a thacódh le príomhspríoc na Gaeltachta. Rachfar i mbun stocaireachta leis an rialtas áitiúil agus an Coimisinéar Teanga maidir le cur i bhfeidhm Acht Forbartha agus Pleanála 2000 i dtaca leis an gcéatadán de thithíocht atá curtha ar fáil do chainteoirí laethúla Gaeilge sna heastáit tithíochta príobháideacha sa Ghaeltacht i gCorca Dhuibhne. Taispeánadh i Samhain 2017 go raibh an dualgas reachtúil seo á sárú ag Comhairle Conate Chiarraí. Fiosrófar dualgas reachtúil an rialtais áitiúil (ag eascairt as Acht Tithíochta 1988 Cuid 11 Mír 2a) maidir le clásail teanga a cheangal le tithíocht shóisialta sa Ghaeltacht. Chiallóidh dualgas mar seo go dtabharfaí tús áite, i dtithíocht shóisialta a thógfar amach anseo, do lucht labhartha na Gaeilge i dtaca le céatadán áirithe den tithíocht seo. Bheadh an céatadán tithíochta a bheadh curtha ar leataobh do chainteoirí Gaeilge ag teacht leis an gcéatadán de chainteoirí laethúla atá sa cheantar de réir fhigiúirí an Daonáirimh. Déanfar stocaireacht chun ceist bhreise faoi chumas sa Ghaeilge a chur sa phróiseas iarratais do thigh aonair nua sa Ghaeltacht, ag cinntiú go mbeadh sé níos fusa do chainteoirí laethúla Gaeilge cead pleanála a fháil sa Ghaeltacht, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta is láidre – Cat A. (leasú ar reachtaíocht náisiúnta ag teastáil chuige seo).		

	Fiosrófar an bhféadfaí coinníoll Gaeilge a cheangal le post an Oifigigh Phleanála a bhíonn ag obair le muintir na Gaeltachta ó thaobh na pleanála de.		
Aidhm	Lonnaíochtaí Gaeltachta a fhorbairt ar bhealach a chabhródh leis an teanga sa Ghaeltacht. Tacú le lánúineacha óga na Gaeltachta tithe a thógaint ar phraghas réasúnta sa Ghaeltacht.		
Príomhúinéir an bhirt	Foireann APTCT (Stiúrthóirí) i gcomhar le hOifig Gaeilge agus Pleanála Chomhairle Contae Chiarraí		
Páirtithe leasmhara/ról	APTCT, CCC, dlíodóirí (tacaíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 3 Bliain 4-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Phleanála Teanga	Costas measta Iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Phleanála Teanga
Foinsí maoinithe	Comhairle Contae Chiarraí/APTCT		
Dúshlán an bhirt	Tacaíocht na gcomhairleoirí a fháil, reachtaíocht náisiúnta a leasú		
Réiteach an Dúshláin	Bolscaireacht agus stocaireacht náisiúnta Gaeltachta ar an gceist a thionscarn		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh comhoibriú idir APTCT agus Comhairle Contae Chiarraí chun an beart seo a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil dea-thionchar aige ar lonnaíocht teangalárnaithe sa Ghaeltacht.		

Beart 6.11.2 Scéim a fhorbairt a thacóidh le himeachtaí trí Ghaeilge a reáchtáil d'óige na Gaeltachta i LPTCT

Réimsí	I	Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 10, 11, 17
Eolas Breise	Scéim a fhorbairt a thacóidh le himeachtaí trí Ghaeilge a reáchtáil d'óige na Gaeltachta sna LPT Forbrófar scéim chun tacú le heagraíochtaí pobail agus le cumainn spóirt atá ag feidhmiú i gCorca Dhuibhne a gcuid imeachtaí a reáchtáil trí Ghaeilge. Cuirfear ciste airgid ar fáil chun maoiniú a sholáthar ar shlite éagsúla, m.sh. chun traenáilaithe/meantóirí Gaeilge a fhostú nó chun traenáil trí Ghaeilge a chur ar fáil d'imeachtaíóige.		
Aidhm	Timpeallacht/ Gréasán Ghaeilge a chruthú do dhéagóirí na Gaeltachta, dul i bhfeidhm ar nósmaireacht teanga óige na Gaeltachta		
Príomhúinéir an bhirt	APTCT i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí		
Páirtithe leasmhara/ról	Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (tacaíocht), Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne (tacaíocht), Foireann an Aonaid Phleanála Teanga (tacaíocht), Pobalscoil Chorca Dhuibhne (tacaíocht & rannpháirtíocht), Coistí Forbartha Pobail eile an LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 3 Bliain 4-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga	Costas measta Iomlán	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga
Foinsí maoinithe	Comhairle Contae Chiarraí agus Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo		
Réiteach an Dúshláin	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ón óige a úsáideann na seirbhísí seo.		

Beart 6.11.3 Tacú le Scéimeanna Gaeilge na Comhairle Contae, iad a bhuanú agus a fhorbairt

Réimsí	I	Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 10, 11, 17
Eolas Breise	Scéimeanna Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí a bhuanú agus a fhorbairt Tacófar le foireann Chomhairle Contae Chiarraí Scéim Gaeilge na heagraíochta a chur i bhfeidhm, a fhorbairt agus a bhuanú. Cinnteofear go bhfuil an scéim á cur i bhfeidhm i dtaca le seirbhísí Chomhairle Contae Chiarraí a sholáthar trí Ghaeilge, le polasaí comharthaíochta Gaeilge na Comhairle, le foilseacháin i nGaeilge, le turasóireacht na Gaeilge i gCiarraí a chur chun cinn agus go háirithe i dtaca le Cosaint agus Cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht. • Plaiceanna d'oscailtí oifigiúla Gaeltachta i nGaeilge amháin • Fógraí Pleanála Suímh a chrochadh i nGaeilge • Comharthaíocht nua os cionn siopaí sa Ghaeltacht luaite as. • Tacaíocht le cur i bhfeidhm Phlean Teanga Chiarraí Thiar • A chinntiú go mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge labhartha ag iarrthóirí ar thithíocht nó ar chúnamh Tithíochta ó Chomhairle Contae Chiarraí I gceantair Chatagóir A na Gaeltachta • Scéim tacaíochta teanga a fhorbairt do thionóntaí agus d'ábhar tionóntaí ar liostaí feithimh Gaeltachta		
Aidhm	Tacú le agus forbairt a dhéanamh ar Scéimeanna Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí		
Príomhúinéir an bhirt	APTCT i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí		
Páirtithe leasmhara/ról	Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht),		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 3 Bliain 4-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga Buiséad, Phost 1	Costas measta Iomlán	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga Buiséad, Phost 1
Foinsí maoinithe	Comhairle Contae Chiarraí agus Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo		
Réiteach an Dúshláin	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí aiseolas a fháil ó thionóntaí a úsáideann na seirbhísí seo.		

6.12. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Mar a míníodh i Mír 3.4. (cur síos ar na tacaíochtaí teanga sa dúthaigh), tá bearna mhór sa bhfreastal as Gaeilge atá á dhéanamh ar an bpobal ó thaobh seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire de, go háirithe ar óige an cheantair. Tá mórán clubanna/cumann spóirt agus caitheamh aimsire ag feidhmiú trí Bhéarla sa cheantar. Tá cumainn eile, ar nós Cumann Caide na Gaeltachta agus Cumann Peile na mBan i gCorca Dhuibhne, a bhfuil polasaithe teanga i bhfeidhm acu.

Bíonn an earnáil seo ag brath ar obair agus am deonach an phobail go minic agus bíonn sé deacair teacht ar thraenálaíthe/oibrithe deonacha le Gaeilge. Níl aon eagraíocht amháin ag plé leis na cumainn agus clubanna caitheamh aimsire sa réimse seo agus mar sin is deacair dul i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí na hearnála chun tacaíocht teangalárnaithe a sholáthar.

Tháinig bearta an réimse seo chun cinn trí chruinnithe a reáchtáil le roinnt cumainn/clubanna spóirt is caitheamh aimsire sa phobal agus trí mholtaí na gcoistí pobail atá ag feidhmiú i gceantair éagsúla an LPT a lorg. Tá na bearta sonraithe thíos in 6.12.1 go 6.12.7. *Tá na bearta seo go léir ag brath ar mhaoiniú an Aonaid Phleanála Teanga (APTCT)*

Beart 6.12.1 Polasaí teanga do Chumainn Spóirt is Caitheamh Aimsire

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Polasaí teanga a fhorbairt agus tacaíocht phraiticiúil a sholáthar do na cumainn spóirt is caitheamh aimsire Trí scéim tacaíochta do chumainn spóirt agus caitheamh aimsire (don óige) a fhorbairt, tacóidh APTCT leis na cumainn polasaí éifeachtach Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear polasaí samplach teanga ar fáil do chumainn spóirt agus caitheamh aimsire agus déanfar gach iarracht traenálaíthe óga a mhealladh chun cabhrú le himeachtaí na gcumann a rith nó leis an traenáil a dhéanamh. Comhoibreofar le Pobalscoil Chorca Dhuibhne (cúrsa cinnireachta/meantóireachta) anseo. Cuirfear maoiniú i dtreo an bhirt seo chun go bhféadfar cinnirí óga a chur ag obair leis na cumainn spóirt agus caitheamh aimsire chun imeachtaí a rith/traenáil a dhéanamh/ranganna a thabhairt.		
Aidhm	Úsáid na Gaeilge i measc na gcumann spóirt agus caitheamh aimsire a threisiú, timpeallacht Ghaeilge a chothú d'óige an cheantair.		
Príomhúinéir an bhirt	APTCT (An cheanneagraíocht – faoi scáth CFCD)		
Páirtithe leasmhara/ról	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (tacaíocht), An Phobalscoil (tacaíocht), Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), na cumainn spóirt is caitheamh aimsire (rannpháirtíocht), Na Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 1 Bliain 2-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga Buiséad, Post 1	Costas measta Iomlán	Obair Stiúrthóirí na Pleanála Teanga Buiséad, Post 1
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga), Comhairle Contae Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Muintearas		

Dúshlán an bhirt	• Na Cumainn Spóirt agus Caitheamh Aimsire a mhealladh • Traenáilthe óga a mhealladh
Réiteach an Dúshláin	• Feasacht teanga a scaipeadh i measc na gcumann, aidhmeanna soiléire an phlean teanga a mhíniú • Maoiniú a chur ar fáil chun déagóirí spórtúla a mhealladh agus a thraenáil chun a bheith rannpháirteach i dtreanáil na hóige sna cumainn spóirt agus caitheamh aimsire.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an cheanneagraíocht freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht, ar chur i bhfeidhm agus ar rathúlacht an bhirt seo trí aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara ar fad.

Beart 6.12.2 Spórtlann nua a fhorbairt i mBaile an Fheirtéaraigh

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Spórtlann nua a fhorbairt i mBaile an Fheirtéaraigh Tosnófar ar fheachtas nua chun spórtlann nua a thógaint do limistéar pleanála teanga Chiarraí Thiar. Forbrófar páirc uile aimseartha agus spórtlann le gach áis spóirt fé dhíon ar shuíomh an Údaráis/CFCD ar an mBuailtín. Beidh tacaíocht ó na cumainn spóirt ar fad don bhforbairt seo agus lorgófar tacaíocht ó na scoileanna áitiúla chomh maith.		
Aidhm	Cur le háiseanna spóirt an Limistéir ar bhonn teangalárnaithe		
Príomhúinéir an bhirt	APTCT (An cheanneagraíocht – faoi scáth CFCD)		
Páirtithe leasmhara/ról	Cumann Caide na Gaeltachta (tacaíocht), Cumann Rugair Chorca Dhuibhne, Fánaithe Bhá an Daingin, Cuman Gailf Cheann Sibéal, Cumann Seoltóireachta, Rámhaíochta...		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 3-4
Costas measta in aghaidh na bliana	€600,000 x 2	Costas measta iomlán	€600,000 x 2 + €400,000 (féach mír 7)
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta, Cumainn Spóirt		
Dúshlán an bhirt	Dóthain maoinithe a chinntiú		
Réiteach an Dúshláin	Ollfheachtas bailithe airgid a chur sa tsiúl		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh CFCD freagrach as ráthúlacht an bhirt seo a mheas		

Beart 6.12.3 Athchóiriú a dhéanamh ar Halla Spóirt Chlocháin-Bhréanainn

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Athchóiriú a dhéanamh ar Halla Spóirt Chlocháin Bhréanainn Tacú le Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh Halla Spóirt an cheantair a athchóiriú		
Aidhm	Cur le háiseanna spóirt an Limistéir ar bhonn teangalárnaithe		
Príomhúinéir an bhirt	Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh i gcomhar le APTCT (An cheanneagraíocht – faoi scáthCFCD)		
Páirtithe leasmhara/ról	Roinn na Gaeltachta		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 2 Bliain 2	
Costas measta in aghaidh na bliana	€50,000 – Airgead Caipiteal	Costas measta Iomlán	€50,000 – Airgead Caipiteal
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta, Cumainn Spóirt		
Dúshlán an bhirt	Dóthain maoinithe a chinntiú		
Réiteach an Dúshláin	Ollfheactas bailithe airgid a chur sa tsiúl		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh CFLT freagrach as ráthúlacht an bhirt seo a mheas		

Beart 6.12.4 Cúrsa oiliúna Gaeilge do thraenáilthe spóirt/ caitheamh aimsire

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Cúrsa oiliúna do thraenáilthe spóirt/caitheamh aimsire Forbrófar cúrsa Gaeilge ar ardchaighdeán do thraenáilthe spóirt sa dúthaigh a bheidh oiriúnach do roinnt mhaith cumann difriúil sa cheantar. Díreofar ar dhaoine atá i mbun na traenála cheana féin agus ar dhaoine nua (le Gaeilge) a mhealladh isteach go dtí an réimse.		
Aidhm	Oiliúint as Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine ar suim leo traenáil spóirt a dhéanamh le leanaí óga/déagóirí		
Príomhúinéir an bhirt	Oifigeach Óige an Aonaid Phleanála Teanga i gcomhar le BOOCH		
Páirtithe leasmhara/ról	Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí (Rannóg Spóirt) (tacaíocht), West Kerry Fitness, (tacaíocht), na cumainn spóirt (rannpháirtíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000 Bliain 2 + €2,000 Bliain 3-7	Costas measta iomlán	€2,000 X 5 + €5,000 = €15,000 (féach mír 7 don bhriseadh síos)
Foinsí maoinithe	CLG, RUI, FAI, Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Rannpháirtithe a mhealladh ar an gcúrsa.		
Réiteach an Dúshláin	Scéim/tacaíochta (i bhfoirm deontais) a bheith ar fáil do na cumainn má chuireann siad an traenáil ar siúl as Gaeilge.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an tAonad Pleanála Teanga agus BOOCH freagrach as éifeacht an bhirt a mheas trí aiseolas a fháil ó na cumainn agus ó rannpháirtithe na gcumann.		

Beart 6.12.5 Forbairt ar Ghort Caide Ghallarus

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Forbairt a dhéanamh ar Ghort Caide Ghallarus do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2019		
Aidhm	Forbrófar an gort caide trí pháirc caide breise a fhorbairt i nGallarus roimh Chomórtas Peile na Gaeltachta 2019. Cur le háiseanna caide an LPT		
Príomhúinéir an bhirt	Cumann Caide na Gaeltachta		
Páirtithe leasmhara/ról	APTCT (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 1 Bliain 2
Costas measta in aghaidh na bliana	€320,000 Airgead Caipiteal	Costas measta Iomlán	€320,000 Airgead Caipiteal
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta/ Roinn na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Maoiniú a chinntiú		
Réiteach an Dúshláin	An fhorbairt seo a bheith áirithe i bPlean teanga LPTCT		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Cumann Caide na Gaeltachta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirtseo.		

Beart 6.12.6 An Ghaeilge agus Féilte

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	An Ghaeilge a chur chun cinn ag Féilte Áitiúla Coinníoll teanga éifeachtach a bheith le haon scéim tacaíochta (i bhfoirm deontais) atá ar fáil d'fhéilte áitiúla. Polasaí a chur i bhfeidhm a cheanglóidh deontais le húsáid na Gaeilge le linn imeachtaí na bhféilte, a chinnteoidh go mbeidh an Ghaeilge lárnach ag féilte ar nós féile Pháidí Uí Shé, Féile an Phráta, Cruinnithe áitiúla na mBád (Regattanna).		
Aidhm	An Ghaeilge a chur chun cinn ag féilte áitiúla Chorca Dhuibhne		
Príomhúinéir an bhirt	Údarás na Gaeltachta/ Ealaín na Gaeltachta/Comhairle Contae Chiarraí		
Páirtithe leasmhara/ról	APTCT (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Roinn na Gaeltachta (tacaíocht) Coistí na bhFéilte (rannpháirtíocht), Na Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT (rannpháirtíocht), Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 2 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Fheidhmeannaigh Ghnó/ Turasóireachta	Costas measta iomlán	Obair an Fheidhmeannaigh Ghnó/ Turasóireachta
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta/ Roinn na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	A chinntiú go bhfuil an Ghaeilge in úsáid ag na féilte.		
Réiteach an Dúshláin	Freastal ar fhéilte a fhaigheann tacaíocht ó eagrais Ghaeltachta.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh Údarás na Gaeltachta/APTCT (CFCD) freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí chuntas a fháil ar cén imeachtaí a reáchtáladh trí Ghaeilge ag na féilte.		

6.12.7 An Lab (sa Daingean) a fhorbairt go leanúnach mar lárionad Cultúrtha/ Ealaíne do phobal na Gaeilge sa LPT

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	2, 6, 10, 11, 12
Eolas Breise	An Lárionad Cultúrtha agus Ealaíne Gaeilge sa Daingean, An Lab, a fhorbairt ar bhonn leanúnach Leanfar ag forbairt imeachtaí an Lab sa Daingean chun go mbeidh sé ina lárionad cultúrtha/sóisialta/ealaíne do mhuintir an LPT ar fad. Leanfar ag forbairt an chláir imeachtaí ealaíne Gaeilge agus ag soláthar ionaid agus siamsaíocht ealaíne agus amharclainne do mhuintir na Gaeltachta trí Ghaeilge.		
Aidhm	Lárionad sóisialta Gaeilge a fhorbairt sa Daingean		
Príomhúinéir an bhirt	An Lab		
Páirtithe leasmhara/ról	Roinn na Gaeltachta (tacaíocht), Ealaín na Gaeltachta (tacaíocht), An Chomhairle Ealaíon (tacaíocht), Comhairle Contae Chiarraí (tacaíocht), Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (ionadaíocht ón nDaingean)(tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 2 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	Comhoibriú idir Aonaid Phleanála Teanga Chiarraí Thiar agus Foireann Feidhme Phlean an Daingin	Costas measta iomlán	Comhoibriú idir Aonaid Phleanála Teanga Chiarraí Thiar agus Foireann Feidhme Phlean an Daingin
Foinsí maoinithe	Roinn an Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta		
Dúshlán an bhirt	Easpa maoinithe		
Réiteach an Dúshláin	Tábhacht an bhirt don phleanáil teanga a shoiléiriú, foinsí éagsúla maoinithe a fhiosrú.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh foireann an Lab agus foireann Pleanála Teanga an Daingin freagrach as éifeacht an bhirt a mheas trína chinntiú go bhfuil fás agus forbairt leanúnach ag teacht ar an Lab mar lárionad drámaíochta/cultúrtha Gaeilge.		

6.12.8: Club Sóisialta do Dhaoine Fásta; Comhluadar Gaeilge (club leabhar/cócaireachta/ceoil)

Réimsí	J	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Club Sóisialta/caitheamh aimsire do dhaoine fásta; Comhluadar Gaeilge (club leabhar/cócaireachta/ceoil/) a fhorbairt Forbrófar club sóisialta do dhaoine fásta chun freastal ar ócáidí sóisialta a bheidh á reáchtáil trí Ghaeilge ar bhonn míosúil. Gheobhair aiseolas ón bpobal faoi cén saghas club is mó a mbeadh suim ann (m.sh. club leabhar as Gaeilge, club cócaireachta, club siúlóide, club ceoil, nó gné dhifriúil gach mí). Cuirfear an club ar siúl ar bhonn míosúil in ionaid éagsúla ag brath ar an imeacht agus d'fháilteofaí go mór roimh thurasóirí na dúthaí i gcaitheamh an tsamhraidh.		
Aidhm	Gréasán sóisialta Gaeilge do dhaoine fásta a láidriú		
Príomhúinéir an bhirt	Aonad na Pleanála Teanga/OCD		
Páirtithe leasmhara/ról	Na heagraíochtaí/coistí pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú		Bliain 2 Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana	2,000	Costas measta iomlán	€2,000 X 6 = €12,000
Foinsí maoinithe	Roinn na Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Daoine a spreagadh le freastal ar an gclub		
Réiteach an Dúshláin	Foireann leathan daoine a bheith ag plé le heagrú an chlub		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an cheanneagraíocht freagrach as éifeacht an bhirt a mheas trí aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe an chlub		

6.13. Staid na Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar

Má éiríonn leis an bpróiseas pleanála teanga i gCorca Dhuibhne an maoiniú cuí a chinntiú chun Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a bhunú faoi scáth Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne agus chun na feidhmeannaigh atá luaite sna bearta seo a fhostú, creidtear go mbeidh éifeacht ollmhór aige sin ar *Staid na Gaeilge* i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar. Creidtear nach féidir na bearta sna réimsí ar fad thuas a scarúint ón réimse seo 'Staid na Gaeilge' agus nach bhfuil gá le haon bhearta eile sonracha chun dul i bhfeidhm ar dhearcadh, ar chumas agus ar nósmaireacht an phobail i leith na Gaeilge. Tá gach beart thuas atá tugtha ó 6.2 go 6.12 ag déileáil le staid na Gaeilge sa LPT – le dearcadh, cumas, agus nósmaireacht an phobail i leith na teanga.

An t-aon bheart breise atá á lua sa rannóg seo ná beart a nascaidh pobal Gaeltachta Chorca Dhuibhne níos fearr leis ag gcumhacht náisiúnta. Cuireann beart 6.13.1 síos ar fheachtas atá ag teastáil chun tacaíocht a lorg ó na polaiteoirí áitiúla, ón iliomad cuairteoir rialta a thagann ar laethanta saoire go dtí an ceantar agus ó mhuintir Chorca Dhuibhne atá ag cur fúthu in áiteanna eile, ar mhaithe le dul i bhfeidhm ar staid na teanga i gCorca Dhuibhne agus ar mhaithe le dul i bhfeidhm ar an státchóras go bhfuil ról agus dualgas lárnach aige féin sa phróiseas pleanála teanga Gaeltachta. Tháinig an beart seo chun cinn mar thoradh ar chruinniú leis an gceanneagraíocht le linn an phróisis taighde agus mar thoradh ar thuairimí a tháinig isteach ó mhuintir Chorca Dhuibhne atá ag cur fúthu in áiteanna eile in Éirinn ach ar mian leo filleadh abhaile.

6.13.1: Ar Thóir na Cumhachta: Feachtas i measc na bPolaiteoirí Áitiúla, i measc cuairteoirí rialta Chorca Dhuibhne agus i measc mhuintir Chorca Dhuibhne atá ag cur fúthu in áiteanna eile in Éirinn

Réimsí	K	Critéir Phleanála Teanga	
Eolas Breise	Ar Thóir na Cumhachta: Feachtas i measc na bPolaiteoirí Áitiúla, i measc cuairteoirí rialta Chorca Dhuibhne agus i measc muintir Chorca Dhuibhne atá ag cur fúthu thuas fén dtír. Forbrófar feachtas chun an plean teanga a mhíniú do na polaiteoirí áitiúla agus chun a dtacaíocht a fháil ar mhaithe le staid na teanga i gCorca Dhuibhne a mhíniú ar bhonn náisiúnta. Beifear ag súil go dtacóidh an feachtas leis an maoiniú don phlean seo a fháil. Le tacaíocht ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus ó ghrúpaí eile a mbíonn teagmháil acu le cuairteoirí rialta Chorca Dhuibhne (an pobal a bhfuil tithe saoire acu anseo agus eile), rachfar i dteagmháil leis na cuairteoirí. Déanfar cur i láthair dóibh ar staid na teanga i gCorca Dhuibhne agus ar an bplean teanga agus lorgófar a dtacaíocht (go labharfaidh siad lena bpolaiteoirí féin) chun staid na teanga a mhíniú ar bhonn náisiúnta. Beifear ag súil go dtacóidh an feachtas seo leis an maoiniú atá ag teastáil do chur i bhfeidhm an phlean a fháil. Oibreofar le Muintir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne atá ag cur fúthu in áiteanna eile chun a dtacaíocht a fháil don phlean teanga. Tacófar leo siúd ó Chorca Dhuibhne atá ag obair in áiteanna eile ach ar mian leo filleadh abhaile. Comhoibreofar le hÚdarás na Gaeltachta ar mhaithe le roghanna fostaíochta a chur in iúl don phobal seo agus déanfar gach iarracht deiseanna a chruthú dóibh ag a baile sa Limistéar Pleanála Teanga seo.		
Aidhm	Tacaíocht a lorg ó na polaiteoirí áitiúla chun dul i bhfeidhm ar an ngéarchéim teanga. Tacaíocht a lorg ón iliomad cuairteoirí rialta a thagann go Corca Dhuibhne gur spéis leo staid na Gaeltachta.		

	Muintir Chorca Dhuibhne atá ag cur fúthú in áiteanna eile a spreagadh le bheith páirteach sa phlean agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd ar mian leo filleadh abhaile go Corca Dhuibhne.		
Príomhúinéir an bhirt	Foireann APTCT (faoi Scáth CFCD)		
Páirtithe leasmhara/ról	Na polaiteoirí áitiúla (rannpháirtíocht), na cuairteoirí áitiúla (rannpháirtíocht) Oidhreacht Chorca Dhuibhne (tacaíocht), muintir Chorca Dhuibhne thuas faoin tír (rannpháirtíocht), Na Coistí Forbartha Pobail eile sa LPT (tacaíocht)		
Saolré	Pleanáil agus ullmhúchán Feidhmiú	Bliain 2 Bliain 3-7	
Costas measta in aghaidh na bliana	Obair an Aonaid Phleanála Teanga	Costas measta Iomlán	Fostú Fhoireann an Aonaid
Foinsí maoinithe	Buiséad na pleanála teanga		
Dúshlán an bhirt	Tacaíocht na bpolaiteoirí a chinntiú. Teach ar na cuairteoirí ar fad.		
Réiteach an Dúshláin	Dul i bhfeidhm ar na polaiteoirí ar bhonn leanúnach. Eolas a chur amach sa phost go dtí na tithe saoire ar fad.		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh APTCT freagrach as éifeacht an bhirt seo a mheas trí chuntas a choimeád ar an méid tacaíochta atáthar ag taispeáint ar bhonn náisiúnta do na pleananna teanga Gaeltachta, PTLPTCT san áireamh.		

Mír 7 Costais agus Maoiniú

An Buiséad Iomlán

		Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
6.2.1	Stiúrthóir	65,000	65,000	65,000	65,000	65,000	65,000	65,000
6.3.1	Seirbhísí Ionaí / T. chaiocht T. aghlaigh	50,000	50,000	50,000	50,000	50,000	50,000	50,000
	Imeachtaí ITT	20,000	20,000	20,000	20,000	20,000	20,000	20,000
	Bus Pobail, Tiománaí srl.	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000
6.3.3	Oibríthe Naíolainne & cúramóirí leanaí / Oiliúnt	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000
6.3.4	Seirbhísí T. aghlaigh an FSS	5,000	5,000	5,000	5,000	5,000	5,000	5,000
6.3.5	Struchtúr T. caiocht do Thuismitheoirí		800	800	800	800	800	800
6.4.1	Feidhmeannach Oideachais na PL do LPTCT	60,000	60,000	60,000	60,000	60,000	60,000	60,000
6.4.2	Fóram Feasachta / Comhoibrithe agus Oiliúna idir Naoinraí an LPT		5000	5000	5000	5000	5000	5000
6.4.6	Deiseanna d'fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach		2000	2000	2000	2000	2000	2000
6.4.8	Feachtas / comórtas nua do labhairt shóisialta na Gaeilge			10000	10000	10000	10000	10000
6.4.9	Scéim mhalartaithe idir bunscoileanna			2000	2000	2000	2000	2000
6.4.11	Cur leis na scéimeanna saibhríthe teanga i mbunscoileanna agus in iarbunscoil			5000	5000	5000	5000	5000
6.4.15	T. chaiochtaí Breise do chainteoirí baile / dúchais Gaeilge sa Phobalscoil			10000	10000	10000	10000	10000
6.5.1	Comhoibriú leis na Coláistí Oiliúna chun cur le caigideán na gcúrsaí agus le fad Feid meannach A		50000	50000	50000	50000	50000	50000
6.5.2	Struchtúr tacúil céimnithe		3000	3000	3000	3000	3000	3000
6.5.3	Forbairt ar clár cúrsaí Aosoideachais trí Ghaeilge sa TP			10000	10000	10000	10000	10000
6.6.1	Struchtúr nua comhthaithe don Óige a fhorbairt - Oifigeach Óige / Aoisghrupaí eile		50000	50000	50000	50000	50000	50000
6.6.1	Clubanna Óige nua / Imeachtaí		10000	10000	10000	10000	10000	10000
6.6.2	Compántas Drámaíochta, rince & ceol don Óige (Gaelacadamh)		20000	20000	20000	20000	20000	20000
6.9.1	Campaí cumarsáide d'óige an cheantair	10000	10000	10000	10000	10000	10000	10000
6.9.2	Comórtais éagsúla idir scoileanna		5000	5000	5000	5000	5000	5000
6.7.1	Feidhmeannach Gaoil / T. rasóireachta Cultúrtha le fostaí ag forbairt na scéime			40000	40000	40000	40000	40000
6.7.1	Scéim Ghnó le Gaeilge / Corca Dhuibhne			15000	15000	15000	15000	15000
6.7.2	Aip fóin phóca a chruthú don turasóir			5000	5000			
6.7.3	T. aenáil do Ghnónna a thairiscint as Gaeilge			5000	5000	5000	5000	5000
6.7.5	T. ighde buntáiste na Gaeilge				20000			
6.12.4	Cúrsa traenála do thraenailithe Spóirt / caitheamh aimsire		5000	2000	2000	2000	2000	2000
6.12.8	Club Sóisialta Daoine Fásta		2000	2000	2000	2000	2000	2000
	Iomlán roimis Air ead Caipiteal	222,000	374,800	473,800	493,800	468,800	468,800	468,800
6.6.5	Struchtúr Seirbhísí Baile d'Aosaigh an phobail a fhorbairt do LPT		25000	25000	25000	25000	25000	25000 *
6.7.6	Forbairt Mhúseaim Chorca Dhuibhne+CFCD/Coláistí/Brú na Gráige /Sean Oifigí CFCD	38000	88000	488000	238000	38000	38000	38000
6.12.2	Spórtlann do Bhaile an Fheirtéaraigh		600000	1000000				
6.12.3	Athchóiriú ar Halla spóirt Chlocháin-Bhréanaínn				50000			
6.12.5	Gort Caide nua Ghallaraí	220000	100000					
	Ionaí don Óige		100000	100000				
	Airgead Cai iteal	258000	913000	1613000	313000	63000	63000	63000
	Iomlán	480,000	1,287,800	2,086,800	806,800	531,800	531,800	531,800
	Plean T. anga Costasáí	222000	379800	478800	496800	471800	471800	471800
	Caipiteal			1410000	210000	60000	60000	60000
	Figiúirí R. inn na Gaeltachta	150000	150000	150000	150000	150000	150000	150000
	% ar fáil ón R. inn.	68%	39%	31%	30%	32%	32%	32%

* Pleanáil Teanga 5%; FSS Capital 95%

Tá cuntas ar Chostas 5 bliana cur i bhfeidhm Bearta Mhír 6 an Phlean Teanga anseo.

Tá Costais Foirne agus Buiséad luaite nuair is cuí agus foinsí maoinithe de réir Bearta Mhír 6.

Beart 6.2 Stiúrthóir PT LPT Chiarraí Thiar			
6.2.1	Stiúrthóir Cúnta a fhostú (APT Chiarraí Thiar)	€65,000 x 7	Buiséad na Pleanála Teanga
Bearta 6.3			
6.3.1	Seirbhísí Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach – - Feachtais Feasachta/eolas do thuismitheoirí - Ranganna Gaelle - Seirbhísí larscoile - Club obair bhaile - Seisiúin saibhrithe teanga - Bus Pobail - Bainisteoir Iompair - Árachas - Cáin - Tiománaí - Cothabháil	€50,000 x 7 €20,000 x 7 [Imeachtaí] €10,000 x 7	Plean Teanga BOOCH FSS
6.3.2	Forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Tús Maith a reáchtálann Oidhreacht Chorca Dhuibhne		Iarratas ar mhaoiniú trí Oidhreacht Chorca Dhuibhne
6.3.3	Deiseanna comhoibrithe (feasacht agus oiliúint) a fhorbairt idir lucht bainistíochta agus foireann naíolainne agus cúramóirí leanaí sa LPT	€2,000 x 7	Buiséad na Pleanála Teanga - Comhordaitheoir Teaghlaigh/ larscoile
6.3.4	Seirbhísí Teaghlaigh an FSS a chur ar fáil as Gaeilge sa TTT in Béalán Fhorleáir agus in áiteanna eile ar fud an LPT dearadh/ aistriú/ reáchtáil Cúrsaí do Theaghlaigh	€3,000 x 7	Pleanáil Teanga/ Roinn FSS Bord Oideachais Oiliúna
6.3.4	Struchtúr Tacaíochta agus Feasachta a fhorbairt do ghrúpaí éagsúla Tuismitheoirí	€800 x 7	Buiséad na Pleanála Teanga – Comhordaitheoir Teaghlaigh/larscoile
Bearta 6.4			
6.4.1	Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga do LPTCT a fhostú	€60,000 x 6 [tosnú bliain 2]	Buiséad Pleanála Teanga/COGG/ ROS
6.4.2	Fóram Feasachta/Comhoibrithe agus Oiliúna a fhorbairt idir Naíonraí an LPT agus arís idir Bunscoileanna agus Naíonraí - Suíomh idirlíon/ Fóram Oideachais/ ceardlanna		€5,000 x 7
6.4.3	Feasacht/Tacaíocht Teanga Chomhtháite do Thuismitheoirí		San áireamh 6.3.4
6.4.4	Tacú leis na bunscoileanna sa LPT cur isteach ar aitheantas Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (POG) agus tacú le rannpháirtíocht leanúnach sa Pholasaí comhairle ón Roinn Oideachais/ COGG		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais 6.4.1
6.4.5	Fóram teagmhála a chruthú do phríomhoidí agus múinteoirí bunscoile an LPT (taobh leis an bhfóram réamhscolaíochta - beart 6.4.1)		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais 6.4.1

6.4.6	Deiseanna d'fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na múinteoirí a chothú sa LPT - seisiún/seimineár oiliúna bliantúil Seimineár amháin sa bhliain	€2,000 x 6	
6.4.7	Tacú leis na bunscoileanna polasaithe/cleachtais a chur i bhfeidhm agus áiseanna áitiúla (ábhar dílis) a bhailiú/a chruthú atá oiriúnach do chainteoirí dúchais/baile Gaeilge Meitheal Oibre: Dúil sa Léamh/ Seoda a fhoilsiú		Maoiniú ó COGG/ Bord na Leabhar Gaeilge Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
6.4.8	Feachtas/Comórtas nua do labhairt shóisialta na Gaelainne lasmuigh de na ranganna do scoileanna an LPT	€10,000x5 (tosnú Bliain 3)	Buiséad na Pleanála Teanga agus na Roinne Oideachais
6.4.9	Scéim mhalartaithe/nasc idir bunscoileanna Ghaeltachta i gceantair Ghaeltachta eile Cairde ar an bPeann srl / Fógraíocht	€10,000 [€2,000x5]	Buiséad na Pleanála Teanga agus na Roinne Oideachais
6.4.10	Tacú leis an athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga (ag teacht leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta)		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
6.4.11	Cur leis na scéimeanna saibhrithe teanga i mbunscoileanna agus in iarbhunscoil an LPT - amhránaíochta/ scéalaíochta/scribhneoireachta	€5,000 x 5 [Blain 3-7]	COGG/ Ealaín na Gaeltachta/ Bord na Leabhar Gaeilge Buiséad na Pleanála Teanga
6.4.12	Forbairt ar áiseanna agus acmhainní teagaisc i gcanúint Chorca Dhuibhne do dhaltai scoile/réamhscoile		Teagascóir/ Oifigeach Aosoideachais (6.5.1)
6.4.13	Comhoibreoidh an tAonad Pleanála Teanga (CFCD) le ROS agus COGG chun tacaíocht a sholáthar don Pobalscoil le haitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta (An Polasaí don Oideachas Gaeltachta) agus chun an polasaí sin a chur i bhfeidhm.		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
6.4.14	Tacaíochtaí teanga na Pobalscoile a bhuanú agus a fhorbairt		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
6.4.15	Tacaíochtaí Breise do chainteoirí baile/dúchais Gaeilge sa Phobalscoil - Ceardlanna Scribhneoireachta/ drámaíochta/ eile	€10,000x5 (Bliain 3-7)	Buiséad na Pleanála Teanga – Feidhmeannach an Oideachais
6.4.16	Comhtháthú idir Polasaí Teanga na Pobalscoile agus na hinstiúidí/cumainn/eagrais/Clubanna Óige, spóirt agus caitheamh aimsire eile sa LPT		Buiséad na Pleanála Teanga – Feidhmeannaigh Oideachais agus Óige
6.4.17	Comhoibriú idir bunscoileanna agus iarbhunscoileanna an LPT maidir le dea-chleachtais an Oideachais Ghaeltachta		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais/ Oifigeach Óige
6.4.18	Coláiste Íde – nasc a láidriú idir daltaí Choláiste Íde agus Pobal Chorca Dhuibhne		Obair an Fheidhmeannaigh Oideachais
6.4.19	Tacú le comhoibriú idir Ionad na hOllscoile i mBaile an Fheirtéaraigh, Dún Chíomhain agus CFCD (OCD), Comhairle Contae Chiarraí agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí chun cúrsaí faofa Ollscoile agus cúrsaí aosoideachais a leathnú i gCorca Dhuibhne.		Buiséad an Fheidhmeannaigh Oideachais
6.4.20	Plean Teanga agus Nasc leis an nGaeltacht a fhorbairt ag SHU (Sacred Heart University/ Díseart)		SHU

Bearta 6.5			
Deiseanna foghlama teanga lasmuigh den chóras oideachais			
6.5.1	Comhoibriú leis na Coláistí Oiliúna chun chur le caighdeán na gcúrsaí agus le fad na dtéimhsí Gaeltachta do na hábhair oidí	[€50,000 x 6 (Bliain 2-7) (Iarratas leis an Roinn do Bhliain 1)	Teagascóir / Oifigeach Aosoideachais/ Dearthóir Cúrsaí
6.5.2	Struchtúr tacúil céimnithe (TEG nó comhionann) a fhorbairt d'fhoghlaim na Gaeilge ar fud an LPT	€3,000 x 5 [Bliain 3-7]	Le comhoibriú ó Údarás na Gaeltachta, Bord Oideachais/Oiliúna Chiarraí/ Comhairle Contae Chiarraí
6.5.3	Forbairt ar chlár cúrsaí Aosoideachais trí Gaeilge sa LPT [Post] Aistriúcháin/Fógraíocht/Teagasc -Garraíodóireacht -Cócaireacht Déanamh físeán	€10,000 x 4 [Bliain 4-7]	Oidhreacht Chorca Dhuibhne (iarratas istigh leis an Roinn)/ Coláiste na hOllscoile Chiarraí/BOOCH/ Buiséad na Pleanála Teanga – Feidhmeannach Oideachais 50% on BPL
Bearta 6.6			
6.6.1	Struchtúr nua comhtháite don Óige a fhorbairt – Oifigeach Óige le fostú Clubanna Óige nua trí Ghaeilge/Imeachtaí le heagrú	€50,000 x 6 [ó bhliain 2] €10,000 (buiséad) x6 [ó bhliain 2]	Buiséad Pleanála Teanga (Óige), BOOCH, Muintearas 50% BPL
6.6.2	Compántas Drámaíochta & Ceoil don Óige Coimisiúnú scríbhneoirí drámaíochta Ceardlanna seachtainiúla Dráma a léiriú	€20,000 x 6 bliana	Buiséad Pleanála Teanga (Oifigeach Óige) + BOOCH+ Siamsa Tíre An Chomhairle Ealaíon
6.6.3	Seomra caidrimh agus Gréasán/ Fóram Idirlín trí Gaeilge a fhorbairt do dhéagóirí Oifigeach Óige i gcomhar le Bord Oideachais/Oiliúna Chiarraí agus KDYS/Plean Baile Seirbhíse an Daingin		Oifigeach Óige BOOCH KDYS Plean Teanga Baile Seirbhíse an Daingin
6.6.4	Forbairt ar sheirbhísí d'Aosaigh an phobail sa LPT	Beart 6.3.1 – Comhordnóir	Buiséad pleanála teanga an Chomhordaitheora Teaghlaigh
Bearta 6.7			
6.7.1	Scéim Gnó le Gaeilge/Corca Dhuibhne ag Caint a fhorbairt Feidhmeannach le fostú agus forbairt na scéime	€40,000 x 5 €15,000 x5	Buiséad Gnó na Pleanála teanga i gcomhar le plean an Daingin/ Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne/Comhairle Contae Chiarraí/ Údarás na Gaeltachta 50% BPL
6.7.2	Aip fón póca a chruthú ag soláthar eolais don turasóir faoi sheirbhísí/gnónna as Gaeilge.	€10,000	Buiséad Gnó na Pleanála Teanga
6.7.3	Oiliúint do Ghnóna a thairiscint as Gaeilge i gCorca Dhuibhne	€5,000x 5 (Ó bhliain 3)	Buiséad Gnó na Pleanála Teanga
6.7.4	Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne – Gnó eiseamláireach trí Ghaeilge sa Daingean		Obair an Fheidhmeannaigh ghnó
6.7.5	Taighde chun luach a chur le buntáiste Geilleagrach na Gaeilge	€20,000	Buiséad Pleanála Teanga i gcomhar le IT Thrá Lí

6.7.6	An Músaem / Coláistí Chorca Dhuibhne (Na Coláistí Samhraidh) & Cúrsaí Oideachais agus Teanga Chorca Dhuibhne a fhorbairt		
	Feasacht do Mhna Tí	€3,000 x 5	Coláistí Chorca Dhuibhne
	Fórbairt sainchúrsa samhraidh – staidéar féidearachta	€10,000	Feidhmeannach Oideachais
Bearta 6.8			
6.8.1	Struchtúr nua comhoibrithe idir an cheanneagraíocht, eagraíochtaí pobail/comharchumainn i gceantair an LPT chun an plean teanga a chur i bhfeidhm – Aonad nua Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APTCT)		Obair an Fheidhmeannaigh / Stiúrthóir Pleanála Teanga
Bearta 6.9			
6.9.1	Campaí cumarsáide d'óige an cheantair a fhorbairt go bliantúil [D'éirigh thar barr le Campa 2017]	€10,000 x 7	BOOC/ Muintearas/ CFCD/OCD/ Buiséad Pleanála Teanga
6.9.2	Freastal ar Óige Chorca Dhuibhne trí chomórtais éagsúla idir scoileanna a fhorbairt - Dfospóireachtaí idir scoileanna - Comórtas saibhrithe teanga	€5,000 x 6	Buiséad Riaracháin/Saibhrithe Teanga na Pleanála + Buiséad breise Raidió na Gaeltachta 25% BPI
Bearta 6.10			
6.10.1	Seirbhísí Stáit a éileamh trí ^{Gaeilge} Feachtas pobail chun a chur ina luí ar an bpobal go bhfuil cearta teanga acu agus gur cheart dóibh a bheith ag éileamh seirbhísí stáit	Obair an Fheidhmeannaigh / Stiúrthóir Pleanála Teanga	Feasacht, stocaireacht, polasaí ar bhonn leanúnach, buiséad na pleanála teanga
6.10.2	Seirbhísí Sláinte FSS i gCorca Dhuibhne a sholáthar trí ^{Gaeilge}	Obair an Fheidhmeannaigh / Stiúrthóir Pleanála Teanga	Feasacht, stocaireacht, polasaí ar bhonn leanúnach, buiséad na pleanála teanga
6.10.3	Seirbhísí Eaglasta as ^{Gaeilge} ar fud an LPT a fhorbairt	Obair an Fheidhmeannaigh / Stiúrthóir Pleanála Teanga	Feasacht, stocaireacht, polasaí ar bhonn leanúnach, buiséad na pleanála teanga
Bearta 6.11			
6.11.1	Clásail teanga d'eastáit tithíochta príobháideacha agus sóisialta.	Obair an Fheidhmeannaigh / Stiúrthóir Pleanála Teanga	Buiséad stocaireachta
6.11.2	Scéim a fhorbairt a thacódh le himeachtaí trí ^{Gaeilge} a reáchtáil d'óige na Gaeltachta sna LPT	Obair an Fheidhmeannaigh / Stiúrthóir Pleanála Teanga i gcomhar le hOifig ^{Gaeilge} na Comhairle Contae	Buiséad Pleanála Teanga agus Comhairle Contae Chiarraí
6.11.3	Tacú le Scéimeanna Gaeilge na Comhairle Contae – iad a bhuanú agus a fhorbairt	Obair an Fheidhmeannaigh i Pleanála Teanga i gcomhar le hOifig ^{Gaeilge} na Comhairle Contae	Buiséad Pleanála Teanga agus Comhairle Contae Chiarraí

Bearta 6.12			
6.12.1	Polasaí teanga a fhorbairt agus tacaíocht phraiticiúil a sholáthar do na cumainn spóirt is caitheamh aimsire Cúrsa traenála do thraenálaíthe spóirt/caitheamh aimsire	Obair an Fheidhmeannaigh Phleanála Teanga i gcomhar le Cumainn Spóirt	Buiséad na pleanála teanga – polasaí, tacaíocht, stocaireacht, lá oibre sa mhí/ Cumann Spóirt 100% ó Eagraíochtaí
6.12.4	Cúrsa traenála do thraenálaíthe spóirt/caitheamh aimsire Cúrsa a dhearadh Cúrsa a reáchtáil (Cúrsa : Garchabhair srl)	€5,000 dearadh x 1 + €2,000 x 5 (reáchtáil) [+ Oifigeach Óige an Aonaid PT]	BOOCH; ITT–Rannóg Spóirt; Muintearas, West Kerry Fitness, Comhairle Contae Chiarraí
6.12.6	An Gaeilge a chur chun cinn ag Féilte Áitiúla	Obair an Fheidhmeannaigh Ghnó agus i gcomhar le Foireann Pleanála Teanga Baile Seirbhíse an Daingin	Buiséad na pleanála teanga + Ealaín na Gaeltachta/Údarás na Gaeltachta/ Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne, Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Chiarraí
6.12.7	An Lárionad Cultúrtha & Ealaíne Gaeilge sa Daingean, An Lab, a fhorbairt ar bhonn leanúnach	Comhoibriú idir Aonaid Phleanála Teanga Chiarraí Thiar/ Baile Seirbhíse an Daingin	Buiséad an Lab/ Tacaíocht ó bhuiséad na pleanála teanga
6.12.8	Club Sóisialta/ caitheamh aimsire do dhaoine fásta; Comhlúadar Gaeilge (club leabhar/ cócaireachta/ ceoil/) a fhorbairt -	€2,000x6	Buiséad na Pleanála Teanga – Riarachán
Bearta 6.13			
6.13.1	Ar Thóir na Cumhachta: Feachtas i measc na bPolaiteoirí Áitiúla agus i measc cuairteoirí rialta go Corca Dhuibhne	Obair an Fheidhmeannaigh Phleanála Teanga	Buiséad na Pleanála Teanga + tacaíocht ón Údarás

Forbairtí Caipitil

	Forbairtí atá á mbeartú ag an gCearnaeagraíocht (CFCD) agus ag páirtithe leasmhara eile		
6.6.5	Struchtúr Seirbhíse Baile d'Aosaigh an Phobail a fhorbairt i gCorca Dhuibhne	€25,000 x 6	Pleanáil Teanga 5% Caipiteal FSS 95%
6.7.6	Forbairt ar Chaifé/Siopa/Músaem Chorca Dhuibhne Ionad Teagaisc CFCD Brú na Gráige a fhorbairt Sean-Oifigí CFCD a fhorbairt	€50,000 x 2 (2018/2019) €35,000 x 7 €35,000 x 7 €300,000 €300,000 €250,000	Airgead Caipiteal Mhúsaem Airgead Caipiteal Ionaid CFCD/ Choláistí Chorca Dhuibhne
6.12.2	Spórtlann do Bhaile an Fheirtéaraigh	€600,000 x 2+ €400,000	Airgead Caipiteal
6.12.3	Athchóiriú a dhéanamh ar Halla Spóirt Chlocháin-Bhréanainn	€50,000	Airgead Caipiteal
6.12.5	Forbairt ar Ghort Chaide Ghallaraí	€320,000	Airgead Caipiteal

MÍR 8: FORBAIRT FEASACHTA AGUS POIBLÍOCHT

8.1. Réamhrá

Mar a luadh i Mír 4, ó thus tréimhse ullmhúcháin an phlean, tuigeadh go raibh an fheasacht teanga agus an phoiblíocht lárnach agus fíorthábhachtach in ullmhú agus i bhforfheidhmiú an phlean teanga sa LPT seo ar dhá chúis:

1. Go mbeadh an pobal ar an eolas go leanúnach faoi phróiseas na pleanála teanga
2. Go spreagfaí spéis, feasacht agus dílseacht sa phobal i leith an phróisis phleanála agus i leith an phlean féin.

Míníodh i Mír 4 mar a cuireadh an-bhéim ar rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa phróiseas pleanála trína oiread úsáide agus ab fhéidir a bhaint as na meáin. Tuigeadh chomh maith go raibh sé ina dhúshlán againn nach bhfuil sé de nós ag baill an phobail i gcoitinne pleananna a léamh ach amháin nuair a bhaineann siad go dlúth lena saol féin. Féachadh chuige agus *féachfar chuige*, mar sin, nach seilf mhaorlathach oifige amháin a bheidh i ndán don phlean teanga áirithe seo, ach chomh tábhachtach céanna go mbeadh sé le feiceáil go beo agus le léamh go suntasach ar iompar agus ar thiomantas an phobail i leith na teanga.

Braitheann forfheidhmiú éifeachtach plean ar bith, dá fheabhas é, ar dhílseacht daoine ina leith, ar rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ann chomh maith le dóthain maoinithe agus tacaíocht institiúideach stáit. Tapófar gach deis chun eolas faoin bplean a scaipeadh agus chun tuairimí agus moltaí a fháil ón bpobal i dtaobh na mbearta difriúla atá sa phlean agus rachfar i dteagmháil rialta leo fé conas mar a bheidh ag éirí leis an bplean.

Leanfar den obair a bhfuil imlíniú déanta air i Mír 4.3. seo i rith thréimse fheidhmiú an phlean féin

8.2. Pleanáil ar leithligh i gcomhair na feasachta

Nuair a fhoilseofar an dréachtphlean agus le linn an chomhairliúcháin phoiblí beidh na haidhmeanna seo a leanas á mbaint amach:


1. Úinéireacht i leith an phlean a bhronnadh ar mhuintir na leithinse
2. Muintir na háite ag labhairt agus ag scríobh faoina spriocanna
3. Aiseolas faoin ndrúchtphlean
4. Bolscaireacht ón dtalamh aníos
5. Ról ag an bPobalscoil — cláracha ag scoláirí na Pobalscoile

Mar chéad chéim eile den phlean feasachta agus poiblíochta seo díreofar ar:

6. Ailt rialta i gCorca Dhuibhne Beo
7. Suíomh idirlín Tobar Dhuibhne
8. Físeán ar an bplean teanga

8.3. Tobar Dhuibhne

Is suíomh idirlín é Tobar Dhuibhne (www.tobardhuibhne.ie) a úsáideann an cheanneagraíocht chun scéalta agus nuacht faoin nGaeilge a scaipeadh ar lucht a léite agus chun dul i bhfeidhm orthu. Is uirlis agus áis thábhachtach feasachta é dá bharr. Cuirtear béim ar leithligh ann ar chúrsaí a bhaineann leis an bpleanáil teanga ach go háirithe agus cuireadh na hait agus na cartúin a bhí foilsithe i *West Kerry Live/ Corca Dhuibhne Beo* ann chomh maith.



Fíor 8.2. Suíomh idirlín Tobar Dhuibhne



Fíor 8.3. Eolas faoin bpleanáil teanga ar an suíomh idirlín Tobar Duibhne

Mar sin is áis an-tábhachtach í Tobar Dhuibhne le feacht i leith an phlean a mhúscailt agus a chothú agus bainfear úsáid thairbheach leanúnach as le linn tréimhse an chomhairliúcháin phoiblí agus le linn tréimhse fhorfheidhmiú an phlean féin.

Físeán ar an bPlean Teanga

Chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a spreagadh sa phróiseas pleanála tugadh faoi fhíseán a ullmhú bunaithe ar an bplean teanga le cur faoi bhráid an phobail. Tá an cheanneagraíocht i mbun socraithe le comhlacht áitiúil léiriúcháin teilifíse faoi láthair chun an físeán seo a ullmhú. Cuirfear an gearrfhíseán seo a d'fhéadfadh bheith déanta i dtrí ghréasasód ar Thobar Dhuibhne agus scaipfear an nasc dó trí na meáin shóisialta, *Facebook* agus *Twitter*. Léiriú don phobal ar a bhfuil sa phlean teanga do Chorca Dhuibhne agus úinéireacht a ghlacadh air atá mar aidhm ag an ngearrscannán seo. Beidh agallamh le duine nó beirt den mheitheal pleanála agus beolériú ar na bearta le daoine ó gach eagrais/earnáil/grúpa ag caint faoi spriocanna atá roghnaithe acu don phlean. Leanfar den obair ullmhúcháin seo ar an bhfíseán agus bainfear úsáid as Tobar Dhuibhne agus as na meáin chun eolas faoi agus féidearthachtaí íoslódála a chur faoi bhráid an phobail.

8.7. Forfheidhmiú an phlean agus cothú leanúnach na feasachta teanga

Tá sé i gceist an-bhéim a chur ar an bhfeasacht teanga agus ar an bpoiblíocht i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an phlean chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a spreagadh agus a dheimhniú. **Ní mór do mhuintir an LPT a thuiscint gur leosan an plean.** Caithfear struchtúr ar leith a bhunú chun freastal, ar bhonn leanúnach, ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta agus na poiblíochta agus treoir a thabhairt ina leith don cheanneagraíocht agus do choistí agus eagrais teanga an LPT.

Beifear ag obair i gcomhar le heagrais na bhféilte áitiúla agus le Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne chun tógáil go córasach ar an mbunús oibre atá leagtha síos go dtí seo ar an bhfeasacht teanga agus ar phoiblíocht ar an bplean teanga.

MÍR 9: FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT

9.1. Ról na Ceanneagraíochta agus Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar

Ba é Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne a roghnaíodh mar cheanneagraíocht do phróiseas na pleanála teanga i nGaeltacht Chiarraí Thiar. Is fochomhlacht de chuid an Chomarchumainn é Oidhreacht Chorca Dhuibhne a bhí i mbun oibre ar an bplean teanga. Is cuid lárnach d'obair na heagraíochta é cur chun cinn agus neartú na teanga i measc an phobail. Riarann Oidhreacht Chorca Dhuibhne mórán scéimeanna, m.sh. Tús Maith, Scéim na gCuntóirí Teanga 7rl, mórán den obair atá leagtha amach sna bearta i mír a sé den bplean seo. Is obair í seo a mbeifear ag tógaint uirthi agus á forbairt le linn saolré an phlean.

Tá sé molta sa phlean seo go mbunófaí Aonad Pleanála Teanga LPT Chiarraí Thiar faoi scáth Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne / Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Moltar go mbeidh Meitheal Pleanála Teanga (Coiste Comhairleach) mar thaca ag an Aonad Pleanála Teanga

Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a bhunú agus Feidhmeannach Pleanála Teanga a fhostú

Moltar struchtúr Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a bhunú fé scáth Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne/Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Beidh foireann an Aonaid seo ag obair i dteannta fhoireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne fé Stiúrthóir na hOidhreachta. Is seisear Feidhmeannach nua a bheidh ag teastáil chun bearta iomlán an phlean teanga seo a fheidhmiú. Beidh maoiniú iomlán á lorg ó Roinn na Gaeltachta (an Phleanáil Teanga) chun triúr de na feidhmeannaigh seo a fhostú agus páirtmhaoiniú a chur ar fáil don triúr eile. Táthar ag súil gur comhthaoiniú ó roinnt eagrais dhifriúla a bheidh i gceist le maoiniú an Fheidhmeannaigh Oideachais, an Oifigigh Óige agus an Fheidhmeannaigh Ghnó.




Beidh Coiste Stiúrtha ag an Aonad seo (forbairt ar choiste na Meithile Pleanála Teanga atá ann faoi láthair) ar a mbeidh ionadaithe ó na coistí forbartha pobail ar fud an LPT. Leagfaidh an Coiste Stiúrtha plean gnímh an phlean teanga amach ag cinntiú go bhfuil clár oibre sásúil i ngach ceantar sa LPT agus comhoibrefar le foireann feidhmiúcháin Phlean Teanga Bhaile Seirbhíse an Daingin nuair a bheidh an plean sin ullamh.

Is é an Feidhmeannach/Stiúrthóir Pleanála Teanga agus an Comhordaitheoir Teaghlaigh/Iarscoile an chéad dá phost a bheidh le líonadh san Aonad. Ag céim a dó beidh an tOifigeach Óige agus an Feidhmeannach Oideachais le fhostú agus céim a trí is ea fhostú an Fheidhmeannaigh Aosoideachais/Dearthóir Cúrsaí agus an Fheidhmeannaigh Ghnó.

Is é an Feidhmeannach/Stiúrthóir Pleanála Teanga a bheidh ina chomhordaitheoireacht ar chur i bhfeidhm an phlean teanga sna réimsí go léir agus a bheidh freagrach as bearta nach bhfuil idir lámha ag aon feidhmeannach eile (m.sh Bearta 6.9 – Na Meáin Chumarsáide, 6.10 – Seirbhísí Stáit/Poiblí, 6.11 – Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach agus 6.12 – Spórt is Caitheamh Aimsire). Glacfaidh an Feidhmeannach/Stiúrthóir Pleanála teanga le ról láidir feasachta i dtaca leis an bpleanáil teanga mar aon le ról cumarsáide i dtaca le gach gné d'fheidhmiú an phlean.

Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APT CT)

Comhordaitheacht a dhéanamh ar obair iomlán comhtháite an Aonaid.
Bearta a bhaineann le seirbhísí pobail agus na ranna stáit - comhoibriú leis na heagraíochta stáit chun PT LPTCT a fheidhmiú
Bearta a bhaineann leis an rialtas áitiúil
Comhoibriú leis na coistí pobail/eagraíochtaí pobalbhunaithe eile ar fad san LPT ar mhaith le cur i bhfeidhm an phlean



9.2. Monatóireacht

Ionadaithe na gCoistí Pobail a mhol na bearta éagsúla a bheidh ina mbaill den APT. Cuirfidh an tAonad treoir chórasach leanúnach ar fáil do fhorfheidhmiú na mbearta éagsúla agus stiúródh sé an próiseas monatóireachta i gcomhar leis na feidhmeannaigh a cheapfar ó Údarás na Gaeltachta agus ón Roinn. Aontóidh sé plean gníomhaíochta agus táscairí feidhmiúcháin. Beifear ag comhoibriú leis An Lab sa Daingean chun teacht ar shocrú leis maidir leis na bearta atá luaite sa phlean le baile an Daingin.

Déanfar monatóireacht leanúnach ar an bplean teanga fé réir Phlean Gnímh Bliantúil a bheidh aontaithe le hÚdarás na Gaeltachta. **Cuirfear i bhfeidhm bearta Mhír a Sé ar bhonn céimnithe, bliantúil le linn saolré an phlean ach an maoiniú cuí a bheith ar fáil go leanúnach ó na foinsí maoinithe cuí - na foinsí comhfhaoinithe san áireamh.** Bainfear úsáid as táscairí feidhmiúcháin rialta chun dul chun cinn nó easpa dul chun cinn a thomhas agus a mheas. Cé go bhfuil tréimhse seacht mbliana luaite le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga, aithnítear go mbeidh gá le breithmheas tomhaiste leanúnach a dhéanamh i gcaitheamh na tréimhse sin chun monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean agus d'fhonn é a leasú nó a athnuachan dá bharr.

Tá sé i gceist athbhreithniú eatramhach a dhéanamh ar bhonn bliantúil agus tuairisc a sholáthar. Déanfar sainiú ar shlite agus ar mhodhanna nua le déileáil le laige ar bith a thiocfaidh chun solais de bharr an athbhreithnithe eatramhaigh rialta

9.3. Forbairt na Feasachta

Leanfaidh an Cheanneagraíocht agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne (an fochomhlacht) i gcomhar leis an Aonad Pleanála Teanga den fhorbairt feasachta agus poiblíochta, ag baint úsáide as na meáin agus as bealaí iomadúla cumarsáide chun dul i bhfeidhm ar phobal an LPT chun cabhrú leo úinéireacht a ghlacadh ar an bplean (feic Mír 8).

Tabharfar aird ach go háirithe ar fheachtais feasachta teanga agus stocaireachta a mbeifear ag tabhairt fúthu mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Teanga.

FOINSÍ TÁNAISTEACHA

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta & Foras na Gaeilge. *Treoirlínte Pleanála Teanga*, Eagrán 3: Bealtaine 2016. Na Forbacha: An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Fishman, J.A. 1991. *Reversing Language Shift*. Multilingual Matters: Clevedon.

Lenoach, Ciarán (2012). *An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus a Dioscúrsa* in Lenoach, Ó Giollagáin agus Ó Curnáin (eag), An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas. Leabhar Breac. Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., Ní Mhainín, T., 2005. *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Baile Átha Cliath.

Norris, M. J. and Jantzen, L. (2002) *From Generation to Generation: Survival and Maintenance of Canada's Aboriginal Languages within Families, Communities and Cities*. Government of Canada. Indian and Northern Affairs. Ottawa: Canadian heritage. Retrieved at: <http://publications.gc.ca/collections/Collection/R2-234-2002E.pdf>

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Riagáin, P., 1992. Language Maintenance and Language Shift as Strategies of Social Reproduction: Irish in the Corca Dhuibhne Gaeltacht: 1926-1986: ITÉ: Baile Átha Cliath.

Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., Sheehan, J. (2014). *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Rialtas na hÉireann, 2010. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

Neamhfhoilsithe

Ní Shéaghdha, A. (2014,) Proifíl Shocheacnamaíoch ar Chorca Dhuibhne do Údarás na Gaeltachta.

Figiúirí Daonáireamh 2011.

GEARRACHOIMRE AS BÉARLA

THE LANGUAGE PLAN 2017: A BRIEF SUMMARY

Introduction

The Language Plan for the West Kerry Gaeltacht has been prepared for submission for approval by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs.

There are nine sections in the proposed plan which is written entirely in Irish. The following is a brief summary of each section:

Section 1: The Language Planning Process

This section provides an insight into the background of the process and the plan - i.e. 20 Year Strategy for the Irish Language 2010 and the Gaeltacht Act 2012. The Gaeltacht Act 2012 has given statutory effect to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010–2030, and under the Act, a language planning process was instigated and a language plan was prepared at community level for each Gaeltacht district. Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne was selected as the Lead Organisation in the preparation of the Language Plan in the West Kerry Gaeltacht. After a lengthy process of public consultation and research, the plan has now been prepared for submission. Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne will have seven years to implement the plan. The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht in conjunction with Údarás na Gaeltachta will periodically review the implementation of the plan during the seven-year period.

Section 2: The Lead Organisation

This section contains information about the Lead Organisation: Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne.

Section 3: An Overview of the Language Planning Area

This section gives an overview of the current state of the area, including topography, population size and density, services, organisations and education in the area. It delineates survey data on the Irish language from the 2011 and 2016 Census returns and *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2015). **The 2016 Census figures when compared with the 2011 figures show a significant drop of 6.7% in everyday speakers of the language (outside the education system).**

Section 4: An Overview of the Preparation of the Plan

This section gives a brief description of the importance of public participation in the process of preparing the plan and of the research carried out in its preparation.

Section 5: Research Results

This section presents the results of some primary quantitative and qualitative research conducted in the course of preparing the plan on current use of, and attitudes to the language. As with previous research studies conducted in the Gaeltacht, the research shows that while the attitudes to Irish and to the maintenance of the Gaeltacht are very positive, urgent planning is needed to arrest the decline of the language. The natural richness of language has attenuated. The community can no longer produce natural organic language and while Irish is used at an institutional level (e.g. schools, community organisations), English has become the default language of communication and socialisation among young people.

Section 6: Language Plans/ Initiatives

This section details the plans proposed by community groups, committees, organisations and individuals in the course of the preparation of the plan. These initiatives are designed to bolster, maintain, enrich and strengthen language use in Irish speaking households and to create and extend Irish speaking networks in the Gaeltacht. **The aim of these initiatives is to increase the number of daily fluent / native speakers of the language and to ensure and strengthen the institutional support Irish needs if it is to survive as a living, organic community language.** It is hoped that each organisation, public institution, state and voluntary sector involved will adopt an integrated approach to achieve this target. It is expected that the process, with measures implemented across all areas of language planning along with community development and public awareness will impact significantly on the local community and individuals to choose Irish as the language of home and community. It is also envisaged that the local community with state support will promote the language in the voluntary sector and business and public and social services through Irish will be made widely available. More importantly, it is expected that implementation of the plan will create a stronger support network for the use of the language and to enrich the use of the language by daily speakers in the Language Planning Area.

The initiatives are set out according to the following domains or areas:

1. Family Support Services / Language and Childcare Services.
2. The establishment of a Language Planning Unit in the Gaeltacht and appointment of six language planning executives.
3. The Education System (including Early Education Services and Pre-school).
4. Learning opportunities outside the education system;
5. Youth Services and Services for other age groups (Adult and Community).
6. The Business Sector, Economic and Industrial Development and Cultural Tourism.
7. Community Organisations and Co-operatives.
8. The Media.
9. Community Services.
10. Planning and Physical Development / Local Government.
11. Social Services and Recreation.

The main areas are described briefly here and initiatives are listed under each area.

6.1. Family Support Services / Language and Childcare Services

The starting point of any language plan is to aim to achieve intergenerational transmission in the home. This is the very kernel of language planning. Research shows us that at the moment there are insufficient Irish language speaking families in the West Kerry Gaeltacht to sustain a viable, organic language community into the future and that there are also serious obstacles and challenges facing Irish speaking families. It is clear that measures are needed in this area to increase the number of families raising children through Irish and to better support those who are already doing so.

The initiatives proposed here plan to:

1. Sustain and develop the Family Support Centre in Baile an Fheirtéaraigh and throughout the Language Planning Region.
2. Develop and extend the Tús Maith services provided by Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
3. Develop a structure for training, fostering language awareness and establishing models of best practice for crèche and childcare practitioners.
4. Establish a co-operative initiative between the HSC and Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) to

run the “Community Moms” scheme (currently provided through English) through the medium of Irish in the West Kerry Gaeltacht.

5. Develop a strategy to promote and foster language awareness at the level of the individual family. This will be done in conjunction with the pre-school services and the local schools.

6.2. The Education System (including Early Education Services and Pre-school)

Education is critical in language planning and the language link between the family and the school is extremely important and needs to be carefully and consistently fostered, developed and monitored. Children in Irish speaking families require high quality Irish medium education to develop and enrich their language, since it is of crucial importance to ensure socialisation (play and fun) through Irish as well as ensuring natural language development for the next generation.

The DES has developed a policy “Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2016)” to ensure that quality Irish-medium education Irish is available in primary and post-primary schools in the Gaeltacht. This policy, which will be implemented from September 2017 specifies that integration will be necessary between the application of policies in education and the implementation of the language measures in the language plan centering on language in the home.

The initiatives proposed here plan to:

1. Employ a Language Planning in Education Executive to support the primary schools and the post-primary school in implementing the new policy for education in the Gaeltacht.
2. Establish a forum for managers and practitioners in Irish medium pre-schools to share ideas and best practice in early education in the Gaeltacht- an interactive website.
3. Develop and promote language awareness and integrated language support for parents.
4. Support primary schools in their application for Gaeltacht school status in line with the new policy for education in the Gaeltacht.
5. Establish a code for best practice for principals and teachers in Gaeltacht primary schools.
6. Promote Continuing Professional Development for primary school teachers in the West Kerry Gaeltacht.
7. Establish a policy and programme for language enrichment for native/home speakers of Irish.
8. Establish a new campaign/ competition for social use of Irish outside the school context for classes in the Gaeltacht primary schools.
9. Develop an exchange/linkage programme with schools in other Gaeltachtaí.
10. Support the revision of Scéim na gCuntóirí Teanga (Visiting Language Assistants Scheme) in primary and post-primary schools.
11. Increase language enrichment programmes in the primary and secondary schools;
12. Develop teaching and learning resources in the West Kerry dialect.
13. Establish working partnership between the DES, COGG, agus Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (CFCD) to implement the Policy for Gaeltacht Education in Pobalscoil Chorca Dhuibhne.
14. Consolidate and develop the language policies and language supports in Pobalscoil Chorca Dhuibhne.
15. Develop extra supports for native/home speakers in Pobalscoil Chorca Dhuibhne.
16. Integrate the language policy of Pobalscoil Chorca Dhuibhne with the language policy of other institutions / associations / organizations / youth clubs, sports and recreation infrastructures in the West Kerry Gaeltacht.
17. Establish co-operation between primary and post-primary schools regarding best practice in Gaeltacht education.

-
18. Establish co-operation between UCC/CCC/KETB regarding the establishment of approved university courses in the West Kerry Gaeltacht (courses in literature and culture, a semester in the Gaeltacht).
 19. Develop further Gaeltacht courses for students of primary /post-primary teaching in conjunction with the universities and colleges of education.
 20. To establish a language plan in conjunction with SHU (Sacred Heart University), Connecticut, US.

Learning opportunities outside the education system

Since the aim of this plan is to strengthen networks of language use and language enrichment for native speakers and to increase the number of daily speakers, it is clear that a solid infrastructure for learning the language is required. It is also important to connect the learners with the language community after the structured classes and courses. If the language plan creates and reinforces *a need* to use the language, then automatically, there will be greater demand in the community for classes to learn the language. These measures aim to develop a phased programme of adult education courses through Irish.

The initiatives proposed here include plan to:

1. Introduce phased structured language learning opportunities in the West Kerry Gaeltacht (linked to TEG or equivalent).
2. Develop an adult education and continuing education programme for the local community through the medium of Irish.

Youth Services and services for other age groups (Adult and Community)

Services and supports for youth are extremely important in any Gaeltacht area. If the structures and the opportunity for young people to meet socially through Irish outside the school are unavailable, then English will be the default language of socialisation for young people. If there is a deficit in socialisation experience through Irish, English will become the dominant language of social relationships. The deficit in support services for young people in the West Kerry Gaeltacht has been manifest for some time. Schools explain how difficult it is to promote Irish in school where social supports and services are lacking outside the school. It is essential that the language supports be made available across other age groups to enrich the language through social networks and services. It is essential that language supports be available across other age groups who use social network and to strengthen and enrich the language for people of all ages in the community, including adult public services.

The initiatives proposed here plan to:

1. Create a new integrated structure for youth services/employ a youth worker in the Gaeltacht.
2. Establish a new music and drama company through Irish for young people.
3. Establish chat rooms/ online network/forum for young people.
4. To develop services for adults through Irish-extending the programme of social events.
5. To develop home services and day care services including a day care centre in conjunction with Comharchumann Shailearna and Comharchumann Ghaoth Dobhair.

The Business Sector, Economic and Industrial Development and Cultural Tourism

Parallel to the necessary planning for the language is the need for economic planning. Section 3.3 of the plan shows that there are many local economic and infrastructural challenges that need to be addressed. Without focusing on the problems relating to the lack of growth in the population (compared to national growth), a drop in the number of children in primary / secondary school, the flight of young people to cities, the lack of community regeneration, it is difficult to talk about language vibrancy. There is need for sustainable employment, business opportunities, physical infrastructure and socially satisfactory and affordable housing

to keep people in the area in the first instance. If the language is not central to economic planning, the language plan will not be successful.

The initiatives proposed here plan to:

1. Convene a conference/initiate research on the business development opportunities in coastline Gaeltacht areas.
2. Initiate a new language policy scheme for companies who are located in the Gaeltacht.
3. Re-establish and develop Corca Dhuibhne Ag Caint.
4. To create an App to provide information to tourists on services through Irish.
5. Develop Comhar Creidmheasa an Daingin as a model of good practice for businesses in language planning.
6. Cultural Tourism: Professional research on the benefits of Irish.
7. Develop the Cultural Tourism initiatives and products of Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne.

Community Organisations and Cooperatives

In any language plan it is very important to integrate the work of all stakeholders at community level and at state level. **Local community involvement is crucial to the success of this language plan could be implemented effectively.**

The initiative proposed here plans to:

- implement a new structure for partnership between Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne and community organisations and co-operatives.

The media

The presence of Irish in the media is extremely important in language planning.

The initiatives proposed here plan to.

1. Set up communication/media camps for sixth class/young people to introduce them to media processes and production.
2. Arrange inter-school radio production competitions.

State and public services

At present, some state services are available only through English to Irish speakers in the Gaeltacht. The language plan needs to address this.

The initiatives proposed here plan to:

1. Request and ensure that all state services be through Irish.
2. Ensure that religious services through Irish are available.

Planning and Physical Development / Local Government

Kerry County Council provides local government services for County Kerry (Gaeltacht communities included) and serves as the County Planning Authority. KCC is obliged to prepare and review its development plan every six years. The Kerry County Development Plan 2015- 2021 currently applies to physical planning and development for the Gaeltacht.

The initiatives proposed here plan to:

1. Implement the language clause in social and private housing planning (Development and Planning Act 2000).
2. Develop a scheme that supports the provision of activities through Irish for young people in the Gaeltacht.

Social Services and Recreation

As mentioned earlier, there is a deficit in the provision of social and recreational services, particularly in the area of youth services. Many clubs / sports and recreation associations operate exclusively through English in the area. The initiatives in this plan aim to address this deficit.

The initiatives proposed here plan to:

1. establish and support a language policy for sport and leisure organisations in the West Kerry Gaeltacht.
2. organise a course in Irish for sport/leisure trainers/managers.
3. promote Irish at local festivals.
4. develop and sustain An Lab in Dingle as a centre for culture and arts for the Irish language community.
5. establish a social club for adults through the medium of Irish.

Section 7: Costs and Funding

This section presents the total estimated costs related to the implementation of general measures and initiatives outlined in Section 6.

Section 8: Publicity and Language Awareness

This section shows how public interest in, and awareness of the language planning process have been fostered in the course of preparation of the plan and outlines initiatives to foster public awareness of the plan and invite ownership of it using all media.

Section 9: Implementing and Monitoring

This section shows how the lead organisation will monitor the implementation of the plan.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN A

Ceistneoir

Dearcadh an phobail i leith na Gaeilge i nGaeltacht Chiarraí Thiar

Suirbhé

Bheimis an-bhuíoch díot dá líonfá an ceistneoir beag seo dúinn. Tá an t-eolas uainn mar chuid d'ullmhúchán an phlean teanga.

1. An bhfuil a fhios agat go bhfuil Plean Teanga á ullmhú i gCorca Dhuibhne?

☐ Tá a fhios agam

☐ Níl a fhios agam

2. Cad as tú?

☐ Ní as Corca Dhuibhne mé

☐ Cé Bhréanainn

☐ An Clochán

☐ An Baile Dubh

☐ An Mhín Aird

☐ Cinn Aird

☐ Na Gleannta

☐ Daingean Uí Chúis

☐ Ceann Trá


☐ Dún Chaoin

☐ Dún Urlann

☐ Márthain

☐ Cill Chuáin

☐ Cill Maoilchéadair



3. Cá maireann tú anois?

- | | | | |
|---|--------------------------------------|--|---------------------------------------|
| ☐ Cé Bhréanainn | ☐ An Clochán | ☐ An Baile Dubh | ☐ An Mhín Aird |
| ☐ Cinn Aird | ☐ Na Gleannta | ☐ Daingean Uí Chúis | ☐ Ceann Trá |
| ☐ Dún Chaoin | ☐ Dún Urlann | ☐ Márthain | ☐ Cill Chuáin |
| ☐ Cill Maoilchéadair | | | |

4. Cén teanga atá á húsáid go laethúil agat sa bhaile?

- | | | |
|---|--|--|
| ☐ Gaeilge amháin | ☐ Níos mó Gaeilge ná Béarla | ☐ Níos mó Béarla ná Gaeilge |
| ☐ Béarla amháin | ☐ Gaeilge agus teanga eile | ☐ Teanga eile amháin |

I gcás teanga eile sonraigh cén teanga í

5. Cuir tic sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge anois.

- | | |
|---|---|
| ☐ Líofa sa teanga/ cainteoir dúchais | ☐ Tuiscint/cainteoir maith |
| ☐ Tuigim codanna de chomhráite | ☐ Tá cúpla abairt agam |
| ☐ Tá focal fánach agam | ☐ Níl aon Ghaeilge agam |

6. Ar mhaith leat an seans a fháil feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?

- | | | |
|------------------------------------|--------------------------------------|---|
| ☐ Ba mhaith | ☐ Níor mhaith | ☐ Níl a fhios agam |
|------------------------------------|--------------------------------------|---|

7. Cé chomh minic is a labhrann tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat go bhfuil Gaeilge ar a thoil aige/aici?

- | | | | | |
|--|-----------------------------------|---|-------------------------------------|--------------------------------|
| ☐ Go laethúil | ☐ Go minic | ☐ Ní chomh minic sin | ☐ Go hannamh | ☐ Riamh |
| ☐ Níl aon aithne agam ar éinne a labhrann | | ☐ Níl aithne agam ar éinne | | |
| an Ghaeilge i measc nandaoine lena meascaim go sóisialta | | a labhrann Gaeilge | | |

8. Cén fáth a labhrann tú Béarla (má labhrann) le duine má tá Gaeilge ag an mbeirt agaibh?

- ☐ Chuireamar aithne ar a chéile i mBéarla
- ☐ Níl muinín ag an duine eile as Gaeilge a labhairt liom
- ☐ Níl muinín agam Gaeilge a labhairt leis /léi
- ☐ Is nós anois é

I gcás teanga eile sonraigh cén teanga í

9. Cé chomh minic is a labhrann tú Gaeilge sna háiteanna seo?

	I gcónaí	Go minic	Anois is arís	Go hannamh	Riamh
Sa bhaile	?	?	?	?	?
Sa chóras oideachais	?	?	?	?	?
Ar an láthair oibre	?	?	?	?	?
Sa chomharsanacht	?	?	?	?	?
Le cairde	?	?	?	?	?
Sna siopaí/ag gnónna	?	?	?	?	?
Go sóisialta	?	?	?	?	?
Seirbhísí áitiúla	?	?	?	?	?
Seirbhísí sláinte	?	?	?	?	?
Ag plé le seirbhísí stáit	?	?	?	?	?

10. Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi na ráitis seo a leanas.

	Aontáim go láidir	Aontaím	Níl tuairim agam	Ní aontáim
Is fearr liom Gaeilge a labhairt ná teanga ar bith eile	?	?	?	?
Tá sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge anseo	?	?	?	?
Tá buntáistí ag baint le bheith i do chónaí sa Ghaeltacht seo	?	?	?	?
Bíonn brú orm Béarla a labhairt	?	?	?	?
Bíonn brú orm Gaeilge a labhairt	?	?	?	?
Táim sásta oibriú leis an bpobal chun an Ghaeilge a neartú	?	?	?	?
Tá muinín agam as mo chuid Gaeilge	?	?	?	?
Ba mhaith liom dá labhródh gach duine Gaeilge liom i gcónaí	?	?	?	?
Ba mhaith liom go mbeadh pobal láidir Gaeilge i gCorca Dhuibhne sa todhchaí	?	?	?	?

11. Aois

☐ 17-25

☐ 26-40

☐ 41-55

☐ 56-67

☐ 67+

12. Inscne

☐ Fireann

☐ Baineann

13. Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair don teanga sa cheantar seo?



14. Cad iad na tacaíochtaí atá uait féin ó thaobh na Gaeilge de?



Má tá aon mholtaí nó ceisteanna agat seol chugainn anseo iad:



Comharchumann Forbartha
Chorca Dhuibhne



Oidhreacht
Chorca Dhuibhne

AGUISÍN B
Clár oibre Oidhreacht Chorca Dhuibhne 2016-2017

Pleanáil Teanga	Aidhm: Plean Teanga Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a chomhordnú.	Ball Foirne Freagrach Stiúrthóir
Comhordnú na hOibre	Toradh	Dúshlán
Eagrú Cruinnithe – le coistí pobail – Lios Póil; Clochán Bréanainn; Páirtithe Leasmhara eile; Meitheal Pleanála Teanga; Cruinniú Poiblí Forbairt ar an gcoincheap ‘Tobar Dhuibhne’ le cabhair idirlinn.ie (Comhlacht Margaíochta)	Plean Teanga an phobail le cur fé bhráid Údarás na Gaeltachta (Bealtaine 2017) agus Roinn na Gaeltachta (Lúnasa / Fómhar 2017) Fóram don Phobal	Easpa cabhrach. Foireann oibre.
Scéim na gCúntóirí Teanga	Aidhm: Cúntóirí Teanga i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna Chuige Mumhan le tacaíocht a sholáthar do d’fhórbairt Gháeilge na leanaí.	Ball Foirne Freagrach Stiúrthóir Stiúrthóir Tús Maith Oifig na gCuntas CFCD
Obair	Toradh	Dúshlán
Ceardlanna Oiliúna do Chúntóirí Teanga a fhorbairt/a eagrú	Deis do Chúntóirí teacht le chéile is plé a dhéanamh ar obair an Chúntóra agus Pleanáil chun cinn.	Easpa foirne le taisteal agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an Scéim. Sainchúrsa do Chúntóirí Teanga

Scéimeanna Ealaíne/ Saibhrithe Teanga (maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta)

Deineann OCD mórán oibre leis an 11 bunscoil anseo i gCorca Dhuibhne. Riaramid Scéim Príomhréimsí le Maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta.

Scéim Príomhréimsí	Aidhm: Seachadadh an traidisiúin : Amhránaíocht; Scríbhneoireacht Chruthaitheach; Rince; Scéaltóireacht	Ball Foirne Freagrach Stiúrthóir
Gné/Ealaín	Toradh	Dúshlán na Scéimeanna go léir
Amhránaí Cónaitheach	Amhránaithe Óga Chorca Dhuibhne ar stáitse ag *Féile na nÓg Chorca Dhuibhne & Oireachtas na Samhna	Easpa foirne Deiseanna athbhreithnithe ar scéimeanna
Scéalaithe na Scol	Scéalaithe Óga Chorca Dhuibhne ar stáitse ag Féile na nÓg agus Oireachtas na Samhna	
Rinceoir na Scol	Tugann Rinceoir 8 seachtaine in Earrach na bliana ag freastal ar scoileanna agus bíonn Céilí Mór na Scol le linn Seachtain na Gaeilge gach Márta	
Ealaíontóirí na Scol	Tugann ealaíontóirí turais ar na bunscoileanna agus bíonn Saothair Ealaíne na Scol ar taispeáint ag Taispeántas Ealaíne na Cásca – (Seachtain na Cásca gach bliain) Eagraíodh Ceardlann le Ciarán Walsh – Coiméadaí Ealaíne – maidir le ‘Conas breith a thabhairt ar thaispeántas ealaíne’ (mar chuid de Thaispeántas Ealaíne na Cásca 2017) – Foilsíodh na Saothair san iris Corca Dhuibhne Beo	
Scéim Príomhréimsí	Aidhm: Seachadadh an traidisiúin : Amhránaíocht; Scríbhneoireacht Chruthaitheach; Rince; Scéaltóireacht	Ball Foirne Freagrach Stiúrthóir
Gné/Ealaín	Toradh	Dúshlán
Scríbhneoir Cónaitheach	Ceardlanna Scríbhneoireachta agus Léitheoireachta le daltaí Phobalscoil Chorca Dhuibhne Saothair foilsithe san iris Corca Dhuibhne Beo Nollaig 2016/ Earrach 2017	Easpa foirne OCD
Scéim Bhlagála	Is mar chuid de obair an Scríbhneora Chónaithe a reáchtáiltear an Scéim Bhlagála a bhfaightear duaiseanna dó ó Bhord na Leabhar Gaeilge/Foras na Gaeilge Eagraíodh Ceardlann le Ré Ó Laighléis in 2016 le scoláirí na hIdirbhliana – Pobalscoil Chorca Dhuibhne	

*Féile na nÓg – Féile a bhíonn ar siúl gach Fómhar le stáitse a thabhairt don aos ar a mbítear ag freastal i mbunscoileanna na leithinse.

Riarann OCD Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta

Aosoideachas	Aidhm: Cúrsaí Gaelainne ar ardchaighdeán a sholáthair r do fhoghlaimeoir na teanga – iad sin atá ag cur fúthu anso i gCorca Dhuibhne agus iad sin a thagann ar chúrsaí teangan.	Ball Foirne Freagrach Oifigeach Aosoideachais agus Stiúrthóir	
Cúrsa	Obair	Toradh	Dúshlán 7
Cúrsaí do phobal na háite	Cúrsaí Comhrá/ Teangan Geimhreadh 2017/2018; Cúrsaí TEG i gcomhar le Údarás na Gaeltachta, Oifig na Gaeilge Comhairle Contae Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. • Cúrsa Gaeilge do Thuismitheoirí • Ardchúrsa Gramadaí & Teangan • Maidin Chaife • Cúrsa i Litríocht Chorca Dhuibhne (i gcomhar le Coláiste na hOllscoile Corcaigh)	c24+foghlaimeoir fásta (TEG) Fostaíocht Oiliúint do theagascóirí Scileanna Teanga 15 10 c. 20 12	Easpa foirne Beirt atá in oifigí na hOidhreacht a dheineann na cúrsaí seo a eagrú – obair rúnaíochta/ fógraíocht/ margaíocht/ clárú/ leagadh amach cláir imeachtaí/ eagrú foireann teagaisc / eile agus Teagasc
Clár na gCúrsaí	Cúrsaí Gaeilge, Stair Áitiúil Béaloideas Cúrsaí Deireadh Seachtaine : Deireadh Fómhair/ Bealtaine Dianchúrsaí: Iúil / Lúnasa 2016	Oibríodh le c. 350+ foghlaimeoir fásta le linn chúrsaí OCD 2016	
Sainchúrsaí	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí Cúrsa Gaeilge do Theaghlaigh Cúrsa 3 seachtaine – Ollscoil Missoula & CUA Coláiste na nGael Londain Cúrsa Oiliúna do Theagascóirí (Feabhra)	Príomhoidí / Foireann riaracháin Teaghlaigh ó Ghaelscoil Aonach Urmhumhan 22 (3 seachtaine) (CUA – 10 – seachtain) 19 duine fásta 12	
Eile	Comhoibriú le Coláistí Chorca Dhuibhne in eagrú Cúrsaí do Choláiste Hibernia 2016/2017	Cúrsaí Gaeilge d'ábhar oidí chúrsaí Choláiste Hibernia	Easpa foirne- le hábhar teagaisc ar ardchaighdeán a sholáthar

Eile

Taispeántas Ealaíne na Cásca	Aidhm: Is taispeántas pobail é Taispeántas na Cásca a thugann deis do phobal Chorca Dhuibhe a saothar a chur ar taispeáint agus a dhíol.	Ball Foirne Freagrach Stiúrthóir
Obair	Toradh	Dúshlán
Cuireadh do ealaíontóirí dhá phíosá saothair a chur ar fáil don dtaispeántas. 11 Bunscoil Téama 2016 : ‘Pobal’ 5 Ealaíontóir ag oibriú sna bunscoileann le saothair a chruthú Idirbhliain Pobalscoil Chorca Dhuibhne -	Saothair ó c90 ealaíontóir – 166 saothar ealaíne ar fad. Thug c450 cuairteoir turas ar an dTaispeántas a bhí oscailte ó Dhomhnach Cásca. Taispeántas na Scol ar taispeáint le linn na Féile Ceardlann ar ‘Conas breith a thabhairt ar thaispeántas ealaíne’ Turas ar an dtaispeántas – Labhairt ar Raidió na Gaeltachta agus píosaí foilsithe san iris Corca Dhuibhne Beo	Foireann oibre

Tacaíonn OCD le féilte ar an leithinis

Féilte	Aidhm: Tacaíocht a sholáthar do choistí deonacha a eagraíonn féilte aitiúla, teanga/ cultúr lárnach	Ball Foirne Freagrach Stiúrthóir Oifigeach Aosoideachais
Féile	Líon daoine ar a freastalaíodh/ a bhain tairbhe as	
Féile Bheag Filíochta (Samhain 2016/2017)	80-100 duine	
Ceiliúradh an Bhlascaoid (Meán Fómhair 2016/2017)	60-100 duine	

Margaíocht / Poiblíocht

Margaíocht	Aidhm: Margaíocht a dhéanamh ar obair na hOidhreachta (agus trí www.tobardhuibhne.ie – obair Choistí Pobail eile ar an leithinis) - fógraíocht a dhéanamh ar an dtacaíocht a faightear ó Roinn na Gaeltachta; Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon.	Ball Foirne Freagrach -Stiúrthóir -Oifigeach Aosoideachais
Margaíocht/ Poiblíocht	Toradh	Dúshlán
Deintear fógraíocht agus margaíocht ar obair na hOidhreachta ar bhonn rialta – san iris áitiúil ‘Corca Dhuibhne Beo’ – alt gach coicís ann: - ‘Anso is Ansúd i gCorca Dhuibhne’ - Suíomh idirlín www.oidhrecht.ie Leathanach Facebook - www.tobardhuibhne.ie – an LPT / Pleanáil Teanga - Agallaimh/ Ráitis le Raidió na Gaeltachta – an clár An Saol Ó Dheas	Breis éilimh ar chúrsaí Breis éilimh ar imeachtaí áitiúla sa phobal	Easpa foirne le margaíocht leanúnach a dhéanamh. Ag oibriú leis an gcomhlacht idirlinn.ie le linn 2017

Tús Maith

Foireann: Meán Fómhair – Meitheamh : páirtaimseartha - Stiúrthóir (Orlaith Ruiséal)

Aidhm: Tacaíocht teangan / Gaeilge a sholáthar do theaghlaigh Chorca Dhuibhne

Sprioc na Scéime: Dlús a chur le lucht labhartha na Gaeilge i gCorca Dhuibhne agus fé réir Bhearta Phlean Teanga Chiarraí Thiar breis tacaíochta a sholáthar do theaghlaigh

Obair 2016/2017	Toradh	Dúshlán
Cuairteanna Baile - 3 Cuairteoir Baile i gCorca Dhuibhne - Duine i gCiarraí Theas Ceardlanna Oiliúna dos na Cuairteoirí Baile	Tugtar cuairteanna ar theaghlaigh ar mian leo barr feabhais a chur ar Ghaeilge a leanaí	Fostaí amháin – páirtaimseartha leis an obair a Stiúradh
Imeachtaí : eagraítear imeachtaí sóisialta do theaghlaigh le deiseanna a sholáthar do leanaí óga an Ghaeilge a labhairt Ceardlanna Drámaíochta	Scléip an tSathairn - imeacht uair sa mhí do theaghlaigh le Gaeilge sa bhaile Grúpaí Súgartha Cóisir na Nollag / na Samhna/ na Cásca Tacaíonn sé seo go mór le saibhriú teanga	
Foilseacháin : foilsíodh sraith Orla Uan ar Scoil agus CD Ardaigh an Laiste le hamhráin do leanaí	Ábhar léitheoireachta agus CD amhráin do leanaí – saibhriú teanga an chéad ghlúin eile	
Féilte leanaí na Seirbhíse Sláinte	Caint uair sa mhí in Oispidéal Thrá Lí le Tuismitheoirí ag ranganna réamhbreithe	
Taighde leanúnach agus comhoibriú ar chur chuige mionteangeacha eile - An Bhreatain Bhig agus Albain	Tacú le taighde atá ar bun in Albain ar thógaint clainne le Gàidhlig na hAlban	
Tacaíocht do Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Duibhneach	Grúpaí Súgartha chomh maith le comhoibriú seirbhísíaiscúile	Easpa foirne san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Músaem Chorca Dhuibhne 2016-2017

Obair	Toradh	Dúshlán
- Coiméadaí i mbun bainistiú an Mhúsaeim - Iarratas a dhéanamh ar Chreidiúnú lomlán faoi Chlár Chaighdeán Mhúsaeim na hÉireann - Iarratais ar mhaoiniú breise le forbairt a dhéanamh ar thaispeántas an Mhúsaeim - Déileáil leis an gComhairle Oidhreachta - Déileáil le fiosraithe/ ceiteanna maidir le láithreacha seandálaíocha - Déileáil le stórais/ coimeád an bhailiúcháin - Imeachtaí do Sheachtain na hOidhreachta - Turais ar láithreacha seandálaíochta do Chúrsaí OCD - Tionscadal 3D ar chlocha Oghaim Chorca Dhuibhne i gcomhar leis an gClár Fionnachtana - Fógraíocht/ margaíocht ar imeachtaí an Mhúsaeim - Plean Straitéiseach do Mhúsaem Chorca Dhuibhne a fhorbairt agus plean gnímh dá réir a leagadh amach agus a chur i bhfeidhm	Creidiúnú Eatramhach ag Músaem Chorca Dhuibhne ó Chlár Chaighdeán Mhúsaeim na hÉireann de chuid na Comhairle Oidhreachta . Iarratas á dhéanamh ar Chreidiúnú lomlán a bhaint amach	Coiméadaí fosaithe ar bhonn pháirtaimseartha Daoine a mhealladh le turas a thabhairt ar an Músaem
Siopa Leabhar/ Caifé	Toradh	Dúshlán
Bíonn Siopa leabhar/ caifé ar oscailt gach samhradh.	Doras isteach go dtí an Músaem is ea an siopa leabhar/ caifé. Plé ar bun againn maidir leis an úsáid is fearr is éifeachtaí a bhaint as an spás (tá mórán bialanna anois timpeall Chinn Shléibhe – é dúshlánach an caifé a choiméad ar oscailt	Daoine a mhealladh isteach go dtí an Músaem

Beifear ag súil tógaint ar an obair seo mar chuid den Phlean Teanga agus nascadh agus comhoibriú le Bearta an Phobail mar atá i Mír 6. Faigheann Oidhreacht Chorca Dhuibhne Deontas Reatha ó Roinn na Gaeltachta agus déantar iarratais ar eagraíochtaí difriúla chun tógaint ar an obair – Ealaín na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Údarás na Gaeltachta, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, An Chomhairle Oidhreachta, Comhairle Contae Chiarraí, Bord na Leabhar Gaeilge mar aon le deiseanna eile maoinithe de réir mar a thagann siad chun cinn.



MUINTEARAS TEO



TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA
TÍR AN Fhia, LEITIR MÓIR, CO. NA GAILLIMHE

Fón: +353 91-551145/551300 Facs: +353 91-551277

Ríomhphost: muintearas@muintearas.com Idirlíon: www.muintearas.com

Chuig: Údarás na Gaeltachta / An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta

29ú Samhain 2017

Maidir le : Plean Teanga Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Thiar

Is mian linne, Muintearas Teo, tacaíocht a thabhairt do Phlean Teanga Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Thiar.

Luíonn Bearta an Phlean le moltaí na Straitéise Óige don Ghaeltacht a d'fhoilsigh Muintearas le déanaí.

I measc bearta an phlean tá Beart 6.6.1 : Struchtúr nua comhtháite don Óige a fhorbairt – Oifigeach Óige le fostú, beart a luíonn le moltaí na Straitéise Óige don nGaeltacht. Moltar mar chuid de fheidhmiú ár Straitéise go mbunófaí Ionad don Óige i gCiarraí mar a mbeadh Oifigeach Óige fostaithe. Molaimid go mbeadh comhoibriú idir na páirtithe leasmhara (Muintearas/ Meitheal Pleanála Teanga Chiarraí Thiar) ag cur i bhfeidhm mholtaí/ bearta Phlean Teanga LPT Chiarraí Thiar agus moltaí/bearta Straitéis Óige Mhuintearais. D'fhéadfaimís comhoibriú an-éifeachtach a chruthú i réimse na hóige i gCiarraí Thiar chun oifigeach óige a fhostú, ionaid nua don óige trí Ghaelainn a aimsiú agus a chinntiú go bhfuil gréasáin trí Ghaelainn á gcothú don óige (7-11 bliana, 12-14 bliana agus 15-18 bliana) sa limistéar.

Tá suim againn leanúint leis an bplé atá tosnaíthe againn le hionadaithe ó Mheitheal Pleanála Teanga Chiarraí Thiar ar mhaithe le maoiniú a chinntiú don réimse fíorchriticiúil seo i gCorca Dhuibhne, réimse go bhfuil bearta fiúntacha leagtha amach sa phlean di (Bearta 6.6) agus réimse go bhfuil mórán bearnaí ann i láthair na huaire.

Le meas

Seán Ó Coistealbha
Príomhoifigeach



13 Nollaig 2017

Chuig: Údarás na Gaeltachta/Roinn na Gaeltachta

Maidir le : Plean Teanga Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Thiar

A chara,

Is mian liomsa, Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) tacaíocht a thabhairt do Phlean Teanga Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Thiar.

Tagann bearta an phlean seo i réimse an Oideachais leis an gcur chuige agus an fócas nua atá sonraithe sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

I measc bhearta an phlean tá Beart 6.4.1 Beart Comhtháiteacht an Oideachais mar a mholtar **Feidhmeannach Oideachais** a fhostú don limistéar chun bearta oideachais phlean teanga Chiarraí Thiar a chur i gcrích. Feictear dom go mbeadh an Feidhmeannach seo mar thacaíocht mhór do na bunscoileanna agus an iarbhunscoil sa LPT ó thaobh cur i bhfeidhm an Pholasáí Oideachais Ghaeltachta agus maidir leis an nasc idir scoileanna agus an pobal Gaeltachta a láidriú.

Tá raon leathan bearta sonraithe fé chúram an Fheidhmeannaigh Oideachais, bearta a tháinig ón bpobal féin agus ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí an cheantair. Ina measc tá,

- Obair **chomhordaitheoireachta** a dhéanamh idir scoileanna -iad a thabhairt le chéile cúpla babhta sa bhliain chun dea-chleachtais a roinnt agus seisiún a d'fheidhmeodh mar fhorbairt leanúnach gairmiúil áitiúil dóibh a chur ar bun
- Níos mó comhoibrithe **idir naíonraí agus bunscoileanna** agus aríst idir **bunscoileanna agus iar-bhunscoil** a eagrú, ar mhaithe le leanúnachas sa chóras agus caighdeán litearthachta sa Ghaoluinn agus sa Bhéarla a chinntiú
- Tacú leis na scoileanna dul i bhfeidhm **ar thuismitheoirí agus feasacht** agus tacaíocht teanga a sholáthar do thuismitheoirí



- Meitheal oibre a chothú chun **áiseanna sa chanúint áitiúil** a roinnt ar na scoileanna áitiúla - áiseanna sa chanúint a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus iad a scaipeadh ar na múinteoirí
- Tacú le forbairt ar **scéim na gCúntóirí Teanga, ábhar nua** a chur ar fáil do na cúntóirí agus oiliúnt chuí maidir lena ról sna scoileanna Gaeltachta
- Breis tograí saibhrithe teangan a fhorbairt agus a thairscint - **painéal aoichainteoirí a eagrú** agus a bheadh ar fáil le dul isteach go scoileanna ar iarratas
- Tograí eile **saibhrithe teanga ar nós Stair Áitiúil** - Leabhar agus CD ar aon dul le Rabhlaí Rabhlaí, Scéilín ó Bhéilín- a fhorbairt i dteannta leanaí bunscoileanna i gCorca Dhuibhne
- Feachtas nua **do labhairt na Gaoluinne** a chur chun cinn - scéim a mheallfadh daltaí sna hardranganna sna bunscoileanna le polasaí/plean scoile a dhreachtadh agus a chur i bhfeidhm ina scoil féin chun an Ghaoluinn a chur chun cinn sa chlós. Duaiseanna ar fáil do scoileanna as an bhfeachtas seo a chur i bhfeidhm
- **Nascanna idir scoil Ghaeltachta** anseo agus scoil i gceantar Ghaeltachta eile a chur ar bun agus turas idir daltaí na scoileanna a eagrú agus a mhaoiniú
- Comhordanú a dhéanamh ar sheirbhís **a thabharfadh tacaíocht teanga do mhúinteoirí iarbhunscoile** - nótaí ranga a aistriú, iad a chur i dteagmháil le múinteoirí ábhar eile i scoileanna eile ar mhaithe le hábhar a roinnt srl
- **Scéim drámaíochta trí Ghaoluinn** a thairscint do dhaltaí bunscoile agus iarbhunscoileanna ar bhonn leanúnach

Tá mé go láidir den tuairim go dtacódh a leithéid seo de ról i gCorca Dhuibhne go mór le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta sa limistéar agus chun spriocanna Phlean Teanga Chiarraí Thiar a bhaint amach. Bheadh suim agam na deiseanna a bhainfeadh le post mar seo a phlé arís.

Le meas

Dónal Ó hAiniféin

Cathaoirleach